

An Treoir Stíle Idirinstitiúideach



An Treoir Stíle Idirinstitiúideach



An tAontas Eorpach



Léirítear sa PDF seo inneachar na *Treorach Stíle Idirinstitiúidí* ar líne ar an dáta a rinneadh an nuashonrú is deireanaí air.

Dáta an nuashonraithe is deireanaí: 3.7.2025

Ós rud é go nuashonraítear an láithreán gréasáin seo i dtólamh, moltar breathnú ar an ngréasán i gcomhair leasuithe, go háirithe trí bhreathnú ar an leathanach “Nuacht”:

<https://style-guide.europa.eu/ga/news>

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025

© An tAontas Eorpach, 2025

Íomhá chlúdaigh: © istockphoto.com/TCmake_photo

Ecolabels, mír 5.3.2: FSC © FSC an Bheilg asbl/vzw; PEFC © PEFC an Bheilg

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a lua.

Le haghaidh míreanna nach bhfuil faoi úinéireacht an Aontais Eorpaigh a úsáid nó a atáirgeadh, d’fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí an chóipchirt.

Láithreán Gréasáin na *Treorach Stíle Idirinstitiúidí*: ISSN 1831-5380

Tagairtí

Bunús dlí

Cinneadh 69/13/Euratom, CEEC, CEE an 16 Eanáir 1969 lena mbunaítear Oifig Foilseachán na gComhphobal Eorpach (†) (IO L 13, 18.1.1969), arna aisghairm agus arna athsholáthar go deireanach le Cinneadh 2009/496/CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa, [ón gComhairle Eorpach](#), [ón gComhairle](#), [ón gCoimisiún](#), [ón gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh](#), [ón gCúirt Iniúchóirí](#), ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus ó Choiste na Réigiún an 26 Meitheamh 2009 maidir le heagrú agus feidhmiú Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (†) (IO L 168, 30.6.2009, lch. 41):

‘Airteagal 1

Is oifig idirinstiúideach í Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh a bhfuil sé d’aidhm aici a áirithiú go bhfoilseofar ar an mbealach is fearr is féidir foilseacháin instiúidí na gComhphobal Eorpach agus an Aontais Eorpaigh.’ (†)

*

Rinne Coiste Comhordúcháin Fhoilseacháin an Choimisiúin sainmhíniú ar choincheap an fhoilsithe mar ‘téacs dúbailte a mbaineann caiteachas buiséadach leis agus atá dírithe go bunúsach ar an bpobal’.

Ar na rudaí a bhfuil Oifig na bhFoilseachán freagrach astu, tá:

- na formáidí a chaighdeánú,
- leagan amach na bhfoilseachán a chomhchuibhiú.

NB: I gcomhréir leis an gcinneadh thuasluaite, athraíodh an t-ainm ‘Oifig Foilseachán na gComhphobal Eorpach’ go ‘Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh’; tháinig an t-ainm nua i bhfeidhm amhail ón 1 Iúil 2009.

Sainordú

Tá *An Treoir Stíle Institiúideach* faoi rialú na n-eintiteas seo a leanas:

- an **Coiste Idirinstiúideach**, arna ainmniú ag Coiste Bainistíochta Oifig na bhFoilseachán, ina dtugtar le chéile ionadaithe ó na hinstiúidí seo a leanas: Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh, an Coimisiún Eorpach, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an Banc Ceannais Eorpach, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Coiste Eorpach na Réigiún;
- an **rannóg comhordúcháin ghinearálta do An Treoir Stíle Idirinstiúideach**, atá lonnaithe in Oifig na bhFoilseachán;
- na **grúpaí teanga idirinstiúideacha** (grúpa amháin in aghaidh gach teanga), arb iad comhaltaí an Choiste Idirinstiúidigh a cheapann a n-ionadaithe.

Ceapann an Coiste Idirinstiúideach na hionadaithe oifigiúla a ghlacann páirt san obair faoi chuimsiú na ngrúpaí. Féadfaidh an coiste seo gníomhú mar eadránaí i gcás fadhb thromchúiseach.

Is í an rannóg comhordúcháin ghinearálta atá freagrach as an nós imeachta bainistíochta ina iomláine; is í a eagraíonn an obair, áirithíonn sí comhchuibheas na gcinntí a dhéantar sna grúpaí éagsúla, áirithíonn sí go nuashonraítear agus go bhforbraítear an nós imeachta. Is í an rannóg sin atá freagrach as suíomh gréasáin na Treorach Stíle a bhainistiú ina hiomláine agus glacann sí páirt dhíreach in éabhlóid *An Treoir Stíle Idirinstiúideach*.

Tá na grúpaí teanga freagrach as forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar a leaganacha féin faoi threoir na rannóige comhordúcháin ghinearálta. Áirithíonn ionadaithe ó Oifig na bhFoilseachán sna grúpaí sin comhordúchán na hoibre féin agus féachann siad chuige go dtarchuirtear an fhaisnéis chuig an rannóg comhordúcháin ghinearálta. Tugtar le chéile ionadaithe ó eintitis teanga éagsúla na n-institiúidí sna grúpaí teanga sin: dlítheangeolaithe, aistritheoirí, téarmeolaithe, profléitheoirí, etc.

Chomh maith leis sin, téitear i gcomhairle le comhlachtaí cinnteoireachta sa Choimisiún go rialta de réir an ábhair atá idir lámha, go háirithe leis an Ardrúnaíocht, le rannóg an phrótacail agus leis na seirbhísí atá freagrach as caidreamh seachtrach. Bítear i ndlúth-theagmháil le heagraíochtaí idirnáisiúnta éagsúla, go háirithe i réimse an chaighdeánaithe (ISO).

Réamhrá

Leagtar amach teoracha sa cháipéis seo atá bunaithe ar chomhaontú idir na hinstitiúidí. D'éagmais treoir shainráite faoi phointe ar leith, ní cóir a bhaint de chiall as aon phointe ar leith teanga ná stíle i dtéacs na cáipéise seo gurb é nós comhaontaithe na n-institiúidí é.

Mar thoradh ar phróiseas a tosaíodh in 1993 nuair a seoladh *Vade-mecum de l'éditeur*, foilsíodh *An Treoir Stíle Idirinstitiúideach* den chéad uair in 1997 in 11 theanga, ach méadaíodh an líon sin go 24 theanga níos moille. Is léiriú í *An Treoir Stíle Idirinstitiúideach* ar éacht comhréireachta teanga nach bhfacthas a leithéid ina réimse mar gheall ar an líon pobal teanga a bhí páirteach ina forbairt. Tá sí ceaptha a bheith ina huirlis tagartha don teanga scríofa in institiúidí, i gcomhlachtaí agus i ngníomhaireachtaí uile an Aontais Eorpaigh.

Chun *An Treoir Stíle Idirinstitiúideach* a ullmhú, b'éigean coiste idirinstitiúideach stiúirtheoirí a bhunú, agus d'ainmnigh an coiste sin ionadaithe do gach teanga i ngach institiúid. Oibríonn na hionadaithe sin faoi stiúir grúpa comhordúcháin atá lonnaithe in Oifig na bhFoilseachán.

Tugadh faoi nósanna éagsúla na dteangacha a chur i gcomhréir le chéile ar dhóigh a thabharfadh san áireamh peirspictíocht ilteangach na n-institiúidí Eorpacha, peirspictíocht a fhágann go gcaithfidh gach téacs i ngach teanga oifigiúil a bheith inchomparáide, ach chomh maith leis sin go gcaithfidh na téacsanna uile urraim a thabhairt do shaintréithe na dteangacha sin.

Is é atá i gCuid I na rialacha nach mór a chur i bhfeidhm agus na hionstraimí a fhoilseofar san Iris Oifigiúil á ndréachtú. Is é atá i gCuid II na príomhrialacha teicniúla agus eagarthóireachta a bhaineann le foilseacháin ghinearálta. Ina theannta sin, mar aon leis na socruithe a bhaineann le gach teanga ar leith (Cuid IV), d'éirigh leis na 24 ghrúpa teacht ar chomhaontú maidir le nósanna oibre aonfhoirmeacha atá infheidhme i ngach teanga (Cuid III). Is é an chuid sin bunchloch an phróisis comhréireachta teanga idir na hinstitiúidí go léir.

I bprionsabal, tá tosaíocht ag na nósanna teanga atá leagtha síos sa Treoir Stíle ar aon nós a leantar in aon áit eile agus ar aon nós a bhí in úsáid roimhe seo, agus ní mór cloí leo ag gach céim den phróiseas dréachtaithe.

Thar aon ní eile, tá sé i gceist gur próiseas bríomhar idirghníomhach a bheadh sa saothar seo ina nglacadh an uile úsáideoir páirt, nó is saothar é, ó nádúr, nach mór a nuashonrú i rith an ama. Dá bhrí sin, iarrann údair an tsaothair seo ar chách páirt a ghlacadh ann, agus aon eolas úsáideach, aon bhotún nó easnamh, nó aon mholadh atá acu a chur chuig an seoladh seo a leanas:

Office des publications de l'Union européenne (Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh)

Coordination 'Code de rédaction' (Comhordú *An Treoir Stíle Idirinstitiúideach*)

(Unité A.1.002)

L-2985 Lucsamburg

LUCSAMBURG

Teagmháil trí ríomhphost:

- [ceisteanna ginearálta](mailto:OP-ISG-coordination@publications.europa.eu)
(OP-ISG-coordination@publications.europa.eu),
- [ceisteanna a bhaineann leis an leagan Gaeilge](mailto:op-code-de-redaction-ga@publications.europa.eu)
(op-code-de-redaction-ga@publications.europa.eu).

Clár

Tagairtí	4
Réamhrá	6
CUID A HAON — An Iris Oifigiúil	12
An Brollach	13
1. Struchtúr na hIrise Oifigiúla	18
1.1. Struchtúr ginearálta	18
1.2. Sraith L	19
1.2.1. Rangú na ngníomhartha	19
1.2.2. Uimhriú na ngníomhartha	21
1.2.3. Inneachar	23
1.3. Sraith C	28
1.3.1. Rangú na ndoiciméad	29
1.3.2. Uimhriú na ndoiciméad	30
1.3.3. Inneachar	31
2. Struchtúr gnímh dhlíthiúil	34
2.1. An teideal	34
2.2. An Brollach (luanna agus aithrisí)	35
2.2.1. Luanna	35
2.2.2. Aithrisí	36
2.3. Na hairteagail (na téarmaí achtúcháin)	37
2.4. Abairtí a bhaineann le gné éigeantach na rialachán	38
2.5. Abairtí deiridh (áit, dáta agus síniú)	39
2.6. Iarscríbhinní	40
2.7. Forannáin na ngníomhartha	41
3. Rialacha maidir le doiciméid a dhréachtú	43
3.1. Conas tagairt don Iris Oifigiúil	43
3.2. Conas tagairt do ghníomh	46
3.2.1. Foirmeacha an teidil	46
3.2.2. Conas tagairt do ghníomhartha eile	48
3.2.3. Conas tagairt d'fhorannáin na ngníomhartha	50
3.2.4. Conas tagairt do leasuithe ar na gníomhartha	51
3.3. Forálacha leasaitheacha	51
3.3.1. Leasuithe sa téacs	51
3.3.2. Píosaí breise agus uimhriú	53
3.4. Ord na luanna	54
3.4.1. Ord na gConarthaí	54
3.4.2. Ord de réir údair	55
3.4.3. Tíortha	56
3.4.4. Teangacha agus téacsanna ilteangacha	56
3.4.5. Airgeadraí	56
3.5. Liostaí	56
3.5.1. Pointí a liostú — cur i láthair	56

3.5.2.	Gníomhartha a liostú	57
3.6.	Sainmhíniú ar théarma nó ar fhocal	57
3.7.	Comhaontuithe idirnáisiúnta	58
	Táblaí achoimre	59
	CUID A DÓ – Foilseacháin ghinearálta	65
4.	Na doiciméid a ullmhú agus a shainnaint	66
4.1.	Údair, comhlachtaí údarúcháin, Oifig na bhFoilseachán agus seirbhísí clódóireachta	66
4.1.1.	Na húdair agus Oifig na bhFoilseachán	66
4.1.2.	Bainistiú na dtionscadal san Oifig	67
4.1.3.	Léitheoireacht profaí san Oifig	67
4.2.	Doiciméid bhunaidh (lámhscríbhinní)	69
4.2.1.	Prionsabal an tslabhra táirgthe	69
4.2.2.	Struchtúr loighciúil na ndoiciméad	69
4.2.3.	An téacs a ullmhú	71
4.2.4.	Doiciméid atá réidh don atáirgeadh	73
4.3.	Cineálacha foilseachán	74
4.3.1.	Monagraif	74
4.3.2.	Acmhainní leanúnacha	74
4.3.3.	Sraithfoilseacháin agus monagraif chomhcheangailte	75
4.4.	Aitheantóirí leithdháilte ag Oifig na bhFoilseachán	75
4.4.1.	Leabharuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta (ISBN)	75
4.4.2.	Sraithuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta (ISSN)	77
4.4.3.	Aitheantóir oibiachta digití (DOI)	79
4.4.4.	Uimhir chatalóige	79
4.5.	Aitheantóir leithdháilte ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh	80
5.	Struchtúr foilseacháin	81
5.1.	An clúdach	81
5.1.1.	Gnéithe den chlúdach	81
5.1.2.	Dathanna a úsáidtear don chlúdach	83
5.2.	An leathanach teidil	84
5.3.	Cúl an leathanaigh theidil	84
5.3.1.	Sonraí ar chúl an leathanaigh theidil	85
5.3.2.	Faisnéis maidir leis an táirge páipéir phriontáilte	86
5.4.	Cóipcheart	87
5.4.1.	Fógra cóipchirt	87
5.4.2.	Údarú le haghaidh athúsáide agus coinníollacha athúsáidee	89
5.4.3.	Copyrighted elements used in a publication	91
5.4.4.	Ráitis séanta eile	93
5.5.	Réamhthéacsanna agus téacsanna	93
5.5.1.	An tiomnú	93
5.5.2.	An réamhaiste, an brollach, an réamhrá	93
5.5.3.	An clár ábhar	94
5.5.4.	An leabharliosta	94
5.5.5.	An t-innéacs	94
5.6.	Struchtúr a chur ar an téacs	95

5.7.	Liostaí	96
5.8.	Téacs a aibhsiú	97
5.9.	Tagairtí	98
5.9.1.	Tagairtí do reachtaíocht an Aontais Eorpaigh	98
5.9.2.	Tagairtí do na Conarthaí	99
5.9.3.	Tagairtí do chásanna os comhair na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta	100
5.9.4.	Tagairtí bibleagrafaíoch	103
5.10.	Luanna	107
5.11.	Ábhar ealaíonta (léirithe)	108
5.12.	Táblaí	109
CUID A TRÍ – Gnásanna atá i gcoiteann ag gach teanga		110
6.	Teoracha clóghrafacha agus athcheartú ar an téacs	111
6.1.	Léamh na lámhscríbhinne	111
6.2.	Léamh na lámhscríbhinní leictreonacha	111
6.3.	Comharthaí ceartúcháin phrofaí	111
6.4.	Marcanna poncaíochta próiseálaithe focal, agus spásáil	113
6.5.	Poncaíocht i bhfigiúirí	114
7.	Tíortha, teangacha, airgeadraí agus a ngiorrúcháin	115
7.1.	Tíortha	115
7.1.1.	Ainmniú agus giorrúcháin a úsáidtear	115
7.1.2.	Ord liostaithe na dtíortha	117
7.2.	Teangacha	119
7.2.1.	Ord leaganacha teanga agus ord na gcód ISO (Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán) (téacsanna ilteangacha)	119
7.2.2.	Liostú teangacha i dtéacs (téacsanna aonteangacha)	121
7.2.3.	Eolas faoi na teangacha ina bhfuil foilseachán ar fáil	121
7.2.4.	Rialacha maidir leis na teangacha sna hinstiúidí	121
7.3.	Airgeadraí	122
7.3.1.	An euro agus an cent	122
7.3.2.	Ord na n-airgeadraí agus ord na gcód ISO	123
7.3.3.	Rialacha maidir le haonaid airgeadaíochta a chur in iúl	125
8.	Fonótaí agus a dtagairtí	128
8.1.	Tagairtí d'fhonótaí	128
8.2.	Ord na bhfonótaí	128
9.	Gnásanna eile	130
9.1.	Seoltaí	130
9.1.1.	Seoltaí: prionsabail ghinearálta	130
9.1.2.	Seoltaí i ndoiciméid aonteangacha	131
9.1.3.	Seoltaí i ndoiciméid ilteangacha	133
9.1.4.	Seoltaí sna Ballstáit: leagan amach agus samplaí	134
9.1.5.	Seoltaí sna Ballstáit: tréithe sonracha	136
9.2.	Seoltaí leictreonacha	138
9.3.	Uimhreacha teileafóin	139
9.4.	Saothair a lua agus tagairtí don Iris Oifigiúil	140

9.5. Struchtúr riaracháin an Aontais Eorpaigh: na hainmneacha oifigiúla agus ord liostaithe	140
9.5.1. Na hinstitiúidí agus na comhlachtaí	140
9.5.2. Seirbhísí idirinstiúideacha	143
9.5.3. Eagraíochtaí díláraithe (gníomhaireachtaí)	143
9.5.4. Gníomhaireachtaí feidhmiúcháin	146
9.5.5. Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí de chuid Euratom	146
9.5.6. Eagraíochtaí eile	147
9.6. Ard-Stiúrthóireachtaí agus seirbhísí an Choimisiúin: na teidil oifigiúla	147
CUID A CEATHAIR — Foilseacháin as Gaeilge	151
10. Rialacha an tí le haghaidh téacs a ullmhú	152
10.1. An phoncaíocht	152
10.1.1. An lánstad	152
10.1.2. An leathstad	152
10.1.3. An t-idirstad	152
10.1.4. Lúibíní cruinne	152
10.1.5. Lúibíní cearnacha	153
10.1.6. Comharthaí athfhriotail	153
10.1.7. An dais	153
10.1.8. An comhartha focalbhá	153
10.1.9. An tulsais	154
10.1.10. An fleiscín	154
10.1.11. Comhartha ceiste	155
10.1.12. Comhartha uailbhreasa	155
10.1.13. An uaschamóg	156
10.2. An litriú	156
10.2.1. Focail Laidine	156
10.3. Uimhreacha, dátaí agus an t-am	157
10.3.1. Uimhreacha	157
10.3.2. Dátaí	159
10.3.3. Uimhreacha	161
10.4. Ceannlitreacha agus cás íochtair	161
10.4.1. Ceannlitreacha agus claochlú tosaigh	164
10.5. Giorrúcháin, coimriúcháin, acrainmneacha agus siombailí	164
10.6. Cló iodálach	167
10.7. Treoir maidir le tagairt a dhéanamh do dhoiciméid nach ann dóibh i nGaeilge	168
10.7.1. Teideal gnímh reachtaigh	169
10.7.2. Doiciméid eile de chuid na n-institiúidí nach gníomhartha reachtacha iad	169
10.7.3. Doiciméid agus foilseacháin ghinearálta nach de chuid na n-institiúidí iad	170
10.8. Réamhfhocail agus frásaí réamhfhoclacha	170
10.9. Nithe ilchineálacha	171
11. Saothair thagartha	173
Na hIarscríbhinní	174
Iarscríbhinn A1 Treoir ghrafaice maidir leis an ionchomhartha Eorpach	175
Iarscríbhinn A2 Na hionchomharthaí	179
Iarscríbhinn A3 Giorrúcháin, siombailí, agus coimriúcháin atá in úsáid go coitianta	187

Iarscríbhinn A4	Na príomhacrainmneacha agus na príomhghiorrúcháin	190
Iarscríbhinn A5	Liosta tíortha, críoch agus airgeadraí	202
Iarscríbhinn A6	Cóid na dtíortha agus na gcríoch	218
Iarscríbhinn A7	Na cóid airgeadra	222
Iarscríbhinn A8	Na cóid teanga (an tAontas Eorpach)	230
Iarscríbhinn A9	Na hinstitiúidí, na comhlachtaí, na seirbhísí idirinstitiúideacha agus na heagraíochtaí: liosta ilteangach	231
Iarscríbhinn A10	Réigiúin	279
Iarscríbhinn B	Na bunuimhreacha agus céatadáin a scríobh ina bhfigiúirí	288
Iarscríbhinn C	Nithe ilghnéitheacha	291
Innéacs		292

Cuid a hAon

An Iris Oifigiúil

Tá cur síos anseo ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ar na doiciméid a fhoilsítear inti agus ar na rialacha sonracha maidir le dréachtú a chuirtear i bhfeidhm inti. Ba cheart í a léamh in éineacht le Cuid a Trí agus Cuid a Ceathair, mar aon leis na hiarscríbhinní, a bhfuil feidhm acu freisin maidir le téacsanna a fhoilsítear san Iris Oifigiúil.



An Brollach



Samplaí i gCuid a hAon a bhfuil (†) ar a lorg, is teidil gníomhartha nó téacsanna iad nó is sleachta as gníomhartha nó as téacsanna iad nach ann dóibh i nGaeilge. Aistríodh na teidil agus na sleachta sin mar áis léirithe ar na rialacha ba cheart a chur i bhfeidhm i nGaeilge. (Táthar ag foilsiú gníomhartha agus gníomhartha ullmhúcháin i nGaeilge ón 1.1.2007 i leith.)

Stair

1952

Ar theacht i bhfeidhm do Chonradh CEEC, cruthaíodh iris oifigiúil d'fhonn fógraí, cinntí, etc. a fhoilsiú.

Tháinig An Iris Oifigiúil amach den chéad uair an 30 Nollaig.

Ó 1952 go dtí an 19 Aibreán 1958, ba é *Iris Oifigiúil an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach* teideal na hIrise Oifigiúla. Ba iad an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Iodáilis agus an Ollainnis na teangacha oifigiúla.

1958

Ar theacht i bhfeidhm do dhá chonradh eile, Conradh CEE agus Conradh Euratom, rinneadh modhnú ar an Iris Oifigiúil agus is é *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach* an teideal a tugadh uirthi.

Tháinig an Iris Oifigiúil nua amach den chéad uair an 20 Aibreán.

1968

Cruthaíodh sraith L (*Reachtaíocht*) agus sraith C (*Faisnéis agus Fógraí*) i mí Eanáir.

Foilsíodh an chéad eagrán de [shraith L](#) an 3 Eanáir.

Foilsíodh an chéad eagrán de [shraith C](#) an 12 Eanáir.

1978

Tháinig an chéad eagrán de [shraith S](#) (*Forlíonadh ar Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*) amach an 7 Eanáir.

Roimhe sin bhíodhas ag foilsiú cuirí chun tairisceana agus fógraí faoin gCiste Eorpach Forbraíochta, mar shampla, i sraith L (go dtí deireadh 1974) agus i sraith C (go dtí deireadh 1977) faoi seach.

1981

Cuireadh bunachar sonraí CELEX — uathchóras idirinstiúideach ilteangach doiciméadachta le haghaidh dhlí an Chomhphobail — ar fáil don phobal. Is tríd an gCoimisiún a cuireadh CELEX á dháileadh agus é ar fáil ar líne agus ar théip mhaighnéadach.

1986

Cuireadh sraith S ar fáil i bhfoirm leictreonach ([TED](#) — bunachar sonraí foilseachán laethúil leictreonach na gcuirí chun tairisceana).

1987

Cuireadh sraith L agus sraith S ar fáil i bhfoirm micrifise.

1991

Cruthaíodh sraith [C ... A](#) i mí Eanáir.

1992

I mí Dheireadh Fómhair, aistríodh bainistíocht CELEX ón gCoimisiún go dtí Oifig na bhFoilseachán.

1997

Cuireadh sraith S ar fáil i bhfoirm CD-ROM.

1998

Cuireadh sraith L agus sraith C ar fáil ar an suíomh [EUR-Lex](#).

Ón 1 Iúil i leith, níor foilsíodh a thuilleadh eagrán páipéir den tsraith S. Is ar CD-ROM agus ar an idirlíon (bunachar sonraí TED) amháin a fhoilsítear í.

1999

An 31 Lúnasa tosaíodh ar shraith nua [C ... E](#) a fhoilsiú i bhfoirm leictreonach (E = leictreonach).

2001

Cuireadh sraith L agus sraith C ar fáil ar CD-ROM.

2002

An 1 Eanáir cuireadh rochtain ar EUR-Lex ar fáil saor in aisce.

2003

An 1 Feabhra athainmníodh an Iris Oifigiúil agus tugadh *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* uirthi de bhun Chonradh Nice.

2004

An 1 Bealtaine, de thoradh mhéadú an Aontais Eorpaigh, tosaíodh ar an Iris Oifigiúil a fhoilsiú i 20 teanga.

De réir Rialachán (CE) Uimh. 930/2004 ón gComhairle ([†](#)), deonaíodh maolú maidir leis an eagrán Máltaise den Iris Oifigiúil — ar feadh 3 bliana (1.5.2004 go 30.4.2007) ní raibh sé d'oibleagáid ar na hinstiúidí ach na rialacháin sin a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go comhphárteach a fhoilsiú.

An 1 Bealtaine scoradh de bheith ag cur stiall dhaite ar dhroim chlúdach na hIrise Oifigiúla agus ó shin i leith is tríd an gcód ISO ar an gclúdach a aithnítear an leagan teanga.

An 1 Bealtaine tosaíodh ar na bunachair sonraí CELEX agus EUR-Lex a chur ar fáil i ngach teanga den 20 teanga.

I mí Iúil foilsíodh an t-eagrán páipéir deireanach de *Eolaí na Reachtaíochta Comhphobail atá i bhfeidhm*. Ó shin i leith, is in EUR-Lex atá an tEolaí ar fáil.

Ón 1 Samhain tosaíodh ar iontrálacha CELEX a lánpháirtiú i mbunachar sonraí EUR-Lex agus an 31 Nollaig scoradh de bheith ag nuashonrú CELEX.

2007

An 1 Eanáir tosaíodh ar an Iris Oifigiúil a fhoilsiú in 23 theanga, ag eascairt as aontachas na Bulgáire agus na Rómáine agus an cinneadh go bhfoilseofaí reachtaíocht thánaisteach i nGaeilge. I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle ([†](#)), deonaíodh maolú (ar nós an mhaolaithe a bhí i bhfeidhm maidir leis an Máltais) maidir leis an eagrán Gaeilge den IO — go ceann 5 bliana (1.1.2007 go 31.12.2011) ní raibh sé d'oibleagáid ar na hinstiúidí ach na rialacháin sin a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go comhphárteach a fhoilsiú (Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle ([†](#))).

An 1 Eanáir cuireadh struchtúr nua i bhfeidhm maidir le rangú na ngníomhartha a fhoilsítear san Iris Oifigiúil.

2009

An 1 Nollaig, ar theacht i bhfeidhm do Chonradh Liospóin, cuireadh roinn nua shealadach dar teideal L V leis an Iris Oifigiúil: 'Gníomhartha arna nglacadh ón 1 Nollaig 2009, faoin gConradh ar an Aontas Eorpach agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Conradh Euratom'. Baineadh an roinn sin as an Iris Oifigiúil an 31 Nollaig.

2010

An 1 Eanáir, bunaíodh struchtúr nua ann le haghaidh rangú na ngníomhartha a fhoilsítear san Iris Oifigiúil, chun na hathruithe nua a rinneadh le Conradh Liospóin a chur san áireamh.

2012

Le Rialachán (AE) Uimh. 1257/2010 ón gComhairle cuireadh síneadh 5 bliana leis an maolú a deonaíodh don Ghaeilge in 2007 (ón 1.1.2012 go 31.12.2016).

2013

Ón 1 Iúil, tar éis aontachas na Cróite, tosaíodh ar an Iris Oifigiúil a fhoilsiú in 24 theanga.

2014

Cuireadh deireadh le sraith C ... E an 1 Aibreán.

2016

Cruthaíodh sraith L ... I agus sraith C ... I an 1 Eanáir. I mí an Mhárta tugadh isteach [Aitheantóir Reachtaíochta Eorpach](#) (ELI) ar thairseach [EUR-Lex](#).

2017

Le Rialachán (AE, Euratom) 2015/2264 ón gComhairle cuireadh síneadh arís leis an maolú don Ghaeilge, ach foráladh nár mhór a raon feidhme a laghdú de réir a chéile, d'fhonn é a chéimniú amach faoin 31 Nollaig 2021.

2022

Scoir an maolú maidir leis an nGaeilge d'fheidhm a bheith aige amhail ón 1 Eanáir.

2023

Ón 1 Deireadh Fómhair, táthar chun foilsiú na hIrise Oifigiúla a thabhairt isteach de réir gnímh.

Scoirtear de shraith L ... I, C ... A agus C ... I.

Údarsheirbhísí na n-institiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí

Tá teacht ar liosta iomlán na n-institiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí i [bPointe 9.5](#).

Parlaimint na hEorpa (an Bhruiséil, Lucsamburg, Strasbourg)

Is iad na ranna éagsúla a sheolann téacsanna chuig an Iris Oifigiúil.

An Chomhairle Eorpach (an Bhruiséil)

Is í Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh a sheolann na téacsanna.

Comhairle an Aontais Eorpaigh (an Bhruiséil)

Is í an Ardrúnaíocht a sheolann na téacsanna.

An Coimisiún Eorpach (an Bhruiséil, Lucsamburg)

Is í an Ardrúnaíocht atá freagrach as téacsanna de chuid an Choimisiúin atá le foilsiú san Iris Oifigiúil a sheoladh, eadhon, gníomhartha atá ceangailteach ó thaobh dlí (sraith L), tograí ón gCoimisiún, faisnéis agus fógraí (sraith C), agus fógraí i dtaobh cuirí chun tairisceana agus fógraí an Chiste Eorpaigh Forbraíochta (sraith S).

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (Lucsamburg)

Is í clárann na Cúirte Breithiúnais atá freagrach as na téacsanna a sholáthar.

An Banc Ceannais Eorpach (Frankfurt am Main)

Is í an Ard-Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Rúnaíochta agus Teanga nó an Ard-Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Dlíthiúla a sheolann na téacsanna.

Cúirt Iniúcháirí na hEorpa (Lucsamburg)

Is é an tAonad Cumarsáide agus Tuarascálacha atá freagrach as téacsanna a sheoladh.

Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an Bhruiséil)

Is í Ardúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh a sheolann na téacsanna.

Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (an Bhruiséil)

Is í an chlárlann a sheolann na téacsanna.

Coiste Eorpach na Réigiún (an Bhruiséil)

Is iad na haonaid éagsúla a sheolann na téacsanna ón gclárlann.

An Banc Eorpach Infheistíochta (Lucsamburg)

Is iad na húdair éagsúla a sholáthraíonn na téacsanna.

An tOmbudsman Eorpach (Strasbourg) agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (an Bhruiséil)

Is iad na húdair éagsúla a sholáthraíonn na téacsanna.

Oifigí agus gníomhaireachtaí

Maidir le liosta de na hoifigí agus de na gníomhaireachtaí, féach [Pointí 9.5.3](#) go [9.5.6](#).



Maidir le liosta ilteangach de na hinstiúidí, na comhlachtaí, na seirbhísí idirinstiúideacha, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí agus na heagraíochtaí eile, féach [Iarscríbhinn A9](#).

Legiswrite agus EdiT

Uirlis ríomhaireachta is ea LegisWrite le haghaidh cáipéisí oifigiúla, de chineál reachtach nó eile, a chruthú, a athbhreithniú agus a mhalartú idir na hinstiúidí. Déanann an uirlis seo struchtúr agus leagan amach na dtéacsanna a chaighdeánú.

Is féidir tuilleadh eolais faoi LegisWrite a fháil ar GoPro (Treoir maidir le nósanna imeachta), a bhfuil rochtain ag foireann instiúidí agus chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh air:

<https://webgate.ec.europa.eu/fpfis/wikis/display/REGISTRY/Rules+on+form> (en)

<https://webgate.ec.europa.eu/fpfis/wikis/pages/viewpage.action?pageId=216418878> (en)

Tugadh isteach an uirlis dréachtaithe reachtaíochta XML-bhunaithe EdiT in 2021. Tiocfaidh sé in ionad LegisWrite de réir a chéile. Tá tuilleadh eolais faoi EdiT ar fáil ar GoPro:

<https://webgate.ec.europa.eu/fpfis/wikis/display/REGISTRY/EDIT+EN> (en)

Saothair thagartha

Maidir le téacsanna a fhoilsítear i nGaeilge san Iris Oifigiúil, is iad seo a leanas na príomhshaothair thagartha:

- (a) ceisteanna litrithe agus teanga:
 - *Foclóir Gaeilge-Béarla*, Ó Dónaill (Oifig an tSoláthair),
 - *English-Irish Dictionary*, De Bhaldraithe (An Gúm),
 - *An Foclóir Beag* (An Gúm),

- *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (An Gúm),
 - *Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil* (Seirbhís Thithe an Oireachtais, 2017),
 - *Cruinneas Gramadaí agus Corrfhocal Eile* (Lagan Press),
 - Achtanna an Oireachtais 1922-2003 (www.achtanna.ie), Irish Statue Book (<http://www.irishstatutebook.ie/eli/acts.html#>),
 - An Bunachar Náisiúnta Téarmaíochta don Ghaeilge (www.tearma.ie),
 - Acmhainn, láithreán áiseanna Gaeilge (www.acmhainn.ie),
 - Gaois, ardán acmhainní teanga agus téarmaíochta (www.gaois.ie),
 - An Foclóir Nua Béarla-Gaeilge (www.focloir.ie),
 - An Caighdeán Oifigiúil, 2017 (www.oireachtas.ie/ga/publications/?q=An%20Caighde%C3%A1n%20Oifigi%C3%BAil)
 - IATE, bunachar téarmaíochta an Aontais Eorpaigh (<http://iate.europa.eu>),
 - *New Hart's Rules: The Handbook of Style for Writers and Editors* (Oxford University Press) ⁽¹⁾;
- (b) ábhair a bhaineann le dréachtú na reachtaíochta:
- [An Treoirleabhar Comhchleachtais ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún dóibh siúd atá rannpháirteach i ndréachtú reachtaíocht an Aontais Eorpaigh](#), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2015,
 - [Lámhleabhar Comhpháirteach maidir le Gníomhartha atá faoi réir an Ghnáthnós Imeachta Reachtaigh a Leagan Amach agus a Dhréachtú](#) (An Pharlaimint, An Chomhairle, An Coimisiún), eagrán 2023 ^(*),
 - *Lámhleabhar na bhFasach le haghaidh Gníomhartha arna mBunú i gComhairle an Aontais Eorpaigh* (An Chomhairle), eagrán 2023,
 - [Legislative drafting — a Commission manual](#) ^(*);
- (c) acrainmneacha agus giorrúcháin:
- [IATE](#) (córas bunachair sonraí le haghaidh téarmaíocht a bhailiú, a scaipeadh agus a chomhbhainistiú idir institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile an Aontais Eorpaigh);
- (d) teidil, ábhar, na leasuithe is deireanaí ar ghníomhartha etc. a sheiceáil:
- [EUR-Lex](#) (a sholáthraíonn rochtain dhíreach saor in aisce ar dhlí an Aontais Eorpaigh. Is féidir cuardach a dhéanamh freisin san Iris Oifigiúil, sna conarthaí, sa chásdlí agus sna fógraí reachtacha).

Ina theannta sin, is buantagairtí iad eagrán áirithe den Iris Oifigiúil i réimsí amhail talmhaíocht, iascach, comhaontuithe trádála, an Ainmníocht Chomhcheangailte, comhaontuithe le tríú tíortha, etc.

⁽¹⁾ Ní úsáidtear an saothar seo ach mar threoir don phoncaíocht agus don leagan amach.

^(*) Is doiciméad inmheánach le haghaidh fhoireann na n-institiúidí Eorpacha é seo.

1.

Struchtúr na hIrise Oifigiúla

Foilsítear gníomhartha dlí agus doiciméid an Aontais i sraitheanna éagsúla den Iris Oifigiúil.

1.1. Struchtúr ginearálta

Trí shraith atá in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*:

- [sraith L](#): *Reachtaíocht*,
- [sraith C](#): *Faisnéis agus Fógraí*,
- [sraith S](#): *Forlíonadh ar Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Foilsítear sraith L agus C de réir gnímh ar bhonn laethúil, ó Luan go hAoine, agus freisin ar an Satharn, ar an Domhnach agus ar laethanta saoire poiblí i gcásanna práinneacha.



Foilsíú na hIrise Oifigiúla de réir gnímh

Go dtí an 30 Meán Fómhair 2023, ba thiomsuithe de dhoiciméid a bhí sna heagraíin laethúla den Iris Oifigiúil a foilsíodh ar an lá céanna. Le tabhairt isteach fhoilsíú de réir gnímh an 1 Deireadh Fómhair 2023, ní bheidh i ngach eisiúint den Iris Oifigiúil ach aon doiciméad amháin.

Ach i a fhoilsíú de réir gnímh méadaítear solúbthacht agus luas an phróisis foilseacháin araon. Foilsítear gach doiciméad go neamhspleách anois, agus gan gá úsáid a bhaint as sraith bhreise le haghaidh foilseacháin phráinneacha. Dá thoradh sin, scoirtear de shraitheanna L ... I agus C ... I ón 1 Deireadh Fómhair 2023 agus níl fágtha ach príomhshraitheanna L agus C. Tá sraith C ... A scortha freisin.

Tá próiseas tagartha na hIrise Oifigiúla bunaithe ar a sraith, ar uimhir an doiciméid (cé is moite de chomhaontuithe idirnáisiúnta agus de cheartúcháin), an dáta foilsithe agus an ELI –tá an tagairt don leathanach imithe i léig. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin bpróiseas tagartha, féach [Pointe 3.1 'Tagairtí don Iris Oifigiúil'](#).

Sraith L

Bíonn na ceannteidil seo a leanas i sraith L:

- gníomhartha reachtacha (L I),
- gníomhartha neamhreachtacha (L II),
- gníomhartha eile (L III),
- ceartúcháin.

Féach freisin [Pointe 1.2 \(sraith L\)](#).

Sraith C

Bíonn na ceannteidil seo a leanas i sraith C:

- rúin, moltaí agus tuairimí (C I),
- faisnéis (C II),
- gníomhartha ullmhúcháin (C III),
- fógraí (C IV),
- fógairtí (C V),
- ceartúcháin.

Ós rud é go bhfoilsítear líon mór gníomhartha éagsúla i sraith C, tá éagsúlacht níos mó foirme inti (leagan amach clóghrafach) ná mar atá i sraith L, ach is ionann na rialacha atá i bhfeidhm don dá shraith.

Féach freisin [Pointe 1.3 \(sraith C\)](#).



Sraith C roimh an 1 Deireadh Fómhair 2023

Forlíontar sraith C le C ... A, le C ... E (scoireadh de bheith á foilsiú an 1 Aibreán 2014) agus le Sraith C ... I. Is ionann an focalbhá agus uimhir eagráin laethúil shraith C an lae chéanna.

- Sraith C ... A (A = *Annex* (Iarscríbhinn))
Tá an tsraith seo tiomnaithe d'fhoilsiú comórtas oscailte, fógraí folúntas agus comhchatalóg (cineálacha speiceas talmhaíochta, etc.).
- Sraith C ... E (E = *electronic* (leictreonach))
Bhí an tsraith seo tiomnaithe d'fhoilsiú téacsanna áirithe amhail seasaimh ón gComhairle faoin ngnáthnós imeachta reachtach nó miontuairiscí agus téacsanna a ghlac Parlaimint na hEorpa. Tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin [EUR-Lex](#) (agus ar an DVD míosúil a bhíodh á eisiúint tráth a bhíodh an tsraith á foilsiú).
- Sraith C ... I (I = *isolated* (ar leith)).

IO C 137, 27.5.2010

IO C 137 A, 27.5.2010

IO C 137 E, 27.5.2010

IO C 119 I, 5.4.2018

Sraith S

Tá sraith S (S = *supplement* (forlíonadh)) tiomnaithe d'fhoilsiú cuirí chun tairisceana le haghaidh conarthaí poiblí, fógraí ón gCiste Eorpach Forbraíochta agus ó institiúidí eile, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh. Tá sí ar fáil ar an idirlíon ([bunachar sonraí TED](#)).

1.2. Sraith L

Clúdaíonn sraith L gníomhartha reachtacha, neamhreachtacha agus gníomhartha eile atá grúpáilte de réir ceannteideal agus fo-cheannteideal.

1.2.1. Rangú na gníomhartha

Aicmítear gníomhartha de réir ceannteidil (L I, L II, etc.) agus fo-cheannteidil ('Rialacháin', 'T teoracha', etc.) san ord atá tugtha thíos (féach freisin [struchtúr na hIrise Oifigiúla ar EUR-Lex](#)).



An Iris Oifigiúil — Sraith L

L I — Gníomhartha reachtacha

- Rialacháin
- Teoracha
- Cinntí
- Buiséid

L II — Gníomhartha neamhreachtacha

- Comhaontuithe idirnáisiúnta
- Rialacháin
- Teoracha
- Cinntí
- Moltaí
- Treoirlínte
- Rialacha nós imeachta
- Gníomhartha arna nglacadh ag comhlachtaí arna mbunú le comhaontuithe idirnáisiúnta
- Comhaontuithe idirinstiúideacha

L III — Gníomhartha eile

- An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

NB: Ceannteideal **L IV — Gníomhartha a glacadh roimh an 1 Nollaig 2009 faoi Chonradh CE, Conradh AE agus Conradh Euratom**, a úsáideadh go sealadach tar éis an 1 Eanáir 2010 chun gníomhartha a glacadh roimh an 1 Nollaig 2009 faoi Chonradh CE, Conradh AE agus Conradh Euratom a chur san áireamh.

Faoi gach ceannteideal déantar rangú na ngníomhartha de réir dhá chritéar:

- cineál (rialachán, treoir, cinneadh, buiséad, etc.),
- ord de réir údair (féach [Pointe 3.4.2](#)): Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, an Chomhairle, an Coimisiún Eorpach, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an Banc Ceannais Eorpach, an Chúirt Iníúcháirí, etc.

NB: Faoi Ceannteideal L II, fo-cheannteidil ‘Rialacháin’, ‘Treacha’ agus ‘Cinntí’, i gcomhréir leis an ord a luadh thuas agus maidir leis na húdair lena mbaineann, aicmítear na gníomhartha san ord seo a leanas:

1. gníomhartha atá bunaithe go díreach ar na Conarthaí;
2. gníomhartha tarmligthe;
3. gníomhartha cur chun feidhme.

Chun samplaí a fháil, féach ‘[Táblaí achoimre](#)’.

Ceannteidil

Tá na ceannteidil seo a leanas i sraith L den Iris Oifigiúil.

L I — Gníomhartha reachtacha

Is faoin gceannteideal seo a fhoilsítear na ‘gníomhartha reachtacha’ (de réir bhrí an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh) i.e. na rialacháin, na treoracha agus na cinntí a ghlactar:

- i gcomhréir leis an ‘gnáthnós imeachta reachtach’ (iad á nglacadh go comhpháirteach ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle),
- i gcomhréir leis an ‘nós imeachta reachtach speisialta’ (iad a nglacadh ag an gComhairle le rannpháirtíocht na Parlaiminte nó á nglacadh ag an bParlaimint le rannpháirtíocht na Comhairle).

Is faoi ‘Gníomhartha reachtacha’, freisin, a fhoilsítear buiséad bliantúil an Aontais Eorpaigh, chomh maith le haon bhuiséad leasaitheacha a bhaineann leis. Is de réir nós imeachta reachtach speisialta a ghlactar an buiséad.

NB: Cuireadh ‘buiséad ginearálta’ an Aontais Eorpaigh ar an ‘buiséad bliantúil’ roimhe. In 2022, athraíodh teideal an ghníomhartha chinntigh arna nglacadh an buiséad dá réir sin (‘Glacadh cinntitheach bhuiséad bhliantúil an Aontais Eorpaigh’).

Roimh an 1 Nollaig 2009, foilsíodh buiséad an Aontais Eorpaigh faoi Ceannteideal L II (Gníomhartha neamhreachtacha), leis an ngníomh arna glacadh dar teideal ‘Glacadh críochnaitheach bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh’. Ina theannta sin, is i sraith C a fhoilsítear anois ráitis ioncaim agus chaiteachais na ngníomhaireachtaí, ráitis a bhíodhas a fhoilsiú i sraith L roimhe seo.

L II — Gníomhartha neamhreachtacha

Faoi cheannteideal L II, foilsítear na ‘gníomhartha ar gníomhartha neamhreachtacha iad’ (de réir bhrí an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh): rialacháin, treoracha agus cinntí nach de réir nós imeachta reachtach a ghlactar iad (gníomhartha tarmligthe (Airteagal 290) agus gníomhartha cur chun feidhme (Airteagal 291) agus na gníomhartha atá bunaithe ar na Conarthaí (gníomhartha a bhaineann le comhaontuithe idirnáisiúnta, cinntí CBES, etc.)), chomh maith le gníomhartha eile amhail moltaí agus treoirínte ó BCE.

L III — Gníomhartha eile

Áirítear faoi cheannteideal L III na ‘gníomhartha eile’ amhail gníomhartha de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch.

1.2.2. Uimhriú na ngníomhartha

Is í Oifig na bhFoilseachán a shocraíonn an t-uimhriú.

Cé is moite de chomhaontuithe idirnáisiúnta agus de cheartúcháin, cuirtear uimhir le gach gníomh agus le téacsanna eile. Is uimhir shainiúil í sin agus is cuid den teideal í nó cuirtear ag deireadh an teidil í i lúibíní cearnacha. Léiríonn sí freisin uimhir na hIrise Oifigiúla ina bhfuil an gníomh nó an téacs eile foilsithe.

Uimhriú

Is san ord seo a leanas a luaitear uimhriú an ghnímh:

- giorrúchán a sheasann don réimse agus é idir lúibíní: (an tAontas Eorpach), ‘Euratom’ (an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach), ‘AE, Euratom’ (an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach), ‘CBES’ (an Comhbheartas Eachtrach agus Slándála),
- tagairt do bhliain an fhoilsithe: ceithre dhigit,
- an uimhir sheicheamhach a shanntar, bunaithe ar sheicheamh bliantúil, agus ina mbíonn an oiread digití agus is gá.

(réimse) BBBB/U

NB: I gcás gníomhartha áirithe, ní áirítear fearann leis an uimhir arna sannadh ag Oifig na bhFoilseachán agus cuirtear i lúibíní cearnacha í ag deireadh an teidil. Ní mheastar gur cuid den teideal í an uimhir sin agus ní luaitear í i dtagairtí don ghníomh i gceist.

[BBBB/U]



Roimh an 1 Eanáir 2015

Bhíodh uimhriú na ngníomhartha ag brath ar an gcineál gnímh a bhí i gceist agus baintear úsáid as an seanchóras uimhrithe sin fós nuair a dhéantar tagairt do na gníomhartha seo.

Prionsabail ghinearálta

- (a) Bhaintí úsáid as an bhfocal giorraithe ‘Uimh.’ nuair a bhíodh an uimhir sheicheamhach roimh an mbliain:
Rialachán (CE) Uimh. 817/97 ón gCoimisiún [\(t\)](#)
Cinneadh Uimh. 284/2010/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [\(t\)](#)
Ní bhaintí úsáid as an bhfocal giorraithe ‘Uimh.’ nuair a bhíodh an bhliain roimh an uimhir sheicheamhach:
Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún [\(t\)](#)

- (b) Bhaintí úsáid as ceithre dhigit chun an bhliain a chur in iúl (roimh an 1 Eanáir 1999 dhá dhigit a d’úsáidí):
Rialachán (CE) Uimh. 23/1999 ón gCoimisiún [\(t\)](#)
Cinneadh 2011/199/AE ón gComhairle Eorpach
Rialachán (CE) Uimh. 2820/98 ón gComhairle [\(t\)](#)

NB: Athraíodh giorrúcháin na réimsí le himeacht na mblianta de réir mar a glacadh conarthaí nua agus de réir mar a glacadh leasuithe ar na Conarthaí:

- roimh an 1 Samhain 1993: bhíodhas ag úsáid na ngiorrúcháin ‘CEE’, ‘CEGC’, ‘Euratom’,
- an 1 Samhain 1993, an dáta a tháinig an Conradh ar an Aontas Eorpach i bhfeidhm, rinneadh ‘(CE)’ de ‘(CEE)’, agus tosaíodh ag úsáid na ngiorrúcháin ‘CGB’ (ceartas agus gnóthaí baile), ‘CBES’ (an Comhbheartas Eachtrach agus Slándála) agus ‘CBS’ (coinbhinsiúin arna síniú idir Ballstáit),
- ón 24 Iúil 2002 i leith (i ndiaidh do Chonradh CEGC dul in éag), éiríodh as CEGC a úsáid,
- an 1 Nollaig 2009, an dáta a tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm, tosaíodh ar an ngiorrúchán ‘AE’ a úsáid (rinneadh ‘AE’ de ‘CE’). Ar na giorrúcháin sin a cruthaíodh de thoradh theacht i bhfeidhm an Chonartha ar an Aontas Eorpach úsáidtear ‘CBES’ fós ach ní úsáidtear ‘CGB’ ná ‘CBS’ a thuilleadh.

Uimhriú

Sanntar uimhir sheicheamhach do gach gníomh, bunaithe ar an tsraith lena mbaineann sé. Athraíonn ord na n-eilimintí ag brath ar an gcineál gnímh a bhíonn i gceist.

Rialacháin

Is mar a leanas a dhéantar tagairt do rialacháin: an giorrúchán (idir lúbíní) agus an uimhir sheicheamhach agus an bhliain:

Rialachán (AE) Uimh. 641/2010

Ní mar sin a bhí i gcónaí, athraíodh uimhriú na rialachán:

- seo mar a bhí ó 1952 go dtí an 31 Nollaig 1962:
Rialachán Uimh. 17 ([†](#))
- ón 1 Eanáir 1963 go dtí an 31 Nollaig 1967 chuirte tagairt do chonradh nó do chonarthaí, agus an bhliain, leis an lua:
Rialachán Uimh. 1009/67/CEE ([†](#))
- ón 1 Eanáir 1968 i leith, bhí an tagairt don chonradh in ionad eile:
Rialachán (CEE) Uimh. 1470/68 ([†](#))

Treoracha

I gcás treoracha, baintear úsáid as an mbliain, an uimhir sheicheamhach agus an giorrúchán:

Treoir 2010/24/AE ón gComhairle ([†](#))

Ón 1 Eanáir 1992 go dtí an 31 Nollaig 2014, ba í Ardúnaíocht na Comhairle a shannadh na huimhreacha sin.

Bíonn orduimhir sa teideal ag roinnt treoracha atá níos seanda:

An Chéad Treoir 73/239/CEE ón gComhairle ([†](#))

Cinntí

I gcás cinntí a fhoilsítear faoi cheannteideal L I, baintear úsáid as an uimhir sheicheamhach, an bhliain agus an giorrúchán:

Treoir Uimh. 477/2010/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([†](#))

Na cinntí a ghlactar i gcomhréir le nós imeachta reachtach, sanntar uimhir orthu as an tsraith chéanna le rialacháin, e.g. Cinneadh Uimh. 477/2010/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([†](#)), Rialachán (AE) Uimh. 478/2010 ón gCoimisiún ([†](#)), Rialachán (AE) Uimh. 479/2010 ón gCoimisiún ([†](#)).

I gcás cinntí a fhoilsítear faoi cheannteideal L II, baintear úsáid as an mbliain, an uimhir sheicheamhach agus an giorrúchán:

Treoir 2010/294/AE ón gComhairle ([†](#))

Buiséid

Nuair a ghlactar an buiséad ginearálta go cinntitheach, luaitear uimhir i gclár na n-ábhar agus ar an leathanach teidil (e.g. '2010/117/AE, Euratom') ach ní luaitear sa tagairt í.

Uimhriú dúbailte

Bíonn dhá uimhir ag gníomhartha áirithe:

- an uimhir (e.g. '(AE) 2015/299') a shann ag Oifig na bhFoilseachán dóibh, agus
- an uimhir a shann an t-údar dóibh (e.g. 'BCE/2015/5', 'ATALANTA/4/2015', etc.).

Cuirtear an uimhir a shann an t-údar dóibh idir lúbíní ag deireadh an teidil i gcás gníomhartha ón mBanc Ceannais Eorpach agus i gcás cinntí ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála:

Rialachán (AE) 2015/534 ón mBanc Ceannais Eorpach [...] (BCE/2015/13)

Cinneadh (AE) 2015/299 ón mBanc Ceannais Eorpach [...] (BCE/2015/5)

Treoirlíne (AE) 2015/732 ón mBanc Ceannais Eorpach [...] (BCE/2015/20)

Cinneadh (CBES) 2015/711 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála [...] (ATALANTA/4/2015)

NB: Déantar tagairt do chinntí, treoracha agus moltaí ón mBanc Ceannais Eorpach a foilsíodh roimh an 1 Eanáir 2015 leis an uimhir a shann an t-údar amháin.

(4) Le Cinneadh (AE) 2016/1975 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2016/39) ⁽²⁾, tagraítear d'inniúlachtaí an Bhoird Feidhmiúcháin de bhun Airteagal 3(2) de Chinneadh BCE/2013/54 ón mBanc Ceannais Eorpach ⁽³⁾. Rinneadh Cinneadh BCE/2013/54 a aisghairm le Cinneadh (AE) 2020/637 (BCE/2020/24). [...]

(2) Cinneadh (AE) 2016/1975 ón mBanc Ceannais Eorpach an 8 Samhain 2016 maidir le fo-tharmligean na gcumhachtaí creidiúnú sealadach a dheonú (BCE/2016/39) (IO L 304, 11.11.2016, lch. 9, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2016/1975/oj>).

(3) Cinneadh BCE/2013/54 ón mBanc Ceannais Eorpach an 20 Nollaig 2013 maidir leis na nósanna imeachta creidiúnaithe le haghaidh monaróirí earraí agus ítimí euro a dhaingniú in euro agus lena leasaítear Cinneadh BCE/2008/3 (IO L 57, 27.2.2014, lch. 29, ELI: [http://data.europa.eu/eli/dec/2013/106\(3\)/oj](http://data.europa.eu/eli/dec/2013/106(3)/oj)).

I gcás gníomhartha áirithe, ní áirítear réimse san uimhir a shann Oifig na bhFoilseachán dóibh agus cuirtear an uimhir idir lúbíní cearnacha ag deireadh an teidil. Áirítear orthu sin: cinntí ó na comhairlí agus na coistí éagsúla a cruthaíodh le comhaontuithe idirnáisiúnta, gníomhartha a bhaineann leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), nó le Comhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) agus rialacháin ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (NA/ECE):

Cinneadh Uimh. 1/2015 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE [...] [2015/1909] ([†](#))

Cinneadh Uimh. 159/2014 ó Chomhchoiste LEE [...] [2015/94] ([†](#))

Cinneadh Uimh. 30/15/COL ó Údarás Faireacháin CSTE [...] [2015/1813] ([†](#))

Cinneadh Uimh. 78 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (NA/ECE) [...] [2015/145] ([†](#))



Roimh an 1 Eanáir 2015

Ní bhíonn ach an uimhir a chuireann an t-údar ar fáil ag gníomhartha a bhaineann leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) nó le Comhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) agus ag rialacháin ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (NA/ECE).

Gníomhartha neamhuimhrithe agus téacsanna eile

Ní chuirtear uimhir le comhaontuithe idirnáisiúnta (féach [Pointe 1.2.3, 'L II — Gníomhartha neamhrechtacha'](#)) ná le ceartúcháin.

Maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta, ní féidir leis an Aontas Eorpach uimhir a thabhairt go haontaobhach dóibh toisc nach bhfuil ann ach ceann de na páirtithe sa chomhaontú.



Roimh an 1 Deireadh Fómhair 2023

Ní shanntaí uimhir do ghníomhartha áirithe ná do chomhaontuithe idirnáisiúnta nó ceartúcháin:

- eolas a bhain leis an dáta a thiocfadh comhaontú idirnáisiúnta i bhfeidhm, agus
- rialacha nós imeachta.

1.2.3. Inneachar

Cuirtear i láthair anseo liosta agus samplaí de ghníomhartha a foilsíodh i sraith L, agus na gníomhartha grúpáilte de réir na gceannteideal agus na bhfo-cheannteideal ábhartha.

L I — Gníomhartha reachtacha

(a) Rialacháin

Is faoin bhfo-cheannteideal seo a fhoilsítear rialacháin arna nglacadh go comhpháirteach ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle (an gnáthnós imeachta reachtach) nó rialacháin arna nglacadh go

leithleach ag ceann amháin den dá institiúid le rannpháirtíocht na hinstitiúide eile (an nós imeachta reachtach speisialta):

Rialachán (AE) 2015/475 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle

(b) Treoracha

Is faoin bhfo-cheannteideal seo a fhoilsítear treoracha arna nglacadh go comhpháirteach ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle (an gnáthnós imeachta reachtach) nó treoracha arna nglacadh go leithleach ag an gComhairle le rannpháirtíocht Pharlaimint na hEorpa (an nós imeachta reachtach speisialta):

Treoir (AE) 2015/254 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

Treoir (AE) 2015/121 ón gComhairle

(c) Cinntí

Is faoin bhfo-cheannteideal seo a fhoilsítear cinntí arna nglacadh go comhpháirteach ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle (an gnáthnós imeachta reachtach) nó cinntí arna nglacadh go leithleach ag an gComhairle le rannpháirtíocht Pharlaimint na hEorpa (an nós imeachta reachtach speisialta):

Cinneadh (AE) 2015/601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

Cinneadh (AE, Euratom) 2015/457 ón gComhairle

(d) Buiséid

Is faoin bhfo-cheannteideal seo a chumhdaítear buiséid bhliantúla agus buiséid leasaitheacha gaolmhara an Aontais Eorpaigh, agus an gníomh lena nglactar go cinntitheach iad foilsithe rompu san eagrán céanna den Iris Oifigiúil:

Glacadh cinntitheach (AE, Euratom) 2023/278 bhuiséad bliantúil an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023

Glacadh cinntitheach (AE, Euratom) 2023/2516 bhuiséad leasaitheach Uimh. 3 an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023

Is don ghlacadh cinntitheach a shanntar an uimhir, i.e. an gníomh roimh an mbuiséad bliantúil nó roimh an mbuiséad leasaitheach. Cé nach mbíonn uimhir ar bith ar an mbuiséad bliantúil féin, sannann an t-údar uimhir do na buiséid leasaitheacha (e.g. ‘buiséad leasaitheach an Aontais Eorpaigh Uimh. 3 don bhliain airgeadais 2023’).

L II — Gníomhartha neamhreachtach

(a) Comhaontuithe Idirnáisiúnta

Is ‘comhaontuithe idirnáisiúnta’ (dá ngairtear comhaontuithe anseo feasta) iad comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas Eorpach nó ag an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, coinbhinsiúin arna síniú ag na Ballstáit, comhaontuithe, coinbhinsiúin agus prótacail arna mbunú ag Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, comhaontuithe inmheánacha idir Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, comhaontuithe i bhfoirm malartú litreacha, etc.

Ní chuirtear uimhir le comhaontuithe, mar a shainmhínítear iad thuas. Ní shannfaidh Oifig na bhFoilseachán ach uimhir na hIrise Oifigiúla dóibh (bíonn an uimhir sin le feiceáil i gceanntasc na hIrise Oifigiúla).

Is faoin bhfo-cheannteideal seo a chumhdaítear:

- cinntí a bhaineann le comhaontú, agus a mbíonn téacs an chomhaontaithe i gceangal leo:

Cinneadh (AE) 2015/209 ón gComhairle an 10 Samhain 2014 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe maidir le comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Oileáin Fharó, lena ndéantar Oileáin Fharó a chomhlachú le 'Fís 2020'– an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014–2020) ([†](#))

Comhaontú maidir le comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Oileáin Fharó, lena ndéantar Oileáin Fharó a chomhlachú le 'Fís 2020'– an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014–2020) ([†](#))

Cinneadh (AE) 2015/105 ón gComhairle an 14 Aibreán 2014, maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAsarbaiseáine, den pháirt eile, faoi Chreat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAsarbaiseáine faoi na prionsabail ghinearálta a ghabhann le rannpháirtíocht Phoblacht na hAsarbaiseáine i gclár de chuid an Aontais ([†](#))

Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAsarbaiseáine, den pháirt eile, faoi na prionsabail ghinearálta a ghabhann lena rannpháirtíocht i gclár de chuid an Aontais ([†](#))

- cinntí a bhaineann le comhaontú, agus nach mbíonn téacs an chomhaontaithe i gceangal leo:

Cinneadh ón gComhairle (AE) 2015/1796 an 24 Márta 2015 lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/492/AE maidir le comhairliúcháin le Poblacht Ghuine Bissau a thabhairt i gcrích de réir Airteagal 96 den Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE ([†](#))

- faisnéis a bhaineann le teacht i bhfeidhm comhaontuithe:

Faisnéis a bhaineann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Saint Lucia maidir leis an tarscaoileadh ar víosaí gearrfhanachta [2023/2212]

NB: Seo an t-aon nóta faisnéise a fhoilsítear i sraith L.

(b) Rialacháin

Is faoin bhfo-cheannteideal seo a chumhdaítear rialacháin ón gComhairle (rialacháin atá bunaithe go díreach ar na Conarthaí agus rialacháin cur chun feidhme), rialacháin ón gCoimisiún (rialacháin atá bunaithe go díreach ar na Conarthaí, rialacháin tharmligthe agus rialacháin cur chun feidhme) agus rialacháin ón mBanc Ceannais Eorpach:

Rialachán (AE) 2015/106 ón gComhairle

Rialachán cur chun feidhme (AE) 2015/81 ón gComhairle

Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/281 ón gCoimisiún

Rialachán cur chun feidhme (AE) 2015/52 ón gCoimisiún

Rialachán (AE) 2015/534 ón mBanc Ceannais Eorpach [...] (BCE/2015/13)

Maidir le rialacháin BCE, dá sannann BCE uimhir freisin ('BCE/2015/13'), foilsítear iad agus dhá uimhir acu (féach '[Uimhriú dúbailte](#)' faoi Phointe 1.2.2).

(c) Treoracha

Is faoin bhfo-cheannteideal seo a chumhdaítear treoracha ón gComhairle (treoracha atá bunaithe go díreach ar na Conarthaí agus treoracha cur chun feidhme) agus treoracha ón gCoimisiún (treoracha atá bunaithe go díreach ar na Conarthaí, treoracha tarmligthe agus treoracha cur chun feidhme):

Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle

Treoir (AE) 2015/565 ón gCoimisiún

Treoir Tarmligthe (AE) 2015/573 ón gCoimisiún

Treoir cur chun feidhme (AE) 2015/1168 ón gCoimisiún

(d) Cinntí

Cumhdaítear an méid seo a leanas leis an bhfo-cheannteideal seo:

- cinntí ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, cinntí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát agus cinntí a ghlactar de chomhthoil idir Ionadaithe Rialtais na mBallstát:

Cinneadh (AE, Euratom) 2015/578 ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát [\(†\)](#)

- cinntí áirithe ó Pharlaimint na hEorpa:

Cinneadh (AE) 2015/1614 ó Pharlaimint na hEorpa

- cinntí ón gComhairle Eorpach:

Cinneadh (AE) 2018/509 ón gComhairle Eorpach

- cinntí áirithe ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle:

Cinneadh (AE) 2015/468 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

- cinntí áirithe ón gComhairle (cinntí a bhunaítear go díreach ar na Conarthaí, cinntí CBES san áireamh agus cinntí cur chun feidhme):

Cinneadh (AE) 2015/1025 ón gComhairle

Cinneadh cur chun feidhme (AE) 2015/156 ón gComhairle

Cinneadh (CBES) 2015/76 ón gComhairle

- cinntí ón gCoimisiún (cinntí a bhunaítear go díreach ar na Conarthaí, cinntí tarmligthe agus cinntí cur chun feidhme):

Cinneadh (AE) 2015/119 ón gCoimisiún

Cinneadh Tarmligthe (AE) 2015/1602 ón gCoimisiún

Cinneadh cur chun feidhme (AE) 2015/103 ón gCoimisiún

- cinntí ón mBanc Ceannais Eorpach:

Cinneadh (AE) 2015/299 ón mBanc Ceannais Eorpach [...] (BCE/2015/5)

Maidir le cinntí BCE, dá sannann BCE uimhir freisin ('BCE/2015/5'), foilsítear iad agus dhá uimhir acu (féach [‘Uimhriú dúbailte’](#) faoi Phointe 1.2.2).

NB: Roimh an 1 Nollaig 2009, bhí dhá shaghas cinnidh ann (i dteangacha áirithe d'úsáidtear téarmaí éagsúla). Bhíodh 'cinntí reatha' ann inar luadh cé air a raibh an cinneadh dírithe i ndiaidh na dtéarmaí achtúcháin agus uimhir fógra sa teideal. Ina theannta sin, bhíodh na cinntí *sui generis* ann ina raibh 'tar éis a chinneadh mar a leanas' (in ionad 'tar éis an cinneadh seo a ghlacadh') roimh na téarmaí achtúcháin. Ó tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm, ní ann don idirdhealú sin a thuilleadh. I gcásanna áirithe, áfach, is ionann an leagan amach do chinntí nach luaitear cé air a bhfuil siad dírithe agus leagan amach na seanchinntí *sui generis*.

(e) Moltaí

Is faoin bhfo-cheannteideal seo a chumhdaítear moltaí ón gComhairle de bhun Airteagail 121, 126, 140 agus 292 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, moltaí ón gCoimisiún (Airteagal 292) agus moltaí ón mBanc Ceannais Eorpach (Airteagal 292):

Moladh (AE) 2015/1029 ón gComhairle

Moladh (AE) 2015/682 ón gCoimisiún

Maidir le moltaí ó BCE, dá sannann BCE uimhir freisin, foilsítear iad agus dhá uimhir acu (féach [‘Uimhriú dúbailte’](#) faoi Phointe 1.2.2).

Foilsítear moltaí eile i sraith C.

(f) Treoirlínte

Is faoin bhfo-cheannteideal seo a chumhdaítear treoirlínte ón mBanc Ceannais Eorpach. Sannann BCE uimhir dóibh freisin (‘BCE/2015/20’) agus mar sin foilsítear iad agus dhá uimhir acu (féach [‘Uimhriú dúbailte’](#) faoi Phointe 1.2.2):

Treoirlíne (AE) 2015/732 ón mBanc Ceannais Eorpach [...] (BCE/2015/20)

(g) Rialacha Nós Imeachta

Is faoin bhfo-cheannteideal seo a chumhdaítear rialacha nós imeachta na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí; foilsítear rialacha nós imeachta na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí i sraith C. Sanntar uimhir do na rialacha nós imeachta ag deireadh an teidil, i lúbíní cearnacha:

Rialacha Nós Imeachta Choiste na Réigiún (†) [BBBB/U]

Rialacha Nós Imeachta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (†) [BBBB/U]

Leasuithe ar an Treoir do Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta (†) [BBBB/U]

Nuair a bhíonn na rialacha nós imeachta ag gabháil le gníomh, aicmítear iad faoin gceannteideal céanna leis an ngníomh agus ní shanntar uimhir orthu.

Cinneadh ón gComhairle (AE) 2015/354 an 2 Márta 2015 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta an Choiste um an tSaoráid Infheistíochta a bunaíodh faoi choimirce an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (an gníomh lena ngabhann na rialacha nós imeachta) (†)

(h) Gníomhartha a ghlacann comhlachtaí a bhunaítear le comhaontuithe idirnáisiúnta

Is faoin bhfo-cheannteideal seo a chumhdaítear cinntí ó chomhlachtaí arna mbunú le comhaontuithe idirnáisiúnta, chomh maith le rialacháin ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (NA/ECE). Bíonn dhá uimhir ag na gníomhartha seo (féach [‘Uimhriú dúbailte’](#) faoi Phointe 1.2.2).

Cinneadh Uimh. 1/2015 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE [...] [2015/1909] (†)

Cinneadh Uimh. 1/2015 ó Chomhchoiste AE-an Eilvéis [...] [2015/542]

Cinneadh Uimh. 78 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (NA/ECE) [...] [2015/145]

(i) Comhaontuithe idirinstiúideacha

Rialaítear le comhaontuithe idirinstiúideacha gnéithe áirithe comhairliúcháin agus comhair idir institiúidí an Aontais Eorpaigh mar thoradh ar an gcomhdhearcadh eatarthu – i.e. is ionann iad agus cineál comhrialacha nós imeachta.

Cinneann na hinstiúidí na comhaontuithe seo a fhoilsiú i sraith L nó i sraith C ag brath ar a gcomhthéacs, a raon feidhme agus a n-éifeachtaí.

L III — Gníomhartha eile

An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

Cumhdaítear an méid seo a leanas leis an bhfo-cheannteideal seo:

- cinntí a glacadh faoi chuimsiú an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE):

Cinneadh Uimh. 159/2014 ó Chomhchoiste LEE [...] [2015/94]

- gníomhartha a glacadh faoi chuimsiú Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE):

Cinneadh Uimh. 30/15/COL ó Údarás Faireacháin CSTE [...] [2015/1813]

Cinneadh Uimh. 2/2015/SC ó Bhuanchoiste Stáit CSTE [...] [2015/2024]

- rialacha nós imeachta Chúirt CSTE.

Bíonn dhá uimhir ag na gníomhartha seo (seachas rialacha nós imeachta Chúirt CSTE) (féach [‘Uimhriú dúbailte’](#) faoi Phointe 1.2.2).

I gcás gníomhartha ó Údarás Faireacháin Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa, in uimhir an ghnímh ná húsáidtear ach dhá dhigit don bhliain: 30/15/COL (COL = Coláiste an Údaráis Faireacháin).

Ceartúcháin

Cuirtear ceartúcháin ag deireadh na hIrise Oifigiúla i gcónaí ó tharla nach gá go mbeidís ann ach i gcás teangacha áirithe agus go bhféadfadh an t-ábhar agus an fad a bheith éagsúil ó theanga go teanga. Is é seo an t-aon mhír amháin san Iris Oifigiúil nach bhfuil uimhrithe.

Ní bhíonn uimhir ag gabháil le ceartúcháin toisc nach meastar gur gníomhartha ar leithligh iad. Faigheann siad uimhir na hIrise Oifigiúla BBBB/9UUUU, áfach, agus tosaíonn an uimhir sheicheamhach 5 dhigit le 9 i gcónaí.



Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/90242

17.4.2024

Ceartúchán ar Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2024 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 a bhaineann le rialacha idirthréimhseacha uile-Aontais maidir le leithdháileadh lamháltas astaíochtaí saor in aisce comhchuibhithe

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L, 2024/873, 4 Aibreán 2024)

1.3. Sraith C

Clúdaíonn sraith C réimse leathan doiciméad atá grúpáilte de réir ceannteideal agus fo-cheannteideal.

1.3.1. Rangú na ndoiciméad

Cumhdaítear éagsúlacht leathan doiciméad le sraith C den Iris Oifigiúil. Seo liosta neamh-uileghabhálach de na doiciméid arna ngrúpáil de réir ceannteidil agus fo-cheannteideal (chun an t-ord liostála a fháil, féach [struchtúr na hIrise Oifigiúla ar EUR-Lex](#)).



An Iris Oifigiúil — Sraith C

C I — Rúin, moltaí agus tuairimí

- Rúin
- Moltaí
- Tuairimí

C II — Faisnéis

- Comhaontuithe idirinstiúideacha
- Dearbhuithe comhpháirteacha
- Faisnéis ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh

C III — Gníomhartha ullmhúcháin

- Tionscnaimh ó na Ballstáit
- Parlaimint na hEorpa
- An Chomhairle
- An Coimisiún Eorpach
- Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
- An Banc Ceannais Eorpach
- An Chúirt Iníúcháirí
- Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála
- Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
- Coiste na Réigiún
- An Banc Eorpach Infheistíochta
- Oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh

C IV — Fógraí

- Fógraí ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh
- Fógraí ó na Ballstáit
- Fógraí a bhaineann leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (*cuirtear fógraí ó na hinstiúidí ar dtús agus ansin fógraí ó na Ballstáit ina ndiaidh*)
- Fógraí ó thríú tíortha

C V — Fógairtí

- Nósanna imeachta riaracháin
- Imeachtaí cúirte
- Nósanna imeachta a bhaineann leis an gcomhbheartas tráchtála a chur chun feidhme
- Nósanna imeachta a bhaineann leis an mbeartas iomaíochta a chur chun feidhme
- Gníomhartha eile

Laistigh de bhfo-cheannteidil, rangáitear na doiciméid i gcomhréir le hord de réir údair (féach [Pointe 3.4.2](#)).

1.3.2. Uimhriú na ndoiciméad

Uimhir fógra

Cé is moite de cheartúcháin, sannann Oifig na bhFoilseachán uimhir fógra do dhoiciméid a fhoilsítear i sraith C.

Bíonn na nithe seo a leanas san uimhir fógra:

- (a) an litir ‘C’ a chomhfhreagraíonn do shraith C,
- (b) bliain an fhoilsithe, ina mbíonn ceithre dhigit,
- (c) an uimhir sheicheamhach, a bhíonn bunaithe ar sheicheamh bliantúil, agus ina mbíonn an oiread digití agus is gá.

C/BBBB/U

Cuirtear an uimhir faoin teideal, í láraithe agus í idir lúibíní.

Tá an uimhir fógra comhionann le huimhir na hIrise Oifigiúla a bhíonn le feiceáil i gceannteideal na hIrise Oifigiúla.



Roimh an 1 Deireadh Fómhair 2023

Is éard a bhíodh san uimhir fógra seo:

- (a) bliain an fhoilsithe:
 - (i) go dtí an 31 Nollaig 1998, an dá dhigit dheireanacha;
 - (ii) ón 1 Eanáir 1999 i leith, na ceithre dhigit;
- (b) uimhir na hIrise Oifigiúla;
- (c) uimhir a thugann le fios ord an fhoilsithe san Iris Oifigiúil:
98/C 45/01
2010/C 2/08

Uimhriú speisialta

Bíonn uimhriú dá gcuid féin sa teideal ag doiciméid áirithe:

- seasaimh ón gComhairle faoi chuimsiú an ghnáthnós imeachta reachtaigh:

Seasamh (AE) Uimh. 5/2010 ón gComhairle ar an gcéad léamh

NB: Faoi chuimsiú an nós imeachta comhchinnteoireachta roimh Chonradh Liospóin bhí ‘Comhsheasaimh ón gComhairle’ ann:

Comhsheasamh (CE) Uimh. 14/2005 ón gComhairle ([†](#))

- stáitchabhair:

Stáitchabhair C 32/09 ([†](#))

NB: Bí san airdeall maidir leis an uimhriú: C 55/99, C 55/2000, C 55/01 (*is don bhliain 2000 amháin a úsáidtear ceithre dhigit*).

- cásanna na Cúirte Breithiúnais, na Cúirte Ginearálta agus Bhinse na Seirbhíse Sibhialta:

Cás C-187/10 ([†](#)) (*an Chúirt Bhreithiúnais*)

Cás T-211/10 ([†](#)) (*an Chúirt Ghinearálta — ón 15 Samhain 1989 i leith*)

Cás F-29/10 ([†](#)) (*Binse na Seirbhíse Sibhialta — ón 23 Iúil 2005 go dtí an 31 Lúnasa 2016*)

roimh an 15 Samhain 1989 (don Chúirt Bhreithiúnais amháin): Cás 84/81

NB: Scor Binse na Seirbhíse Sibhialta, a bunaíodh in 2004, de bheith ag obair an 1 Meán Fómhair 2016, tar éis aistriú a dlínse chuig an gCúirt Ghinearálta.

- tuairimí ón gCúirt Iniúchóirí:

Tuairim Uimh. 06/2022 (roimh an 1 Eanáir 2022: Tuairim Uimh. 6/2021)

- cásanna Chúirt CSTE:

Cás E-5/10 [\(+\)](#)

- fógraí faoi chomórtais oscailte (mar a bheidh foilsithe i sraith C ... A go dtí an 30 Meán Fómhair 2023):

EPSO/AD/177/10

- fógraí faoi fholúntais:

COM/AD/17/10

- Cinntí ón gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta:

Cinneadh Uimh. H8 an 17 Nollaig 2015 (uasdátaithe le mionsoiléirithe teicniúla an 9 Márta 2016) maidir leis na modhanna oibriúcháin agus comhdhéanamh an Choimisiúin Theicniúil um Próiseáil Sonraí den Choimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta [\(+\)](#)

- buiséid leasaitheacha ó na gníomhaireachtaí:

Ráiteas ioncaim agus caiteachais na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí don bhliain airgeadais 2010 – Buiséad Leasaitheach Uimh. 1 [\(+\)](#)

- glaonna ar thairiscintí:

Glaon ar thairiscintí IX-2011/01 – ‘Deontais do pháirtithe polaitiúla ar leibhéal na hEorpa’ [\(+\)](#)

NB: Go dtí an 23 Iúil 2002 (an dáta a chuaigh Conradh CEEG in éag), bhí aontuithe ón gComhairle ann:

Aontú Uimh. 22/96 [\(+\)](#)

Aontú Uimh. 6/2002 [\(+\)](#)

1.3.3. Inneachar

Cuirtear i láthair anseo liosta de na cineálacha doiciméad a foilsíodh i sraith C, agus na doiciméid grúpáilte de réir na gceannnteideal agus na bhfo-cheannnteideal ábhartha.

C I — Rúin, moltaí agus tuairimí

Cumhdaítear an méid seo a leanas leis an gceannnteideal seo:

- rúin (e.g. rúin (neamhrechtacha) ó Pharlaimint na hEorpa, rúin ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát i dtionól na Comhairle, rúin ón gComhairle, rúin ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, rúin ó Choiste Eorpach na Réigiún),
- moltaí (e.g. moltaí ó Pharlaimint na hEorpa chuig an gComhairle, moltaí ón gComhairle, moltaí ón gCoimisiún, moltaí ón mBanc Ceannais Eorpach),

- tuairimí nach bhfuil sé éigeantach iad a iarraidh (e.g. tuairim ón gComhairle, tuairim ón gCoimisiún, tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach, tuairim ón gCúirt Iniúchóirí, tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún, tuairim ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí).

C II — Faisnéis

Cumhdaítear an méid seo a leanas leis an gceannteideal seo:

- comhaontuithe idirinstiúideacha (na cinntí lena leasaítear na comhaontuithe san áireamh); cinneann na hinstiúidí iad a fhoilsiú i sraith L nó i sraith C ag brath ar a gcomhthéacs, a raon feidhme agus a n-éifeachtaí,
- dearbhuithe comhpháirteacha,
- faisnéis ó instiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh e.g. cinntí áirithe ó Pharlaimint na hEorpa, faisnéis ón gComhairle, cinntí áirithe ón gCoimisiún, teachtaireachtaí ón gCoimisiún, catalóg choiteann de speicis ghlasraí, nótaí míniúcháin a ghabhann leis an ainmníocht chomhcheangailte, cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na hainmníochta comhcheangailte, neamhagóidí i leith comhchruinnithe ar tugadh fógra ina leith, údarú maidir le státchabhair, cinntí ó eintitis bhainistíochta agus nósanna imeachta rannpháirtíochta.

C III — Gníomhartha ullmhúcháin

Cumhdaítear an méid seo a leanas leis an gceannteideal seo:

- tionscnaimh ó na Ballstáit,
- gníomhartha ullmhúcháin ó instiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, rúin reachtacha, seasaimh agus rúin ó Pharlaimint na hEorpa, seasaimh ón gComhairle, tuairimí éigeantacha agus moltaí ón mBanc Ceannais Eorpach, tuairimí éigeantacha ón gCúirt Iniúchóirí, tuairimí éigeantacha ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, tuairimí éigeantacha ó Choiste Eorpach na Réigiún, etc.

C IV — Fógraí

Cumhdaítear an méid seo a leanas leis an gceannteideal seo:

- fógraí ó instiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Mar shampla: ráitis ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, gníomhartha ón gComhairle, cinntí ón gComhairle, tuarascálacha bliantúla ón gComhairle, tuarascálacha maidir le rialú buiséadach agus airgeadais ó na hinstiúidí agus ó na comhlachtaí éagsúla, miontuairiscí pháirtseisiúin Pharlaimint na hEorpa, cinntí ó Pharlaimint na hEorpa, cinntí ón gCoimisiún, teachtaireachtaí ón gCoimisiún maidir le comhaltaí a ainmniú, rátaí malairte an euro, achoimrí ar chinntí an Aontais Eorpaigh maidir le húdaruithe margaíochta, ainmniúchán bhreithiúna na Cúirte Breithiúnais, tuarascálacha bliantúla na Cúirte Iniúchóirí, tuarascálacha ón gCúirt Iniúchóirí, rátaí úis arna socrú ag an mBanc Ceannais Eorpach, cinntí ón gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta, gníomhartha ó oifigí agus ó ghníomhaireachtaí, rialacha nós imeachta ó oifigí agus ó ghníomhaireachtaí,
- fógraí ó na Ballstáit (e.g. faisnéis ó na Ballstáit maidir le státchabhair údaráithe, oibleagáidí seirbhíse poiblí, sleachta ó bhreitheanna na gcúirteanna breithiúnais náisiúnta, measúnuithe ar stoic i dtaca le táirgí de chuid an Aontais Eorpaigh, nósanna imeachta náisiúnta éagsúla, liostaí táirgí, etc.),
- fógraí a bhaineann leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (faisnéis ó na hinstiúidí (Comhchoiste LEE, Údarás Faireacháin CSTE, Buainchoiste Stáit CSTE) ar dtús agus fógraí ó Bhallstáit LEE agus CSTE ina ndiaidh),
- fógraí ó thríú tíortha.

C V — Fógairtí

Cumhdaítear an méid seo a leanas leis an gceannteideal seo:

- nósanna imeachta riaracháin (e.g. fógraí faoi chomórtais oscailte, faoi earcaíocht, faoi fholúntais, iarratais ar thograí, cuirí ar léirithe spéise, fógraí maidir le glaonna ar thairscintí, treoracha maidir le comórtais oscailte, painéil),
- imeachtaí cúirte (e.g. fógairtí ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, fógairtí ó Chúirt CSTE, etc.),
- nósanna imeachta maidir le cur chun feidhme an chomhbheartais tráchtála (e.g. tuairimí maidir le nósanna imeachta frithdhumpála, gearáin a bhfuil sé beartaithe clabhsúr a chur leo, fógraí faoi chaingean frith-fhóirdheontais a chur ar aghaidh, fógraí faoi na bearta frithchúitimh atá i bhfeidhm),
- nósanna imeachta maidir leis an mbeartas iomaíochta a chur chun feidhme (e.g. stáitchabhair, réamhfógraí faoi chomhchruinniú, barúlacha ó rialtais na mBallstát, admháil maidir le fógra a fháil faoi ghearán),
- gníomhartha eile (e.g. fógraí do dhaoine, do ghrúpaí agus d'eintitis atá ar liostaí, iarratais ar fhoilsiú, foilsiú achoimre ar shonraíochtaí, teachtaireachtaí maidir le comhairliúcháin phoiblí, fógraí maidir le cuirí chun tairisceana, fógraí maidir le hiarraidh atá dírithe ar Bhallstát).

Ceartúcháin

D'fhéadfadh sé nach mbeadh na ceartúcháin le feiceáil ach amháin i leaganacha teangeolaíocha áirithe agus d'fhéadfaidís a bheith difriúil ó thaobh faid agus ábhair de ó leagan teanga amháin go ceann eile.


Ní shanntar uimhir fógra do cheartúcháin. Faigheann siad uimhir na hIrise Oifigiúla, áfach, uimhir CBBBB/9UUUU, agus tosaíonn an uimhir sheicheamhach 5 dhigit le 9 i gcónaí.

NB: Foilsítear Conarthaí nach bhfuil daingnithe fós agus na Conarthaí comhdhlúite agus na ceartúcháin a ghabhann leis na Conarthaí i sraith C, gan cheannteideal.

2.

Struchtúr gnímh dhlíthiúil

Tá bunghnéithe an ghnímh dhlíthiúil le feiceáil sa léaráid seo. Is féidir teidil, fo-cheannteidil, caibidlí agus ranna a úsáid sa doiciméad, ag brath ar chastacht an téacs.



2.1. An teideal

Is éard atá i dteideal iomlán gnímh:

- an saghas gnímh (rialachán, treoir, etc.),
- an uimhir (i.e. an giorrúchán nó na giorrúcháin is ábhartha ('AE', 'Euratom', 'AE, Euratom', 'CBES'), an bhliain agus uimhir sheicheamhach an ghnímh),
- ainm na hinstitiúide (na n-institiúidí) nó an chomhlachta a ghlac an gníomh,
- dáta a ghlactha (dáta a shínithe i gcás gníomhartha arna nglacadh go comhpháirteach ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle),
- tuairisc ghearr ar an ábhar,
- an uimhir a shann an t-údar don ghníomh (féach [‘Uimhriú dúbailte’](#) faoi Phointe 1.2.2) i gcás gníomhartha ina bhfuil uimhriú dúbailte.

I [bPointe 3.2](#) leagtar síos na rialacha maidir le tagairtí do theideal.

Má leasaítear teideal gnímh le gníomh eile nó má dhéantar ceartúchán ar an teideal, is é an teideal leasaithe nó ceartaithe a luaitear i gcónaí ina dhiaidh sin.

NB: Ar an gcéad leathanach den ghníomh is féidir ‘códú’ nó ‘athmhúnlú’ a lua faoin teideal. Scríobhtar an téarma seo i mionlitreacha agus i gcló trom, faoin teideal, idir lúibíní. Ní luaitear é i dtagairtí don ghníomh atá i gceist.

2.2. An brollach

Ciallaíonn an brollach gach uile rud idir an teideal agus téarmaí achtúcháin an ghnímh.

2.2.1. Luanna

Luaitear an méid seo a leanas sna luanna, san ord seo a leanas:

1. **an bunús dlí** atá le gníomh:

- (a) gníomhartha príomha (conarthaí, ionstraimí aontachais, prótacail atá i gceangal leis na conarthaí) agus comhaontuithe ‘idirnáisiúnta’ (comhaontuithe, prótacail atá i gceangal le comhaontuithe, coinbhinsiúin) arb é atá iontu an bunús ginearálta atá leis an téacs atá i gceist.

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach [agus go háirithe Airteagal/Airteagail ... de],

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh [agus go háirithe Airteagal/Airteagail ... de],

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach [agus go háirithe Airteagal/Airteagail ... de],

Ag féachaint d’Ionstraim Aontachais na hOstaire, na Fionlainne agus na Sualainne, ([t](#))

Ní luaitear giorrúchán an Chonartha/na gConarthaí.

Má dhéantar tagairtí do níos mó ná aon chonradh amháin, bíonn gach ceann acu ar líne ar leith agus iad san ord seo a leanas: an Conradh ar an Aontas Eorpach, an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

Luaitear na gníomhartha príomha gan tagairt a thabhairt i bhfonóta. Is féidir comhaontuithe idirnáisiúnta agus prótacail a ghabhann le comhaontuithe idirnáisiúnta a lua ina bhfoirm ghearr agus tagairt a thabhairt i bhfonóta.

- (b) i gcás inarb infheidhme é, gníomhartha tánaisteacha, arb é atá iontu an bunús sonrach atá leis an téacs. Luaitear teideal iomlán an ghnímh agus bíonn fonóta ag gabháil leis a dhéanann tagairt don Iris Oifigiúil inar foilsíodh é:

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 89 de,

[...]

(1) IO L 166, 30.4.2004, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2010/30/oj>.

2. na **gníomhartha ullmhúcháin** (e.g. tograí, tionscnaimh, iarratais, moltaí, toilithe agus tuairimí dá bhforáiltear sna Conarthaí). D’fhéadfadh fonóta a bheith ina dteannta:

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽²⁾,

Ag gníomhú dó/di/dóibh i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

[...]

(1) Tuairim an 5 Bealtaine 2010 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

(2) Tuairim an 17 Feabhra 2010 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

I gcás ina n-éilítear leis an gConradh dul i gcomhairle le hinstiúid nó le comhlacht agus, mar thoradh ar an gcomhairliúchán sin, go dtugtar tuairim, is é seo a leanas a bheidh sa lua a fhreagraíonn don tuairim sin: ‘Ag féachaint don tuairim ó ...,’ agus beidh fonóta ina dhiaidh ina mbeidh an tagairt don fhoilseachán san Iris Oifigiúil nó ina

uireasa sin, cuirfear an tagairt seo a leanas isteach: ‘Tuairim an [dáta] (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)’.

I gcás ina n-éilítear leis an gConradh dul i gcomhairle le hinstiúid nó le comhlacht, ach nach dtugtar tuairim mar thoradh ar an gcomhairliúchán sin, is é seo a leanas a bheidh sa lua: ‘Tar éis dul i gcomhairle le ...,’ (gan tagairt a thabhairt i bhfonóta agus gan eolas eile).

3. maidir leis na **gníomhartha reachtacha**:

- (a) gur cuireadh an dréachtghníomh reachtach chuig na parlaimintí náisiúnta:

Tar éis dó/di/dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

- (b) an nós imeachta a leantar:

- (i) an gnáthnós imeachta reachtach:

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽¹⁾,
[...]

(1) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Deireadh Fómhair 2010 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 17 Samhain 2010.

- (ii) an gnáthnós imeachta reachtach leis an gCoiste Idir-réitigh:

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, i bhfianaise an téacs chomhpháirtigh a d’fhormheas an Coiste Idir-réitigh an 24 Eanáir 2011 ⁽²⁾,
[...]

(2) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Aibreán 2009 (IO C 184 E, 8.7.2010, lch. 312.), seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 11 Márta 2010 (IO C 122 E, 11.5.2010, lch. 1.), seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Iúil 2010 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil), cinneadh ón gComhairle an 31 Eanáir 2011 agus rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2011 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

- (iii) nós imeachta reachtach speisialta:

Ag gníomhú dó/di/dóibh i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

Cuirtear ceannlitir ag tús na luanna agus cuirtear camóg ag an deireadh.

2.2.2. Aithrisí

Tugann na haithrisí na cúiseanna atá le hábhair théarmaí achtúcháin (i.e. airteagail) an ghnímh.

Úsáidtear an abairt ‘De bharr an mhéid seo a leanas:’ ag tús na n-aithrisí. Uimhrítear iad, cuirtear ceannlitir ag tús gach abairte i ngach aithris agus cuirtear lánstad ag deireadh gach abairte, ach amháin an abairt dheireanach san aithris dheireanach a gcuirtear camóg ag a deireadh, agus cuirtear i láthair iad mar seo a leanas:

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is gné shár-riachtanach do sholáthar fuinnimh [...].

(2) Tá méadú an-tapa tagtha le 10 mbliana anuas ar thomhailt an gháis san Eoraip [...].

[...]

(50) Ba cheart Treoir 2004/67/CE a aisghairm,

Sa téacs, luaitear mar a leanas iad (figiúirí gan lúibíní):

aithris 1, aithris 2, etc.

Mura bhfuil ach aon aithris amháin ann, ní bhíonn aon fhleasc ná aon uimhriú ann. Cuirtear ‘De bharr an mhéid seo a leanas:’ ar líne ar leith. Cuirtear camóg ag deireadh na habairte.

De bharr an mhéid seo a leanas:

Chun na riachtanais maidir le staidreamh a chumhdach maidir leis na topaicí mionsonraithe ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1700, ba cheart don Choimisiún líon agus teidil na n-athróg a shonrú maidir leis an tacar sonraí i bhfearann úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide le haghaidh na bliana tagartha 2023,

NB: — Go dtí an 6 Feabhra 2000, chuirte ceannlitir ag tús gach aithrise agus leathstad ag a deireadh (úsáidtear an struchtúr seo fós i ngníomhartha áirithe de chuid na Comhairle):

De bhrí go bhforáiltear ...; (an chéad aithris agus na haithrisí ina dhiaidh sin)

De bhrí gur gá leas a bhaint as ..., (an aithris dheireanach)

Ós rud é nár ghnách aithrisí a uimhriú, ba ghnách an chéad aithris, an dara haithris, an tríú haithris, etc. a thabhairt orthu. I roinnt téacsanna (go háirithe iontu siúd a bhaineann le bearta frithdhumpála), chuirte an frása ‘De bharr an mhéid seo a leanas:’ roimh na haithrisí. D’uimhrití na haithrisí agus chuirte ceannlitir ag tús gach aithrise agus lánstad ag a deireadh (is é sin an gnáthchleachtas anois.)

Bhí idirthréimhse ann ó Nollaig 1998 go dtí an 6 Feabhra 2000 nuair a bhí an dá struchtúr ar aithrisí inghlactha.

— Sna rúin ó Pharlaimint na hEorpa maidir le hurscaoileadh i dtaca leis an mbuiséad a chur chun feidhme, a fhoilsítear i sraith L, bíonn fleasc roimh gach lua agus is litir a bhíonn leis na haithrisí seachas uimhir:

- ag féachaint do chuntais chríochnaitheacha bhliantúla an Choláiste Eorpaigh Póilíneachta don bhliain airgeadais 2008,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí ar chuntais bhliantúla an Choláiste Eorpaigh Póilíneachta don bhliain airgeadais 2008 [...],
 - ag féachaint don mholadh ón gComhairle [...],
- [...]

A. De bhrí go [...];

B. De bhrí go [...], (†)

2.3. Na hairteagail (na téarmaí achtúcháin)

Faisnéis ghinearálta

Is iad na téarmaí achtúcháin (na hairteagail) an chuid reachtach den ghníomh. Is féidir na téarmaí achtúcháin a scríobh in ‘Airteagal Aonair’ más téarmaí simplí iad.

NB: I ngníomh ina bhfuil níos mó ná aon airteagal amháin, uimhrítear na hairteagail go comhleanúnach (Airteagal 1, Airteagal 2, etc.). Ní mór na téarmaí achtúcháin a uimhriú go leanúnach ó thús deireadh.

Is féidir na hairteagail a ghrúpáil mar a leanas: ‘codanna’, ‘teidil’, ‘caibidlí’ agus ‘ranna’. (Féach [Pointe 2.7](#) ‘Forannáin na ngníomhartha’.)

Féadfar na hairteagail a fhoroinnt ina míreanna, fómhíreanna, pointí, fleasca agus abairtí. Féadfaidh na míreanna a bheith gan uimhir, nó féadfaidh uimhreacha arabacha a bheith orthu, agus féadfaidh siad pointí nó fleasca a bheith iontu, agus deais rompu. (I dtaca leis na téarmaí a úsáidtear do chodanna éagsúla airteagail, féach an léaráid i [bPointe 2](#), [Pointe 2.7](#) agus ‘[Táblaí achoimre: struchtúr gnímh](#)’.)

An t-airteagal deiridh (i dtreoracha agus i gcinntí)

I dtreoracha agus i gcinntí, más infheidhme, sonraítear san airteagal deiridh cé chuige a ndírítear an gníomh.

Treoracha

Dirítear an Treoir seo chuig na Ballstáit. (†)

nó

Dirítear an Treoir seo chuig na Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí. (†)

(I gcás nach ndírítear Treoir chuig gach Ballstát: Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu etc.)

nó

Dirítear an Treoir seo chuig na Ballstáit [e.g. a bhfuil uiscebhealaí intíre iontu mar a thagraítear dó in Airteagal 1(1)]. (†)

nó

Dirítear an Treoir seo chuig [ainm iomlán (oifigiúil) an Bhallstáit/na mBallstát]. (†)

Cinntí

- Cinntí a dhírítear chuig gach Ballstát:

Dirítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit. (†)

- Cinntí a dhírítear chuig Ballstáit shonracha:

Dirítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí. (†)

nó

Dirítear an Cinneadh seo chuig [ainm iomlán (oifigiúil) an Bhallstáit/na mBallstát]. (†)

- Cinntí a dhírítear chuig páirtithe sonracha:

Dirítear an Cinneadh seo chuig [ainm iomlán agus seoladh an pháirtí/na bpáirtithe]. (†)

NB: — Úsáidtear ainmneacha oifigiúla iomlána na mBallstát [féach [Pointe 7.1.1](#)] agus liostaítear iad de réir an oird prótacail:

Dirítear an Cinneadh seo chuig Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hIodáile agus an Rómáin. (†)

- Luaitear freisin san airteagal deiridh de na Treoirlínte ón mBanc Ceannais Eorpach an t-eintiteas a bhfuil na Treoirlínte dírithe chuige:

Dirítear an Treoirlíne seo chuig gach banc ceannais Eurochórais. (†)

2.4. Abairtí a bhaineann le gné éigeantach na rialachán

Sna rialacháin, cuirtear ceann de na habairtí seo a leanas i ndiaidh an airteagail deiridh:

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

nó

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

(Úsáidtear an abairt seo in aon chásanna nach bhfuil an rialachán infheidhme maidir le gach Ballstát ná i ngach Ballstát (mar shampla, Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu (féach, mar shampla, Rialachán (AE) Uimh. 1210/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle), comhar feabhsaithe, etc.)).

Ní cuid den airteagal deiridh í an abairt seo agus leanann sí cur i láthair clóghrafach speisialta. Scartar ó téacs na n-airteagal í agus láraítear ar leithead téacs níos giorra ná téacs na n-airteagal í.

2.5. Abairtí deiridh (áit, dáta agus síniú)

Is mar a leanas a bhíonn críoch an ghnímh:

- na focail ‘Arna déanamh/arna dhéanamh i/sa ...’ chun áit agus dáta an tsínithe a chur in iúl,
- cuirtear an síniú i ndiaidh na bhfocal thuasluaite.

Áit agus dáta

Sa reachtaíocht thánaisteach, cuirtear an áit agus an dáta in iúl mar a leanas:

Arna déanamh/arna dhéanamh i Lucsamburg, an 5 Iúil 2006.

Is é an dáta an dáta a síníodh an gníomh (gníomhartha a ghlacann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go comhpháirteach) nó ar glacadh an gníomh (i gcásanna eile).

I gconarthaí agus i gcomhaontuithe idirnáisiúnta etc. scríobhtar an dáta i bhfocail:

Arna déanamh/arna dhéanamh i Lucsamburg, an cúigiú lá is fiche d’Aibreán sa bhliain dhá mhíle a cúig.

Is minic gur sa Bhruiséil a shinítear gníomhartha na n-institiúidí, nó d’fhéadfadh sé gur i Lucsamburg (ag cruinnithe na Comhairle i mí Aibreáin, mí Iúil, agus mí Dheireadh Fómhair), in Strasbourg (go háirithe i gcás Parlaimint na hEorpa nuair a bhíonn sí ag síniú leis an gComhairle) nó in Frankfurt am Main (i gcás fhorhmór na ngníomhartha ón mBanc Ceannais Eorpach) a dhéanfaí é.

Sínitheoirí (ní liosta cuimsitheach é seo)

Sa reachtaíocht thánaisteach:

Parlaimint na hEorpa	An Chomhairle Eorpach	An Chomhairle
<i>Thar ceann Pharlaimint na hEorpa</i> <i>An tUachtarán</i> ... (iniseal(acha) agus sloinne iomlán)	<i>Thar ceann na Comhairle Eorpaí</i> <i>An tUachtarán</i> ... (iniseal(acha) agus sloinne iomlán)	<i>Thar ceann na Comhairle</i> <i>An tUachtarán</i> ... (iniseal(acha) agus sloinne iomlán)

An Coimisiún		
Rialacháin, treoracha, cinntí nach luaitear iontu cé chuige a bhfuil siad dírithe		Cinntí ina sonraítear cé chuige a bhfuil siad dírithe
<i>Thar ceann an Choimisiúin</i> <i>An tUachtarán</i> ... (ainm iomlán)	<i>Thar ceann an Choimisiúin,</i> <i>Thar ceann an Uachtaráin,</i> ... (ainm iomlán) <i>Comhalta den Choimisiún</i>	<i>Thar ceann an Choimisiúin</i> ... (ainm iomlán) <i>Leas-Uachtarán an Choimisiúin</i>
<i>Thar ceann an Choimisiúin,</i> <i>Thar ceann an Uachtaráin,</i> ... (ainm iomlán) <i>Leas-Uachtarán an Choimisiúin</i>	<i>Thar ceann an Choimisiúin,</i> <i>Thar ceann an Uachtaráin,</i> ... (ainm iomlán) <i>An tArd-Stiúrthóir</i> <i>Ard-Stiúrthóireacht ...</i>	<i>Thar ceann an Choimisiúin</i> ... (ainm iomlán) <i>Comhalta den Choimisiún</i>

Comhchoiste LEE	An Banc Ceannais Eorpach	
	Rialacháin, Treoirínte	Cinntí, moltaí
Thar ceann Chomhchoiste LEE An tUachtarán ... (ainm iomlán)	Thar ceann Chomhairle Rialaithe BCE Uachtarán BCE ... (ainm iomlán)	Uachtarán BCE ... (ainm iomlán)
	Thar ceann Bhord Feidhmiúcháin BCE Uachtarán BCE ... (ainm iomlán)	

I gcomhaontuithe idirnáisiúnta:

Comhaontuithe, prótacail, coinbhinsiúin	
Thar ceann an Aontais Eorpaigh (síniú)	Thar ceann na mBallstát (síniú)

Comhaontuithe i bhfoirm malartú litreacha	
Thar ceann Chomhairle an Aontais Eorpaigh	Thar ceann an Aontais Eorpaigh

2.6. Na hianscríbhinní

Is éard atá in ianscríbhinn a ghabhann le gníomh, rialacha nó sonraí teicniúla nach mbíonn sna téarmaí achtúcháin, ar chúiseanna praiticiúla. Is minic a bhíonn na sonraí i bhfoirm liosta nó táblaí.

Sna téarmaí achtúcháin, ní mór an nasc idir forálacha na dtéarmaí agus an ianscríbhinn a thaispeáint go soiléir trí thagairt a dhéanamh (mar shampla ‘a liostaítear in Ianscríbhinn I’, ‘atá in Ianscríbhinn I’, ‘a leagtar amach san Ianscríbhinn’).

Cé nach bhfuil rialacha dochta ann maidir le hianscríbhinní a leagan amach, de ghnáth, déantar iad a fhoroinnt ina bpointí arna sainaithint le huimhreacha Arabacha agus ponc ina ndiaidh ar gach leibhéal (e.g. ‘10.2.3.’).

2.7. Forannáin na ngníomhartha

Forannán	Uimhriú	Tagairt sa téacs
Gníomhartha		
Brollach ⁽¹⁾		
Lua ⁽¹⁾		sa chéad lua
Aithris uimhrithe ⁽¹⁾	(1), (2)	in aithris 1 ⁽²⁾
Aithris neamhuimhrithe ⁽¹⁾		sa chéad aithris ⁽²⁾
Téarmaí achtúcháin ⁽³⁾		
Airteagal ⁽³⁾	Airteagal Aonair Airteagal 1, 2	san Airteagal Aonair in Airteagal 1, 2
Mír uimhrithe ⁽³⁾	1., 2.	i mír 1, 2 (san Airteagal céanna) in Airteagal 2(1) (tagairt do mhír uimhrithe in Airteagal eile)
Fomhír ⁽⁴⁾		sa chéad fomhír, sa dara fomhír, sa tríú fomhír in [Airteagal 1(1),] an dara fomhír
Mír neamhuimhrithe		sa chéad mhír, sa dara mír, sa tríú mír in [Airteagal 1,] an chéad mhír
Pointe ⁽³⁾	(a), (b) (i), (ii) (1), (2)	i bpointe (a), (b) i bpointe (i), (ii) i bpointe (1), (2) in [Airteagal 1(1), an chéad fomhír,] pointe (a)(i)(1)
Fleasc (eim-dais) ⁽⁵⁾	—	sa chéad fheasc, sa dara fleasc in [Airteagal 1(1), an chéad fomhír, pointe (a)(i)(1),] an chéad fheasc
Iarscríbhinn		
	Iarscríbhinn Iarscríbhinn I, II (nó A, B)	san Iarscríbhinn in Iarscríbhinn I, II (nó A, B) a ghabhann leis an ngníomh
Foscríbhinn		
	Foscríbhinn Foscríbhinn 1, 2	san Foscríbhinn i bhFoscríbhinn 1, 2 (a ghabhann leis an Iarscríbhinn)
Forannáin eile		
Cuid	Cuid I, II (nó Cuid a hAon, Cuid a Dó)	i gCuid I, II Cuid a hAon, Cuid a Dó
Teideal	Teideal I, II	i dTeideal I, II i [gCuid I,] Teideal I
Caibidil	Caibidil I, II (nó Caibidil 1, 2)	i gCaibidil I, II (nó i gCaibidil 1, 2) i [gCuid I, Teideal I,] Caibidil I
Roinn	Roinn 1, 2	i Roinn 1, 2 i [gCuid I, Teideal I, Caibidil I,] Roinn 1
Pointe ⁽⁶⁾	I, II (nó A, B) I. (nó A. nó 1.)	i bpointe I, II (nó A, B) i bpointe I (A, 1)

(1) Féach [Pointe 2.2.](#)

(2) Roimh an 7 Feabhra 2000, tráth nach raibh aithrisí uimhrithe ann: sa chéad aithris, sa dara haithris.

(3) I gcás ina ndéantar airteagail, míreanna uimhrithe nó forannáin eile a bhfuil uimhir nó litir ag dul leo a chur isteach i dtéarmaí achtúcháin (*) gnímh atá ann cheana, tugtar uimhir nó litir an fhorannáin roimhe sin, atá ar an leibhéal céanna, dóibh i dteannta na litreach 'a', 'b', 'c', 'd', etc. Féach freisin [Pointe 3.3.2.](#)

(4) Forannáin de mhír uimhrithe.

(5) Sular tugadh an uirlis dréachtaithe XML-bhunaithe EdiT isteach in 2021, d'fhéadtaí fleasca a úsáid don chéad leibhéal i liostaí.

(6) Á n-úsáid i moltaí, rúin, dearbhuithe agus ráitis áirithe.

- NB: — Is féidir na habairtí seo a leanas a úsáid le haghaidh na habairte tosaigh: ‘Ag tús an ...’, ‘Na focail tosaigh ...’, ‘An chuid tosaigh’. Bíonn idirstad ag deireadh na habairte tosaigh.
- Níl ord ar leith ar na forannáin sa tábla seo. Bíonn ord éagsúil orthu de réir an téacs.

3. Rialacha maidir le doiciméid a dhréachtú

Ní mór na téacsanna atá le foilsiú san Iris Oifigiúil a bheith ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus ní mór dóibh cloí le rialacha dochta dréachtaithe.

Leagtar amach go sionoptach na téacsanna a fhoilsítear san Iris Oifigiúil i.e. is é an téacs céanna a bhíonn ar an leathanach céanna den IO i ngach teanga oifigiúil.

Leagtar síos i [gCuid a Trí](#) agus i [gCuid a Ceathair](#) rialacha maidir le gníomhartha, lena n-áirítear [na hiarscríbhinní](#), a fhoilsítear san Iris Oifigiúil, go háirithe na rialacha agus an gnás a bhaineann le ceannlitreacha (lena n-áirítear i dteidil coistí nó coimisiún), giorrúcháin, seoltaí, etc.

3.1. Conas tagairt don Iris Oifigiúil

Tá trí bhealach ann chun tagairt a dhéanamh don Iris Oifigiúil:

An fhoirm fhada

Scríobhtar an fhoirm fhada mar a leanas: *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (i gcló iodálach)

Úsáidtear an fhoirm seo:

- (a) sa téacs:

Déanfaidh Bord Bainistíochta an Údaráis beirt chomhaltaí den Bhord Achomhairc agus beirt mhalartach a cheapadh ó ghearrliosta arna mholadh ag an gCoimisiún, tar éis iarraidh phoiblí ar léiriú spéise a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Maoirseoirí.

- (b) san abairt a úsáidtear ar theacht i bhfeidhm do ghníomh:

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

- (c) i gceartúcháin, faoin teideal, mar thagairt don Iris Oifigiúil bhunaídh lena mbaineann:

- i gcás doiciméad a foilsíodh idir an 1 Feabhra 2003 agus an 30 Meán Fómhair 2023:

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 107 an 25 Aibreán 2015)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh C 275 an 4 Lúnasa 2023)

- i gcás doiciméad a foilsíodh ón 1 Deireadh Fómhair 2023:

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L, 2023/2433, 27 Deireadh Fómhair 2023)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh C, C/2023/100, 6 Deireadh Fómhair 2023)

NB: Maidir le téacsanna a foilsíodh go dtí an 31 Eanáir 2003, agus an lá sin san áireamh, ba cheart tagairt a dhéanamh do *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*.

An fhoirm ghearr

Scríobhtar an fhoirm ghearr mar a leanas: an Iris Oifigiúil (ná húsáidtear cló iodálach)

Úsáidtear an fhoirm seo:

- (a) i bhfonótaí, mar a leanas:

(1) Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

- (b) i dtéacsanna nach bhfuil an-fhoirmiúil.

An fhoirm ghiorraithe

Scríobhtar an fhoirm ghiorraithe mar a leanas: IO L, IO C, IO S.

Scoireadh de shraitheanna L ... I, C ... A, C ... I a fhoilsiú an 1 Deireadh Fómhair 2023 agus scoireadh de shraith C ... E a fhoilsiú an 1 Aibreán 2014.

Úsáidtear an fhoirm seo:

- (a) i bhfonótaí ina luaitear uimhir na hIrise Oifigiúla:

(1) IO L, 2023/2387, 2.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2387/oj.

(2) IO C, C/2023/90, 2.10.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2023/90/oj>.

- (b) i dtáblaí:

IO L, 2023/2387, 2.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2387/oj

NB:	Le himeacht aimsire, athraíodh uimhriú na hIrise Oifigiúla.
—	roimh an 1 Iúil 1967, bhíodh uimhriú leanúnach leathanach in úsáid agus bhíodh an dá fhigiúr dheireanacha den bhliain ar a lorg:
	IO 106, 30.10.1962, lch. 2553/62
—	ón 1 Iúil 1967 i leith, is é leathanach 1 an chéad leathanach de gach Iris Oifigiúil:
	IO 174, 31.7.1967, lch. 1
—	an 1 Eanáir 1968, cruthaíodh sraith L agus sraith C :
	IO L 32, 6.2.1968, lch. 6
	IO C 1, 12.1.1968, lch. 1
—	an 1 Eanáir 1978, cruthaíodh sraith S :
	IO S 1, 7.1.1978, lch. 1
—	an 1 Eanáir 1991, cruthaíodh sraith C ... A (scoireadh de bheith á foilsiú an 1 Deireadh Fómhair 2023):
	IO C 291 A, 8.11.1991, lch. 1
—	an 31 Lúnasa 1999, cruthaíodh sraith C ... E (scoireadh de bheith á foilsiú an 1 Aibreán 2014):
	IO C 247 E, 31.8.1999, lch. 28
—	an 1 Eanáir 2016, cruthaíodh sraith L ... I agus sraith C ... I (scoireadh de bheith á foilsiú an 1 Deireadh Fómhair 2023):
	IO L 11 I, 16.1.2016, lch. 1
	IO C 15 I, 16.1.2016, lch. 1
—	an 1 Deireadh Fómhair 2023, tugtar isteach foilsiú na hIrise Oifigiúla de réir gnímh:
	IO L, 2023/2387, 2.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2387/oj
	IO C, C/2023/90, 2.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/90/oj
	I gcás doiciméad a foilsíodh sa tsraith L sular tugadh isteach foilsiú de réir ngnímh, moltar an ELI a chur leis an tagairt atá ann cheana don Iris Oifigiúil, ar choinníoll go bhfuil an ELI ar fáil:
	IO L 314, 6.12.2022, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2371/oj
	Roimh an 1 Deireadh Fómhair 2023, níor sannadh ELI do dhoiciméid sa tsraith C.

Aitheantóir Reachtaíochta Eorpach

Ó tosaíodh ag foilsiú na hIrise Oifigiúla de réir gnímh an 1 Deireadh Fómhair 2023, sanntar an tAitheantóir Reachtaíochta Eorpach (ELI) do gach doiciméad a fhoilsítear i sraitheanna L agus C.

Is córas atá in ELI chun an dlí náisiúnta agus dlí an Aontais Eorpaigh a chur ar fáil ar líne i bhformáid chaighdeánaithe, ionas gur féidir é a rochtain, a mhalartú agus a athúsáid thar theorainneacha (chun faisnéis mhionsonraithe a fháil, féach [EUR-Lex](#)).

Is atá in ELI, nuair a chuirtear i bhfeidhm maidir le doiciméid a fhoilsítear san Iris Oifigiúil é, cuid sheasta (<http://data.europa.eu/eli/>), athróga de réir na sraithe den Iris Oifigiúil, agus an giorrúchán ‘oj’:

- Sraith L:
http://data.europa.eu/eli/cineál_gnímh/bliain/uimhir_sheicheamhach/oj
<http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2065/oj>

- Sraith C:
http://data.europa.eu/eli/sraith_IO/bliain/uimhir_sheicheamhach/oj
<http://data.europa.eu/eli/C/2023/100/oj>

Maidir le ceartúcháin, tá **mionsonraí** in ELI **maidir leis an bhfoilseachán bunaidh**, an focal ‘**corrigendum**’ agus an **dáta foilsithe** san fhormaid bbbb-mm-ll, agus an giorrúchán ‘oj’ ag gabháil ina dhiaidh:

- Sraith L:

<http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2065/corrigendum/2023-10-12/oj>

- Sraith C:

<http://data.europa.eu/eli/C/2023/100/corrigendum/2023-10-17/oj>

Is gné éigeantach é an t-aitheantóir a bhaineann leis an tagairt don tsraith L den Iris Oifigiúil. Chun tagairt a dhéanamh do shraith C, moltar ELI a úsáid, cé gur rud roghnach fós é.

NB: Níor cheart cód teanga a chur ag deireadh ELI mar nach cuid den aitheantóir é. Chun inoibritheacht an chórais a chinntiú, ní mór formáid chaighdeánaithe ELI a leanúint:

<http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2597/oj>

(agus ní <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2024/2597/oj?locale=ga>)

3.2. Conas tagairt do ghníomh

Braitheann an chaoi le gníomh nó cuid de ghníomh a lua ar an áit a luaitear é.

3.2.1. Foirmeacha an teidil

Bíonn dhá fhoirm ag teideal an ghnímh: an teideal iomlán agus an gearrtheideal.

Nuair a luaitear gníomh den chéad uair i gcorp gnímh eile, luaitear an [teideal iomlán](#) agus tugtar tagairt don Iris Oifigiúil inar foilsíodh é i bhfonóta. Agus lua á dhéanamh, is i gcorp an téacs a thugtar an teideal iomlán; san ffonóta a thugtar é i gcás na n-aithrisí, na n-airteagal agus na n-iarscríbhinní.

I dtagairtí a dhéantar níos faide anonn do ghníomh a luadh cheana, is é an [gearrtheideal](#) a úsáidtear, gan an t-údar nó tagairt na hIrise Oifigiúla a lua.

Teideal iomlán

Is éard atá i dteideal iomlán gnímh:

- an saghas gnímh (rialachán, treoir, etc.),
- an uimhir (i.e. an giorrúchán nó na giorrúcháin is ábhartha (‘AE’, ‘Euratom’, ‘AE, Euratom’, ‘CBES’), an bhliain agus uimhir sheicheimhach an ghnímh),
- ainm na hinstitiúide (na n-institiúidí) nó ainm údar an ghnímh,
- dáta a ghlactha (dáta a shínithe i gcás gníomhartha arna nglacadh go comhpháirteach ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle),
- an t-ábhar,
- an uimhir a shann an t-údar don ghníomh (féach [‘Uimhriú dúbailte’](#) faoi Phointe 1.2.2) i gcás gníomhartha ina bhfuil uimhriú dúbailte.

Sa leagan Gaeilge is é an t-ord thuas a úsáidtear. Murab ionann agus roinnt teangacha eile, ní úsáidtear camóga chun na codanna seo a scaradh óna chéile.

Bíonn tagairt don Iris Oifigiúil inar foilsíodh an gníomh ag gabháil leis an teideal iomlán i gcónaí. Sna luanna, tugtar an teideal iomlán i gcorp an téacs agus an tagairt i bhfonóta:

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (1)

(1) IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj>.

Nuair a luaitear gníomh den chéad uair in aithris, airteagal nó iarscríbhinn, tugtar a theideal iomlán agus tagairt na hIrise Oifigiúla i bhfonóta:

(14) Maidir le hidirbhearta maoinithe urrús, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (2) iad, meastar nach rannchuidíonn siad leis an bpróiseas praghas-aimsithe [...]

(2) Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le trédhearcacht idirbheart maoinithe urrús agus maidir le hathúsáid agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh 648/2012 (IO L 337, 23.12.2015, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2015/2365/oj>).

NB: Nuair a thugtar an teideal iomlán, bíonn na focail ar fad ann atá sa teideal, mar shampla ‘agus lena leasaítear’ nó ‘agus lena n-aisghairtear’, ach ní bhíonn ann focail a d’fhéadfadh teacht i ndiaidh an teidil mar shampla ‘códú’, ‘athmhúnlú’, etc.

An gearrtheideal

Úsáidtear an gearrtheideal in aithrisí, airteagail agus iarscríbhinní. Is iad seo a leanas a chomhpháirteanna:

- an saghas gnímh,
- an uimhir (i.e., an giorrúchán nó na giorrúcháin is ábhartha (‘AE’, ‘Euratom’, ‘AE, Euratom’, ‘CBES’), bliain agus uimhir sheicheamhach an ghnímh),
- ainm na hinstiúide (na n-institiúidí) nó an chomhlachta a ghlac an gníomh, nuair a luaitear den chéad uair é,
- an uimhir a shann an t-údar don ghníomh (féach [‘Uimhriú dúbailte’](#) faoi Phointe 1.2.2) i gcás gníomhartha ar a bhfuil uimhriú dúbailte.

(45) Ainmhithe pórúcháin folaíochta a iontráiltear i bpórleabhair, ba cheart iad a shainaithint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (2).

[...]

(2) Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (‘Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe’) (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj>).

I dtagairtí breise do theideal gnímh atá luaite cheana sna luanna nó sna haithrisí, úsáidtear an gearrtheideal gan an t-údar a lua agus gan fonóta:

(46) I gcás ainmhithe pórúcháin folaíochta den speiceas eachaí, foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 go ndéanfaidh [...]

NB: Aon uair a luaitear gníomh tarmligthe nó gníomh cur chun feidhme, leis an ngearrtheideal nó leis an teideal iomlán, luaitear i gcónaí an téarma ‘tarmligthe’ nó ‘cur chun feidhme’ sa chur síos ar an saghas gnímh:

‘(4) [...] méid an [...] mar a leagtar amach é i Rialachán cur chun feidhme (AE) Uimh. 302/2011, lena ndéanfar allmhairiú ar shiúcra a chur ar fionraí’ (1).

[...] (†)

(1) IO L 161, 21.6.2011, lch. 7.

Mar sin féin, i dtéacs na ngníomhartha tarmligthe nó na ngníomhartha cur chun feidhme, ní luaitear an téarma ‘tarmligthe’ ná ‘cur chun feidhme’ i nathanna amhail ‘ghlac [...] an Rialachán seo’, ‘Dírítear an cinneadh seo chuig na Ballstáit’, etc.

3.2.2. Conas tagairt do ghníomhartha eile

Sa teideal

I dteideal gnímh, ní thugtar teideal iomlán gnímh eile riamh. Ní bhíonn tagairt i bhfonóta riamh do theideal an ghnímh eile.

Dáta

De ghnáth ní thugtar dáta an ghnímh a luaitear:

Rialachán (AE) Uimh. 1234/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2010 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (gan dáta) (Rialachán CEM Aonair) maidir leis an gcabhair a dheonaítear faoi chuimsiú Mhonaplacht Alcóil na Gearmáine

Ní scríobhtar an dáta ach amháin i gcás nár tugadh uimhir don ghníomh:

Cinneadh 2008/182/Euratom ón gComhairle an 25 Feabhra 2008 lena leasaítear **Cinneadh ón gComhairle an 16 Nollaig 1980** lena mbunaítear an Coiste Comhairleach ar an gClár i leith Comhleá [\(†\)](#)

Cinneadh 2005/769/CE ón gCoimisiún an 27 Meán Fómhair 2005 lena leagtar síos rialacha i dtaobh cabhair bhia a cheannach ag ENRanna údaráithe ag an gCoimisiún chun táirgí a cheannach agus a úsáid a sholáthrófar faoi Rialachán (CE) Uimh. 1292/96 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear **Cinneadh an 3 Meán Fómhair 1998** [\(†\)](#)

An t-údar

Sna teangacha eile, seachas an Ghaeilge, ní luaitear údar (institiúid) an ghnímh dá dtagraítear ach amháin más údar (institiúid) éagsúil a bhíonn i gceist. (Maidir le cás na Gaeilge, féach [Pointe 3.5.2.](#))

Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/281 **ón gCoimisiún** an 26 Samhain 2014 lena gcuirtear Iarscríbhinní eile in ionad Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó **Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála

NB: D’fhonn foirmeacha casta míshoiléire a sheachaint nuair a luaitear mórán gníomhartha ó údair éagsúla, déantar tagairt i gcónaí do gach údar faoi seach.

Rialachán (AE) Uimh. 912/2010 ó **Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** an 22 Meán Fómhair 2010 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach GNSS, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1321/2004 **ón gComhairle** maidir le struchtúir bhainistíochta a bhunú do na cláir Eorpacha um loingseoireacht satailíte agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 683/2008 ó **Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

An t-ábhar

Is féidir ábhar an ghnímh a ghiorrú nó é a fhágáil ar lár:

Rialachán (AE) 2015/1525 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leasaítear **Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle** maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfead an dlí ar ábhair chustaim agus ar ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm i gceart (luaitear an tábhar iomlán)

Rialachán (CE) Uimh. 1392/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 lena leasaítear **Rialachán (CE) Uimh. 2223/96** i ndáil le tarchur sonraí cuntas náisiúnta [\(†\)](#) (ní luaitear an t-ábhar iomlán)

Rialachán (AE) 2015/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí, agus lena n-aisghairtear **Rialachán (CE) Uimh. 1781/2006** (fághtar an t-ábhar iomlán ar lár)

Agus na focail ‘lena leasaítear [...]’ agus ‘lena n-aisghairtear [...]’ fágtha ar lár sa ghníomh dá dtagraítear:

Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear **Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar**



Mar achoimre, nuair a luaitear gníomh laistigh de theideal gnímh eile, **ní thugtar an dáta** (seachas i roinnt cásanna eisceachtúla), ach **scríobhtar ainm an údair más údar éagsúil atá i gceist**. Is féidir **an t-ábhar** iomlán nó cuid den ábhar a chur isteach, nó gan an t-ábhar a chur isteach, de réir riachtanais an údair.

Sna luanna

Luaitear gníomhartha príomha gan tagairt a thabhairt i bhfonóta. Is féidir comhaontuithe idirnáisiúnta a lua ina bhfoirm ghearr agus/nó tagairt i bhfonóta ag gabháil leo (féach [Pointe 2.2.1](#)).

Ach más gníomh tánaisteach é, tugtar an teideal iomlán i gcónaí agus tagairt ina dhiaidh sin d’fhonóta ina luaitear an Iris Oifigiúil inar foilsíodh an gníomh:

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 89 de, [...]

(1) IO L 166, 30.4.2004, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2004/883/oj>.

NB: Maidir leis na Rialacháin Foirne, luaitear an phríomhchuid den ábhar agus cuirtear uimhir an rialacháin agus ainm na hinstitiúide ina dhiaidh:

Ag féachaint do Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha fostaíochta sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEEG) Uimh. 259/68 ón gComhairle ⁽¹⁾, [...]

(1) IO L 56, 4.3.1968, lch. 1, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg/1968/259\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/reg/1968/259(1)/oj).

In aithrisí, airteagail agus iarscríbhinní

Is iondúil, in aithrisí, airteagail agus iarscríbhinní, nach luaitear ach gearrtheideal an ghnímh:

- Má luaitear gníomh den chéad uair, tugtar ainm an údair leis an ngearrtheideal. Bíonn tagairt ina dhiaidh d’fhonóta ina luaitear teideal iomlán an ghnímh agus an Iris Oifigiúil inar foilsíodh é:

(5) I gcás ina bhfuil gá le bearta cosanta trádála, ba cheart iad a ghlacadh i gcomhréir leis na forálacha ginearálta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾ [...]

(6) Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhriallacha d’allmhairí (IO L 83, 27.3.2015, lch. 16, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2015/478/oj>).

Is gnách nach ndéantar tagairtí sna téarmaí achtúcháin do ghníomhartha nár luadh cheana sna luanna ná sna haithrisí.

- I gcás inar luadh cheana an gníomh sna luanna nó in áit eile sa téacs (seachas sa teideal), ní luafar ainm an údair sa ghearrtheideal agus ní thagann tagairt ina dhiaidh d’fhonóta:

2. Chun críocha Airteagail 5 go 8 den Rialachán seo, déanfaidh an Coiste um Choimircí a bunaíodh le hAirteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2015/478 cúnamh a thabhairt don Choimisiún.

Is féidir eisceachtaí áirithe a dhéanamh ón riail seo, go háirithe i gcás iarscríbhinní ina bhfuil foirmeacha nó doiciméid eile a d’fhéadfaí a úsáid astu féin, rud a d’fhágfadh gur ghá an teideal iomlán agus foinse na hIrise Oifigiúla a lua iontu cé gur luadh an gníomh cheana féin.

Ar mhaithe le héascaíocht léimh, i gcás liostaí fada gníomhartha, is ceadmhach na teidil iomlána a thabhairt i gcorp an téacs agus foinsí na hIrise Oifigiúla amháin a chur sna fonótaí.

3.2.3. Conas tagairt d'fhorannáin na ngníomhartha

1. Luaitear codanna éagsúla de thagairt in ord íslitheach ón gcuid is ginearálta go dtí an chuid is sonraí:

Foráiltear le hAirteagal 1(2), pointe (a), de Rialachán [...]

Airteagal 1(1), an dara habairt, [...]

2. Nuair a luaitear forannáin den saghas céanna, ní dhéantar an forannán a athlua:

Caibidlí I agus II

Airteagail 1, 4 agus 9

an dara agus an tríú fleasc

(*ach*: an chéad fhleasc agus an tríú fleasc)

Nuair a luaitear airteagail, míreanna nó fomhíreanna atá uimhrithe go comhleanúnach, ní miste idirdhealú a dhéanamh idir 'Airteagail 2, 3 agus 4' (rud a eisiann airteagail bhreise ar nós Airteagal 3a, 3b, etc.) agus 'Airteagal 2 go 4' (rud a chuimsíonn na hairteagail go léir a cuireadh isteach níos deireanaí).

3. Nuair a dhéantar tagairt d'fhorannáin den chineál céanna a mbíonn forannáin de leibhéal is ísle ag gabháil leo, luaitear an forannán a bhíonn i gceist gach uair:

Airteagal 2 agus Airteagal 3(1) de Rialachán [...]

(*ná scríobhtar* 'Airteagail 2 agus 3(1) de Rialachán [...]')

Airteagal 2, Airteagal 5(2) agus (3), agus Airteagail 6 go 9 de Rialachán [...]

(*ná scríobhtar* 'Airteagal 2, 5(2) agus (3) agus 6 go 9')

[...] agus go háirithe, Airteagal 1, pointí (1)(b) agus (3)(c), [...]

4. Ní dhéantar athrá ar an bhfocal 'pointe':

i bpointe (b)(ii)

i bpointe (b)(ii)(1)

(*agus ní scríobhtar* 'i bpointe (b), pointe (ii), pointe (1)')

i dTeideal A, pointe (2)(a)(i), den Iarscríbhinn

(*ná scríobhtar* 'pointe (2), pointe (a), pointe (i), den Iarscríbhinn [...]')

5. Is mar a leanas a dhéantar tagairtí d'Iarscríbhinní:

[...] na rialacha a leagtar amach san Iarscríbhinn [a ghabhann leis an Rialachán seo].
(*seachas* 'den Rialachán seo')

[...] an fhaisnéis dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II.

Is mar a leanas a dhéantar tagairt d'fhorálacha iarscríbhinne:

[...] pointe 2.1.3.7, (a)(iii)(2), an ceathrú fleasc den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo

Ní thugtar 'iarscríbhinní' ar chomhaontuithe idirnáisiúnta:

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

(*Tabhair faoi deara an frása 'i gceangal le'. Ní úsáidtear 'ag gabháil le'.*)

3.2.4. Conas tagairt do leasuithe ar na gníomhartha

Ní bhíonn tagairt a thuilleadh i bhfonóta san Iris Oifigiúil do na leasuithe is deireanaí ar ghníomh. Ní thugtar ach tagairt don Iris Oifigiúil inar foilsíodh an chéad leagan den ghníomh.

Na gníomhartha a ndéantar tagairt dóibh sna téacsanna a fhoilsítear san Iris Oifigiúil, is gníomhartha iad atá i bhfeidhm ag an am sin (ná húsáidtear a thuilleadh na nathanna ‘arna leasú (go deireanach) le’ ná ‘arna aisghairm’ ná ‘leagan ceartaithe’).

D’fhéadfadh sé gur mhian leis an údar tagairt a dhéanamh do théacs sonrach faoi mar atá sé ar dháta sonrach nó béim a chur ar ghníomh leasaitheach. Sa chás sin, luaitear an gníomh leasaitheach sa téacs (is tagairt sheasta í) de réir a ghearrtheidil agus leanann tagairt i bhfonóta é má luaitear é den chéad uair.

(6) Baineadh amach an t-ábhar a bhí in Iarscríbhinn III B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 517/94 arna leasú ag Rialachán (CE) Uimh. 1398/2007 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾ [...] [...]

(5) Rialachán (CE) Uimh. 1398/2007 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2007 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III B agus VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 517/94 ón gComhairle maidir le rialacha comhchoiteanna i dtaca le hallmhairiú táirgí teicstíle ó thríú tíortha áirithe nach dtagann faoi chomhaontuithe déthaobhacha, prótacail ná comhshocraíochtaí eile, ná faoi rialacha sonracha Comhphobail eile i dtaca le hallmhairiú (IO L 311, 29.11.2007, lch. 5, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2007/1398/oj>).

3.3. Forálacha leasaitheacha

Tá forálacha sa ghníomh leasaithe a bhaineann leis na leasuithe agus leis an uimhriú.

3.3.1. Leasuithe sa téacs

1. Má chuirtear airteagal in ionad **airteagail iomlán**, ag tús an téacs nua cuirtear uimhir an airteagail nua ar an imeall clé (comhartha athfhriotail tosaigh roimh an bhfocal ‘Airteagal’ agus an uimhir):

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

‘Airteagal 5

Cuspóirí sonracha sa réimse a bhaineann le sonraí a bhailiú, a bhainistiú agus a úsáid agus le comhairle eolaíochta

Rannchuideoidh na bearta airgeadais Aontais dá dtagraítear in Airteagail 9, 10 agus 11 leis an gcuspóir feabhsú a dhéanamh i dtaca le bailiú, le bainistiú agus le húsáid sonraí agus le comhairle eolaíochta faoi staid na n-acmhainní, faoi leibhéal na hiascaireachta, faoin tionchar atá ag an iascach ar na hacmhainní agus ar an éiceachóras muirí, faoi ghnéithe eacnamaíocha an iascaigh agus an dogharshaothraithe, agus faoi fheidhmíocht thionscal na hiascaireachta, laistigh d’uiscí AE agus lasmuigh díobh, trí thacaíocht airgeadais a sholáthar do na Ballstáit chun tacair sonraí ilbhliantúla comhiomlánaithe agus eolaíocht-bhunaithe a bhunú ina gcorprófar faisnéis bhitheolaíoch, theicniúil, chomhshaoil agus shocheacnamaíoch.’;

NB: Leanann lánstad nó leathstad an comhartha athfhriotail deiridh.

2. I gcásanna ina mbíonn **forannán marcáilte** d'airteagal á leasú (mír, pointe, fleasc, etc.) cuirtear comhartha athfhriotail ag tús an téacs nua agus leanann uimhir na míre, na fomhíre, an phointe, etc. é:

(3) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad **mhír 1**:

‘1. Bunaítear leis an Rialachán seo Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas le haghaidh onnmhairí áirithe mar atá leagtha amach in Iarscríbhinní IIa go IIc.

Féadfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir bunaithe toirmeasc a chur ar an onnmhaireoir na húdaruithe sin a úsáid más rud é go bhfuil amhras réasúnta ann i leith a chumais údarú den sórt sin nó foráil de chuid na reachtaíochta um rialú onnmhairiúcháin a chomhlíonadh.

Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát faisnéis a mhalartú i leith onnmhaireoirí ar baineadh an ceart Údarú Ginearálta Onnmhairiúcháin a úsáid díobh, mura ndéanann siad a chinneadh nach ndéanfaidh an t-onnmhaireoir iarracht ar ítimí dé-úsáide a onnmhairiú trí Bhallstát eile. Úsáidfear an córas dá dtagraítear in Airteagal 19(4) chun na críche sin.’;

I gcás nach gcuirtear d'fhomhíreanna nua isteach ach an chéad fhomhír den mhír uimhrithe, luaitear uimhir na míre sin sa téacs nua:

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na **chéad fhomhíre**:

‘Scrúdóidh ÚEUM an t-iarratas ar dheimhniúchán agus déanfaidh sé cinneadh ina thaobh i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha amach in Airteagal 16. Beidh an cinneadh ar dheimhniúchán bunaithe ar na critéir atá leagtha amach i bpointí (a) go (d) de mhír 1 den Airteagal seo.’;

3. I gcásanna ina gcuirtear téacs nua in ionad **téacs neamhmharcáilte**, is mar a leanas a scríobhtar é:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an **dara fomhír** de mhír 2:

‘Chuirge sin, déanfaidh sealbhóir an údaraithe margaíochta leagan comhdhlúite den chomhad i dtaobh cáilíochta, sábháilteachta agus éifeachtúlachta, lena n-áirítear meastóireacht ar shonraí atá sna tuairiscí ar fhrithghníomhartha díobhálacha amhrasta agus sna tuairiscí tréimhsiúla sábháilteachta cothrom le dáta a thíolactar i gcomhréir le Caibidil 3, agus faisnéis maidir le gach athrú a tugadh isteach ón uair a deonaíodh an t-údarú margaíochta a sholáthar don Ghníomhaireacht 9 mí ar a laghad sula scoirfidh an t-údarú margaíochta de bheith bailí i gcomhréir le mír 1.’;

4. I gcásanna ina gcuirtear **abairt** nua isteach, ná scríobhtar tagairt an fhorannáin, fiú sna cásanna ina leasaítear an chéad abairt de mhír uimhrithe:

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte de mhír 4:

‘Ní dhéanfar ábhar de Chatagóir 1 a allmhairiú ná a onnmhairiú ach amháin i gcomhréir leis an Rialachán seo nó le rialacha arna leagan síos ag an gCoimisiún. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnschrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 33(3).’;

I gcás ina dtagraíonn an leasú do chuid d'abairt (nath, focal, dáta, suim) ná scríobhtar tagairt an fhorannáin agus cuirtear an téacs nua in aon abairt amháin:

(2) in Airteagal 4(2), cuirtear na focail ‘arna fhorchur le cinneadh nó le comhsheasamh’ in ionad ‘arna chinneadh le comhsheasamh nó le comhghníomhaíocht’;

NB: Ar mhaithe le soiléireacht agus chun fadhbanna aistriúcháin a sheachaint, nuair is gá píosa beag de théacs (e.g. frása nó cuid d'abairt) a leasú, seachas an píosa beag sin amháin a athrú moltar an chuid iomlán a leasú (e.g. an tairteagal, an mhír nó an pointe iomlán).

5. Ní hí an abairt chéanna a úsáidtear i gcás aon leasú amháin agus a úsáidtear i gcás níos mó ná aon leasú amháin:

- (a) má tá roinnt leasuithe ann, úsáidtear an abairt seo a leanas:

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/745 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1(2), leasaítear an dara fomhír mar a leanas:

(a) [...];

(b) [...];

(2) leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 5 mar a leanas:

(i) [...];

(ii) [...];

- (b) mura bhfuil ann ach an t-aon leasú amháin, úsáidtear an abairt seo a leanas:

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3 de Chinneadh 2007/884/CE:

‘[...]’

(ná scríobhtar:

Leasaítear Cinneadh 2007/884/CE mar a leanas:

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3)

6. Nuair a leasaítear iarscríbhinn, úsáidtear an abairt seo:

Leasaítear Iarscríbhinn ... mar a leanas:

nó nuair a luaitear na leasuithe san iarscríbhinn:

Leasaítear Iarscríbhinn ... a ghabhann le Rialachán (...) Uimh. .../... i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Nuair a chuirtear iarscríbhinn in ionad iarscríbhinne, déantar tagairt di sna téarmaí achtúcháin mar a leanas:

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 7/2010. (†)

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hIarscríbhinne:

Is é seo leagan amach an téacs nua:

IARSCRÍBHINN
‘IARSCRÍBHINN
...’

3.3.2. Píosaí breise agus uimhriú

I gcás ina ndéantar airteagail, míreanna uimhrithe nó foranna eile a bhfuil uimhir nó litir ag dul leo a chur isteach i dtéarmaí achtúcháin gnímh atá ann cheana, tugtar uimhir nó litir na foroinne roimhe sin ar an leibhéal céanna dóibh i dteannta na litreach ‘a’, ‘b’, ‘c’, ‘d’, etc. Mar shampla, airteagail a chuirtear isteach i ndiaidh Airteagal 1, tugtar ‘Airteagal 1a’, ‘Airteagal 1b’, etc., orthu. Ar an dóigh chéanna, airteagal a chuirtear isteach idir Airteagal 1a agus Airteagal 1b, tugtar ‘Airteagal 1aa’ air.

Cuirtear i bhfeidhm rialacha speisialta sna cásanna seo a leanas:

- i gcásanna eisceachtúla, nuair a dhéantar airteagail, míreanna nó foranna uimhrithe eile a chur isteach roimh an gcéad fhoroinn sa leibhéal lena mbaineann, tugtar ‘Airteagal –1’, ‘Airteagal –1a’, ‘mír –1’, ‘mír –1a’, ‘pointe –a’, ‘pointe –aa’, etc. orthu,
- i gcásanna casta, rogha eile atá ag an dréachtóir an comhartha ‘–’ a úsáid. Mar shampla, Airteagal 1–a a chur isteach idir Airteagal 1 agus Airteagal 1a.

Má chuirtear isteach airteagail, míreanna uimhrithe nó foranna eile a bhfuil uimhir nó litir ag dul leo, níor cheart na hairteagail, míreanna nó foranna eile a leanann a athuimhriú toisc go bhféadfadh sé go dtagraíonn gníomhartha eile dóibh. Níor cheart athuimhriú a dhéanamh ach i gcás códú nó athmhúnlú.

(Foinse: [Lámhleabhar Comhpháirteach](#), Pointe C.8.3.2.)

3.4. Ord na luanna

Luaitear na Conarthaí, na húdair, na tíortha, na teangacha agus na hairgeadraí in ord ar leith agus úsáidtear foirmeacha ar leith.

3.4.1. Ord na gConarthaí

Ón 1 Nollaig 2009 i leith (an dáta a tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm) is san ord seo a leanas a luaitear na Conarthaí (go háirithe sna luanna):

- Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach,
- Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
- Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

NB: Go dtí an 30 Samhain 2009 is san ord seo a leanas a luaití na Conarthaí:

- Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh,
- Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach (*chuaigh an Conradh sin in éag an 23 Iúil 2002*).
- Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,
- Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach (*is minic a chuirtear an Conradh seo ar deireadh, ach is féidir é a chur ar tosach*).

Le himeacht na mblianta tháinig athruithe ar an ord ina luaití na Comhphobail:

1. Go dtí deireadh 1997, dhéantaí an t-ord ina luaití na Comhphobail i dteidil na ngníomhartha a athrú gach bliain de réir na scéime seo a leanas:
 - C(E)E, Euratom, CEGC: 1968, 1971, 1974, 1977, 1980, 1983, 1986, 1989, 1992, 1995,
 - Euratom, CEGC, C(E)E: 1969, 1972, 1975, 1978, 1981, 1984, 1987, 1990, 1993, 1996,
 - CEGC, C(E)E, Euratom: 1970, 1973, 1976, 1979, 1982, 1985, 1988, 1991, 1994, 1997.
2. Ó 1998 go dtí an 23 Iúil 2002, luaití iad san ord seo a leanas i gcónaí:
 - CE, CEGC, Euratom
3. Idir an 24 Iúil 2002 (i ndiaidh do Chonradh CEGC dul in éag) agus an 30 Samhain 2009 is mar a leanas a luaití na Comhphobail:
 - CE, Euratom
4. Ón 1 Nollaig 2009 i leith:
 - AE, Euratom

Is mar a leanas a d’úsáidtear na téarmaí ‘Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa’ agus ‘an Comhphobal Eorpach’:

- Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa nó CEE i gcás gníomhartha a glacadh roimh an 1 Samhain 1993,
- an Comhphobal Eorpach nó CE i gcás gníomhartha a glacadh ón 1 Samhain 1993 ar aghaidh.



Tagairtí do na Conarthaí

Úsáidtear teideal iomlán na gConarthaí nuair a luaitear iad den chéad uair.

I gcás luanna breise:

- (1) úsáidtear an focal ‘Conradh’ nuair nach luaitear ach conradh amháin san aon téacs;
- (2) nuair a luaitear níos mó ná conradh amháin san aon téacs, úsáidtear na teidil iomlána a mhéad is féidir. Is féidir foirm ghearr an chonartha a úsáid sna cásanna eile:
 - ‘Conradh AE nó CAE’ don Chonradh ar an Aontas Eorpach,
 - ‘CFAE’ don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ‘Conradh CE’ don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh,
 - ‘Conradh Euratom’ don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,
 - ‘Conradh CEGC’ don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach.

NB: Rinneadh athuimhriú ar fhorálacha na gConarthaí in 1999 (Conradh Amstardam) agus in 2009 (Conradh Liospóin). Maidir le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus leis an gCúirt Iniúchóirí, tá gnásanna ar leith acu chun airteagail a lua, de réir mar is mian leo tagairt a dhéanamh don leagan athuimhrithe is túisce nó don leagan athuimhrithe is deireanaí.

3.4.2. Ord de réir údair

Seo a leanas an t-ord ina liostaítear na húdair sna teidil éagsúla agus sna fo-cheannteidil éagsúla den Iris Oifigiúil (sraitheanna L agus C):

- Ionadaithe Rialtais na mBallstát (is cuma cé acu a thagann siad le chéile i dtionól na Comhairle nó nach dtagann),
- an Chomhairle agus Ionadaithe Rialtais na mBallstát,
- Parlaimint na hEorpa,
- an Chomhairle Eorpach,
- Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle,
- an Chomhairle,
- an Coimisiún Eorpach,
- Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh,
- an Banc Ceannais Eorpach,
- an Chúirt Iniúchóirí,
- Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,
- Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,
- Coiste Eorpach na Réigiún,
- an Banc Eorpach Infheistíochta,
- an tOmbudsman Eorpach,
- an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí,
- oifigí agus gníomhaireachtaí,
- comhlachtaí arna mbunú le comhaontuithe idirnáisiúnta.

I gcás gníomhartha agus fógraí maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, leantar an t-ord de réir údair seo a leanas:

- Comhchoiste LEE,
- Údarás Faireacháin CSTE,
- Buancoiste Stáit CSTE,
- Coiste Comhairleach LEE,
- Cúirt CSTE.

Maidir le hord prótacail ainmneacha éagsúla na n-institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí, féach [Pointe 9.5.1](#).

3.4.3. Tíortha

Maidir leis na hainmneacha, na giorrúcháin agus an t-ord ina liostaítear tíortha, féach [Pointe 7.1](#) agus [Iarscríbhinní A5](#) agus [A6](#).

NB: I dtagairtí do chomhaontuithe idirnáisiúnta a bhaineann le Stát ar athraíodh a ainm, tá sé ríthábhachtach go n-úsáidfí an t-ainm a bhí i bhfeidhm tráth a síníodh na gníomhartha réamhráite agus nach gcuirfí an t-ainm nua ina áit.

3.4.4. Teangacha agus téacsanna ilteangacha

Maidir leis na hainmneacha, na giorrúcháin agus an t-ord ina luaitear teangacha agus leaganacha teanga, féach [Pointe 7.2](#).

3.4.5. Airgeadraí

Maidir leis na hainmneacha, na giorrúcháin agus an t-ord ina luaitear airgeadraí, féach [Pointe 7.3](#) agus [Iarscríbhinn A7](#).

Maidir leis na rialacha a bhaineann le hairgeadraí, féach [Pointe 7.3.3](#).

3.5. Liostaí

Na pointí agus na gníomhartha liostaithe a liostaítear i dtéacs, leanann siad rialacha sonracha.

3.5.1. Pointí a liostú — cur i láthair

1. Má chuirtear frása réamhráiteach roimh na pointí éagsúla i liosta, cuirtear idirstad ag deireadh an fhrása, fiú má leanann frása réamhráiteach an chéad fhrása réamhráiteach eile:

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 leis seo mar a leanas:

- (1) [...];
- (2) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:
 - (a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:
[...]
 - (b) leasaítear mír 3 mar a leanas:
 - (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b), (c) agus (d):
[...]

2. Uimhrítear na pointí i liosta trí úsáid a bhaint as litreacha i gcás íochtair idir lúibíní don chéad leibhéal, uimhreacha Rómhánacha i gcás íochtair idir lúibíní don dara leibhéal agus uimhreacha Arabacha idir lúibíní don tríú leibhéal. Úsáidtear fleasca don cheathrú leibhéal.

Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) [...]:
 - (i) [...]:
 - (1) [...]:
 - [...]

Mar eisceacht, san airteagal a bhaineann leis na sainmhínithe agus i bhforálacha leasaitheacha (féach [Pointe 3.3](#)), uimhrítear pointí trí úsáid a bhaint as uimhreacha Arabacha idir lúibíní don chéad leibhéal, litreacha i gcás íochtair idir lúibíní don dara leibhéal agus uimhreacha Rómhánacha i gcás íochtair idir lúibíní don tríú leibhéal.

3. Má chuirtear uimhir nó litir roimh na pointí atá liostaithe, scartar na pointí le leathstad. Má chuirtear dais rompu, scartar na pointí sin le camóg.

Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le:

- (a) [...];
- (b) [...];
 - (i) [...];
 - (ii) [...];
 - (iii) [...];
 - (1) [...];
 - (2) [...];
 - [...],
 - [...],
 - [...];
 - (3) [...];

4. I dtáblaí, nó i liostaí, ní gá aon chomhartha poncaíochta a chur i ndiaidh na bpointí atá liostaithe.

3.5.2. Gníomhartha a liostú

Agus gníomhartha den chineál céanna á liostú, ní athscríobhtar ainm na hinstiúide atá á nglacadh ná an saghas gnímh más í an instiúid chéanna nó an saghas céanna gnímh atá i gceist:

Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 ⁽⁷⁾ agus (CE) Uimh. 595/2009 ⁽⁸⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

Athscríobhtar an giorrúchán a thagraíonn don Chonradh nó do na Conarthaí roimh gach uimhir mar is cuid dhílis d'uimhir an ghnímh é:

Rialacháin (CE, Euratom) Uimh. 2988/95, (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus (CE) Uimh. 1073/1999

Treoracha 94/35/CE agus 94/36/CE

Is fearr gníomhartha a lua in ord croineolaíoch.

3.6. Sainmhíniú ar théarma nó ar fhocal

Nuair a bhíonn téarma nó focal á shainmhíniú, cuirtear é laistigh de chomharthaí athfhriotail singile (laistigh de chomharthaí athfhriotail dúbailte nuair a bhíonn sé laistigh de chomharthaí athfhriotail singile cheana féin):

2. Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn ‘grúpa monaróirí bainteacha’ monaróir agus a ghnóthais bhainteacha.

I gcás liosta, cuirtear an téarma nó an focal laistigh de chomharthaí athfhriotail singile:

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘infheistíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de’ infheistíocht i ngníomhaíocht eacnamaíoch amháin nó i roinnt gníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoin Rialachán seo;
- (2) ciallaíonn ‘rannpháirtí sa mhargadh airgeadais’ [...]

Uimhrítear na pointí trí úsáid a bhaint as uimhreacha Arabacha idir lúibíní. I gcás inar gá tuilleadh forannán a chur isteach, úsáidtear litreacha i gcás íochtair idir lúibíní don dara leibhéal agus uimhreacha Rómhánacha i gcás íochtair idir lúibíní don tríú leibhéal.

3.7. Comhaontuithe idirnáisiúnta

D’fhéadfadh gníomh reachtach tánaisteach a bheith nasctha le comhaontuithe idirnáisiúnta agus is gnách go bhformheastar leis an ngníomh sin iad. Gabhann siad leis an ngníomh sin (cinneadh nó rialachán) (ní bhíonn siad ‘i gceangal’ leis).

De bhrí go mbíonn na gníomhartha seo sínithe ag tríú tíortha, ní féidir aon athrú a dhéanamh ar na téacsanna.

Scríobhtar an dáta i bhfocail i gcomhaontuithe idirnáisiúnta: (féach [Pointe 2.5](#)).

Táblaí achoimre

Inneachar na sraitheanna

L ⁽¹⁾	C ⁽²⁾	S
Gníomhartha reachtacha (L I)	Rúin, moltaí agus tuairimí (C I)	Conarthaí poiblí (glaonna ar thairiscintí): oibreacha, soláthairtí, seirbhísí (nósanna imeachta oscailte, teoranta, brostaithe)
Gníomhartha neamhreachtacha (L II)	Faisnéis (C II)	Fógraí ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh nó ó chlár Aontais (e.g. an Ciste Eorpach Forbraíochta, an Banc Eorpach Infheistíochta, etc.)
Gníomhartha eile (L III)	Gníomhartha ullmhúcháin (C III) Fógraí (C IV) Fógairtí (C V)	

(1) Sraith a fhorlíontar le sraith L ... I (scoireadh de bheith á foilsiú an 1 Deireadh Fómhair 2023) (féach [Pointe 1.1](#)).

(2) Sraith a fhorlíontar le sraith C ... A (scoireadh de bheith á foilsiú an 1 Deireadh Fómhair 2023), sraith C ... E (scoireadh de bheith á foilsiú an 1 Aibreán 2014) agus sraith C ... I (scoireadh de bheith á foilsiú an 1 Deireadh Fómhair 2023) (féach [Pointe 1.1](#)).

Na heilimintí éagsúla de rialacháin, treoracha agus cinntí (L I agus L II)

An institiúid	An gníomh	Cineál an ghnímh	Na heilimintí lena sainaitheannear iad – gníomhartha reachtacha/ gníomhartha neamhreachtacha	Ceannteideal	Sínitheoir
Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle	Rialachán	Reachtach (an gnáthnós imeachta reachtach)	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ..., agus go háirithe Airteagal ... de,</i> + lua: <i>Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach</i>	L I	Uachtarán Parlaimint na hEorpa + Uachtarán na Comhairle
	Treoir	Reachtach (an gnáthnós imeachta reachtach)	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ..., agus go háirithe Airteagal ... de,</i> + lua: <i>Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach</i>	L I	Uachtarán Parlaimint na hEorpa + Uachtarán na Comhairle
	Cinneadh	Reachtach (an gnáthnós imeachta reachtach)	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ..., agus go háirithe Airteagal ... de,</i> + lua: <i>Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach</i>	L I	Uachtarán Parlaimint na hEorpa + Uachtarán na Comhairle
	Cinneadh (e.g. An Ciste Eorpach um Chogearú don Domhandú a shlógadh)	Neamhreachtach	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ...,</i> gan lua ar bith faoin nós imeachta reachtach	L II	Uachtarán Parlaimint na hEorpa + Uachtarán na Comhairle
Parlaimint na hEorpa	Rialachán	Reachtach (nós imeachta reachtach speisialta)	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ..., agus go háirithe Airteagal ... de,</i> + lua: <i>Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta</i>	L I	Uachtarán Parlaimint na hEorpa
	Cinneadh	Neamhreachtach	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ..., agus go háirithe Airteagal ... de,</i> gan lua ar bith faoin nós imeachta reachtach	L II	Uachtarán Parlaimint na hEorpa

(ar lean)

An institiúid	An gníomh	Cineál an ghnímh	Na heilimintí lena sainiúnnítear iad – gníomhartha reachtach/gníomhartha neamhreachtach	Ceannteideal	Sínteoir
An Chomhairle Eorpach	Cinneadh	Neamhreachtach	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ..., agus go háirithe Airteagal ... de,</i> gan lua ar bith faoin nós imeachta reachtach	L II	Uachtarán na Comhairle Eorpaí
An Chomhairle	Rialachán	Reachtach (nós imeachta reachtach speisialta)	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ..., agus go háirithe Airteagal ... de,</i> + lua: <i>Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta</i>	L I	Uachtarán na Comhairle
	Rialachán (atá bunaithe go díreach ar na Conarthaí)	Neamhreachtach	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ..., agus go háirithe Airteagal ... de,</i> gan lua ar bith faoin nós imeachta reachtach	L II	Uachtarán na Comhairle
	Rialachán cur chun feidhme	Neamhreachtach	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ...,</i> + an dara lua: <i>Ag féachaint do(n) ..., agus go háirithe Airteagal ... de,</i> gan lua ar bith faoin nós imeachta reachtach	L II	Uachtarán na Comhairle
	Treoir	Reachtach (nós imeachta reachtach speisialta)	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ..., agus go háirithe Airteagal ... de,</i> + lua: <i>Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta</i>	L I	Uachtarán na Comhairle
	Treoir (atá bunaithe go díreach ar na Conarthaí)	Neamhreachtach	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ..., agus go háirithe Airteagal ... de,</i> gan lua ar bith faoin nós imeachta reachtach	L II	Uachtarán na Comhairle
	Treoir cur chun feidhme	Neamhreachtach	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ...,</i> + an dara lua: <i>Ag féachaint do(n) ..., agus go háirithe Airteagal ... de,</i> gan lua ar bith faoin nós imeachta reachtach	L II	Uachtarán na Comhairle
	Cinneadh	Reachtach (nós imeachta reachtach speisialta)	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ..., agus go háirithe Airteagal ... de,</i> + lua: <i>Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta</i>	L I	Uachtarán na Comhairle
	Cinneadh (atá bunaithe go díreach ar na Conarthaí, cinntí CBES san áireamh)	Neamhreachtach	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ..., agus go háirithe Airteagal ... de,</i> Nó i gcás cinntí CBES, an chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal ... de,</i> gan lua ar bith faoin nós imeachta reachtach	L II	Uachtarán na Comhairle
	Cinneadh cur chun feidhme	Neamhreachtach	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ...,</i> + an dara lua: <i>Ag féachaint do(n) ..., agus go háirithe Airteagal ... de,</i> gan lua ar bith faoin nós imeachta reachtach	L II	Uachtarán na Comhairle
	Rialachán (atá bunaithe go díreach ar na Conarthaí)	Neamhreachtach	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ..., agus go háirithe Airteagal ... de,</i> gan lua ar bith faoin nós imeachta reachtach	L II	Uachtarán an Choimisiúin

(ar lean)

An institiúid	An gníomh	Cineál an ghnímh	Na heilimintí lena sainaitheanníear iad – gníomhartha reachtacha/ gníomhartha neamhreachtacha	Ceannteideal	Sínteoir
	Rialachán tarmligthe	Neamhreachtach	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ...</i> , + an dara lua: <i>Ag féachaint do(n) ...</i> , agus go háirithe Airteagal ... de, gan lua ar bith faoin nós imeachta reachtach	L II	Uachtarán an Choimisiúin
	Rialachán cur chun feidhme	Neamhreachtach	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ...</i> , + an dara lua: <i>Ag féachaint do(n) ...</i> , agus go háirithe Airteagal ... de, gan lua ar bith faoin nós imeachta reachtach	L II	Uachtarán an Choimisiúin
	Treoir (atá bunaithe go díreach ar na Conarthaí)	Neamhreachtach	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ...</i> , agus go háirithe Airteagal ... de, gan lua ar bith faoin nós imeachta reachtach	L II	Uachtarán an Choimisiúin
	Treoir tharmligthe	Neamhreachtach	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ...</i> , + an dara lua: <i>Ag féachaint do(n) ...</i> , agus go háirithe Airteagal ... de, gan lua ar bith faoin nós imeachta reachtach	L II	Uachtarán an Choimisiúin
	Treoir cur chun feidhme	Neamhreachtach	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ...</i> , + an dara lua: <i>Ag féachaint do(n) ...</i> , agus go háirithe Airteagal ... de, gan lua ar bith faoin nós imeachta reachtach	L II	Uachtarán an Choimisiúin
	Cinneadh (atá bunaithe go díreach ar na Conarthaí)	Neamhreachtach	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ...</i> , agus go háirithe Airteagal ... de, gan lua ar bith faoin nós imeachta reachtach	L II	Uachtarán an Choimisiúin Comhalta den Choimisiún (má dhírítear an gníomh chuig Ballstát)
	Cinneadh tarmligthe	Neamhreachtach	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ...</i> , agus go háirithe Airteagal ... de, + an dara lua: <i>Ag féachaint do(n) ...</i> , agus go háirithe Airteagal ... de, gan lua ar bith faoin nós imeachta reachtach	L II	Uachtarán an Choimisiúin Comhalta den Choimisiún (má dhírítear an gníomh chuig Ballstát)
	Cinneadh cur chun feidhme	Neamhreachtach	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ...</i> , + an dara lua: <i>Ag féachaint do(n) ...</i> , agus go háirithe Airteagal ... de, gan lua ar bith faoin nós imeachta reachtach	L II	Uachtarán an Choimisiúin Comhalta den Choimisiún (má dhírítear an gníomh chuig Ballstát)
An Banc Ceannais Eorpach	Rialachán	Neamhreachtach	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ...</i> , agus go háirithe Airteagal ... de, gan lua ar bith faoin nós imeachta reachtach	L II	Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh

(ar lean)

An institiúid	An gníomh	Cineál an ghnímh	Na heilimintí lena sainaitheanníear iad – gníomhartha reachtacha/ gníomhartha neamhreachtacha	Ceannteideal	Sínitheoir
	Cinneadh	Neamhreachtach	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ..., agus go háirithe Airteagal ... de,</i> gan lua ar bith faoin nós imeachta reachtach	L II	Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh
	Treoirlíne	Neamhreachtach	An chéad lua: <i>Ag féachaint don Chonradh ..., agus go háirithe Airteagal ... de,</i> gan lua ar bith faoin nós imeachta reachtach	L II	Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh

Uimhriú na nIrisí Oifigiúla

Dáta	Uimhir
Ó 1952 go dtí an 30.6.1967 (dhéantaí na leathanaigh a uimhriú don bhliain iomlán agus tagairt don bhliain ina dteannta)	IO 106, 30.12.1962, lch. 2553/62
Ón 1.7.1967 i leith (is é leathanach 1 an chéad leathanach de gach eagrán)	IO 174, 31.7.1967, lch. 1
Ó 1968 (cruthaíodh IO L agus C)	IO L 76, 28.3.1968, lch. 1 IO C 108, 19.10.1968, lch. 1
Ó 1978 (cruthaíodh IO S)	IO S 99, 5.5.1978, lch. 1
Ó 1991 go dtí 30.9.2023 (IO C ... A)	IO C 194 A, 31.7.2008, lch. 1
Ón 31.8.1999 go dtí an 31.3.2014 (IO C ... E)	IO C 189 E, 26.7.2008, lch. 1
Ón 1.1.2016 go dtí 30.9.2023 (L ... I agus C ... I)	IO L 11 I, 16.1.2016, lch. 1 IO C 15 I, 16.1.2016, lch. 1
Ón 1.10.2023 (tugtar isteach foilsiú na hIrise Oifigiúla de réir gnímh)	IO L, 2023/2387, 2.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2387/oj IO C, C/2023/90, 2.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/90/oj

Uimhriú na ngníomhartha (sraith L)

Rialacháin

Dáta	Uimhir
Ó 1952 go dtí an 31.12.1962	Rialachán Uimh. 17 (†)
Ón 1.1.1963 go dtí an 31.12.1967	Rialachán Uimh. 1009/67/CEE (†)
Ón 1.1.1968 go dtí an 31.10.1993	Rialachán (CEE) Uimh. 1470/68 (†)
Ón 1.11.1993 go dtí an 31.12.1998	Rialachán (CE) Uimh. 3031/93 (†)
Ón 1.1.1999 go dtí an 30.11.2009	Rialachán (CE) Uimh. 302/1999 (†) Rialachán (CE) Uimh. 1288/2009 (†)
Ón 1.12.2009 go dtí an 31.12.2014	Rialachán (AE) Uimh. 1178/2009 (†)
Ón 1.1.2015	Rialachán (AE) 2015/475

Treoracha, Cinntí

Gníomhartha	Dáta	Uimhir
Treoracha (L I agus L II)	Go dtí an 31.12.2014	Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (†) Treoir 2010/12/AE ón gComhairle (†) Treoir 2010/29/AE ón gCoimisiún (†)
	Ón 1.1.2015	Treoir (AE) 2015/254 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Treoir (AE) 2015/121 ón gComhairle Treoir (AE) 2015/565 ón gCoimisiún
Cinntí (L I)	Go dtí an 31.12.2014	Cinneadh Uimh. 284/2010/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (†)
	Ón 1.1.2015	Cinneadh (AE) 2015/601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
Cinntí (L II)	Go dtí an 31.12.2014	Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (†) Cinneadh 2010/204/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (†) Cinneadh 2010/231/CBES ón gComhairle (†)
	Ón 1.1.2015	Cinneadh (AE) 2015/119 ón gCoimisiún Cinneadh (AE) 2015/468 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Cinneadh (CBES) 2015/76 ón gComhairle

Moltaí agus Treoirlínte (L II)

Gníomhartha	Dáta	Uimhir
Moladh	Go dtí an 31.12.2014	2009/1019/AE
	Ón 1.1.2015 i leith	(AE) 2015/682
Treoirlíne	Go dtí an 31.12.2014	2009/1021/AE (BCE/2009/28)
	Ón 1.1.2015 i leith	(AE) 2015/732(BCE/2015/20)

NB: Foilsítear moltaí:

- i sraith L (gníomhartha neamhreachtacha — L II): moltaí ón gComhairle (Airteagal 121, 126 agus 140 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh), moltaí ón gCoimisiún (Airteagal 292), moltaí ón mBanc Ceannais Eorpach (Airteagal 292).
- ii sraith C (rúin, moltaí agus tuairimí — C I): moltaí ó Pharlaimint na hEorpa le cur faoi bhráid na Comhairle, moltaí ón gComhairle, moltaí ón gCoimisiún, moltaí ón mBanc Ceannais Eorpach.
- i sraith C (gníomhartha ullmhúcháin — C III): moltaí ón mBanc Ceannais Eorpach (Airteagal 129 agus Airteagal 219).

Cinntí LEE, Cinntí agus Moltaí CSTE

Gníomhartha	Dáta	Uimhir
Cinneadh ó Chomhchoiste LEE	Go dtí an 31.12.2014 (uimhir sannta ag an údar amháin)	Uimh. 119/2009
	Ón 1.1.2015 (uimhriú dúbailte)	Uimh. 159/2014 [2015/94]
Cinneadh ó Údarás Faireacháin CSTE	Go dtí an 31.12.2014 (uimhir sannta ag an údar amháin)	Uimh. 133/09/COL
	Ón 1.1.2015 (uimhriú dúbailte)	Uimh. 30/15/COL [2015/1813] Uimh. 226/17/COL [2018/564]
Moladh ó Údarás Faireacháin CSTE	Go dtí an 31.12.2014 (uimhir sannta ag an údar amháin)	Uimh. 119/07/COL
	Ón 1.1.2015 (uimhriú dúbailte)	Uimh. U/BB/COL [BBBB/U]

[illegible]

Cuid a Dó

Foilseacháin ghinearálta

Sna foilseacháin ghinearálta, úsáidtear sainaitheantóirí agus saineilimintí eagarthóireachta ar nós fógraí cóipchirt agus noirm leantacha le haghaidh béime, tagairtí, luanna, etc.



4.

Na doiciméid a ullmhú agus a shainaithint

Ullmhaíonn gníomhaithe éagsúla doiciméid le linn phróiseas an fhoilsithe, agus sanntar aitheantóirí ag brath ar na cineálacha foilseacháin.

4.1. Údair, comhlachtaí údarúcháin, Oifig na bhFoilseachán agus seirbhísí clódóireachta

Glacann údair, bainisteoirí tionscadail agus profléitheoirí páirt i bpróiseas táirgthe téacs.

4.1.1. Na húdair agus Oifig na bhFoilseachán

Is féidir le hinstiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh leas a bhaint as Oifig na bhFoilseachán do gach sórt foilseacháin. Soláthraíonn an Oifig, i measc seirbhísí eile, na seirbhísí seo a leanas do na húdair:

- ullmhú foilseachán páipéir agus foilseachán ilmheáin (CD-ROM, DVD, suíomhanna gréasáin, leabhair leictreonacha) agus conarthaí le conraitheoirí seachtracha,
- dearadh grafach,
- seirbhísí léitheoireachta profaí,
- PAE (priontáil ar éileamh),
- soláthar aitheantóirí (ISBN, ISSN, DOI, uimhreacha catalóige — féach [Pointe 4.4](#)).

NB: I gcás foilseachán a ullmhaíonn an Oifig féin, sanntar na haitheantóirí go huathoibríoch.

An nós imeachta go hachomair

Ní mór do na seirbhísí is údar iarraidh ar sholáthar seirbhísí a dhíriú ar dtús chuig seirbhís údarúcháin a n-institiúide, a gcomhlachta nó a ngníomhaireachta féin. Ansin, cuirtear iarraidh ar fhoilseachán i dtoll a chéile agus seoltar chuig Oifig na bhFoilseachán í. Bunaithe ar an meastachán a dhéantar nó an sonrasc a tharraingítear suas dá réir, líonann Oifig na bhFoilseachán isteach na foirmeacha ordúcháin agus seoltar iad chuig an tseirbhís údarúcháin le síniú.

Tar éis an chlósábhinn dheireanach agus an fhoirm ordúcháin shínithe a fháil, ullmhaíonn Oifig na bhFoilseachán an chlósábhinn chun í a chló agus cuirtear an chéad léamh i gcrích. Ag deireadh an phróisis táirgthe, agus tar éis an líon cóipeanna, na haitheantóirí (ISBN, ISSN, DOI, uimhir chatalóige), an praghas díola (más infheidhme) agus na modhanna seachadta a sheiceáil, tugtar an t-ordú cló.

Tar éis an leagan clóite a fháil seiceálann Oifig na bhFoilseachán an cháilíocht agus seiceálann sí gurb ionann an foilseachán a fuarthas ar ais agus a bhfuil sonraithe ar an sonrasc.

Maidir le foilseacháin thréimhsiúla, níor cheart athruithe a dhéanamh ar na teidil ná ar an leagan amach i rith na bliana, toisc go gcruthaíonn athruithe den sórt sin deacrachtaí agus moilleanna don tsraith agus don chatalógú, chomh maith le fadhbanna díolacháin agus mearbhall don léitheoir.



Do na húdair

An bhfuil foilseachán á tháirgeadh agat? An bhfuil póstaer á chruthú agat? An ag iarraidh dul i bhfeidhm ar lucht léitheoireachta ar leith atá tú? Tá gach freagra ar do cheisteanna teicniúla agus riaracháin ar fáil ar:

<https://op.europa.eu/en/web/publicare/providing-publishing-and-preservation-services>

(Nasc inmheánach d'fhoireann institiúidí, comhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh)

4.1.2. Bainistiú na dtionscadal in Oifig na bhFoilseachán

Ról na mbainisteoirí tionscadail

Ullmhaíonn na bainisteoirí tionscadail an chlóschríbhinn chun í a chló. Caithfidh na treoracha cló, rogha an chló agus an fhormaidithe agus an sceideal pleanála a bheith ar aon dul leis na sonraí sna creatchonartáí, sna glaonna ar thairiscintí agus sna foirmeacha ordúcháin.

Seiceálann siad na haitheantóirí idirnáisiúnta (ISBN, ISSN, DOI (féach [Pointe 4.4](#))) agus uimhir chatalóige Oifig na bhFoilseachán.

Tabharfar aird ar leith don chlúdach; priontáiltear an teideal ar dhroim an fhoilseacháin más foilseachán mór atá i gceist.

Tugtar an t-ordú cló i ndiaidh sheiceáil na réamhleathanach (teideal, cóipcheart, clár na n-ábhar, etc.). Ní mór é a thabhairt i scríbhinn i gcónaí agus ní mór na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh ann:

- teideal an fhoilseacháin,
- an teanga nó na teangacha ina bhfoilseofar é,
- an rith cló,
- na príomh-shaintréithe,
- an dáta nó na dátaí seachadta, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le seachadtaí ar chuntas agus le seachadtaí páirteacha,
- an ceann scríbe nó na cinn scríbe, le miondealú más infheidhme.

Ealaíontóirí grafacha

Déanann an oifig um dheardh grafach dréachtaí agus samhlacha de phóstaeir, de bhileoga, de chlúdaigh agus de leathanaigh shamplacha a ullmhú, nithe is féidir a thabhairt do na húdair sula ndéantar an chlóchuradóireacht.

Is féidir leis na healaíontóirí grafacha cuidiú freisin le forbairt amharc-aitheantóirí (lógónna, graif, etc.) agus le dearadh grafach suíomhanna gréasáin (amharcláithreoireacht, meirgí, etc.).

4.1.3. Léitheoireacht profaí in Oifig na bhFoilseacháin

Is é dualgas na bprofléitheoirí profaí an teanga (úsáid na teanga agus gnásanna na teanga sin) agus an chlógghrafaíocht (cruinneas na clógghrafaíochta) a sheiceáil. Ní athbhreithneoirí ar an ábhar iad áfach: ní mór dóibh a bheith neodrach chomh fada agus a bhaineann le rún an údair, arb é an t-aon duine é a bhfuil smacht aige ar shubstaint an téacs.

Bailchríoch a chur ar na clóschríbhinní

Tugtar na clóschríbhinní do na profléitheoirí chun bailchríoch a chur orthu (ullmhú clógghrafach agus léitheoireacht profaí). Is é is cuspóir don chéim seo roimh an táirgeadh, na botúin litrithe agus ghramadaí a cheartú agus míchruinneas agus neamhréireachtaí a bhrath, chun go mbeidh an teachtaireacht go hiomlán intuigthe. Ní mór aonfhoirmeacht gach gné den chlóschríbhinn a sheiceáil go mion. Déileáiltear le gach débhríocht agus gach saincheist i ndlúthchomhar leis an tseirbhís is údar.

Déanann na profléitheoirí freisin an téacs a chomhchuihiú de réir rialacha agus ghnásanna idirinstiúideacha na treorach stíle seo.

NB: Arna iarraidh sin don tseirbhís is údar nó le cead faighte uaithi roimh ré, is féidir tuilleadh oibre eagarthóireachta a dhéanamh (an téacs a athbhreithniú chun eagarthóireacht a dhéanamh air).

Seiceáiltear uimhriú leathanach na clóschríbhinne, rud nach mór don tseirbhís is údar a dhéanamh roimh ré agus más gá, críochnaítear é. Ní mór gach rud atá in easnamh sa chlóschríbhinn a chur in iúl láithreach. Ní mór a sheiceáil freisin gurb ionann na tagairtí do na fonótaí sa téacs agus na fonótaí féin ag bun an leathanaigh.

Is faoin tseirbhís is údar agus fúithi féin amháin atá sé a sheiceáil go bhfuil na leaganacha teanga éagsúla de chlósscríbhinn ag teacht le chéile. Is féidir le hOifig na bhFoilseachán an tseiceáil sin a dhéanamh, más gá agus má thugann an tseirbhís is údar a dóthain ama di.

Is é is príomhchuspóir d'ullmhú na gclósscríbhinní an chlóchuradóireacht a éascú, ionas go laghdófar costais bhreise níos faide ar aghaidh. Dá bhrí sin, cuid ríthábhachtach den phróiseas táirgthe is ea cáilíocht na clósscríbhinní a thugtar don chlódóir. Trí na treoracha maidir le hullmhú agus leagan amach clósscríbhinní a leanúint (féach [Pointe 4.2](#)) agus trí ardcháilíocht an téacs a áirithiú, is féidir leis na húdair na costais táirgthe a theorannú agus dlús a chur leis an táirgeadh ag an am céanna (d'fhéadfaí an tordú cló a thabhairt fiú bunaithe ar na chéad phrofaí).

Is féidir clósscríbhinn easnamhach a sheoladh ar ais chuig an údar.



Is le clósscríbhinn mhaith a ráthaítear táirgeadh tapa d'ardcháilíocht.

Na profaí agus ceartúcháin ón údar

Déanann na profléitheoirí na profaí a athbhreithniú trína sheiceáil go bhfuil an téacs ar aon dul leis an gclósscríbhinn a sholáthraítear agus leis na rialacha atá i bhfeidhm do gach teanga. Ag an am céanna, seoltar foireann de na chéad phrofaí chuig an tseirbhís is údar chun iad a fhaomhadh agus chun ceartúcháin a chur isteach más gá sin.

Déanfaidh an t-údar a laghad ceartúchán is féidir ar na profaí. Áiríteoidh an tseirbhís is údar go ndéanfar na ceartúcháin ar bhealach atá soiléir agus inléite agus nach bhfágann go mbeidh ar an bprofléitheoir an téacs a léamh arís líne ar líne (déantar na ceartúcháin i bpeann dearg agus iad a bheith sofheicthe agus, b'fhéidir, ciorclaithe nó sonraithe ar an imeall; ná cuirtear in iúl na ceartúcháin ar leathanach ar leith).

Breathnaíonn an clódóir ar aon cheartúchán ar phrofa a imíonn ón gclósscríbhinn bhunaidh mar cheartúchán ón údar (feabhsuithe, ceartúcháin, comhchuibhithe, nuashonruithe agus soiléirithe a eascraíonn ó chlósscríbhinn atá ina cior thuathail nó nach bhfuil ullmhaithe go maith, etc.) agus sonrasctar mar chostas breise é. Ag an tráth seo, ní féidir cora cainte a athrú a thuilleadh, ná ní féidir sonraí digiteacha a fuarthas ag an nóiméad deireanach agus a dhéanann tagairt do thréimhse atá níos déanaí ná thréimhse thagartha an téacs a chur isteach, ná comharthaí poncaíochta a chur isteach ar mhaithe le foirfeacht nach féidir a bhaint amach ag an staid seo.

Is ceartúcháin ón údar is ceart a sheachaint a oiread is féidir gach ní a chuirtear isteach nó a scriostar, idir chamóga agus mhíreanna iomlána, i ngeall ar na moilleanna agus na costais a d'fhéadfadh a bheith i gceist leo. Is féidir leis na costais seo a bheith an-ard agus, ar an gcéadamharc, díréireach leis na ceartúcháin a iarrtar. Is féidir athdhéanamh míreanna iomlána, leagan amach roinnt leathanach nó fiú an téacs ar fad a bheith mar thoradh ar mhionathrú agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige seo chomh maith ar uimhriú na leathanach, clár na n-ábhar agus ar na tagairtí sa téacs nó san innéacs (i gcás athruithe a meastar iad a bheith éigeantach, is faoin tseirbhís is údar atá sé aon athrú eile ina dhiaidh sin a dhéanamh).

Go hiondúil bíonn dhá phrofa ag teastáil le haghaidh na clóchuradóireachta. Ar an gcéad phrofa, déanann an profléitheoir athléamh ar an téacs ina iomláine á chur i gcomparáid leis an gclósscríbhinn; seiceáiltear nach bhfuil aon chuid den téacs in easnamh agus gur cloíodh leis na treoracha clóghrafaíochta uile. Ina dhiaidh sin, ar an dara profa, seiceáiltear na ceartúcháin a rinneadh le linn an chéad phrofa. Ní cheadaítear aon cheartúchán ón údar tráth a dhéantar an dara profa.

I gcás foilseacháin thréimhsiúla nó foilseacháin a bhfuil práinn ag baint leo, ní mór do na seirbhísí is údair cloí leis an spriocdháta do chríochnú na gclósscríbhinní. Sa chaoi seo is féidir ní hamháin doiciméid a sholáthar laistigh de na spriocdhátaí ach ceartúcháin ón údar ag an nóiméad deireanach a sheachaint freisin agus, ar an ábhar sin, costais bhreise a sheachaint.

Ní mór a thabhairt faoi deara nach féidir le hOifig na bhFoilseachán tabhairt faoi cheartúcháin ón údar a dhéanamh gan cead oifigiúil a fháil óna seirbhísí údarúcháin.

4.2. Doiciméid bhunaidh (clóscríbhinní)

Ó dheireadh na 1990idí i leith, tá clóscríbhinní á gcur ar fáil i bhfoirm leictreonach (Word, PDF, HTML, etc.). Tá dlúthbhaint idir ullmhú téacsanna agus próiseáil focal agus úsáid nósanna imeachta ríomhaireachta atá dea-shainithe (macraí, seiceálaí litrithe, etc.). Sa phointe seo tá tuairisc ar na nósanna imeachta a mholtar chun próiseáil focal bharrfheabhsaithe a dhéanamh ar na téacsanna atá le foilsiú. Féadfaidh sé gur nósanna imeachta iad seo atá sa bhreis ar an obair thraidisiúnta a bhaineann le téacs a ullmhú.

Díríonn na moltaí sin ar chomhaid a phróiseáil i bhformáid Word, an gnáth-fheidhmchlár a úsáidtear sna hinstiúidí Eorpacha chun doiciméid bhunaidh a ionchur. Is féidir na prionsabail ghinearálta a leagtar amach anseo a chur in oiriúint gan dua d'aon bhogearra eile ar an margadh.

4.2.1. Prionsabal an tslabhra táirgthe

Ní mór na doiciméid bhunaidh, 'na clóscríbhinní' a sholáthraíonn an tseirbhís is údar a ullmhú ar bhealach thar a bheith eagraithe. D'fhonn a áirithiú go mbeidh an soláthar éifeachtúil agus, dá bhrí sin, tapa, moltar 'slabhraí táirgthe' a bhunú idir an tseirbhís is údar, Oifig na bhFoilseachán agus na clóidóirí.

Is é atá i gceist le 'slabhra táirgthe' na comhphrionsabail oibre a chuirtear i bhfeidhm ón uair a chruthaítear an téacs i bhfoirm leictreonach:

- na bileoga stíle/teimpléid nó na prótacail maidir le marcáil (féach [Pointe 4.2.2](#)),
- rialacha maidir le stíl chaighdeánach (ní mór rialacha agus coinbhinsiúin na treorach stíle seo a chur i bhfeidhm chomh luath agus is féidir agus na doiciméid á n-ullmhú).


Ag tús na hoibre, ní mór do bhainisteoir an tionscadail na paraiméadair táirgthe a leagan síos i ndlúthchomhar leis an údar agus leis an gclóidóir. Ní mór cumraíocht na gcomhad a shainiú i dtús báire. Ag an gcéim seo, tá sé rithabhachtach úsáid na bprótacal marcála nó na mbileog stíle a shonrú go beacht (féach [Pointe 4.2.2](#)); braitheann an sainiú sin go mór ar chláir thraschódaithe/aisghabhála na gconraitheoirí féin.

Sa nós imeachta sin, ní mór gach gníomhaíocht a chur i bhfeidhm ar an méid is mó is féidir den slabhra táirgthe. Is iad na buntáistí a bhaineann leis gur féidir ullmhú na clóscríbhinní a fheabhsú, agus go leor idirghabhálacha láimhe (a d'fhéadfadh a bheith costasach agus as a dtiocfadh earráidí go minic), a sheachaint. Ar deireadh, fágfaidh sé sin go mbeidh an táirgeadh i bhfad níos tapa, go mbeidh an cháilíocht níos fearr agus laghdófar na costais táirgthe.

Trí bhíthin plean oibre atá cobhsaí agus aonfhoirmeach beidh na rannpháirtithe in ann a nósanna imeachta a bharrfheabhsú. Trí leagan amach ginearálta a úsáid, is féidir nósanna imeachta comhionanna a bhunú do na gníomhairí táirgthe go léir, go háirithe na comhlachtaí clóidóireachta. Cuirfidh sé seo ar chumas na hOifige agus mar sin ar chumas na n-údar, i gcás imthosca gan choinne, aistriú go tapa go conraitheoir eile gan cur isteach ar an bpróiseas táirgthe.

4.2.2. Struchtúr loighciúil na ndoiciméad

Tá dhá eilimint i ndoiciméad clóite: an *t-inneachar*, is é sin le rá na sraitheanna carachtair maille lena struchtúr loighciúil, agus an *leagan amach*.



Maidir leis an leagan amach, a bhaineann le réimse na clóghrafaíochta, is é an clóidóir a chuireann críoch leis de réir threoracha na ngrafaiceoirí. De ghnáth, ní hionann leagan amach an téacs bhunaidh, leagan

amach na leathanach, etc., agus leagan amach críochnaitheach an téacs a dhéanann an clódóir. Ar an ábhar sin, níl sé riachtanach díriú go róchrúinn ar leagan amach an téacs nuair a bhíonn an clóscríbhinn á hullmhú (ní mór mar shampla a bheith cúramach gan fleiscín a chur isteach ar mhaithe le focal a bhriseadh suas, mar ní mór don chlódóir é a bhaint agus é ag próiseáil an doiciméid).

Tá sé den riachtanas, mar sin féin, gur féidir leis an gclódóir codanna difriúla an téacs a aithint. Chuige sin, féachtar chuige le linn an ionchuir:

- go gcuirtear bileog stíle i bhfeidhm, nó
- go gcuirtear marcáil i bhfeidhm de réir prótacal atá dea-shainithe.

Bileoga stíle

Ionas go mbeidh an clódóir in ann an téacs a thuiscint go maith, tá sé thar a bheith tábhachtach leibhéil dhifriúla an téacs (ceannteidil, gnáth-théacs, nótaí, etc.) a mharcáil i gceart.

Chuige sin, tugann Word réiteach simplí, ach ní mór é a chur i bhfeidhm ar bhealach cuimsitheach: na stíleanna. Idirhealaítear gach comhpháirt den téacs trí mharcóir (stíle) difriúil a chur i bhfeidhm:

- leibhéal an ceannteidil (*Ceannteideal 1*, *Ceannteideal 2*, etc.),
- gnáth-théacs, téacs comhfhadaíthe, téacs neamh-chomhfhadaíthe, etc. (*Gnáth*, etc.),
- tagairtí, téacs i mboscaí, fonótaí, etc.

Ní mór gach eilimint a bheith scríofa i stíl ar leith, agus b'fhearr é a bheith bunaithe ar leagan amach loighciúil.



Ná déantar, mar shampla, ceannteidil le luachanna difriúla a idirdhealú de láimh (cló trom, iodálach, etc.)!

Chruthófaí deacrachtaí nach beag dá gceadófaí do gach údar a rogha stíle a úsáid; bheadh próiseáil ar leith le déanamh ar gach téacs agus go leor stíleanna éagsúla ann, rud a bheadh iontach deacair a láimhseáil. Ar an ábhar sin, tá sé inmhianaithe agus riachtanach, fiú, na stíleanna a chaighdeánú.

Go hidéalach, ba cheart na bileoga stíle a chuirfí i bhfeidhm ar na doiciméid éagsúla a bheith bunaithe ar an mbileog chéanna (bileog chaighdeánach). Mar sin féin, is féidir a teimpléad féin a bheith ag gabháil le gach bileog stíle, chun gur féidir déileáil leis an éagsúlacht dealraimh (ciallaíonn 'teimpléad' bileog stíle amháin le leagan amach clóghrafaíochta ar leith atá oiriúnach don téacs atá le hullmhú).

Má chloítear go dlúth le stíleanna, go háirithe chun ceannteidil a idirdhealú, tá buntáiste sa bhreis in Word: cuirtear ar chumas an údair tábla na n-ábhar a chruthú go huathoibríoch, rud nach féidir a dhéanamh agus idirdhealú na gceannteideal á dhéanamh de láimh.

Prótacal marcála

Is teicníc thábhachtach eile í 'prótacal marcála' a chur i bhfeidhm chun eilimintí an téacs a idirdhealú, is é sin leibhéal loighciúil na n-eilimintí go léir den téacs a léiriú (mar shampla, ceannteideal caibidle, rannáin; gnáth-théacs, téacs eangaithe; tagairtí). Ní mór prótacal marcála a dhéanamh ina bhfuil tuairisc ar na heilimintí sin, ar na marcóirí agus ar an leagan amach clóghrafaíochta is inmhianaithe.

Faoi láthair tá formáid de chineál <MARKER> ag marcóirí, e.g. <TCHAP> le haghaidh marcóir a léiríonn ceannteideal caibidle. Eascraíonn siad as teanga marcála SGML (*Standard Generalised Markup Language*). Ó cuireadh SGML i bhfeidhm den chéad uair, rinneadh roinnt mhaith athruithe air. Faoi láthair is é XML an teanga marcála is coitianta.

Tá sé de bhuntáiste ag na marcóirí a úsáidtear sna prótacail seo gur féidir le cláir foilsitheoireachta deisce iad a thuiscint go díreach (mar aon leis na cláir próiseála focal is déanaí), agus ní gá na doiciméid a ghlanadh suas sula ndéantar iad a phriontáil. Chun na prótacail mharcála a chur i bhfeidhm, ní mór comhaontú ag céim cuibheasach leochaileach sa phróiseas, go hidéalach ón bpointe a chuirtear tús leis an téacs.

I gcás doiciméad ilteangach, ba cheart sheirbhís aistriúcháin na hinstitiúide a bheith rannpháirteach ann. Is féidir léise, ag gníomhú mar iolraitheoir téacsanna, ag cur na leaganacha teanga is gá leis, próiseáil a dhéanamh ar an téacs marcáilte, ag díriú ar inneachar an téacs gan acmhainní a chur amú leis an leagan amach a atáirgeadh in aisce. Ní mór a lua freisin go bhfuil sé níos fusa téacs marcáilte, ina bhfuil íosmhéid cód formáidithe, a phróiseáil le huirlisí ardteicneolaíochta teanga.

4.2.3. An téacs a ullmhú

Treoracha clóscríbhneoireachta

D'fhonn na nósanna imeachta oibre a bharrfheabhsú don táirgeadh (páipéar, CD/DVD, idirlíon, etc.), ní mór cloí leis na treoracha seo a leanas.

Ginearálta

- Úsáidtear gnáth-théacs (ná húsáidtear téacs formáidithe).
- Ná déantar téacs a chomhfhadú, agus ná cuirtear fleiscíní ag deireadh líne, fiú nuair a bhíonn comhfhocail i gceist.
- Leantar na rialacha maidir le spásáil sa phoncaíocht: féach [Pointe 6.4](#).
- Ní mór próiseáil loighciúil agus chomhtháiteach a dhéanamh ar an téacs (úsáidtear na paraiméadair chéanna le haghaidh eilimintí comhionanna sa téacs).

Carachtair speisialta

- Úsáidtear na carachtair speisialta atá ar fáil.
- Seachnaítear gach traslitriú ('ss' in áit 'ß', 'ue' in áit 'ü', etc.).
- Úsáidtear na figiúirí 1 agus 0 ar an méarchlár, seachas 'I' nó 'O' sa chás uachtair.
- Faightear na comharthaí focalbhá (...), trí *Alt 0133* nó *Ctrl-Alt-lán stad* a bhrú (.) (ná húsáidtear trí lánstad leanúnacha (...)).

Figiúirí

- Uimhreacha a léiríonn cainníocht: scartar grúpaí de thrí fhigiúr le spás amháin (spás cruá (spás cosanta)), seachas le camóg (sampla: 300 000).
- Uimhreacha a léiríonn uimhriú, e.g. blianta, fóilíonna, etc., ná cuirtear spás isteach (e.g.: 1961, lch. 2064).
- Uimhreacha deachúlacha: sna téacsanna Gaeilge úsáidtear lánstad (13.6). Is san Iris Oifigiúil agus i dtéacsanna ilteangacha (féach [Pointe 6.5](#)) a bhaintear úsáid as camóg (e.g.: 13,6).
- Rialacha maidir le figiúirí a scríobh: féach [Pointe 10.3](#).

Spásanna cruá (spásanna cosanta)

- Úsáidtear iad ionas nach scarfar óna chéile ag deireadh líne nithe ar ceart dóibh fanacht i mbloc aonair.
- Úsáidtear iad go háirithe sna cásanna a leanas agus sna cásanna atá sonraithe sna rialacha maidir le poncaíocht (féach [Pointe 6.4](#)):

Uimh. •	IO L •	10•000
Lch. •	IO C •	B. de•Brún

NB: In Word déantar an spás cruá (spás cosanta) trí *Alt 0160* nó *Ctrl-Shift-spásbharra* a bhrú.

Grafaicí, íomhánna agus táblaí

- Cuirtear na grafaicí agus na híomhánna le chéile i gcomhad ar leith, i bhformáid ardaifigh.
- Seiceáiltear cearta atáirgthe/cóipchirt na n-íomhánna agus na léaráidí.
- Cuirtear marcóir soiléire (<IMAGE1>, <GRAPHIC1>, <TABLE1>, etc.), san áit ina gcuirfeadh an íomhá/grafaic.
- Soláthraítear na comhaid Excel ar leithligh.

Comharthaí athfhriotail

- Úsáidtear na comharthaí athfhriotail is dúchasáí sa teanga atá i gceist.
- I nGaeilge, tá dhá shaghas comharthaí athfhriotail ann (tugtar an cód alfa-uimhriúil idir lúibíní):

leibhéal 1	‘...’	(Alt 0145/Alt 0146) (an príomhphíosa athfhriotail)
leibhéal 2	“...”	(Alt 0147/Alt 0148) (píosa athfhriotail laistigh de phíosa athfhriotail)

Má bhíonn níos mó i gceist ná leibhéal 1 agus leibhéal 2, leantar ar aghaidh leis an gcóras céanna arís.

Féach an sampla thíos de phíosa athfhriotail laistigh de phíosa athfhriotail:

‘Airteagal 27

Scéim um dháileadh bia ar na daoine is díothaí san Aontas

[...]

9. Beidh na focail “cúnamh ón Aontas Eorpach” agus suaitheantas an Aontais Eorpaigh marcáilte go soiléir ar phacáistíocht an bhia a dháilfear trí na pleananna bliantúla agus ag na pointí dáilte freisin.

10. Beidh an scéim um dháileadh bia dá bhforáiltear i mír 1 gan dochar d’aon scéimeanna náisiúnta trína ndáiltear táirgí bia ar na daoine is díothaí, ar scéimeanna iad atá i gcomhréir le dlí an Aontais.’

Uaschamóga

- Is í an uaschamóg chatach is ceart a úsáid, seachas i ndoiciméid ilteangacha (sa chás sin is ceart cloí le cibé rial atá sa teanga lena mbaineann). Brúitear Alt 0146 chun uaschamóg chatach a dhéanamh.

Cás uachtair/ íochtair

- Ná scríobhtar ceannteidil i gcás uachtair.
- Cuirtear an cas uachtair/íochtair i bhfeidhm de réir rialacha na treorach stíle seo; féach [Pointe 10.4](#).

Fonótaí

- I Microsoft Word 2007 agus 2010, úsáidtear an fheidhm ‘Tagairtí/Ionsáigh fonóta’ amháin (nó *References/Insert footnote* má tá an comhéadan ar Word i mBéarla agat).
- I gcás clóscríbhinn a tháirgfear ar pháipéar, níl aon ghá uimhreacha na bhfonótaí a athfhormáidiú de láimh. Sampla: Cruthaíonn Word 1 - / cuireann na profléitheoirí ⁽¹⁾ i bhfeidhm. Ní athshlánaíonn an clódóir ach an fheidhm ‘Fonóta’ (Footnote); is eisean atá freagrach as uimhreacha na bhfonótaí a athfhormáidiú i gceart, de réir choinbhinsiúin na treorach stíle seo.
- Uimhrítear na fonótaí go soiléir i bhfigiúirí arabacha (úsáidtear comharthaí eile, amhail réiltíní nó na litreacha, do chásanna ar leith).
- Seachnaítear nótaí cosúil le ‘Idem’ nó ‘Ibidem’ (ó tharla go mbíonn leagan amach leathanaigh an téacs chlóbhuailte difriúil ó leagan amach na clóscríbhinne bunaidh).
- Cuirtear tagairt d’fhonóta (na lúibíní san áireamh) i gcló rómhánach (fiú má tá an téacs nó an teideal scríofa i gcló iodálach nó i gcló trom).

Daiseanna

- Úsáidtear an dais fhada (Alt 0151 nó *Ctrl-Alt-dais* ar an méarchlár uimhriúil) chun eilimintí liosta a thabhairt isteach (cuirtear na rialacha céanna i bhfeidhm i ngach teanga).
- I nGaeilge, is féidir an dais fhada a úsáid in ionad lúibíní.

Ceannteidil

- Úsáidtear bileog stíle, seachas formáidiú de láimh.
- In éagmais bileog stíle ar leith, úsáidtear stíleanna Word (Ceannteideal 1, Ceannteideal 2, Gnáth, etc.) (nó *Heading 1*, *Heading 2*, *Normal*, etc. mar atáthar i mBéarla).
- Ná scríobhtar ceannteidil go hiomlán i gcás uachtair.

NB: Nuair a úsáidtear stíleanna Word is féidir, ag deireadh na próiseála focal, tábla ábhar a chruthú go huathoibríoch; nuair atá an téacs á aistriú go PDF lena chur ar líne, cruthóidh na ceannteidil sin hipearnaisc go huathoibríoch (marcóir nó leabharmharcanna). Is eilimintí fíor-riachtanacha iad sin a fhágann gur fusa doiciméid fhada a léamh ar líne.

Moltaí eile

Nuair a sheachadtar clóscríbhinn i roinnt codanna, agus an chéad chuid á seachadadh, ní mór don tseirbhís is údar tábla ábhar a chur leis an téacs (ceann sealadach fiú), chun go mbeidh na profléitheoirí in ann forbhreathnú a fháil ar an téacs.

Ní mór don tseirbhís is údar gach clóscríbhinn a sheiceáil go cúramach sula seoltar í chuig Oifig na bhFoilseachán. Ní mór leasuithe a sheachaint ach go heisceachtúil agus iad a bheith soiléir, soléite agus beacht. Má tá a lán athruithe le déanamh le linn an chéad phrofa d'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt codanna de le hathscríobh, go mbeadh tionchar aige ar an leagan amach leathanaigh agus uaireanta go gcuirfí an téacs athscríofa as riocht agus go mbeadh gá le sraith athruithe dá bharr. Is gá go minic tuilleadh profaí agus seiceáil nua a dhéanamh orthu agus mar thoradh air sin fadaítear na spriocdhátaí táirgthe agus méadaítear na costais.

Mar phointe scoir, seachnaítear, chomh fada agus is féidir, comhaid chumaisc, ina bhfuil téacsanna a cruthaíodh le bogearraí éagsúla.

4.2.4. Doiciméid a bhfuil atáirgeadh díreach i ndán dóibh

I gcás na ndoiciméad a bhfuil atáirgeadh díreach i ndán dóibh (*camera-ready*), ní mór don tseirbhís is údar féachaint chuige go bhfuil aon cheartúchán is gá déanta ar an téacs, ós rud é nach féidir aon cheartúchán eile a dhéanamh ag céim an atáirgthe (ach amháin in imthosca eisceachtúla).

Ní mór an téacs a athléamh go cúramach tar éis é a chlóscríobh agus, sula ndéantar an leagan amach críochnaitheach. Ní mór freisin an leagan amach leathanaigh sin a mhionscrúdú chun botúin chlóscríbhneoireachta a aimsiú sula ndéantar táirgeadh ar bith.

Ní mór na leathanaigh a uimhriú ar bhealach leanúnach ag tosú leis an leathanach teidil. Ní foláir na leathanaigh bhána a áireamh san uimhriú. De ghnáth, tosaíonn na codanna agus na caibidlí ar an leathanach deas (*recto*) ar a bhfuil uimhir chorr. Má chríochnaíonn an téacs nó an chaibidil roimhe sin ar leathanach corr, cuirfear leathanach bán roimh an gcuid nua nó roimh an gcaibidil nua. Mar shampla, má chríochnaíonn Caibidil I ar leathanach 19, tosóidh Caibidil II ar leathanach 21, mar is leathanach bán a bheidh i leathanach 20 (an leathanach clé).

Ní mór an spás roimh cheannteideal nó roimh fho-cheannteideal a bheith níos mó ná an spás a scarann é ón téacs.

Fágtar dhá aisfhilleadh carráiste idir na míreanna agus na fomhíreanna.

Ní féidir líne dheireanach de mhír a bheith ag tús leathanaigh. Is fearr, sa chás áirithe sin amháin, í a scríobh ar líne bhreise ar an leathanach roimhe fiú má imíonn sé thar imill an leathanaigh sin. Ar an gcuma chéanna, seachnaítear leathanach a bheith ag críochnú le ceannteideal nó le fo-cheannteideal, le dais nó leis an gcéad líne de liosta.

Níor cheart luanna ná liostaí a eangú.

4.3. Cineálacha foilseachán

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, aithnítear agus aicmítear doiciméid faoi réir comhaontuithe agus caighdeán éagsúla, go háirithe na comhaontuithe agus na caighdeán seo a leanas:

- ISO 690:2021: tagairtí bibleagrafaíoch <https://www.iso.org/standard/72642.html>
- ISO 5127:2017: faisnéis agus doiciméadacht, foclóir <https://www.iso.org/standard/59743.html>
- ISO 2108:2017: Leabharuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta (ISBN) <https://www.iso.org/standard/65483.html>
<https://www.isbn-international.org>
- ISO 3297:2022: Sraithuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta (ISSN) <https://www.iso.org/standard/84536.html>
- Tuairisc Bhibleagrafaíoch Chaighdeánach Idirnáisiúnta (ISBD), Cónaidhm Idirnáisiúnta na gComhlachas Leabharlainne agus na nInstitiúidí Leabharlainne (IFLA) https://www.ifla.org/files/assets/cataloguing/isbd/isbd-cons_2007-en.pdf



Is féidir na caighdeán ISO a fháil ó chomhaltaí ISO (<https://www.iso.org/members.html>).

De réir na gcaighdeán agus na gcomhaontuithe sin, féadtar na foilseacháin a roinnt in dhá phríomhchatagóir: na monagraif, agus na hacmhainní leanúnacha.

4.3.1. Monagraif

De réir chaighdeán ISO 2108:2020 (ISBN), is foilseacháin neamhthréimhsiúla iad na monagraif. Féadfaidh na monagraif a bheith in imleabhar amháin nó líon teoranta d'imleabhair ar leith. Is féidir iad a fhoilsiú ar leithligh nó go comhuaineach agus iad a chur ar fáil don phobal i bhformáid ar bith den táirge (leabhar faoi chlúdach crua, leabhar faoi chlúdach bog, closleabhar ar chaiséad, CD, DVD, leabhar i mBraille, suíomh gréasáin, leabhar leictreonach, etc.).

Tá na monagraif ina bhfuil iliomad imleabhar comhdhéanta de líon áirithe codanna ar leith (imleabhair ar leith), cé is moite de na foilseacháin leabhráin. Déantar iad a dhearadh agus a fhoilsiú mar aonad iontu féin. Is féidir go mbeidh a dteideal féin agus ainm an duine atá freagrach astu ar gach cuid ar leith.

Aithnítear gach monagraf le Leabharuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta, nó ISBN (féach [Pointe 4.4.1](#)).

4.3.2. Acmhainní leanúnacha

De réir chaighdeán ISO 3297:2022 (ISSN), is éard atá sna hacmhainní leanúnacha saothair a chuirtear ar fáil don phobal, i bhformáid ar bith den táirge, a bhfuil orduimhir agus tuairisc chroineolaíoch ar na seachadtaí leanúnacha díobh agus nach bhfuil a dtréimhse foilsithe socraithe roimh ré. Áirítear sna hacmhainní leanúnacha:

- sraithfhoilseacháin, a shainmhínítear mar acmhainní a fhoilsítear in eagrán leanúnacha nó mar chodanna ar leith gan teorann ama leo agus iad uimhrithe de ghnáth (nuachtáin, irisí, tréimhseacháin, irisleabhair i bhformáid chlóite nó i bhformáid leictreonach, foilseacháin bhliantúla (tuarascálacha, bliainirisí, eolairí, etc.), tráchtas agus cnuasaigh mhonagraf),
- acmhainní comhtháite buana, a shainmhínítear mar acmhainní leanúnacha a chomhlántar le nuashonruithe a chomhtháitear leis an saothar iomlán, gan teorainn ama leo (bunachair sonraí, foilseacháin leathanach scaoilte a nuashonraítear go rialta nó suíomhanna gréasáin a nuashonraítear go leanúnach, mar shampla an leagan idirlín de An treoir stíle seo).

NB: Is ionann cnuasach agus bailiúchán foilseacháin ar leith a bhfuil a theideal féin ag gach foilseachán acu, a cheanglaítear le chéile le comhtheideal a chlúdaíonn an saothar iomlán. Is ionann an comhtheideal sin agus teideal an chnuasaigh ó cheart. Is féidir gach foilseachán ar leith a bheith uimhrithe nó gan a bheith uimhrithe. D'fhéadfadh sé gur monagraif nó sraithfhoilseacháin iad na foilseacháin atá sa chnuasach.

Aithnítear gach acmhainn leanúnach le Sraithuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta, nó ISSN (féach [Pointe 4.4.2](#)).

4.3.3. Sraithfhoilseacháin agus monagraif chomhcheangailte

Chun críocha margaíochta, meastar gur monagraif iad sraithfhoilseacháin áirithe freisin (bliainirisí agus cnuasaigh mhonagraif). Ní mór a bheith in ann iad a fháil mar chóip nó trí shíntiús.

Ní mór glacadh leis na foilseacháin sin i dtús báire mar shraithfhoilseacháin agus ISSN a leithdháileadh orthu. Ansin, sanntar ISBN dóibh ó tharla gur monagraif iad.

4.4. Aitheantóirí a leithdháileann Oifig na bhFoilseachán

Ó 2001 i leith, tá Oifig na bhFoilseachán ag feidhmiú mar ghníomhaireacht oifigiúil a leithdháileann na haitheantóirí seo a leanas ar fhoilseacháin gníomhaireachtaí, comhlachtaí agus institiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh: ISBN (Leabharuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta), ISSN (Sraithuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta do shraithfhoilseacháin agus d'acmhainní leanúnacha eile) agus DOI (aitheantóir oibiachta digitiúil). Úsáidtear na haitheantóirí idirnáisiúnta sin chun gach foilseachán a liostú ar bhealach uathúil eisiach, timpeall an domhain. Eisítear aitheantóir inmheánach (uimhir chatalóige) le gach táirge chomh maith (leabhair, bróisiúir, póstaí, etc.) i ngach formáid (paipéar, formáid leictreonach, CD/DVD, etc.).

Nuair a leithdháiltear aitheantóirí, tá sé d'oibleagáid ar na seirbhísí is údar, dhá chóip chrua den saothar agus an leagan leictreonach (PDF) a sheoladh chuig Oifig na bhFoilseachán.

Leithdháileann Oifig na bhFoilseachán na haitheantóirí go huathoibríoch nuair a iarrtar uirthi saothar a fhoilsiú.

4.4.1. Leabharuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta (ISBN)

Leithdháileann Oifig na bhFoilseachán Leabharuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta (ISBN) ar gach foilseachán monagrafach (féach [Pointe 4.3.1](#)).

Níl feidhm dlí ná tábhacht dhlíthiúil ag baint le ISBN a leithdháileadh maidir le cóipcheart an tsaothair i dtrácht ná maidir lena bhfuil ann.

Nuair a leithdháiltear ISBN ar tháirge, ní féidir é a athrú, ná rud eile a chur ina ionad, ná é a athúsáid.

Tá ISBN ar leith ag teastáil i gcás na nithe seo a leanas:

- gach leagan teanga d'fhoilseachán,
- gach formáid ar leith de tháirge (i gcás saothair a fhoilsítear agus a chuirtear ar fáil i bhformáidí éagsúla (PDF, HTML, etc.), ní mór ISBN ar leith a bheith ar gach ceann acu),
- gach eagrán ar leith ar a ndéantar athruithe suntasacha a dhéanann difear do chuid amháin nó do roinnt codanna de tháirge, agus freisin má dhéantar athrú ar an teideal. Ní leithdháiltear ISBN ar leith, áfach, ar tháirge nach ndearnadh aon athrú ar an eagrán, ná ar an bhformáid, ná ar an bhfoilsitheoir, nuair is é an praghas amháin a athraítear nó nuair nach ndéantar ach mionathruithe ar an táirge sin, ar nós ceartú na mbotún cló,
- gach athrú ar fhormáid an táirge (foilseachán faoi chlúdach cruaidh, foilseachán faoi chlúdach bog, leagan ar líne, etc.).

Má tá roinnt imleabhar ann, leithdháiltear ISBN ar gach imleabhar agus leithdháiltear ISBN cnuasaitheach ar iomlán na n-imleabhar. Ní mór an ISBN cnuasaitheach agus ISBN gach imleabhair faoi seach a thaispeáint ar chúl leathanach teidil gach imleabhair.

NB: I gcás caibidil ar leith i saothar, nuair is aonad críochnaithe inti féin í, is féidir ISBN a leithdháileadh uirthi. Féadtar codanna ar leith (caibidlí mar shampla) d'fhoilseacháin mhonagrafacha, eagrán ar leith nó ailt as na hacmhainní leanúnacha a chuirtear ar fáil leo féin, a aithint le ISBN freisin.

Nuair a chomhfhóilsítear foilseachán nó nuair a fhoilsíonn dhá fhoilsitheoir nó níos mó comheagrán, féadfaidh gach foilsitheoir a ISBN féin a leithdháileadh air agus é a thaispeáint ar an leathanach cóipchirt. Mar sin féin, ní féidir ach ISBN amháin a bheith i bhformáid cóid barra ar an bhfoilseachán.

Ní mór ISBN a leithdháileadh ar fhoilseacháin leathanach scaoilte nach bhfoilseofar thar spriocdháta foilsithe áirithe (is é sin le rá nach mbeartaítear iad a fhoilsiú thar thréimhse éiginnte). Ar an taobh eile, ní féidir ISBN a leithdháileadh ar na foilseacháin leathanach scaoilte a nuashonraítear go leanúnach (acmhainní comhtháite) nó na codanna aonair a nuashonraítear.

Suíomh agus taispeáint an ISBN

Ní mór i gcónaí don uimhir ISBN a bheith ar an táirge féin agus, amhail ón 1 Eanáir 2007 i leith, a bheith comhdhéanta de 13 dhigit roinnte i gcúig ghrúpa, agus an ISBN roimhe le spás ina dhiaidh:

- an chéad ghrúpa: réimír nó cód EAN (*European Article Numbering*) lena sainmhíneáir an 'leabhar' mar an rud a aithnítear (is iad 978 agus 979 na réimíreanna atá le fáil faoi láthair),
- an dara grúpa: uimhir aitheantais an ghrúpa (92 = eagraíochtaí idirnáisiúnta),
- an tríú grúpa: uimhir aitheantais an fhoilsitheora (cód údair),
- an ceathrú grúpa: uimhir aitheantais an teidil i saothar an fhoilsitheora,
- an cúigiú grúpa: uimhir rialaithe.

ISBN 978-92-79-00077-5

Foilseacháin chlóite

Ní foláir an ISBN, mar aon le gach aitheantóir eile, a bheith clóite ar chúl an leathanaigh teidil ar fhoilseacháin chlóite (féach sampla ag [Pointe 5.3.1](#)). Mura féidir é sin a dhéanamh, ní mór é a thaispeáint ag bun an leathanaigh teidil nó é a chur san áireamh san fhógra cóipchirt.

Ní mór an ISBN a thaispeáint freisin ag bun an chlódaigh cúil (agus ag bun fhorchlúdach an leabhair) (féach sampla ag [Pointe 5.1.1](#)).

NB: I gcás comheagrán, is féidir ISBN an chomheagarthóra a thaispeáint freisin ag bun an chlódaigh cúil agus/nó ag bun fhorchlúdach an leabhair i bhformáid cóid barra.

Foilseacháin i bhformáid leictreonach nó cineálacha eile táirgí neamhchlóite

Maidir leis na foilseacháin ar líne, ní mór an ISBN a thaispeáint ar an leathanach scáileáin ar a bhfuil an teideal nó a choibhéis, agus/nó ar an scáileán ar a bhfuil na sonraí cóipchirt.

I dtaca le gach táirge eile (CD-ROM, DVD, etc.), ní mór an ISBN a thaispeáint ar lipéad atá greamaithe go buan den táirge nó, mura féidir sin, ar an gcuid íochtaire de gach pacáistiú buan atá ar an táirge (bosca, clúdach nó fráma, etc.).

Ní mór an ISBN a áireamh freisin i meiteashonraí an fhoilseacháin nó an táirge.



Féach freisin an [A quick reference guide](#).

Maidir le foilseacháin i bhformáidí éagsúla, níl gá ach le ISBN amháin má pacáistítear iad le chéile; má táthar chun iad a dháileadh scartha óna chéile, ní mór ISBN a leithdháileadh ar gach leagan ar leith.

Anuas air sin, ní mór na ISBNanna go léir a thaispeáint le chéile ar gach leagan, le léiriú giorraithe na formáide mar atá sna samplaí seo a leanas:

Print	ISBN 978-951-45-9693-3
PDF	ISBN 978-951-45-9694-0
EPUB	ISBN 978-951-45-9695-7
HTML	ISBN 978-951-45-9696-4

Ní mór an ISBN a thaispeáint freisin ar gach ábhar a ghabhann leis an bhfoilseachán.



Naisc úsáideacha i dtaca leis an ISBN

Gníomhaireacht Idirnáisiúnta an ISBN:

<https://www.isbn-international.org> (en)

Lámhleabhar d'úsáideoirí ISBN:

<https://www.isbn-international.org/content/isbn-users-manual/29> (en)

Ceistanna coitianta faoi ISBNanna:

https://www.isbn.org/faqs_general_questions (en)

Córas EAN.UCC:

<https://www.gs1.org/> (en)

ISO 2108:2017: Leabharuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta (ISBN):

<https://www.iso.org/standard/65483.html> (en)

Is féidir na caighdeáin ISO a fháil ó chomhaltaí ISO. Tá liosta díobh ar fáil ag an seoladh seo:

<https://www.iso.org/members.html> (en)

4.4.2. Sraithuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta (ISSN)

Ní mór na hacmhainní leanúnacha (sraithfhoilseacháin agus acmhainní comhtháite buana (féach [Pointe 4.3.2](#))) a aithint le Sraithuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta (ISSN) a leithdháileann Oifig na bhFoilseachán.

Níl feidhm dlí ná tábhacht dhlíthiúil ag baint le ISSN a leithdháileadh maidir le cóipcheart an tsaothair i dtrácht ná maidir lena bhfuil ann.

Leithdháiltear ISSN mar seo a leanas:

- le haghaidh shaolré an tsaothair,
- le haghaidh gach leagain teanga,
- le haghaidh gach eagráin (míosúil, bliantúil, etc.),
- le haghaidh gach formáide táirge ar leith.

Má tá iliomad imleabhar ann, is ar an bpríomhtheideal amháin a leithdháiltear ISSN, is cuma cá mhéad imleabhar atá ann. Féadtar ISSN a leithdháileadh freisin ar chnuasach monagraf sa cháil sin dóibh (leithdháiltear ISBN mar sin ar gach imleabhar sa chnuasach).

Cruthaíonn an suíomh ISSN an príomhtheideal nuair a chláraítear an acmhainn agus tá an ISSN ceangailte go buan leis an teideal sin. Tá príomhtheideal uathúil le haghaidh gach acmhainne leanúnaí ar leith.

Ní mór ISSN nua (agus príomhtheideal nua) a leithdháileadh ar acmhainn leanúnach más rud é:

- go ndéantar athrú suntasach ar an teideal,
- go ndéantar athrú formáide ar an táirge.

Ní mór ISSN dá chuid féin (agus dá bhrí sin príomhtheideal ar leith) a leithdháileadh ar gach forlíonadh nó foshraith a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le hacmhainn leanúnach.

Suíomh agus taispeáint an ISSN

Is éard atá san an ISSN dhá ghrúpa de cheithre uimhir (uimhreacha arabacha) scartha óna chéile le fleiscín; gabhann na litreacha ISSN rompu agus spás ina dhiaidh. D'fhéadfadh sé gur X a bheadh san eilimint deiridh (an eilimint rialaithe):

ISSN 0251-1479
ISSN 1831-855X

Ní mór ISSN a thaispeáint go soiléir ar an gcéad eagrán de shraithfhoilseachán nó istigh ann agus ar an eagrán a leanas chomh maith, nó istigh ann, agus ar gach leagan teanga d'acmhainn chomhtháite bhuan, nó istigh ann, chomh maith.

Nuair a bhíonn aitheantóir eile ag gabháil le ISSN (e.g. ISBN i gcás imleabhar as cnuasach) ní mór an dá uimhir a thaispeáint i dteannta a chéile, agus giorrúchán is gá (ISBN, ISSN, DOI, etc.) a bheith ag gabháil leis an dá cheann acu.

Má bhíonn roinnt ISSNanna bronnta ar acmhainn leanúnach i ngeall ar theidil éagsúla a bheith uirthi (e.g. teideal príomhchnuasaigh agus teidil a fhochnuasach), ní mór na ISSNanna go léir a thaispeáint ar an acmhainn sin ach an teideal iomlán nó teideal giorraithe a bheith ag gabháil leo chun iad a idirdhealú.



Féach freisin an [A quick reference guide](#).

Maidir le foilseacháin i bhformáidí éagsúla (ar a leithdháiltear ISSNanna agus príomhtheidil dhifriúla), féadtar na ISSNanna éagsúla a thaispeáint ar na hacmhainní leanúnacha, ach idirdhealú a dhéanamh eatarthu, mar atá sa sampla seo a leanas:

Print	ISSN 1562-6585
HTML	ISSN 1063-7710

I gcás saothar clóite, ní mór an uimhir ISSN a thaispeáint ar gach foilseachán, sa chúinne íochtair ar dheis den chlúdach, nó mura bhfuil clúdach air, ar bhealach soiléir soléite, san ord seo a leanas más féidir: ar an leathanach teidil, an clúdach, an bosca sonraí, an clúdach cúil, an leathanach cóipchirt nó an áit a bhfuil an barrtheideal.

I gcás saothar leictreonach (saothair ar líne, CD-ROM, etc.), ní mór an uimhir ISSN a thaispeáint ar an leathanach scáileáin ar a dtaispeántar an teideal nó, ina éagmais sin, ar an bpríomh-roghchlár, agus, más féidir, ar gach lipéad atá greamaithe go buan den fhoilseachán. Mura féidir an ISSN a ghreamú den táirge nó dá lipéad, ní mór é a thaispeáint ar an gcoimeádán.

Maidir leis na hacmhainní ar líne, ní mór é a thaispeáint freisin sna meiteashonraí (sa réimse aitheantais).

ISSN idirchaidrimh (ISSN-L)

De réir chaighdeán ISO 3297:2022 (ISSN), leithdháiltear ISSN idirchaidrimh (ISSN-L) ar acmhainn leanúnach (féach [Pointe 4.3.2](#)) chun na formáidí fisiceacha éagsúla den acmhainn sin a ghrúpáil, is cuma cé mhéad formáidí atá ann (ní mór ISSN ar leith a bhronnadh ar gach ceann de na formáidí sin).

Is éard atá in ISSN-L sraith de dhá ghrúpa de cheithre dhigit atá scartha óna chéile le fleiscín a bhfuil giorrúchán ISSN-L rompu agus spás ina dhiaidh:

ISSN-L 0251-1479

Ní mór an ISSN a athrú nuair a dhéantar athrú suntasach ar theidil na bhformáidí fisiceacha go léir d'acmhainn ag an am céanna. Leithdháiltear ISSN nua ansin ar gach formáid ar leith agus ISSN-L nua ar an gcnuasach.



Naisc úsáideacha i dtaca leis an ISSN

Lárionad idirnáisiúnta an ISSN:

<http://www.issn.org/> (en)

Lámhleabhar an ISSN:

<https://www.issn.org/understanding-the-issn/assignment-rules/issn-manual> (en)

ISO 3297:2022: Sraithuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta (ISSN):

<https://www.iso.org/standard/84536.html> (en)

Is féidir na caighdeáin ISO a fháil ó chomhaltaí ISO. Tá liosta díobh ar fáil ag an seoladh seo:

<https://www.iso.org/members.html> (en)

4.4.3. Aitheantóir oibiachta digití (DOI)

Is éard atá sa DOI (aitheantóir oibiachta digití) córas aitheantais táirge i dtimpeallacht dhigiteach arb é is aidhm leis marthanacht na nasc hipirtéacs a áirithiú. Is féidir é a chur i bhfeidhm ar na nithe seo a leanas:

- foilseachán ina iomláine,
- grianghraf,
- pictiúr,
- caibidil, etc.

Tá gach DOI uathúil agus buan. Coimeádann doiciméad a DOI go ceann a shaolré agus, má scriostar an doiciméad, ní úsáidfear an DOI sin níos mó.

Tá an uimhir DOI comhdhéanta de réimír agus d'iarmhír atá scartha óna chéile le tulsais. Ní mór iad a léiriú mar a leanas (beidh an giorrúchán 'doi' roimhe i gcás íochtair agus idirstad ina dhiaidh, gan spás eatarthu):

doi:10.2788/14231

De ghnáth, leantar na prionsabail a bhaineann leis an ISBN nó leis an ISSN i dtaobh a shuímh.



Naisc úsáideacha i dtaca le DOI

Fondúireacht Idirnáisiúnta DOI (IDF):

<https://www.doi.org> (en)

Lámhleabhar DOI:

<https://www.doi.org/hb.html> (en)

Faisnéis agus treoirínte maidir le hainmniú DOI:

<https://www.crossref.org/education/metadata/persistent-identifiers/doi-display-guidelines> (en)

4.4.4. Uimhir chatalóige

Sa bhreis ar na haitheantóirí idirnáisiúnta, leithdháiltear aitheantóir inmheánach ar gach saothar a fhoilsíonn Oifig na bhFoilseachán, is é sin uimhir chatalóige.

Is éard atá ann uirlis bainistíochta inmheánach de chuid na hOifige a úsáidtear chun críocha dáilte. Úsáidtear í, *inter alia*, chun na foilseacháin sna catalóga a liostú. Úsáidtear é chomh maith mar eochair aitheantais i bhfeidhmchláir ríomhaireachta éagsúla.

Clóbhuailtear an uimhir chatalóige ar an gclúdach cúil, sa chúinne uachtair ar dheis; mura féidir sin a dhéanamh, ní mór í a thaispeáint ar bhealach ríshoiléir ar an saothar féin.

OA-09-22-124-GA-C

4.5. Aitheantóir arna leithdháileadh ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

An Sainaitheantóir Cásdlí Eorpach (ECLI)

Forbraíodh an sainaitheantóir cásdlí Eorpach (ECLI) chun lua ceart agus dochréagnaithe bhreitheanna na gcúirteanna Eorpacha agus na gcúirteanna náisiúnta a éascú. Thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh isteach é de réir a chéile in 2014.

Shann Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ECLI do na breitheanna ar fad a rinne cúirteanna an Aontais Eorpaigh ó bhí 1954 ann (breithiúnais, orduithe, tuairimí na Cúirte, cinntí (nós imeachta um athbhreithniú)), do thuairimí agus dearcthaí na n-abhcóidí ginearálta agus d'fhaisnéis faoi na cinntí sin (achoimrí agus athbhreithnithe, faisnéis faoi chinntí nár foilsíodh).

Cúig ghné éigeantacha atá in ECLInna. I gcarachtair alfa-uimhriúla Laidineacha amháin a bhíonn siad agus idirstad eatarthu, mar atá thíos.

1. An giorrúchán ECLI, rud a léiríonn gur sainaitheantóir cásdlí Eorpach atá ann.
2. An cód tíre a fhreagraíonn don Bhallstát ina bhfuil an chúirt nó an binse lena mbaineann (féach an tábla i [bPointe 7.1.1](#)), nó an cód 'EU' más cúirt de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh atá ann.
3. Cód na cúirte a thug an bhreith (i gcás Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh freagraíonn 'C' don 'Chúirt Bhreithiúnais', freagraíonn 'T' don 'Chúirt Ghinearálta' agus freagraíonn 'F' don 'Bhinse um Sheirbhís Shibhialta').

NB: Tháinig deireadh le feidhm an Bhinse um Sheirbhís Shibhialta (a bunaíodh in 2004) an 1 Meán Fómhair 2016 tráth a aistríodh a dhlínse chuig an gCúirt Ghinearálta.

4. An bhliain a tugadh an bhreith, i gceithre dhigit.
5. Orduimhir i bhformáid a chinneann gach Ballstát iad féin nó a chinneann Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Suas le 25 charachtar alfa-uimhriúla a bhíonn san uimhir seo. Ceadáítear poncanna ach ní cheadáítear aon phoncaíocht eile.

ECLI:EU:C:2006:710



Bunús dlí

Conclúidí ón gComhairle ina moltar sainaitheantóir cásdlí Eorpach (ECLI) agus tacar íosta meiteashonraí aonfhoirmeacha don chásdlí a thabhairt isteach (IO C 127, 29.4.2011, lch. 1 ([en](#))).

Naisc úsáideacha i dtaca leis an ECLI

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, cur chuige maidir le cásdlí a lua:

https://curia.europa.eu/jcms/jcms/P_126035/en

An Tairseach Eorpach don ríomh-Cheartas:

https://e-justice.europa.eu/topics/legislation-and-case-law/european-case-law-identifier-ecli_en

Rialacha maidir le cásdlí a lua:

féach [Pointe 5.9.3](#).

5.

Struchtúr foilseacháin

Cuimsíonn struchtúr foilseacháin codanna éagsúla amhail an clúdach, an leathanach teidil, eilimintí eagráin (e.g. fógraí cóipchirt) agus gnéithe cur i láthair amhail tagairtí agus athfhriotail.

5.1. An clúdach

Is é atá i gclúdach saothair ná ceithre leathanach: an clúdach tosaigh, an clúdach tosaigh istigh, an clúdach cúil istigh, agus an clúdach cúil. Má tá an saothar tiubh go leor chuige, déantar an teideal a chló ar an droim, sa chaoi is go léitear ón mbarr anuas é agus an saothar ina luí agus an clúdach tosaigh béal in airde; is ceart an cló a bheith oiriúnach do thiús an droma.

5.1.1. Gnéithe den chlúdach



Féach freisin an [A quick reference guide](#).

Tá comhpháirteanna sainiúla ag gach ceann de na ceithre leathanach clúdaigh.

Is éard a bhíonn [ar an gclúdach tosaigh](#) ainm agus suaitheantas an eagarthóra, teideal an tsaothair agus, nuair is iomchuí, an fotheideal agus ainm an údair (go háirithe i gcás comheagrán). Is féidir uimhir an imleabhair a bheith ann freisin, i gcás saothar ina bhfuil iliomad imleabhar, agus teideal an bhailiúcháin nó na sraithe mar aon le sraithuimhir an tsaothair:

- **teideal an tsaothair:** ní mór é a bheith gonta, éifeachtúil agus suntasach. Nuair a bhíonn tuarascáil bhliantúil nó staidéar a bhaineann le tréimhse ar leith i gceist, is cuid dhílis den teideal nó den fhotheideal an tréimhse nó an bhliain,
- **an fotheideal:** scríobhtar an fotheideal i gcarachtair níos lú ná na carachtair ina bhfuil an teideal,
- **[suaitheantas an eagarthóra](#):** cuirtear ar an gclúdach tosaigh é, agus ansin amháin,
- **ainm an údair:** má tá sé ar an gclúdach tosaigh den chlúdach, ní mór é a bheith ar an leathanach teidil chomh maith,

NB: Ní féidir, ar chúinse ar bith, ainm Ard-Stiúrthóireachta nó institiúide nó comhlachta a bheith ar an gclúdach tosaigh, ach amháin i gcás Eurostat agus Oifig na bhFoilseachán. Mar sin féin, is féidir é a bheith ar an leathanach teidil.

- **uimhir an imleabhair:** má tá iliomad imleabhar ann, is fearr uimhreacha rómhánacha a úsáid.

De ghnáth, bíonn an clúdach tosaigh istigh bán.

Bíonn fógra poiblíochta ar [an gclúdach cúil istigh](#).

Ar [an gclúdach cúil](#) bíonn an praghas (má tá praghas i gceist), suaitheantas Oifig na bhFoilseachán, ISBN (Leabharuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta) agus uimhir chatalóige:

- **an praghas:** is in euro atá bunphraghas gach foilseacháin. Is mar seo a leanas a luaitear gach praghas ar chlúdaigh na bhfoilseachán agus sna catalóga:

Praghas i Lucsamburg (gan cáin bhreisluacha san áireamh): EUR ...

- **suaitheantas Oifig na bhFoilseachán:** tá an suaitheantas le feiceáil ag bun an chlúdaigh chúil. Bíonn an t-ainm “Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh” luaite i dteanga amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh i gcás leaganacha aonteangacha agus i níos mó ná aon teanga amháin i gcás leaganacha ilteangacha.

Gnásanna sonracha le haghaidh tréimhseachán agus sraithfoilseachán

I gcás *sraithfoilseacháin*, bíonn an ISSN (Sraithuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta) ann mar aon leis na sonraí thuasluaite. Bíonn sé clóite sa chúinne uachtarach ar thaobh na láimhe deise, ar leathanach 1.

Ní bhíonn clúdach ar thréimhseacháin áirithe. Bíonn uimhir an tréimhseacháin agus bliain a fhoilsithe ar an gclúdach tosaigh. I gcásanna áirithe, cuirtear an clár ar an gclúdach tosaigh istigh agus ar an gclúdach cúil istigh. Ba cheart trimthriall foilsithe an tréimhsiúcháin a bheith de réir na bliana féilire.

Ar an gclúdach cúil bíonn na praghsanna (an praghas ar shintíús agus ar eagrán aonair), uimhir na catalóige mar aon le suaitheantas Oifig na bhFoilseachán.

An clúdach tosaigh



1. ISSN
2. Teideal an tsaothair
3. An bhliain
4. Suaitheantas na hEorpa
5. An t-eagarthóir

NB: Ní ann don fhoilseachán seo i nGaeilge; cuirtear an íomhá ar fáil anseo ar mhaithe le suíomh na míreanna éagsúla a léiriú.

An clúdach cúil istigh (fógra poiblíochta)

Teagmháil a dhéanamh le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh

Dú ann tú féin

Tá na cádta Ionad 'Europe Direct' ann ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an ionaid le gaire duit a fháil ar líne (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga).

Ar an bhfón nó i scríbhinn

Seirbhís is ea Europe Direct a thabharfaidh freagra duit ar chaisleana faoin Aontas Eorpach. Is féidir leat dul i dteagmháil leis an seirbhís sin:

- ag uimhir shaothglao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (d'fhéadfadh oibreoirí áirithe tálle a ghearradh as na glaoanna sin);
- ag an nguthuimhir seo a leanas: +32 22999696;
- tríd an bhfoirm seo a leanas: european-union.europa.eu/contact-eu/write-us_ga.

Eolas a fháil faoin Aontas Eorpach

Ar líne

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa (european-union.europa.eu).

Foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh

Is féidir leat breathnú ar fhoilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh nó is féidir leat iad a ordú ag op.europa.eu/ga/publications. Más mian leat a lán cóipeanna d'fhoilseacháin saor in aisce a fháil, is féidir dul i dteagmháil le Europe Direct nó le d'ionad doiciméadúcháin áitiúil chun é sin a dhéanamh (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga).

Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaomhara

Chun teacht ar fhaisnéis dhlíthiúil ón Aontas Eorpach, dlí an Aontais Eorpaigh ón mbliain 1951 ar aghaidh sna teangacha oifigiúla san áireamh, téigh chuig EUR-Lex (eur-lex.europa.eu).

Sonraí oscailte an Aontais Eorpaigh

Ar an taisceach data.europa.eu, cuirtear rochtain ar fáil ar thacair sonraí oscailte ó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Is féidir iad a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce chun crícho tráchtála nó neamhtráchtála. Cuirtear rochtain ar fáil freisin ar neart tacair sonraí ó thiortha na hEorpa.

An clúdach cúil istigh

1 —

OC-12-09-199-04-C

2 —

3 —

4 —

ISBN 978-92-824-2570-1

Praghas in Lucsamburg (gan cháin bhreisluacha san áireamh): EUR 12

4 —

Praghas in Lucsamburg (gan cháin bhreisluacha san áireamh): EUR 12

1. Uimhir chatalóige
2. Suaitheantas Oifig na bhFoilseachán
3. ISBN
4. An praghas

5.1.2. Dathanna a úsáid don chlúdach

Is ar mhaithe le dearadh ginearálta grafach, agus chun marcáil shainiúil a chur ar na bailiúcháin agus ar na sraitheanna, agus ar mhaithe leis sin amháin, a úsáidtear dathanna ar na clúdaigh.

Ní iomchuí dath ar leith a úsáid le haghaidh gach teanga i ngeall ar a oiread teangacha oifigiúla atá ann agus ar eagla go gcruthófaí mearbhall.

5.2. An leathanach teidil

Bíonn na sonraí seo a leanas ar an leathanach teidil:

- an t-eagarthóir (féach [Pointe 4.4.1](#)),
- teideal an tsaothair agus, más inheidhme, fotheideal an tsaothair (féach [Pointe 5.1.1](#)),
- uimhir an eagráin, an atheagráin nó an athchló nó an bhliain, nó an dá rud,
- áit tionscnaimh an eagarthóra (ní mór é sin a lua i gcás gach eagarthóra, i gcomhréir leis an gconradh nó leis an bprótacal ábhartha),
- ainm an údair (féach [Pointe 5.1.1](#)),

NB: Is féidir ainm Ard-Stiúrthóireachta a bheith ar an leathanach teidil, ach ní féidir, ar chúinse ar bith, í a bheith ar leathanach 1 den chlúdach.


- uimhir an imleabhair, i gcás saothar ina bhfuil iliomad imleabhar (féach [Pointe 5.1.1](#)),
- teideal an bhailiúcháin nó na sraithe mar aon le sraithuimhir an tsaothair, nuair is ábhartha.

Atheagrán nó athchló

Aon saothar a ndéantar athruithe móra ar an téacs nó ar an gclóghrafaíocht ann, ní mór eagrán nua a dhéanamh de (agus ní mór uimhir an eagráin a lua).

Más athchlónna atá i gceist, is féidir dátaí na n-athchlónna éagsúla a lua.

An leathanach teidil



1. An t-eagarthóir

2. Teideal an tsaothair (i gcás tuarascáil bhliantúil nó staidéar a bhaineann le tréimhse ar leith, ní mór an bhliain nó an tréimhse i gceist a bheith mar chuid den teideal)

3. Suíomh an eagarthóra

NB: Ní ann don fhoilseachán seo i nGaeilge; cuirtear an íomhá ar fáil anseo ar mhaithe le suíomh na míreanna éagsúla a léiriú.

5.3. Cúl an leathanaigh teidil

Tá gnéithe sainiúla ag verso an leathanaigh teidil.

5.3.1. Sonraí ar chúl an leathanaigh teidil




Féach freisin an [A quick reference guide](#).

Bíonn na sonraí seo a leanas san ord a leanas ar chúl an leathanaigh teidil:

- i bhfoilseachán clóite, na focail ‘*Printed by [clóidóir] in [tír]*’ (i mBéarla agus i gcló iodálach) agus, nuair is ábhartha, éicilipéad/éicilipéid agus/nó nóta maidir leis an táirge páipéir clóite (féach [Pointe 5.3.2](#)),
- más cuí, na focail ‘Arna chríochnú i [mí] [bliain]’,
- más ábhartha, na focail ‘Eagrán athbhreithnithe’, ‘Eagrán ceartaithe’ nó ‘An chéad eagrán / An dara / An tríú heagrán’,
- más ábhartha, aon séanadh a bheadh ann i leith dhliteanas na seirbhíse is údar (fógra dlíthiúil) (féach [Pointe 5.4.4](#)),
- áit an fhoilsithe (ceanncheathrú Oifig na bhFoilseachán), ainm an fhoilsitheora agus bliain an fhoilsithe (de bhun Chinneadh 2009/496/CE, Euratom an 26 Meitheamh 2009, is í Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh an foilsitheoir),
- sonraí an chóipchirt (agus aon mhíniú nó údarú maidir le hatáirgeadh an fhoilseacháin) (féach freisin [Pointe 5.4.1](#) agus [Pointe 5.4.2](#)),
- más ábhartha, an cóipcheart maidir leis na léaráidí mura bhfuil sé sin luaite taobh leis an léaráid (féach [Pointe 5.4.3](#)),
- na haitheantóirí (ISBN, DOI, etc.) (féach freisin [Pointe 4.4](#)).

NB: Is i ndiaidh ainm an fhoilsitheora iarbhair a chuirtear bliain an fhoilsithe ar mhaithe le hidirdhealú soiléir a dhéanamh idir í agus bliain an chóipchirt (féach [Pointe 5.4.1](#)).

Cúl an leathanaigh teidil



1. Eolas faoin táirge páipéir clóite
2. Eolas faoin iarscríbhinn/eagrán
3. Fógra dlíthiúil (údar)
4. Áit agus, bliain an fhoilsithe, an t-eagarthóir iarbhair
5. Cóipcheart
6. Aitheantóirí

5.3.2. Eolas faoin táirge páipéir clóite

I bprionsabal, ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith ar aon táirge páipéir clóite, agus is é an clódóir a chuirfidh isteach é:

- ainm an chlódóra agus tír na priontála,
- an t-éicilipéad nó na héicilipéid lena mbaineann,
- nóta maidir leis an bpáipéar a úsáideadh, b'fhéidir.

Ainm an chlódóra agus tír na priontála

Déantar an nóta maidir le hainm an chlódóra agus tír na priontála a chur i láthair ar an dóigh chéanna i ngach leagan teanga, é i mBéarla agus faoi chló iodálach:

Printed by [clódóir] in [tír]

Éicilipéad

Is i bhfoirm éicilipéad amháin nó i bhfoirm roinnt éicilipéad a chuirtear isteach an t-eolas maidir leis an táirge páipéir clóite, mar shampla:



Nóta maidir leis an bpáipéar a úsáideadh

Is féidir nóta maidir leis an bpáipéar a úsáideadh a chur isteach i gceann de na foirmeacha seo a leanas:

- páipéar nua:

ARNA CHLÓBHUALADH AR PHÁIPÉAR TUARtha SAOR Ó CHLÓIRÍN EILIMINTEACH (ECF)

ARNA CHLÓBHUALADH AR PHÁIPÉAR TUARtha GO HIOMLÁN SAOR Ó CHLÓIRÍN (TCF)

- páipéar athchúrsáilte:

ARNA CHLÓBHUALADH AR PHÁIPÉAR ATHCHÚRSÁILTE

ARNA CHLÓBHUALADH AR PHÁIPÉAR ATHCHÚRSÁILTE SAOR Ó CHLÓIRÍN (PCF)

I gcás páipéar athchúrsáilte, ní féidir an frása ‘tuartha saor ó chlóirín’ a úsáid riamh, óir ní féidir áit tionscnaimh an pháipéir go léir a úsáideadh san athchúrsáil a dheimhniú (rud a chiallaíonn nach féidir a ráthú nach bhfuil aon chlóirín ann). Mar sin féin, is féidir an próiseas athchúrsála a dhéanamh gan clóirín a úsáid.

5.4. Cóipcheart (athbhreithniú iomlán)

Cosnaíonn cóipcheart bunsaothair litríochta, ealaíona, nó eolaíocha ón tráth a chruthaítear iad. Ceann de chearta maoine intleachtúla éagsúla atá ann, ar cearta iad a chosnaíonn cruthúcháin na hintinne.

Chun saothar a chosaint, níl aon nós imeachta i gceist: déanann [Coinbhinsiún Bheirn chun Saothair Litríochta agus Ealaíon a Chosaint](#) foráil nach féidir cosaint chóipchirt a bheith spleách ar chomhlíonadh nósanna imeachta. Mar sin féin, chun an pobal a chur ar an eolas faoi cé leis é (an cóipcheart a bhaineann le) saothar agus conas is féidir é a athúsáid, moltar go gcuirfí fógra chóipchirt leis.

5.4.1. Fógra chóipchirt (athbhreithniú iomlán)

Cuireann an fógra chóipchirt an léitheoir ar an eolas go bhfuil an píosa oibre faoi chosaint chóipchirt. Ba cheart a thabhairt le fios ann úinéir an chóipchirt, bliain an fhoilsithe, an gceadaítear athúsáid agus, má cheadaítear, na coinníollacha a bhaineann leis an athúsáid. Ina theannta sin, i bhfógra chóipchirt atá dea-dhréachtaithe agus iomlán, tá sé ríthábhachtach aitheantas a thabhairt do na heilimintí tríú páirtí atá san fhoilseachán.

Tá trí eilimint i bhfógra chóipchirt caighdeánach:

- an tsiombail ‘©’ nó an focal ‘Cóipcheart’ chun cosaint chóipchirt a thabhairt le fios,
- ainm shealbhóir an chóipchirt,
- bliain chéadfhoilsithe an tsaothair.

© [ainm shealbhóir an chóipchirt], [bliain an chéadfhoilsithe]
mar shampla:
© An tAontas Eorpach, 2022

Sealbhóir an chóipchirt

Ní fhéadfaidh ach eintitis a bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu cóipcheart a bheith ina seilbh acu.

(a) Institiúidí agus seirbhísí idirinstiúideacha a roinneann pearsantacht dhlítheanach an Aontais Eorpaigh

Ba cheart ‘© An tAontas Eorpach’ a bheith ar fhoilseacháin a chruthaíonn baill foirne institiúidí an Aontais Eorpaigh, seachas i gcás an Bhainc Ceannais Eorpaigh, a bhfuil a phearsantacht dhlítheanach féin aige agus, dá bhrí sin, a chóipcheart féin.

© An tAontas Eorpach, [bliain]

© An Banc Ceannais Eorpach, [bliain]

NB: Bain úsáid as an ainmníocht iomlán, agus ní an giorrúchán amháin:

© An Banc Ceannais Eorpach, [bliain]
agus ní © BCE, [bliain]

Níl pearsantacht dhlítheanach ag seirbhísí idirinstiúideacha, cuir i gcás Oifig na bhFoilseachán, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne. Dá bhrí sin, úsáideann siad an fógra cóipchirt ‘© An tAontas Eorpach’ ar a gcuid foilseachán.

(b) Eintitis a bhfuil a bpearsantacht dhlítheanach féin acu

Tá a bpearsantacht dhlítheanach féin ag eagraíochtaí díláraithe (gníomhaireachtaí) agus ag gníomhaireachtaí feidhmiúcháin (féach [Pointí 9.5.3](#) agus [9.5.4](#) ina bhfuil na liostaí iomlána) agus dá bhrí sin, ní mór a lua gurb iadsan sealbhóirí an chóipchirt:

© An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, [bliain]

© An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, [bliain]

NB: Bain úsáid as an ainmníocht iomlán, agus ní an giorrúchán amháin:

© An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, [bliain]
nó b'fhéidir:
© An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), [bliain]
ach ní © Frontex, [bliain]

Má aistríodh an cóipcheart chuig an Aontas Eorpach le conradh nó le doiciméad dlíthiúil eile, úsáidtear an fógra seo a leanas:

© An tAontas Eorpach, [bliain]

NB: Féach [Pointe 9.5](#) maidir le struchtúr riaracháin an Aontais Eorpaigh. Tá an t-eolas faoi pearsantacht dhlítheanach an chomhlachta le fáil sa ghníomh bunaidh ábhartha.

Is eintitis eile a bhfuil a bpearsantacht dhlítheanach féin acu iad an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta. Tá a gcóipcheart féin acu:

© An Banc Eorpach Infheistíochta, [bliain]

© An Ciste Eorpach Infheistíochta, [bliain]



Euratom

Aon doiciméad a dhréachtaítear faoi raon feidhme Chonradh Euratom (agus a thagann faoi líne buiséid Euratom), ní mór fógra cóipchirt dá chuid féin a bheith aige:

© An Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, [bliain]

Is amhlaidh atá sé, mar shampla, i gcás doiciméid éagsúla nó foilseacháin speisialaithe i réimse an fhuinnimh adamhaigh a fhoilsíonn an tAirmheán Comhpháirteach Taighde.

An údarthacht a lua

Sonraítear in Airteagal 18 de na [Rialacháin Foirne](#) gur leis an Aontas Eorpach (nó leis an ngníomhaireacht ábhartha etc.) an cóipcheart i leith aon obair a dhéanann oifigigh de chuid an Aontais agus a ndualgais á ndéanamh acu. Mar sin féin, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh na seirbhísí údair a éileamh go luafaí na baill foirne a scríobh an saothar astu féin san fhoilseachán. Is amhlaidh atá sé, mar shampla, má tá tuairimí pearsanta an údair san fhoilseachán, nó i gcás foilseacháin eolaíocha nó ailt i dtréimhseacháin dlí. Sa chás sin, is inmholtá séanadh dlíthiúil a úsáid (féach [Pointe 5.4.4](#)):

Údar: [ainm an duine]

Ní bhaineann sin le foilseacháin a eisíonn na seirbhísí údair ina gcáil institiúideach.

An bhliain

Maidir le foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh i dteanga ar leith, is ar dháta a gcruthaithe a thosaíonn a dtréimhse cosanta cóipchirt. Má fhoilsítear saothar i dteangacha éagsúla i mblianta éagsúla, ba cheart bliain a fhoilsithe a bheith ar gach leagan teanga.

Má athchlóítear saothar, ní athraítear an fógra cóipchirt. I gcás eagrán nua, áfach, a mbreathnaítear orthu mar fhoilseacháin nua, ní mór dáta an fhógra cóipchirt a bheith ag freagairt do bhliain foilsithe an eagrán nua.

Nuair a athraítear formáid foilseacháin (athrú ó leagan páipéir go ríomhleabhar, mar shampla) is ionann bliain an eagrán sin agus bliain an bhuneagrán i gcás nach ndéantar aon athrú air. Má dhéantar athruithe móra air, foilsítear eagrán nua, agus ní mór dáta an fhógra cóipchirt a bheith ag freagairt do bhliain foilsithe an eagrán nua.

Ag obair le conraitheoirí

Is leis an Aontas Eorpach an cóipcheart ar fhoilseacháin a chruthaíonn conraitheoir má dhéantar foráil sa chonradh maidir leis an gcóipcheart ar na torthaí a aistriú chuig an Aontas Eorpach. I gcás an Choimisiúin, mar shampla, is amhlaidh a bhíonn de ghnáth nuair a úsáidtear conradh samplach de chuid Ard Stiúrthóireacht an Bhuiséid ⁽¹⁾.



Má bhíonn ceist agat, déan teagmháil leis an tseirbhís atá i gceannas ar chúrsaí cóipchirt in Oifig na bhFoilseachán (OP-COPYRIGHT@publications.europa.eu).

5.4.2. Údarú le haghaidh athúsáide agus coinníollacha athúsáide (athbhreithniú iomlán)

Is i gcáiliú cóipchirt institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh a chuirtear in iúl an leibhéal cosanta a chuireann siad i bhfeidhm ar a gcuid foilseachán, idir gan an athúsáid a bheith údaraithe agus rialacha maidir le hathúsáid oscailte.

⁽¹⁾ <https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/procurement/Pages/model-contracts.aspx>.

An Chomhairle

Is faoi [Chinneadh \(AE\) 2017/1842 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2017 maidir le beartas sonraí oscailte na Comhairle agus maidir le hathúsáid doiciméad na Comhairle](#) a chuirtear beartas athúsáide na Comhairle chun feidhme. Ba cheart an fógra cóipchirt seo a leanas a úsáid:

© An tAontas Eorpach, [bliain]

Údaraítear athúsáid ar choinníoll go n-aithnítear an fhoinsé. Is le Cinneadh (AE) 2017/1842 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2017 maidir le beartas sonraí oscailte na Comhairle agus maidir le hathúsáid doiciméad na Comhairle a chuirtear beartas athúsáide na Comhairle chun feidhme (IO L 262, 12.10.2017, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2017/1842/oj>).

An Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

Is faoi [Chinneadh an 12 Nollaig 2011 ón gCoimisiún maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin](#) (an ‘Cinneadh maidir le hAthúsáid’) a glacadh beartas athúsáide an Choimisiúin agus rinneadh é a chur chun feidhme a thuilleadh le [Cinneadh an 22 Feabhra 2019 lena nglactar Creative Commons mar cheadúnas oscailte faoi bheartas athúsáide an Choimisiúin Eorpaigh](#). I ngeall ar na cinntí sin, agus mura mbíonn feidhm ag aon cheann de na heisceachtaí dá bhforáiltear iontu, ba cheart foilseacháin an Choimisiúin a cheadúnú faoi réir cheadúnas cóipchirt Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) (<https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/>).

Úsáidtear an fógra cóipchirt seo a leanas:

© An tAontas Eorpach, [bliain]



Cuireann gníomhaireachtaí feidhmiúcháin beartasathúsáide an Choimisiúin chun feidhme le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39), ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2011/833/oj>.

Ach amháin má shonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi cheadúnas *Creative Commons Attribution 4.0 International* (CC BY 4.0) (<https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/>). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear an athúsáid ar choinníoll go dtugtar an t-aitheantas cuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

Cé nach moltar seo a dhéanamh, más faoin gCinneadh maidir le hAthúsáid a fhoilsíonn roinn de chuid an Choimisiúin foilseachán dá cuid go díreach, ar chúis a bhfuil údar léi, in ionad é a fhoilsiú faoi cheadúnas cóipchirt Creative Commons, féadfar an fógra cóipchirt seo a leanas a úsáid:

© An tAontas Eorpach, [bliain]

Údaraítear athúsáid ach an fhoinsé a lua agus ar choinníoll nach ndéantar bunbhrí ná teachtaireacht an doiciméid seo a shaobhadh. Níl an Coimisiún Eorpach faoi dhliteanas i leith iarmhairt ar bith a eascraíonn as athúsáid an fhoilseacháin seo. Déantar beartas athúsáide dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2011/833/oj>).

Tá feidhm ag na rialacha thuas maidir leis na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin, agus is ceart dóibh cloí le beartas eagarthóireachta an Choimisiúin. Tá tuilleadh eolais faoi bheartas athúsáide an Choimisiúin agus a rialacha cóipchirt is infheidhme maidir le foilseacháin le fáil sna doiciméid [Reuse Guidelines](#) [Treoirlínte maidir le hAthúsáid] (*) agus [Guidelines on Publications](#) [Treoirlínte maidir le Foilseacháin] (*).

(*) Is doiciméad inmheánach le haghaidh fhoireann na n-institiúidí Eorpacha é seo.

An Chúirt Iniúcháirí

An 16 Aibreán 2019, d'fhormheas an Chúirt Iniúcháirí beartas sonrach maidir le [hathúsáid a foilseachán](#). Is é seo a leanas an fógra cóipchirt a mholtar:

© An tAontas Eorpach, [bliain]



Is i [gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa](#) maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide do Chúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE). Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déanfar ábhar CIE atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi [cheadúnas Sannta Idirnáisiúnta Creative Commons 4.0 \(CC BY 4.0\)](#). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Níor cheart dóibh siúd ata ag baint athúsáide as ábhar CIE bunbhrí ná teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh CIE faoi dhlíteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile

De réir na mbeartas eagarthóireachta atá ag na hinstiúidí agus na comhlachtaí eile féin, d'fhéadfaidís coinníollacha éagsúla athúsáide a chur i bhfeidhm maidir lena bhfoilseachán féin. Is é seo a leanas gnáthfhoclaíocht an fhógra cóipchirt:

© An tAontas Eorpach, [bliain]

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinsé a lua.

I gcás ina mbeadh údar maith leo, féadfar coinníollacha dochta a chur i bhfeidhm:

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann, [bliain]

Gach ceart ar cosaint.

Cuireann Oifig na bhFoilseachán chun cinn in athúsáidteacht fhoilseacháin gach institiúide, comhlachta, oifige agus gníomhaireachta ar aon chaoi, de réir threoirphrionsabail [Threoir \(AE\) 2019/1024 an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid](#). Féadfaidh seirbhísí a dteastaíonn sé uathu a gcuid foilseachán a dhéanamh níos oscailte an fhoclaíocht 'údaraítear athúsáid' a úsáid agus na coinníollacha a luaitear thuas a chur i bhfeidhm.



Má bhíonn ceist agat, déan teagmháil leis an tseirbhís atá i gceannas ar chúrsaí cóipchirt in Oifig na bhFoilseachán (OP-COPYRIGHT@publications.europa.eu).

5.4.3. Copyrighted elements used in a publication (athbhreithniú iomlán)

Ní mór eilimintí ealaíonta nó sonracha a shainaithint agus a aithint nuair a úsáidtear i bhfoilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh iad. Tá sé ríthábhachtach eilimintí ar le tríú páirtithe a gcóipcheart a shainaithint (iad siúd ó bhainc stoc-íomhánna san áireamh), na cearta ina leith a imríteach agus an t-aitheantas a thabhairt dóibh.

Eilimintí faoi chóipcheart a úsáidtear i bhfoilseachán

Is leis an Aontas Eorpach nó an comhlacht ábhartha a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige an cóipcheart ar na heilimintí a chruthaíonn baill foirne an Aontais Eorpaigh (féach Airteagal 18 de na [Rialacháin Foirne](#)). Is amhlaidh atá chomh maith i gcás eilimintí a sholáthraítear le conradh caighdeánach. Sna cásanna sin, clúdaítear an foilseachán ar fad leis an bhfógra cóipchirt, toisc gur leis an Aontas Eorpach an cóipcheart ar an téacs agus ar na heilimintí breise.

Moltar, áfach, go dtabharfaí eolas san fhógra cóipchirt maidir leis na heilimintí sonracha atá san fhoilseachán. Féadfar an fhoclaíocht seo a leanas a úsáid:

[Léaráid/Grianghraf/etc.], lch ..., © An tAontas Eorpach, [bliain]

[Léaráid/Grianghraf/etc.], lch ..., © An Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, [bliain]

[Léaráid/Grianghraf/etc.], lch ..., © An Banc Ceannais Eorpach, [bliain]

[Léaráid/Grianghraf/etc.], lch ..., © [ainm na gníomhaireachta], [bliain]

Eilimintí ar le trío páirtithe iad

Tá sé rithabhachtach eilimintí ar le trío páirtithe a gcóipcheart a shainaithint (iad siúd ó bhainc stoc-íomhánna san áireamh), na cearta ina leith a imreiteach agus an t aitheantas a thabhairt dóibh nuair a úsáidtear iad i bhfoilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh.

Maidir le haon úsáid nó atáirgeadh grianghraf nó ábhair eile nach bhfuil faoi chóipcheart an Aontais Eorpaigh ná an chomhlachta ábhartha a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige, ní mór cead a iarraidh ar shealbhóir an chóipchirt ábhartha le haghaidh gach eiliminte, seachas má bhíonn eisceacht nó srian ar an gcóipcheart i bhfeidhm (an t eisceacht maidir le hathfhriotal, cuir i gcás). Ní mór na heilimintí sin a aithint san fhógra cóipchirt. Seachas má cheanglaítear leis an gcead a fhaightear nó leis an gceadúnas a thugann sealbhóir an chóipchirt modh áirithe chun an t aitheantas a thabhairt, is féidir an fhoclaíocht seo a leanas a úsáid:

Chun eilimintí nach bhfuil faoi úinéireacht [an Aontais Eorpaigh/an chomhlachta ábhartha a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige] a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí na gcearta ábhartha. Ní leis [an Aontas Eorpach/an gcomhlacht ábhartha a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige] an cóipcheart i ndáil leis na heilimintí seo a leanas:

- clúdach, [an eilimint lena mbaineann], [foinse: e.g. Unsplash.com],
- leathanach ..., [an eilimint lena mbaineann], [foinse: e.g. Fotolia.com], [údar], gach ceart ar cosaint,
- leathanach ..., [an eilimint lena mbaineann], [foinse: e.g. Getty Images], [údar], faoi cheadúnas CC BY 2.0 [+ nasc leis an gceadúnas],
- [léaráid/grianghraf/etc.], lch. ..., © [ainm an ealaíontóra], [bliain], gach ceart ar cosaint.

Cé gur inmholta gach eilimint trío páirtí a lua as féin, mura bhfuil sin indéanta ó thaobh na teicneolaíochta de, agus ar choinníoll go ndearnadh na heilimintí sin ar fad a mharcáil tríd síos an fhoilseachán, féadfar an clásal ginearálta seo a leanas a úsáid san fhógra cóipchirt:

Chun eilimintí nach bhfuil faoi úinéireacht [an Aontais Eorpaigh/an chomhlachta ábhartha a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige] a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí na gcearta ábhartha.

Ceadúnais chóipchirt Creative Commons a chlúdaíonn eilimintí trío páirtí

Féadfar eilimintí trío páirtí atá ceadúnaithe faoi [cheadúnais chóipchirt Creative Commons, nó atá tiomnaithe don fhearann poiblí](#), a úsáid i bhfoilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh. Agus na heilimintí sin á n úsáid, tá sé fíor-riachtanach cloí leis na coinníollacha a chuireann na ceadúnais chóipchirt éagsúla Creative Commons i bhfeidhm.

Mar a léirítear i [Pointe 5.4.2](#), is é CC BY 4.0 atá roghnaithe ag an gCoimisiún agus ag an gCúirt Iniúchóirí maidir lena saothair féin a fhoilsiú.

Cearta íomhá agus pearsantachta agus cearta eile

Chun íomhá a úsáid ina bhfuil daoine inaitheanta, d'fhéadfadh sé gur ghá cearta príobháideachais nó cearta pearsantachta eile den chineál céanna a imreiteach. Ní hionann iad agus cóipcheart nó cearta eile maoine intleachtúla agus níor cheart iad a mheascadh leo. Ciallaíonn sé sin gur gá a dhearbhu gur thug an duine/na daoine a léirítear ann údarús as gach úsáid bheartaithe dá íomhá/n íomhá, gan beann ar úinéireacht chóipchirt íomhá (an tAontas Eorpach nó trío páirtí). Mar shampla, níl cearta

príobháideachais ná pearsantachta san áireamh sna cearta a thugtar le ceadúnais chóipchirt Creative Commons, toisc gur ceadúnais chóipchirt iad.

Thairis sin, i dtíortha áirithe, d'fhéadfadh sé gur ghá cead breise a iarraidh chun íomhá de shaothar ealaíne a úsáid (e.g. pictiúr, dealbh nó foirgneamh neamhghnách).



Má bhíonn ceist agat, déan teagmháil leis an tseirbhís atá i gceannas ar chúrsaí cóipchirt in Oifig na bhFoilseachán (OP-COPYRIGHT@publications.europa.eu).

5.4.4. Ráitis séanta eile (athbhreithniú iomlán)

Sa bhreis ar an bhfógra cóipchirt agus na coinníollacha maidir leis an bhfoilseachán a athúsáid, féadfar na séantaí dlíthiúla seo a leanas a úsáid, más infheidhme:

1. Níl an [institiúid/comhlacht/ghníomhaireacht] ná aon duine eile atá ag gníomhú thar ceann [na hinstitiúide/an chomhlachta/na gníomhaireachta] freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an eolas thíos.
2. Níor cheart a mheas gurb é atá sa doiciméad seo seasamh oifigiúil [na hinstitiúide/an chomhlachta/na gníomhaireachta].
3. Ní chuireann an tuarascáil seo dlíteanas de chineál ar bith ar an [institiúid/gcomhlacht/ngníomhaireacht].
4. Ní gá go léiríonn a bhfuil san fhoilseachán seo seasamh ná dearcadh [na hinstitiúide/an chomhlachta/na gníomhaireachta].
5. Is tuairimí de chuid an údair/na n-údar amháin na tuairimí a nochtar agus níor cheart a mheas gurb é atá iontu seasamh oifigiúil [na hinstitiúide/an chomhlachta/na gníomhaireachta].



Má bhíonn ceist agat, déan teagmháil leis an tseirbhís atá i gceannas ar chúrsaí cóipchirt in Oifig na bhFoilseachán (OP-COPYRIGHT@publications.europa.eu).

5.5. Réamhthéacsanna agus téacsanna

Cuimsíonn na réamhleathanaigh, ar a dtugtar an t-ábhar tosaigh freisin, an dúthracht, an réamhrá, an réamhrá agus an réamhrá, agus tá an t-innéacs mar chuid den ábhar deiridh.

5.5.1. An tiomnú

Go hiondúil, bíonn an tiomnú an-ghearr agus scríobhtar é i gcarachtair atá níos lú ná na carachtair sa chuid eile den téacs. Cuirtear an tiomnú díreach os cionn lár optach an leathanaigh agus fágtar cúl an leathanaigh bán.

5.5.2. An réamhaiste, an brollach, an réamhrá

Bíonn an réamhaiste ag tús an tsaothair; is é is aidhm léi údar an tsaothair nó an saothar féin a chur os comhair an léitheora. Is é is gnáthaí nach é an t-údar féin a chumann an réamhaiste. Ní hionann na carachtair a úsáidtear sa réamhaiste agus sa chuid eile den téacs; de ghnáth bíonn an chéad cheann acu sin i gcló iodálach agus d'fhéadfadh sé a bheith níos mó.

Is é an t-údar féin a chumann an brollach agus is éard atá ann tuairisc ghearr den saothar, ina gcuireann an t-údar a chuid smaointe os comhair an léitheora. Is iondúil go mbíonn sé sa chló rómhánach.

Is é an t-údar féin a chumann an réamhrá agus is é is aidhm leis struchtúr an tsaothair a chur os comhair an léitheora. De ghnáth, is ionann na carachtair a úsáidtear sa réamhrá agus na carachtair a úsáidtear sa chuid eile den téacs.

5.5.3. Clár na n-ábhar

Is tábla é clár na n-ábhar arb é atá ann na teidil bheachta is ábhar do ranna an téacs. Os comhair gach teidil bíonn uimhir an leathanaigh arb é céadleathanach na roinne i dtrácht é; is féidir an dá rud sin a bheith nasctha le chéile ag sraith poncanna.

De bhreis ar chlár ginearálta, féadfaidh clár tánaisteach a bheith ag gabháil le gach roinn. Is den ghnáthchleachtas é an clár ginearálta a bheith ann ag tús saothair. Féadfaidh liosta léaráidí agus liosta táblaí agus graf a bheith i ndiaidh chlár na n-ábhar.

5.5.4. An leabharliosta

Ag deireadh an tsaothair a chuirtear an leabharliosta de ghnáth.

Tá níos mó eolais faoi thagairtí bibleagrafaíocha, i [bPointe 5.9.4.](#)

5.5.5. An t-innéacs

Is éard atá san innéacs liosta mionsonraithe ina n-aicmítear, abháir, ainmneacha daoine, logainmneacha, ócáidí, eochairfhocail, etc. a luaitear i saothar agus ina sonraítear an áit ina bhfuil siad sa saothar sin.

Is féidir an t-innéacs a aicmiú de réir critéir éagsúla: an aibítir, an t-ábhar, an t-am, uimhreacha, etc.

Is minic a bhíonn roinnt fochórais aicmiúcháin faoi réir a chéile laistigh d’aon innéacs amháin.

Is féidir saininnéacs a thiomsú (innéacs údar, logainmneacha, etc.) nó gach eolas a bheith in aon innéacs ginearálta amháin.

Leagan amach na n-innéacsanna

Le linn an phróisis táirgthe, tar éis na leathanaigh a bheith leagtha amach, is faoin tseirbhís is údar atá sé an t-innéacs a chríochnú agus a sheiceáil (mar shampla, is é an t-údar atá freagrach as gach uimhir leathanaigh a sheiceáil in aghaidh gach iontrála).

Más i bhfoirm leabhrán ar leith a fhoilsítear innéacs an tsaothair, ní mór údar, teideal, dáta foilsithe an tsaothair, agus áit an fhoilsithe a lua i dteideal an leabhráin, díreach mar atá siad ar an leathanach teidil.

I gcás teideal innéacs a ghabhann le tréimhseacháin nó le sraithfhoilseacháin, luaitear an teideal ina iomláine, uimhir an imleabhair agus an tréimhse a chlúdaíonn an t-innéacs.

I gcás tréimhseachán, moltar innéacsanna carnacha a chur le hinnéacsanna na n-imleabhar. Sa chás sin, ba cheart bliain agus uimhir an imleabhair a lua sna tagairtí.

Má tá gach leabhrán uimhrithe ar bhonn leithligh, ba cheart uimhir an leabhráin nó an dáta a bheith sa tagairt.

Ní mór na teidil reatha a bheith ar an dá thaobh de gach leathanach agus ní mór teideal an tsaothair agus an cineál innéacs a lua. Más innéacs an-mhór é, moltar túsliitreacha an chéad fhocail agus an fhocail deiridh, nó na focail féin, a phriontáil sa chúinne uachtarach agus ar imeall gach leathanaigh.

Más ag tús an fhoilseacháin atá an t-innéacs, ní mór an t-uimhriú leathanach a bheith éagsúil le huimhriú leathanach an chuid eile den téacs.

Ní mór innéacsanna tréimhseachán nó sraithfhoilseachán eile a fhoilsiú de réir imleabhair, agus, a oiread is praiticiúil, uair sa bhliain. Ar an gcuma céanna, ní mór innéacsanna carnacha a fhoilsiú go tráthrialta.

5.6. Struchtúr a chur ar an téacs

Ní mór téacs an tsaothair a leagan amach i bhfoirm an-soiléir ionas go léifear gan stró é. Is ceart mar sin an téacs a bhriseadh síos ina chodanna agus ina fhochoodanna chun nach gcuifear mearbhall ar na léitheoirí agus chun struchtúr maith a chur ar a bhfuil sa téacs. Chuige sin, níor cheart níos mó ná seacht gcineál teidil a bheith sa saothar. Ní mór téacs den mhéid agus den saghas céanna a chur i ndiaidh gach teidil idirmheánaigh áirithe tríd síos sa saothar.

Struchtúr ina bhfuil uimhriú casta

Is féidir an téacs a struchtúru ina chodanna, ceannteidil, caibidlí, ailt, míreanna, pointí, etc., agus leas a bhaint as uimhreacha, as litreacha, as daiseanna agus as pointí urchair. Úsáidtear an struchtúr uimhrithe mar a leanas de ghnáth, de réir ord íslitheach na n-uimhreacha:

- uimhreacha rómhánacha i gcás uachtair (I, II, III, IV, etc.),
- litreacha i gcás uachtair (A, B, C, D, etc.),
- uimhreacha arabacha (1, 2, 3, 4, etc.),
- litreacha i gcás íochtair idir lúibíní (a), (b), (c), (d), etc.,
- uimhreacha rómhánacha i gcás íochtair idir lúibíní (i), (ii), (iii), (iv), (v), etc.,
- daiseanna (—),
- pointí urchair i gcló trom (•).

- NB: — Is uimhreacha rómhánacha i gcás íochtair a úsáidtear san Iris Oifigiúil den chuid is mó (i gcás forannáin pointí (a), (b), etc.) Seachnaítear pointí urchair i gcló trom agus eagarthóireacht á déanamh ar ghníomhartha. Maidir leis na rialacha a bhaineann leis an Iris Oifigiúil, féach Cuid 1, [Pointe 2.7](#) agus [‘Táblaí achoimre’](#).
- Scartar uimhreacha rómhánacha agus litreacha i gcás uachtair ó théacs an teidil le dais fhada; cuirtear lánstad tar éis uimhreacha arabacha; cuirtear litreacha i gcás íochtair agus uimhreacha rómhánacha i gcás íochtair idir lúibíní: ná dearmadtar an lúibín tosaigh.

Is mar seo a roinntear saothar de ghnáth:

	Cuid a hAon OBAIR AN AONTAIS Caibidil 1 FORÁS AN AONTAIS Cuid 1 — An Staid pholaitiúil ghinearálta A — Cumhachtaí buiséadacha
1. Príomhfhorbairtí (a) Treoracha arna nglacadh	

Struchtúr gan uimhriú

Bealach eile chun na forannáin téacs a léiriú is ea luachanna cló-aghaidhe difriúla a úsáid chun luach beacht a thabhairt do gach ceannteideal agus fo-cheannteideal, gan ranna, caibidlí, etc. a dhéanamh den téacs:

	OBAIR AN AONTAIS FORÁS AN AONTAIS An Staid pholaitiúil ghinearálta Cumhachtaí buiséadacha
Príomhfhorbairtí Treoracha arna nglacadh	

Struchtúr uimhrithe dheachúil

Féadfar uimhriú deachúil a úsáid freisin:

Cuid a hAon — OBAIR AN AONTAIS

Caibidil I — FORÁS AN AONTAIS

1. Staid pholaitiúil ghinearálta

1.1. Cumhachtaí buiséadacha

1.1.1. Príomhfhorbairtí

Sa chás sin, moltar gan an iomarca cineálacha fo-cheannteideal a úsáid.

Struchtúr uimhrithe leanúnaigh

I gcás foilseachán ina bhfuil a lán tagairtí do chodanna eile den saothar céanna, bíonn sé caoithiúil uaireanta uimhriú leanúnach a chur ar na míreanna. Ar an gcaoi sin, is féidir na tagairtí a chur isteach sula ndéantar an t-uimhriú deiridh.

Is féidir an t-uimhriú leanúnach a úsáid mar aon le ceann de na struchtúir uimhrithe eile.

5.7. Liostaí

Liostaí simplí

Léirítear na ceithre chineál liostaí simplí thíos.

- (a) I gcás liostaí de mhíreanna gearra (gan príomhbhriathra), ba cheart abairt iomlán tosaigh a bheith rompu agus ba cheart na gnéithe seo a leanas a bheith san áireamh:
 - (i) idirstad ag deireadh na habairte tosaigh,
 - (ii) gan ceannlitreacha tosaigh,
 - (iii) gan phoncaíocht (míreanna an-ghearr), nó camóg tar éis gach míre,
 - (iv) lánstad ag an deireadh.
- (b) I gcás inar comhlánú í gach mír ar an abairt tosaigh, ba cheart:
 - (i) idirstad a chur ag deireadh na habairte tosaigh;
 - (ii) céadlitir gach míre a bheith i gcás íochtair;
 - (iii) leathstad a chur ag deireadh gach míre;
 - (iv) lánstad a bheith ag deireadh na míre deiridh.

Moltar féachaint chuige nach dtéann an abairt ar aghaidh tar éis an liosta pointí.

- (c) Más rud é gur ráitis iomlána iad na míreanna uile, nach bhfuil gaol gramadúil acu leis an abairt tosaigh, déantar an méid seo a leanas:
 - (i) cuirtear idirstad ag deireadh na habairte tosaigh;
 - (ii) lipéadaítear gach mír leis an bpointe urchair, leis an uimhir nó leis an litir iomchuí;
 - (iii) cuirtear céadlitir gach míre i gcás íochtair;
 - (iv) cuirtear leathstad ag deireadh gach míre;
 - (v) cuirtear lánstad ag deireadh an liosta.

- (d) Más rud é go bhfuil roinnt abairtí iomlána in aon cheann de na míreanna, bíonn príomhabairt roimh an liosta agus leantar na céimeanna thíos.
- (i) Ná húsáidtear idirstad ag deireadh na habairte tosaigh.
 - (ii) Lipéadaítear gach mír leis an bpointe urchair, leis an uimhir nó leis an litir iomchuí.
 - (iii) Cuirtear tús le gach mír le litir i gcás uachtair.
 - (iv) Cuirtear lánstad ag deireadh gach ráitis. Dá réir sin, is féidir roinnt abairtí a bheith faoi aon mhír amháin gan an phoncaíocht a bheith ina cúis mhearbhaill.

Is é an cineál deiridh sin príomhchineál na scríbhneoireachta riaracháin. Féadfaidh an liosta pointí dul thar roinnt leathanach, rud a fhágann go bhfuil sé fíor-riachtanach gan abairt neamhiomlán ná abairt a chríochnaíonn ar idirstad a bheith mar abairt tosaigh.

NB: Maidir leis na rialacha a bhaineann leis an Iris Oifigiúil, féach [Pointe 3.5](#).

Liostaí iolracha

I dtaca le liostaí iolracha, leantar na rialacha maidir le roinnt an téacs le huimhreacha, litreacha, daiseanna agus lánstadanna:

Dúbailte	Triarach	Ceathrúil
XXXXXXXX: 1. xxxxxx: (a) xxxx, (b) xxxx, (c) xxxx; 2. xxxx.	XXXXXXXX: 1. xxxxxx: (a) xxxx: — xxxx, — xxxx; (b) xxxx; 2. xxxx.	XXXXXXXX: 1. xxxxxx: (a) xxxx: — xxxx; — xxxx: • xxxx, • xxxx; (b) xxxx; 2. xxxx.

5.8. Téacs a aibhsiú

I nGaeilge, is féidir cló iodálach a úsáid chun aire an léitheora a dhíriú ar fhocal, ar fhrása nó ar shliocht a theastaíonn ón údar a aibhsiú, chun focail iasachta a lua nó chun teideal iomlán saothair a chur in iúl (féach [Pointe 5.9.4](#)).

Sa téacs i gcló iodálach, is i litreacha rómhánacha a scríobhtar na focail atá le haibhsiú.

Má táthar ag iarraidh cló iodálach a sheachaint, is féidir comharthaí athfhriotail a úsáid chun focail áirithe a aibhsiú. Mar sin féin, ná húsáidtear comharthaí athfhriotail in éineacht le cló iodálach.

Is féidir téacs a aibhsiú freisin le litreacha i gcló trom, ach ná baintear ró-úsáid as.

Ní mór a bheith cúramach gan ró-úsáid a bhaint as na cineálacha éagsúla cló mar go scriosfaí a n-éifeachtacht, mar a thaispeántar sna samplaí seo a leanas:

I ngeall ar *dhá phríomhchúis* chinn lucht chur chun cinn Chonradh na Róimhe *na fíonta, na húrfhíonta fíonchaor agus na súnna fíonchaor* a áireamh i liosta na dtáirgí talmhaíochta (Iarscríbhinn II) nach foláir comhbheartas talmhaíochta a ullmhú ina leith.

Feictear fiú na **fíonchaora boird** ar an **liosta táirgí** céanna, mar nach bhfeileann sé ceannteideal **ar leithligh** a thabhairt dóibh, mar is cuid den chatagóir **torthaí** iad agus tá siad faoi réir na bhforálacha a bhaineann leis an earnáil **torthaí agus glasraí**.

5.9. Tagairtí

Is ionann tagairt agus sonra beacht lenar féidir lua a aimsiú nó saothar nó cuid de shaothar a lua maidir leis an ábhar atá idir lámha nó maidir le hábhar a bhfuiltear ag déanamh crostagartha dó, bíodh sé sa téacs nó sna fonótaí. Leantar foirm uimhrithe bhunaidh na rialachán, na dtreoracha, airteagail na gConarthaí, cásanna na Cúirte Breithiúnais etc. Ní mór a bheith cúramach teidil na ngníomhartha AE éagsúla a lua go beacht agus tagairtí á dtrascríobh.

Nuair is cuid den phríomhthéacs iad na tagairtí, ní mór iad a bheith gonta agus is fearr iad a chur idir lúibíní.

5.9.1. Tagairtí do reachtaíocht an Aontais Eorpaigh

Tagairtí a chur in iúl

Maidir tagairtí do reachtaíocht an Aontais Eorpaigh a chur in iúl sna téacsanna a fhoilsítear san Iris Oifigiúil agus uimhriú na ngníomhartha, féach [Cuid a hAon](#).

Sna foilseacháin eile seachas an Iris Oifigiúil, is féidir teidil na ngníomhartha a lua ar bhealach níos scaoilte. Mar sin féin, ní mór a bheith cúramach i ngach cás gan na heilimintí bunaidh i dteideal an ghnímh (ainm, uimhir, údar, dáta agus teideal an ghnímh) a scaradh óna chéile le camóga agus gan camóg a úsáid i ndiaidh an teidil:

Foráiltear le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 go ...

Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 1204/2009 go ...

Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle an 16 Samhain 2009 lena mbunaítear córas díolúintí Comhphobail ó dhleachtanna custaim go ...

Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle maidir le córas díolúintí Comhphobail ó dhleachtanna custaim go ...

Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 maidir le córas díolúintí Comhphobail ó dhleachtanna custaim go ...

Ar ndóigh is féidir camóga a úsáid más gá sin i ngeall ar an gcomhréir laistigh de theideal:

Le Rialachán (CE) Uimh. 1307/2008 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2008 lena socraítear, le haghaidh shéasúr iascaigh 2009, na praghsanna tagartha do tháirgí iascaigh foráiltear go ...

Sna ngníomhartha leasaitheacha, cuirtear teideal an ghnímh i mbloc amháin agus ní bhíonn aon phoncaíocht idir codanna éagsúla na ngníomhartha atá á leasú:

Rialachán (AE) Uimh. 1204/2009 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 968/2006 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 320/2006 ón gComhairle lena mbunaítear scéim shealadach chun tionscal an tsiúcra sa Chomhphobal Eorpach a athstruchtú ...

Úsáid ‘agus’ nó ‘go’

Nuair a bhíonn roinnt rialachán, airteagal, etc. in aon abairt amháin, úsáidtear ‘agus’ nó ‘go’ de réir na rialacha seo a leanas:

- (1) suas go dtí trí uimhir, úsáid ‘agus’ agus scríobh gach uimhir:

Rialacháin (AE) 2015/17, 2015/18 agus 2015/19 (*gníomhartha leis an bhfearann céanna*)

Rialacháin (AE) 2015/17, 2015/18 agus 2015/19 agus (AE, Euratom) 2015/623 (*gníomhartha le fearainn éagsúla*)

Airteagail 2, 3 agus 4

- (2) níos mó ná trí uimhir:

Rialacháin (AE) 2016/52 go 2016/56

Airteagail 2 go 8

Seachnaítear an fleiscín i lua den saghas sin i ngach cás; má úsáidtear foirm ar nós Rialacháin (AE) 2016/52-2016/56 d’fhéadfaí 2016/52 agus 2016/56, nó 2016/52 go 2016/56 a thuiscint. Ar mhaithe le beachtas, mar sin, ní mór na foirmeacha ‘agus’ nó ‘go’ amháin a úsáid.

Tagairtí don Iris Oifigiúil

Féach [Pointe 3.1](#).

5.9.2. Tagairtí do na Conarthaí

I gcás crostagairtí do na hairteagail sna Conarthaí, ní mór an-aird a thabhairt ar na céimeanna stairiúla éagsúla, go háirithe maidir le hathuimhriú an Chonartha ar an Aontas Eorpach. Tar éis gach leasú ar na Conarthaí, coinneoidh na gníomhartha a bhí ann roimh an leasú sin an t-uimhriú bunaidh agus an teideal bunaidh.

Conradh Pharás (1952)

(síniú: 18.4.1951, teacht i bhfeidhm: 23.7.1952)

Bunaíodh an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach (CEGC) le Conradh Pharás, a chuaigh in éag an 23 Iúil 2002.

Conarthaí na Róimhe (1958)

(síniú: 25.3.1957, teacht i bhfeidhm: 1.1.1958)

Bunaíodh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE) agus Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom, nó CEFA) le Conarthaí na Róimhe.

Conradh na Bruiséile (1967)

(síniú: 8.4.1965, teacht i bhfeidhm: 1.7.1967)

Bhí Conradh na Bruiséile, ar a dtugtar ‘an Conradh Comhcheangail’ freisin, dírithe ar nuachóiriú na n-institiúidí Eorpacha agus ar Chomisiún aonair agus Comhairle aonair don trí Chomhphobal a bhí ann ag an am (CEGC, CEE agus Euratom) á bhunú. Aisghaireadh é le Conradh Amstardam.

Conradh Maastricht (1993)

(síniú: 7.2.1992, teacht i bhfeidhm: 1.11.1993)

Nuair a tháinig Conradh Maastricht, nó ‘an Conradh ar an Aontas Eorpach’ (Conradh AE nó CAE) i bhfeidhm, cuireadh an t-ainm ‘an Comhphobal Eorpach’ in ionad ‘Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa’. Leasaíodh Conradh CEE go Conradh CE.

I gConradh AE léiríodh na hairteagail le litreacha nó le litreacha agus le huimhreacha: ‘Airteagal A nó Airteagal K.1 de Chonradh AE’. Níorbh fholáir féachaint chuige gan tagairtí míchearta a úsáid, ar nós ‘Airteagal 130a den Chonradh ar an Aontas Eorpach’ ar thagairt do Chonradh CE í.

Ar an gcuma chéanna, níor úsáideadh an fhoirmle ‘arna leasú le Conradh AE’ (níorbh fholáir, mar shampla, ‘Airteagal 130a de Chonradh CE’ a úsáid de rogha ar ‘Airteagal 130a de Chonradh CE arna leasú le Conradh AE’).

Conradh Amstardam (1999)

(síníú: 2.10.1997, teacht i bhfeidhm: 1.5.1999)

De bhun Airteagal 12 de Chonradh Amstardam, rinneadh athuimhriú ar na hairteagail (Cuireadh Airteagal 1, 2, 3, etc. in ionad Airteagail A, B, C, etc.) agus léirítear sin i dtábla comhghaoil atá sa Chonradh sin.



Conradh Amstardam:
<https://publications.europa.eu/s/fp3S>

Conradh Nice (2003)

(síníú: 26.2.2001, teacht i bhfeidhm: 1.2.2003)

Bhí Conradh Nice dírithe ar na hinstiúidí a athchóiriú lena chinntiú go bhféadfadh an tAontas Eorpach leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go héifeachtach tar éis an mhéadaithe go 25 Bhallstát.

Conradh Liospóin (2009)

(síníú: 13.12.2007, teacht i bhfeidhm: 1.12.2009)

De bhun Airteagal 5 de Chonradh Liospóin, rinneadh athuimhriú arís ar Chonradh AE, agus léirítear sin i dtábla comhghaoil atá i gceangal le Conradh Liospóin.



Tábla comhghaoil, Conradh Liospóin:
https://eur-lex.europa.eu/resource.html?uri=cellar:8d1c14fc-6be7-4d4e-8416-f28cfc7b3b60.0011.01/DOC_17&format=PDF

Rinneadh an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (Conradh CE nó CCE) a leasú agus a athainmniú ‘an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)’.

Táthar tar éis an téarma ‘an tAontas Eorpach’, de réir bhír Chonradh CE, a chur in ionad ‘an Chomhphobal Eorpach’. Dá bhrí sin, ní mór ‘an Aontais’ nó ‘de chuid an Aontais’ nó foirm eile iomchuí a chur in ionad na dtéarmaí ‘an Chomhphobail’ nó ‘de chuid an Chomhphobail’:

beartas an Aontais (in ionad beartas an Chomhphobail)

saoránach den Aontas (in ionad saoránach den Chomhphobal)

NB: Glactar mar sin féin, le ‘Comhphobal’ agus leis an tuiséal ginideach i gcáil aidiachta ‘Chomhphobal/Chomhphobail’ a mhéid a bhaineann leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Conradh Euratom) agus úsáidtear é i dtagairtí stairiúla.



Féach [Pointe 3.4.1 freisin \(ord lua na gconarthaí i ngníomhartha\)](#).

5.9.3. Tagairtí do chásanna os comhair na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta



Foilseacháin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh: **EU:C:2005:446**

Foilseacháin nach foilseacháin de chuid na Cúirte Breithiúnais iad: **ECLI:EU:C:2005:446**

Foilseacháin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

Tuairiscí ar chásanna i bhfoirm dhigiteach

Ghlac Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh cur chuige nua chun an cásdlí a lua, mar atá an Sainaitheantóir Cásdlí Eorpach (is é sin an ECLI — cé nach luaitear an t-acrainm ‘ECLI’ féin) a úsáid in éineacht le gnáthainm an chinnidh agus uimhir an cháis sa chlár. Tá feidhm ag an gcur chuige nua seo maidir leis an gcásdlí ar fad ó 1954 i leith. De réir a chéile ón gcéad leath de 2014 i leith, chuir gach Cúirt/Binse de chuid an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm é, agus comhchuihbhíodh an cur chuige idir Cúirteanna an Aontais Eorpaigh in 2016:

Breithiúnas an 12 Iúil 2005, *Schempp*, C-403/03, EU:C:2005:446, mír 19

Murar foilsíodh an cinneadh ina iomláine sna Tuairiscí, úsáidtear an fhoirmle ‘nár foilsíodh’:

Breithiúnas an 6 Meitheamh 2007, *Walderdorff v an Coimisiún*, T-442/04, nár foilsíodh, EU:T:2007:161



Tuilleadh eolais

Suíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh: https://curia.europa.eu/jcms/jcms/P_125997/ga/

An Sainaitheantóir Cásdlí Eorpach (ECLI)

Féach [Pointe 4.5](#).



Tuairiscí ar chásanna ar pháipéar

Foilsíodh cásanna ar pháipéar in *Tuairiscí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ghinearálta* (go dtí 2011), nó in *Tuairiscí na Cúirte Breithiúnais — Tuairiscí na gCásanna Foirne* (go dtí 2009).

D’úsáid an Chúirt Bhreithiúnais, an Chúirt Ghinearálta agus Binse na Seirbhíse Sibhialta foirm ghearr inmheánach ina bhfoilseacháin féin, go háirithe i dTuairiscí na Cúirte Breithiúnais.

Tá foirmeacha éagsúla ag na tagairtí sna Tuairiscí sin, agus leaganacha éagsúla ar na tagairtí sin i dteangacha éagsúla, ach níor foilsíodh na Tuairiscí sin i nGaeilge.

NB: Tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin an 1 Nollaig 2009, tháinig ‘Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh’ in ionad ‘Cúirt Bhreithiúnas na gComhphobal Eorpach’ agus tháinig ‘an Chúirt Ghinearálta’ in ionad ‘Cúirt Chéadchéime na gComhphobal Eorpach’.

Foilseacháin nach foilseacháin de chuid na Cúirte Breithiúnais iad

Féadfar an cásdlí a lua freisin i bhfoilseacháin nach foilseacháin de chuid na Cúirte Breithiúnais iad: foilseacháin ghinearálta, gníomhartha dlí a fhoilsítear san Iris Oifigiúil (go háirithe cinntí ón gCoimisiún a bhaineann le státchabhair nó le comhchruinnithe etc.).

Ós rud é go mbíonn na foilseacháin sin dírithe ar an bpobal i gcoitinne, bíonn eolas breise sa lua.

NB: Ní mór na fógraí ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a fhoilsítear san Iris Oifigiúil a bheith i gcomhréir le rialacha na Cúirte Breithiúnais maidir le lua a dhéanamh.

Ón 1 Eanáir 2015 i leith, bíodh is go mbíonn saoirse éigin ag an údar i gcorp an téacs i dtaobh an cásdlí a lua, ní mór lua an ECLI san fhonóta a bheith caighdeánach.

Corp an téacs

Ní mór an méid seo a leanas a bheith sa tagairt a dhéantar don chásdlí:

- cineál an chinnidh (breithiúnas, ordú, etc.),
- ainm na cúirte.

Is féidir na heilimintí seo thíos a chur leis, más fiú sin sa chomhthéacs:

- gnáthainm an cháis,
- dáta an chinnidh.

Fonóta

Bíonn na heilimintí seo a leanas san fhormaid chaighdeánaithe i gcónaí, san ord atá thíos:

- cineál an chinnidh (breithiúnas, ordú, etc.),
- ainm na cúirte,
- dáta an chinnidh,
- gnáthainm an cháis,
- uimhir an cháis,
- ECLI an chinnidh,
- aon mhír atá ábhartha, más gá.

Rinne an Chúirt Bhreithiúnais Rialachán (CE) Uimh. 304/2003 a neamhniú ⁽¹⁾ [...]

⁽¹⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 10 Eanáir 2006, *an Coimisiún v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-178/03, ECLI:EU:C:2006:4, míreanna 60 go 65.

Ina breithiúnas an 10 Eanáir 2006 sa Chás *an Coimisiún v an Pharlaimint agus an Chomhairle* ⁽¹⁾, rinne an Chúirt Bhreithiúnais Rialachán (CE) Uimh. 304/2003 a neamhniú [...]

⁽¹⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 10 Eanáir 2006, *an Coimisiún v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-178/03, ECLI:EU:C:2006:4, mír 60.

Má dhéantar tagairtí éagsúla don chinneadh céanna sa doiciméad, is fearr a leagan síos, an chéad uair a luaitear an cinneadh, conas is ceart tagairt a dhéanamh dó uaidh sin amach:

Rinne an Chúirt Bhreithiúnais Rialachán (CE) Uimh. 304/2003 ⁽¹⁾ (dá ngairtear ‘an breithiúnas sa Chás *an Coimisiún v an Pharlaimint agus an Chomhairle*’ anseo feasta) a neamhniú [...]

Ina breithiúnas an 10 Eanáir 2006 sa Chás *an Coimisiún v an Pharlaimint agus an Chomhairle* ⁽¹⁾ (dá ngairtear ‘breithiúnas an 10 Eanáir 2006’ anseo feasta), rinne an Chúirt Bhreithiúnais Rialachán (CE) Uimh. 304/2003 a neamhniú [...]

Rinne an Chúirt Bhreithiúnais Rialachán (CE) Uimh. 304/2003 ⁽¹⁾ (dá ngairtear ‘an breithiúnas i gCás C-178/03’ anseo feasta) a neamhniú [...]

Bíonn feidhm ag an gcur chuige seo maidir le lua nuair a dhéantar tagairt do chinntí ón gCúirt Bhreithiúnais a foilsíodh ar pháipéar i dTuairiscí na Cúirte Breithiúnais agus do chinntí a foilsíodh, ó shin i leith, i bhformáid dhigiteach amháin.



Tábla achoimre

[Cur chuige maidir le lua i bhfoilseacháin nach foilseacháin de chuid na Cúirte Breithiúnais iad](#) (24 leagan teanga).

Cá háit ar féidir teacht ar ECLI?

Chun cuardach tapa a dhéanamh ar uimhir ECLI cinnidh ar bith, scríobh an chásuimhir isteach san fhoirm chuardaigh atá ar:

- suíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ([réimse ‘Case number’](#)) (<https://curia.europa.eu/juris/recherche.jsf?language=ga>),
- suíomh gréasáin EUR-Lex ([réimse ‘Cuardach téacs’](#)) (<https://eur-lex.europa.eu/advanced-search-form.html?locale=ga>).

Cá háit ar féidir teacht ar ghnáthainm an cháis?

Is í an Chúirt Bhreithiúnais a thugann an gnáthainm don chás. Chun teacht ar an ainm sin, ceadaiigh na liostaí atá ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ([an leathanach ‘Rochtain de réir uimhir an cháis’](#)) (https://curia.europa.eu/jcms/jcms/Jo2_7045/ga). I mBéarla agus i bhFraincis amháin atá na liostaí sin.



Anuas go dtí an 1 Eanáir 2015

I bhfoilseacháin nach foilseacháin de chuid na Cúirte Breithiúnais iad, i gcás tagairtí don chásdlí cuireadh isteach dáta an chinnidh agus bliain na tuarascála ón gcúirt chun an taighde bibleagrafaíoch a éascú don léitheoir, ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh sé ar an eolas faoin nasc a bhíonn idir bliain an fhoilsithe agus bliain an chinnidh.

- Anuas go dtí an 15 Samhain 1989:
Breithiúnas an 15 Eanáir 1986 i gCás 52/84 *an Coimisiún v an Bheilg* (ECR 1986, lch. 89, mír 12)
- Tar éis an 15 Samhain 1989 (tuairiscí ar chásanna a bhí os comhair na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta, arna bhfoilsiú ar leithligh):
Breithiúnas an 30 Eanáir 1992 i gCás C-328/90 *an Coimisiún v an Ghréig* (ECR 1992, lch. I-425, mír 2)
Breithiúnas an 28 Eanáir 1992 i gCás T-45/90 *Speybrouck v an Pharlaimint* (ECR 1992, lch. II-33, mír 2)
- Idir an 1 Eanáir 1994 agus an 31 Nollaig 2005 (cásanna foirne amháin):
Breithiúnas an 9 Feabhra 1994 i gCás T-3/92 *Latham v an Coimisiún* (ECR-SC 1994, lch. I-A-23 agus II-83, mír 2)
- Idir an 1 Eanáir 2006 agus an 31 Nollaig 2014 (cásanna foirne a bhí os comhair na Cúirte Breithiúnais, na Cúirte Ginearálta agus Bhinse na Seirbhíse Sibhialta):
Breithiúnas an 9 Samhain 2006 i gCás C-344/05 P *an Coimisiún v De Bry* (ECR-SC 2006, lch. I-B-2-19 agus II-B-2-127)
Breithiúnas an 8 Meitheamh 2006 i gCás T-156/03 *Pérez-Díaz v an Coimisiún* (ECR-SC 2006, lch. I-A-2-135 agus II-A-2-649)
Breithiúnas an 26 Deireadh Fómhair 2006 i gCás F-1/05 *Landgren v ETF* (ECR-SC 2006, lch. I-A-1-123 agus II-A-1-459)

5.9.4. Tagairtí bibleagrafaíocha

Áirítear le tagairtí bibleagrafaíocha gnéithe éagsúla a bhraitheann ar an gcineál acmhainn faisnéise dá dtagraítear agus ar an áit a n-úsáidtear í – i mbibleagrafaíocht, i bhfonóta nó sa téacs. Leanann cur i láthair na n-eilimintí tagartha (poncaíocht, formáidiú, etc.) an stíl chéanna i gcónaí, beag beann ar áit na tagartha. Maidir le hord na n-eilimintí, tá foirm shonrach ann le haghaidh tagairtí laistigh den téacs a leanann an córas tagartha ainm agus dáta.

Tagairt do shaothar iomlán

Ba cheart an t-ord eilimintí seo a leanas a ghlacadh, agus camóg idir gach eilimint ar leith:

1. údar nó eagarthóir (léirítear ról an eagarthóra le '(ed.)' nó '(eds)'):
 - údar corparáideach agus/nó
 - sloinne agus túslitir/túslitreacha nó céadainm an údair;
2. teideal an tsaothair i gcló iodálach agus, i gcás inarb iomchuí, uimhir an eagráin;
3. an foilsitheoir, áit an fhoilsithe (roghnach), bliain an fhoilsithe, etc.;
4. má tá sé ar fáil, aitheantóir seasmhach i bhfoirm aitheantóir aonfhoirmeach acmhainne (URI), aitheantóir oibiachta digítí (DOI) mar shampla:

An Coimisiún Eorpach: Ard Stiúrthóireacht na Cumarsáide, *Treoirleabhar gairid ar an Aontas*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2023, <https://data.europa.eu/doi/10.2775/247275>.

An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí, Kotevska, B. agus Pavlou, V., *Promotion of Gender Balance in Political Decision-making*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2023, <https://data.europa.eu/doi/10.2838/749712>.

Butcher, J., Drake, C. agus Leach, M., *Butcher's Copy-editing – The Cambridge handbook for editors, copy-editors and proofreaders*, 4ú heagrán, Cambridge University Press, 2006, <https://doi.org/10.1017/CBO9780511482106>.

Parkinson Zamora, L. agus Faris, W. B. (eds), *Magical Realism – Theory, history, community*, Duke University Press, Durham, 1995.

Tagairt do chuid de shaothar (píosa nó caibidil)

Ba cheart an t-ord eilimintí seo a leanas a ghlacadh, agus camóg idir gach eilimint ar leith:

1. údar:
 - údar corparáideach agus/nó
 - sloinne agus túslitir/túslitreacha nó céadainm an údair;
2. teideal an pháosa nó na caibidle, laistigh de chomharthaí athfhriotail;
3. eagarthóir an tsaothair, ‘in:’ roimhe, agus ‘(ed.)’ (nó ‘(eds)’) dá éis sin;
4. teideal an tsaothair i gcló iodálach agus, i gcás inarb iomchuí, uimhir an eagráin;
5. an foilsitheoir, áit an fhoilsithe, bliain an fhoilsithe (roghnach), leathanach/leathanaigh ábhartha, etc.;
6. má tá sé ar fáil, aitheantóir seasmhach i bhfoirm URI, aitheantóir oibiachta digítí mar shampla:

Slemon, S., ‘Magic realism as postcolonial discourse’, in: Parkinson Zamora, L. agus Faris, W. B. (eds), *Magical Realism – Theory, history, community*, Duke University Press, Durham, 1995, lgh. 407-426.

Tagairt do shraithfoilseachán nó do chuid de shraithfoilseachán

Ba cheart an t-ord eilimintí seo a leanas a ghlacadh, agus camóg idir gach eilimint ar leith:

1. má tá sé ar fáil, an t-údar:
 - údar corparáideach agus/nó
 - sloinne agus túslitir/túslitreacha nó céadainm an údair;
2. i gcás inarb iomchuí, teideal an ailt nó an eagráin iomláin, laistigh de chomharthaí athfhriotail;
3. teideal an tsraithfoilseacháin i gcló iodálach;
4. an líon nó an dáta;
5. an foilsitheoir (roghnach), áit an fhoilsithe (roghnach), bliain an fhoilsithe, leathanach/leathanaigh ábhartha, etc.;
6. má tá sé ar fáil, aitheantóir seasmhach i bhfoirm URI, aitheantóir oibiachta digítí mar shampla:

Coimisiún na gComhphobal Eorpach: an Ard-Stiúthóireacht um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais, ‘Economic transformation in Hungary and Poland’, *European Economy*, Uimh. 43, Márta 1990, Oifig Foilseachán Oifigiúil na gComhphobal Eorpach, Lucsamburg.

NB: Ón 1.7.2009: ‘Oifig Foilseacháin an Aontais Eorpaigh’. Déan cinnte go gcoinnítear an t-ainm bunaidh i bhfoilseacháin a eisíodh roimh an dáta sin.

Manley, S., Moslemzadeh Tehrani, P. agus Rasiah, R., ‘The (non-)use of African law by the International Criminal Court’, *European Journal of International Law*, Iml. 34, Eagrán 3, 2023, lgh. 555-580, <https://doi.org/10.1093/ejil/chad035>.

Tagairt do litríocht liath (páipéir oibre, tuarascálacha, miontuairiscí cruinnithe, etc.)

Ba cheart an t-ord eilimintí seo a leanas a ghlacadh, agus camóg idir gach eilimint ar leith:

1. údar:
 - údar corparáideach agus
 - i gcás inarb iomchuí, sloinne agus túslitir/túslitreacha nó céadainm an údair;
2. teideal an doiciméid, laistigh de chomharthaí athfhriotail;
3. uimhir an doiciméid/tagairt chláir;
4. dáta an doiciméid;
5. seoladh URI/URL (má tá sé ar fáil):

An Coimisiún Eorpach, 'Consultation on a monitoring framework for the 8th environment action programme', Ares(2021)4555569, an 14 Iúil 2021, <https://environment.ec.europa.eu/system/files/2021-07/Explanatory%20Note%20EAP%20Indicators.pdf>.

NB: Ní mheastar gur litríocht liath iad doiciméid a úsáidtear chun reachtaíocht an Aontais a ullmhú, amhail doiciméid COM nó SWD ón gCoimisiún (féach '[Doiciméid ullmhúcháin](#)' ar EUR-Lex). Ba cheart tagairt a dhéanamh dóibh ar an gcaoi chéanna le doiciméid dhlíthiúla. Má fhoilsítear doiciméad den sórt sin mar fhoilseachán leictreonach nó clóite le haitheantóirí sannta, amhail DOI, baineann an riail maidir le saothar iomlán a lua.

Tagairt do thacar sonraí

Ba cheart an t-ord eilimintí seo a leanas a ghlacadh, agus camóg idir gach eilimint ar leith:

1. údar:
 - údar corparáideach agus/nó
 - sloinne agus túslitir/túslitreacha nó céadainm an údair;
2. teideal an tacair sonraí, laistigh de chomharthaí athfhriotail;
3. uimhir leagain/eagráin (i gcás inarb iomchuí);
4. foilsitheoir, murab eisean an t-údar;
5. dáta an fhoilsithe:
 - dáta a cruthaíodh nó
 - má nuashonraíodh an fhoinse, dáta an nuashonraithe agus, idir lúibíní, dáta a cruthaíodh;
6. dáta an lua (an dáta a bhfuarthas rochtain ar an bhfoinse);
7. aitheantóir marthanach i bhfoirm URI, aitheantóir oibiachta digití mar shampla nó aitheantóir marthanach agus inréitithe eile a bhainistíonn an soláthraí sonraí:

An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht na Faisnéisíochta, 'National Interoperability Framework Observatory (NIFO) – Digital public administration factsheets 2020', Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, an 1 Nollaig 2020, rochtain deiridh an 6 Nollaig 2023, <https://doi.org/10.2906/100105103105116/1>.

An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí, 'Safety Gate (the EU rapid alert system – non-food)', Leagan 0.1, an 14 Nollaig 2018 (arna chruthú an 1 Feabhra 2016), rochtain deiridh an 16 Meitheamh 2023, <http://data.europa.eu/88u/dataset/rapex-rapid-alert-system-non-food>.

Tagairt do leathanach gréasáin

Ba cheart an t-ord eilimintí seo a leanas a ghlacadh, agus camóg idir gach eilimint ar leith:

1. údar:
 - údar corparáideach agus/nó
 - sloinne agus túslitir/túslitreacha nó céadainm an údair;
2. teideal an leathanaigh gréasáin, laistigh de chomharthaí athfhriotail;
3. teideal an tsuimh gréasáin;
4. má tá siad ar fáil, dáta an fhoilsithe:
 - dáta a cruthaíodh nó
 - má nuashonraíodh an fhoinsé, dáta an nuashonraithe agus, idir lúibíní, dáta a cruthaíodh;
5. dáta an lua (an dáta a bhfuarthas rochtain ar an bhfoinsé);
6. an seoladh URI/URL:

An Coimisiún Eorpach, 'Statement by the European Commission following the fourth meeting of the EU–UK Joint Committee', STATEMENT/20/1948, suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh, an 19 Deireadh Fómhair 2020, rochtain deiridh an 20 Meitheamh 2023, https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/statement_20_1948.

NB: An riail maidir le leathanaigh ghréasáin a lua, ní bhaineann sí le foilseacháin i bhformáid HTML. Cé go bhfuil an chuma orthu gur leathanaigh ghréasáin iad, sainiúnn iad le haitheantóirí idirnáisiúnta, lena n-áirítear aitheantóir oibiachta digitiúla, agus ba cheart iad a lua i gcomhréir leis an riail maidir leis an gcineál foilseacháin i gceist (saothar iomlán, cuid de shaothar, etc.).

Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, *Ról comhordúcháin na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí – Ag obair go héifeachtach den chuid is mó, ach tá roinnt laigí i mbainistíocht faisnéise, i soláthar foirne agus i dtuairisciú*, Tuarascáil speisialta 02/2024, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2024, <https://data.europa.eu/doi/10.2865/89786>.

Tagairt do phostáil ar na meáin shóisialta

Ba cheart an t-ord eilimintí seo a leanas a ghlacadh, agus camóg idir gach eilimint ar leith:

1. údar:
 - údar corparáideach nó
 - sloinne agus túslitir/túslitreacha nó céadainm an údair;
2. céannacht an údair ar na meáin shóisialta leis an ainm meán sóisialta roimhe mar aon le hidirstad, idir lúibíní;
3. teideal nó ábhar (giorraithe) na postála, laistigh de chomharthaí athfhriotail;
4. i gcás athphostála, ainm agus céannacht meán sóisialta an údair bunaidh;
5. dáta an fhoilsithe;
6. dáta an lua (an dáta a bhfuarthas rochtain ar an bhfoinsé);
7. an seoladh URI/URL:

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (Facebook: @Cordis_EU), '75 Results Packs publications, thematic collections of #H2020 #EUfunded research projects, offered on Cordis', an 16 Samhain 2020, rochtain deiridh an 29 Lúnasa 2023, <https://www.facebook.com/EUresearchResults/posts/1116540438853325>.

Tagairtí laistigh den téacs

I gcás tagairtí laistigh den téacs baintear úsáid as sloinne an údair/ainm an údair chorpáraidigh agus bliain an fhoilsithe, amhail '(Barrett, 1991)'.

I gcás ina bhfuil dhá fhoilseachán nó níos mó in aon bhliain amháin ó údar atá luaite, leanann 'a', 'b', 'c' etc., gan spás, amhail '(Barrett, 1991a)'.

... agus pléitear a thuilleadh sa doiciméad *Guidance on energy transmission infrastructure and EU nature legislation* (An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúirthóireacht an Chomhshaoil, 2018a).

Sa chás sin, cuirtear an bhliain sa dara háit sna hiontrálacha sa leabharliosta, idir lúibíní, agus ní chuirtear san áit dheireanach ná san áit leathdheireanach iad:

An Coimisiún Eorpach (2018), 'In-depth analysis in support of the Commission communication COM(2018) 773 – A clean planet for all – A European long-term strategic vision for a prosperous, modern, competitive and climate neutral economy', an 28 Samhain, https://climate.ec.europa.eu/system/files/2018-11/com_2018_733_analysis_in_support_en.pdf.

An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúirthóireacht an Chomhshaoil (2013), *Guidelines on Wilderness in Natura 2000 – Management of terrestrial wilderness and wild areas within the Natura 2000 network*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, <https://data.europa.eu/doi/10.2779/33572>.

An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúirthóireacht an Chomhshaoil (2018a), *Guidance on energy transmission infrastructure and EU nature legislation*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, <https://data.europa.eu/doi/10.2779/827210>.

An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúirthóireacht an Chomhshaoil (2018b), *Guidance on the requirements for hydropower in relation to Natura 2000*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, <https://data.europa.eu/doi/10.2779/43645>.

An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúirthóireacht an Chomhshaoil (2019), *Managing Natura 2000 Sites – The provisions of Article 6 of the 'Habitats' Directive 92/43/EEC*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, <https://data.europa.eu/doi/10.2779/02245>.

Ginearálta

I dtagairtí do shaothair ó roinnt údar luaitear údair uile an tsaothair nuair atá cúig údar nó níos lú ann san iomlán (an t-údar corparáideach san áireamh), nó na chéad chúig údar agus 'et al.' nuair atá níos mó ná cúig údar i gceist san iomlán:

An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí, Pirona, A., Atkinson, A., Sumnall, H. agus Begley, E., *Health Responses to New Psychoactive Substances*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2016, <https://data.europa.eu/doi/10.2810/536519>.

Jakimovski, D., Grozdanovski, K., Rangelov, G., Pavleva, V., Banović, P. et al., 'Cases of Crimean-Congo haemorrhagic fever in North Macedonia, July to August 2023', *Eurosurveillance*, Iml. 28, Eagrán 34, 2023, <https://data.europa.eu/doi/10.2807/1560-7917.ES.2023.28.34.2300409>.

Ar mhaithe le simplíocht, is iad na gnáthfhocail ghiorraithe agus na gnáthchoimriúcháin a úsáidtear: lch., Iml., etc. (féach [Iarscríbhinn A3](#)). Ní mór gach nóta míniúcháin – uimhir an eagráin, áit an fhoilsithe, etc. – a bheith i nGaeilge.

5.10. Athfhriotail

Bíonn na nithe seo thíos i bpíosa athfhriotail:

- sleachta a thógtar as saothair eile,
- focail agus smaointe tríú páirtí a thuairiscítear sa téacs.

Sa chlógghrafaíocht, tá rogha idir dhá chur chuige chun athfhriotail a chur in iúl:

- cló iodálach nó clómhéid níos lú a úsáid le haghaidh sleachta níos faide;
- comharthaí athfhriotail a úsáid le haghaidh athfhriotail níos giorra.

Déantar gnáth-athfhriotal (athfhriotal arb é atá ann focail nó frásaí a thógtar go díreach ó dhuine aonair) a chuimsiú sa téacs reatha idir comharthaí athfhriotail.

Úsáidtear comharthaí singile athfhriotail, agus úsáidtear comharthaí dúbailte athfhriotail le haghaidh phíosa athfhriotail laistigh de phíosa athfhriotail eile (féach [Pointe 4.2.3](#) (comharthaí athfhriotail)).

‘Xxxxx xxxxxx “xx xxxx xxx” xxx xxxxx.’

Má fhágtar focal nó cuid de phíosa athfhriotail ar lár ón téacs, ba cheart trí phonc (an comhartha focalbhá) a chur ina áit. Bíonn spás crua roimhe agus bíonn gnáthspás nó comhartha poncaíochta ábhartha ina dhiaidh.

‘Xxxxx ... xxx.’

Más rud é go bhfuil comhartha focalbhá cheana san ábhar a luaitear ba cheart aon chomhartha focalbhá eagarthóireachta a chur idir lúibíní cearnacha.

‘Xxxxx xxxxx ... xxx xxxxx [...] xxx xxxxx.’

NB: Más rud é nach mbaineann na seirbhísí is údar úsáid as lúibíní cearnacha chun na codanna de phíosa athfhriotail a fágadh ar lár a léiriú agus toisc nach féidir le seirbhísí eagarthóireachta Oifig na bhFoilseachán idirdhealú a dhéanamh idir nithe a fágadh ar lár chun críocha eagarthóireachta agus comhartha focalbhá a úsáidtear sa doiciméad bunaidh chun dul i gcion ar an léitheoir, tá de cheangal orthu gnáthfhoirmle a úsáid: gnáthspás a thagann roimh an gcomhartha focalbhá i gcónaí agus gnáthspás nó comhartha poncaíochta a thagann ina dhiaidh.

I gcás ina bhfágtar líne nó paragraf ar lár agus ina gcuirtear comhartha focalbhá ina ionad, ba cheart an comhartha focalbhá a chur idir lúibíní cearnacha ar líne ar leithligh.

‘Xxx xxxxx xxx.

[...]

Xxxxxxx xx x xxx.’

5.11. Ábhar ealaíonta (léirithe)

Grianghraif, líníochtaí, léaráidí agus graif

Ní mór na grianghraif bhunaidh dhubha agus bhána a bheith an-soiléir agus codarsnacht mhaith a bheith iontu, agus is fearr iad a bheith ar pháipéar bán snasta, d’fhonn atáirgeadh dílis a dhéanamh ar na leath-thoin. Ní mór na doiciméid a bheith glan agus gan iad a bheith fillte ná rocach nuair a chuirtear isteach go hOifig na bhFoilseachán iad.

Ceannscríbhinní

Ní mór ceannscríbhinní na bhfigiúr agus na ngraf a bheith beacht agus soiléir agus níor cheart dóibh aird a tharraing ón léiriú.

Dathanna

Nuair a mhaisítear saothar ní mór na dathanna a úsáidtear a bheith in oiriúint don inneachar agus do leagan amach iomlán an tsaothair. Dá mhéid dathanna a úsáidtear is ea is casta an táirgeadh agus is mó an costas deiridh.

Nuair a chlóbhuailtear grianghraif dhaite, mar shampla, is gá páipéar oiriúnach (páipéar brataithe) a úsáid, ar féidir tondathanna éagsúla a atáirgeadh go maith ar a dhromchla dlúth mín.

Ar an taobh eile de, ní bhíonn an táirgeadh chomh casta céanna i gcás léaráid líneach (graif, léaráidí). Sa chás sin, is féidir páipéar ar chaighdeán níos ísle (páipéar glónraithe nó páipéar ar a bhfuil bailchríoch shróil) a úsáid.

5.12. Táblaí

Úsáidtear táblaí chun léiriú nó míniú níos mionsonraithe a thabhairt ar an téacs; tá sé tábhachtach, dá réir sin, iad a leagan amach ar an mbealach is simplí agus is soiléire is féidir.

Ná húsáidtear giorrúcháin i dteidil bhosca nó i dtaobhthéacs ach amháin mura bhfuil spás leordhóthanach ann chun gach focal a scríobh amach ina iomláine, agus clóscríobhtar focail i gcás uachtair agus íochtair, seachas i gceannlitreacha amháin.

Má úsáidtear aonad amháin sa tábla trí chéile, féadfar an socrú a shimpliú sa chaoi nach léireofar an t-aonad ach an t-aon uair amháin, agus é i gcló iodálach agus idir lúibíní, os cionn na gcolún ag an mbarr ar fad. I dtéacsanna Gaeilge, más é EUR 1 mhilliún an t-aonad a úsáidtear don tábla uile, ba cheart an giorrúchán ‘milliún EUR’ a úsáid, seachas ‘EUR milliún’, ‘milliún euro’ nó aon fhoirm eile. Ceadaítear an comhartha euro (€) a úsáid i dtéacsanna neamhreachata. I gcás aon mhíniú breise nach fonóta é agus a thugtar ag bun na dtáblaí, moltar ‘NB’ a úsáid:

NB: Tá na teoracha ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh.


Saothair nó táblaí ilteangacha

I gcás saothair ilteangacha, ba cheart na leaganacha teanga éagsúla a thabhairt in ord prótacail, ord atá bunaithe ar litriú na máthairtheanga (féach [Pointe 7.2.1](#)).

Cuid a Trí

Gnásanna atá i gcoiteann ag gach teanga

Is éard atá i ngnásanna coiteanna rialacha teanga a tháinig institiúidí an Aontais Eorpaigh ar comhaontú faoi chun comhchuibhiú a áirithiú i 24 theanga oifigiúla an Aontais.



6.

Treoracha clóghrafacha agus athcheartú ar an téacs

Leantar gnásanna oibre maidir le treoracha clóghrafaíochta agus cur i láthair caighdeánaithe chun foilseacháin chomhchuibhithe a ullmhú i dtimpeallacht ilteangach.

6.1. Léamh na clóscríbhinne

Tá cur síos i [bPointe 4.2](#) ar na prionsabail a bhaineann le leagan amach na clóscríbhinne a fhaightear ón tseirbhís is údar.

Tar éis dóibh an chlóscríbhinn a fháil, léann profléitheoirí Oifig na bhFoilseachán í lena hullmhú sula gcuirtear chuig an gclódóir í.

Ní mór foramharc ar an saothar a bheith ag na profléitheoirí agus ní mór dóibh struchtúr an téacs a thuiscint ionas go bhféadfaidh siad na rialacha atá leagtha síos sa treoir stíle seo a chur i bhfeidhm. Is minic, áfach, a bhíonn orthu plé le roinn nó le leathanach ar leith, rud a fhágann nach mbíonn an foramharc sin acu.

Déanann na profléitheoirí aon fhadhbanna a thagann aníos ina gcuid oibre a chur in iúl don tseirbhís is údar.

(Féach freisin [Pointí 4.1.2](#) agus [4.1.3](#).)

6.2. Léamh na gclóscríbhinní leictreonacha

Agus clóscríbhinní leictreonacha á n-ullmhú, is féidir earráidí atá sa téacs arís is arís eile a cheartú tríd an uirlis ‘aimsigh agus athchuir’.

Is féidir cláir speisialta a úsáid chun comhleanúchas ó thaobh struchtúr an téacs agus úsáid nodaíreachtaí, giorrúcháin, etc. a sheiceáil, agus chun an stíl tí a chur i bhfeidhm.

(Féach freisin [Pointe 4.2](#).)

6.3. Comharthaí a úsáidtear i gceartúchán profaí

Déanann an clódóir, is cuma cén modh clódóireachta atá i gceist, na chéad phrofaí a chur chuig a chliant ionas go bhféadfaidh an cliant caighdeán an chló-eagair a sheiceáil. Bíonn ar na profléitheoirí an chlóscríbhinn agus an profa a chur i gcomparáid le chéile agus na ceartúcháin is gá a dhéanamh.

Ionas go mbeidh na ceartúcháin chomh soiléir agus is féidir, ní mór úsáid a bhaint as na gnáthchomharthaí ceartúcháin (féach an tábla thíos).

Ní mór na ceartúcháin a chur taobh leis an téacs, agus iad in ord cuí: ó dheas go clé, nuair is sa chiumhais chlé atá siad le cur, agus ó chlé go deas i gcás na ciumhaise deise. Ní mór gach nóta tráchta lámhscríofa a bheith soiléir, go huile agus go hiomlán inléite agus gan bhotún. Ná dearmadtar go bhféadfadh sé nach dtuigfeadh an té a chuirfidh na ceartúcháin i bhfeidhm sa chlólann an teanga ina bhfuil an téacs.

NB: — Gach ceartúchán a dhéantar sa téacs, ní mór é a mharcáil sa chiumhais freisin.

— Ní mór ciorcal a chur ar nótaí tráchta nó teoracha a scríobhtar sa chiumhais ionas go dtuigfear nár chóir iad a chló.

— Má tá roinnt botún in aon fhocal amháin, is fearr an focal ina iomláine a athscríobh, go mór mór mura bhfuil ach trí nó ceithre litir san fhocal.

6.4. Marcanna poncaíochta próiseálaithe focal, agus spásáil

Toradh ar chomhaontú idirinstiúideach atá sna rialacha atá leagtha amach sa tábla thíos. I gcásanna áirithe, ní hionann na marcanna clóghrafacha náisiúnta agus na marcanna thíos. Sa saothar seo, ar mhaithe le simpliú agus ós rud é gur institiúidí ilteangacha institiúidí an Aontais Eorpaigh, rinneadh roinnt athruithe chun teacht ar chaighdeán coiteann.

	Marc clóghrafach	Mar a fheictear an marc i bpróiseálai focal (Word etc.)	Cód alfa-uimhriúil	Mar a fheictear an marc (clódóir agus foilsitheoireacht deisce)
(a) Marcanna poncaíochta agus marcanna speisialta				
(1)	,	xx, xx		xx,■xx (00,00)
	;	xx; xx		xx;■xx
(1)	.	xx. Xx		xx.■Xx (00.00)
	:	xx: xx		xx:■xx
	!	xx! Xx		xx!■Xx
	?	xx? Xx		xx?■Xx
	-	xx-xx		xx-xx
	—	xx — xx	Alt 0151	xx■—■xx
	/	xx/xx		xx/xx
	()	xx (xx) xx		xx■(xx)■xx
	[]	xx [xx] xx		xx■[xx]■xx
(2)	‘ ’	xx ‘xx’ xx	Alt 0145 xx Alt 0146	xx■‘xx’■xx
(2)	“ ”	xx “xx” xx	Alt 0147 xx Alt 0148	xx■“xx”■xx
	%	00●%		00◆%
(3)	+	+●00		+◆00
	–	–●00	Alt 0150	–◆00
	±	±●00	Alt 241	±◆00
	°C (°F)	00●°C		00◆°C
	°	00°		00°
	&	xx & xx		xx■&■xx
	...	xx ... xx	Alt 0133 nó Ctrl-Alt-lánstad (.)	xx■...■xx
(b) An tagairt d'fhonóta agus fonótaí				
(4)	xx (10)	xx● (10) (úsáidtear mód 'fonóta')		xx◆ (10)

- (1) Úsáidtear an chamóg dheachúil san Iris Oifigiúil agus i dtéacsanna ilteangacha. I dtéacsanna Gaeilge, seachas na cinn a fhoilsítear san Iris Oifigiúil, úsáidtear an pointe deachúil. Féach freisin [Pointe 6.5](#).
- (2) Má chuireann an bogearra ar do chumas idirdhealú a dhéanamh idir comharthaí athfhriotail tosaigh agus comharthaí athfhriotail deiridh, úsáidtear iad san fhoirm atá ag teastáil, i.e. comharthaí singile nó dúbailte de réir mar is iomchuí. Féach freisin [Pointí 4.2.3](#) (comharthaí athfhriotail) agus [5.10](#). (an phoncaíocht sna luanna).
- (3) Eisceacht: in uimhreacha gutháin (féach [Pointe 9.3](#)), cuirtear an comhartha '+' gan aon spás ina dhiaidh roimh réamhuimhir tíre (+32 2202020).
- (4) Tá roinnt mhaith próiseálaithe focal ann nach gcuireann an figiúr idir lúibíní nuair a chruthaítear fonótaí go huathoibríoch tar éis marc fonóta a chur isteach. I gcás doiciméid atá críochnaithe, ní mór iad a chur isteach (is é an clódóir a dhéanfaidh sin i gcás atá le foilsíú).

NB: ■ = spás bog.

◆ = leathspás cruca (spás caol).

● = spás cruca (spás cosanta) (ná húsáidtear spás cruca (spás cosanta) ach sna hionaid atá luaite; i ngach cás eile úsáidtear spás bog).

6.5. Poncaíocht i bhfigiúirí

I dtéacsanna i mBéarla, i nGaeilge agus i Máltais, seachas san Iris Oifigiúil, úsáidtear ponc chun slánuimhreacha a dheighilt ó dheachúlacha. Is camóg a úsáidtear chuige sin i ngach teanga eile agus i dtéacsanna ilteangacha. Spás seachas camóg a úsáidtear chun mílte a léiriú ina slánuimhreacha. In aon bhloc amháin a ghrúpáiltear deachúlacha:

152 231.324567

San Iris Oifigiúil, is camóg a úsáidtear chun slánuimhreacha a dheighilt ó dheachúlacha; déantar é sin ar chúiseanna teicniúla agus chun an próiseas clódóireachta a éascú.

Sonraí a bhaineann leis an mbuiséad: milliún nó billiún

I nGaeilge, ciallaíonn billiún 1 000 milliún (féach [Pointe 10.3](#)).

Nuair is gá déileáil le sonraí a bhaineann leis an mbuiséad, moltar na foirmeacha seo a leanas a úsáid:

- suas go dtí trí ionad dheachúlacha, cloítear leis an aonad cuí:

1.326 billiún (*ná scríobhtar 1 326 mhilliún*)

- níos mó ná trí ionad dheachúlacha, baintear úsáid as an aonad is lú:

1 326.1 milliún (*ná scríobhtar 1.3261 billiún*)

Tá sé níos éasca, mar sin, na huimhreacha a léamh agus comparáid a dhéanamh eatarthu.

7. Tíortha, teangacha, airgeadraí agus a ngiorrúcháin

Déanann gnásanna coiteanna scríobh ainmneacha tíortha, teangacha, airgeadraí agus a ngiorrúcháin a shimpliú agus a chomhchuibhiú, mar aon lena n-ord liostaithe i gcásanna éagsúla.

7.1. Tíortha

Tá feidhm ag gnáthrialacha maidir le hainmniúcháin, giorrúcháin agus ord liostaithe na mBallstát, na dtíortha is iarrthóirí agus na dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad.

7.1.1. Ainmneacha agus giorrúcháin a úsáidtear

(Féach freisin [Iarscríbhinní A5](#) agus [A6](#).)

Ballstáit

Ní mór ainmneacha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a scríobh agus a ghiorrú de réir na rialacha seo a leanas:

- úsáidtear an cód ISO ([ISO 3166 alpha-2](#)), a bhfuil dhá litir ann, ach amháin i gcás na Gréige, agus moltar an giorrúchán EL ina leith sin,
- tá ord prótacail na mBallstát bunaithe ar ord a n-ainmneacha tíreolaíocha sa teanga bhunaídh/sna teangacha bunaidh de réir na haibítire rómhánaí (féach freisin [Pointe 7.1.2, “Ord liostaithe na dtíortha”](#)).

Ainm gearr, teanga fhoinseach/teangacha foinseacha (ainm tíreolaíoch) ⁽¹⁾	Ainm oifigiúil, teanga fhoinseach/teangacha foinseacha (ainm prótacail)	Ainm gearr i nGaeilge (ainm tíreolaíoch)	Ainm oifigiúil i nGaeilge (ainm prótacail)	Cód tíre ⁽²⁾	Giorrúchán a bhíodh ann tráth ⁽³⁾
Belgique/België	Royaume de Belgique/Koninkrijk België	an Bheilg	Ríocht na Beilge	BE	B
България ⁽⁴⁾	Република България	an Bhulgáir	Poblacht na Bulgáire	BG	—
Česko	Česká republika	an tSeicia	Poblacht na Seice	CZ	—
Danmark	Kongeriget Danmark	an Danmhairg	Ríocht na Danmhairge	DK	DK
Deutschland	Bundesrepublik Deutschland	an Ghearmáin	Poblacht Chónaidhme na Gearmáine	DE	D
Eesti	Eesti Vabariik	an Eastóin	Poblacht na hEastóine	EE	—
Éire/Ireland ⁽⁵⁾	Éire/Ireland	Éire	Éire	IE	IRL
Ελλάδα ⁽⁶⁾	Ελληνική Δημοκρατία	an Ghréig	an Phoblacht Heilléanach	EL	EL
España	Reino de España	an Spáinn	Ríocht na Spáinne	ES	E
France	République française	an Fhrainc	Poblacht na Fraince	FR	F
Hrvatska	Republika Hrvatska	an Chróit	Poblacht na Cróite	HR	—
Italia	Repubblica italiana	an Iodáil	Poblacht na hIodáile	IT	I
Κύπρος ⁽⁷⁾	Κυπριακή Δημοκρατία	an Chipir	Poblacht na Cipire	CY	—
Latvija	Latvijas Republika	an Laitvia	Poblacht na Laitvia	LV	—
Lietuva	Lietuvos Respublika	an Liotuáin	Poblacht na Liotuáine	LT	—
Luxembourg	Grand-Duché de Luxembourg	Lucsamburg	Ard-Diúcacht Lucsamburg	LU	L

Ainm gearr, teanga fhoineach/teangacha foinseacha (ainm tíreolaíoch) ⁽¹⁾	Ainm oifigiúil, teanga fhoineach/teangacha foinseacha (ainm prótacail)	Ainm gearr i nGaeilge (ainm tíreolaíoch)	Ainm oifigiúil i nGaeilge (ainm prótacail)	Cód tíre ⁽²⁾	Giorrúchán a bhíodh ann tráth ⁽³⁾
Magyarország	Magyarország	an Ungáir	an Ungáir	HU	—
Malta	Repubblika ta' Malta	Málta	Poblacht Mhálda	MT	—
Nederland ⁽⁸⁾	Koninkrijk der Nederlanden	an Ísiltír	Ríocht na hÍsiltíre	NL	NL
Österreich	Republik Österreich	an Ostair	Poblacht na hOstaire	AT	A
Polska	Rzeczpospolita Polska	an Pholainn	Poblacht na Polainne	PL	—
Portugal	República Portuguesa	an Phortaingéil	Poblacht na Portaingéile	PT	P
România	România	an Rómáin	an Rómáin	RO	—
Slovenija	Republika Slovenija	an tSlóivéin	Poblacht na Slóivéine	SI	—
Slovensko	Slovenská republika	an tSlóvaic	Poblacht na Slóvaice	SK	—
Suomi/Finland	Suomen tasavalta/Republiken Finland	an Fhionlainn	Poblacht na Fionlainne	FI	FIN
Sverige	Konungariket Sverige	an tSualainn	Ríocht na Sualainne	SE	S

- (1) Is é an t-ainm gearr sa teanga fhoineach/sna teangacha foinseacha a úsáidtear chun an t-ord prótacail a shocrú agus úsáidtear an t-ainm gearr i ndoiciméid ilteangacha (féach [Pointe 7.1.2](#)).
- (2) Is é an cód ISO an giorrúchán a úsáidtear ach amháin i gcás na Gréige, agus moltar an giorrúchán EL ina leith sin (in ionad an chóid ISO: GR). Baineadh úsáid as na hiarghiorrúcháin (a tógadh, den chuid is mó, as an gcód idirnáisiúnta do charranna) go dtí deireadh na bliana 2002.
- (3) Bhaintí úsáid as na giorrúcháin a bhíodh ann tráth (a tógadh, den chuid is mó, as an gcód idirnáisiúnta do charranna) go dtí deireadh na bliana 2002.
- (4) Traslitriú Laidine: България = Bulgaria (an Bhulgáir).
- (5) Ná húsáidtear 'Poblacht na hÉireann'. Cé go n-úsáidtear an leagan sin i ndoiciméid áirithe, níl aon seasamh oifigiúil aige.
- (6) Traslitriú Laidine: Ελλάδα = Elláda (an Ghréig).
- (7) Traslitriú Laidine: Κύπρος = Kýpros (an Chipir).
- (8) Úsáidtear 'an Ísiltír' seachas 'an Ollainn' toisc nach bhfuil san Ollainn ach cuid den Ísiltír (cúigí Thuaisceart na hOllainne agus Dheisceart na hOllainne).

Tíortha nach Ballstáit iad

Is innholta, freisin, an cód ISO ([ISO 3166 alpha-2](#)), a bhfuil dhá litir ann, a úsáid leis na tíortha nach Ballstáit iad.

Féach [Iarscríbhinní A5](#) agus [A6](#) don leagan amach a úsáidtear (ainm gearr, teideal oifigiúil, liosta na gcód ISO).

Le haghaidh an oird is innholta, féach [Pointe 7.1.2](#).

Tíortha is iarrthóirí

Ainm gearr, teanga fhoineach/teangacha foinseacha (ainm tíreolaíoch)	Ainm gearr i nGaeilge (ainm tíreolaíoch)	Ainm oifigiúil i nGaeilge (ainm prótacail)	Cód tíre
Bosna i Hercegovina/Босна и Херцеговина	an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	BA
Crna Gora/Црна Гора	Montainéagró	Montainéagró	ME
Republica Moldova	an Mholdóiv	Poblacht na Moldóive	MD
საქართველო ⁽¹⁾	an tSeoirsia	an tSeoirsia	GE
Северна Македонија ⁽²⁾	an Mhacadóin Thuaidh	Poblacht na Macadóine Thuaidh	MK
Shqipëria	an Albáin	Poblacht na hAlbáine	AL
Srbija/Србија	an tSeirbia	Poblacht na Seirbia	RS
Türkiye	an Tuirc	Poblacht na Tuirce	TR
Україна ⁽³⁾	an Úcráin	an Úcráin	UA

- (1) Traslitriú Laidine: საქართველო = Sakartvelo.

- (2) Traslitríú Laidine: Северна Македонија = Severna Makedonija.
(3) Traslitríú Laidine: Україна = Ukraina.

An t-ainm oifigiúil nó an t-ainm gearr?

Ní mór **an leagan fada** (an t-ainm oifigiúil) a úsáid nuair is é an Stát mar eintiteas dlítheanach atá i gceist:

Dírítear an Cinneadh seo chuig Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
Údaraítear do Phoblacht na Fraince ...

NB: Má athluaítear ainm an Stáit sa téacs, tá claonadh ann an leagan gearr a roghnú. Is féidir é seo a dhéanamh tríd an bhfrása ‘dá ngairtear ... anseo feasta’ a úsáid ar an gcéad ócáid a luaitear an t-ainm.

Úsáidtear an **leagan gearr** (an t-ainm gearr) nuair a thagraítear don Stát ar bhonn tíreolaíoch nó eacnamaíoch:

Oibrithe a bhfuil cónaí orthu sa Fhrainc
Onnmhairí as an nGréig ...

NB: I gcás roinnt Stát, is mar an gcéanna an leagan fada agus an leagan gearr:

Poblacht na hAfraice Láir
Éire
an Rómáin

7.1.2. Ord liostaithe na dtíortha

Ballstáit

An téacs

Liostaítear ainmneacha na mBallstát in ord aibítre a dteanga foinsí (ord prótacail) (féach [Pointe 7.1.1](#)).

Táblaí

Scríobhtar ainmneacha na dtíortha i dteanga an fhoilseacháin (Cás A). I roinnt cásanna, áfach, ar chúiseanna teicniúla (tábla singil le haghaidh doiciméad ilteangach) féadtar ainmneacha na dtíortha a scríobh ina dteanga fhoinseach/ina dteangacha foinseacha (Cás B). Sa dá chás araon, liostaítear na Ballstáit de réir an oird prótacail.

Cás A

Ballstát	Dáta sínithe	Dáta cur i bhfeidhm
an Bheilg	21.12.1990	1.1.1991
an Bhulgáir	1.2.2007	15.2.2007
an tSeicia	10.10.2005	1.1.2006
an Danmhairg	10.10.1991	1.1.1992
an Ghearmáin	1.9.1990	1.1.1991
an Eastóin	1.9.2005	1.1.2006
Éire	12.12.1990	1.1.1991
an Ghréig	10.10.1990	1.1.1991
an Spáinn	3.2.1991	1.6.1991
an Fhrainc	3.3.1991	1.6.1991
an Chróit	1.1.2013	1.7.2013
an Iodáil	10.10.1991	1.1.1992
an Chipir	10.10.2005	1.1.2006
an Laitvia	10.10.2005	1.1.2006
an Liotuáin	10.10.2005	1.1.2006
Lucsamburg	10.10.1990	1.1.1991
an Ungáir	10.10.2005	1.1.2006
Málta	10.10.2005	1.1.2006
an Ísiltír	11.11.1990	1.1.1991
an Ostair	10.12.1990	1.1.1991
an Pholainn	10.10.2005	1.1.2006
an Phortaingéil	1.3.1991	1.6.1991
an Rómáin	1.2.2007	15.2.2007
an tSlóivéin	10.10.2005	1.1.2006
an tSlóvaic	10.10.2005	1.1.2006
an Fhionlainn	1.2.1991	1.6.1991
an tSualainn	3.3.1991	1.1.1992

Cás B

Ballstát	Dáta sínithe	Dáta cur i bhfeidhm
Belgique/België	21.12.1990	1.1.1991
България	1.2.2007	15.2.2007
Česko	10.10.2005	1.1.2006
Danmark	10.10.1991	1.1.1992
Deutschland	1.9.1990	1.1.1991
Eesti	1.9.2005	1.1.2006
Éire/Ireland	12.12.1990	1.1.1991
Ελλάδα	10.10.1990	1.1.1991
España	3.2.1991	1.6.1991
France	3.3.1991	1.6.1991
Hrvatska	1.1.2013	1.7.2013
Italia	10.10.1991	1.1.1992
Κύπρος	10.10.2005	1.1.2006
Latvija	10.10.2005	1.1.2006
Lietuva	10.10.2005	1.1.2006
Luxembourg	10.10.1990	1.1.1991
Magyarország	10.10.2005	1.1.2006
Malta	10.10.2005	1.1.2006
Nederland	11.11.1990	1.1.1991
Österreich	10.12.1990	1.1.1991
Polska	10.10.2005	1.1.2006
Portugal	1.3.1991	1.6.1991
România	1.2.2007	15.2.2007
Slovenija	10.10.2005	1.1.2006
Slovensko	10.10.2005	1.1.2006
Suomi/Finland	1.2.1991	1.6.1991
Sverige	3.3.1991	1.1.1992

Tíortha nach Ballstáit iad agus tíortha nach Ballstáit iad in éineacht le Ballstáit**An téacs**

I dtéacs ina bhfuil liosta de thíortha nach Ballstáit iad nó liosta de thíortha nach Ballstáit iad in éineacht le Ballstáit, braitheann ord liostaithe na dtíortha ar theanga an fhoilseacháin. I bhfoilseacháin Ghaeilge, úsáidtear ord aibíre na Gaeilge.

An Astráil, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Rómáin, an Spáinn, na Stáit Aontaithe

Táblaí

Ós rud é go bhfuil táblaí le leagan amach ar an gcaoi chéanna do na teangacha uile, ní mór an córas rangaithe céanna a úsáid. Dá bhrí sin liostaítear na tíortha in ord aibíre chóid na dtíortha. Is fearr na

cóid seo a chur isteach sa chéad cholún sna táblaí, ionas go bhfuil an rangú soiléir don léitheoir, mar a léirítear thíos.

Cód tíre	Páirtí conarthach	Táirgeacht (tonnaí)	Daoine fostaithe (1 000)
AT	an Ostair	50 000	75
AU	an Astráil	70 000	120
BE	an Bheilg	25 500	38
CH	an Eilvéis	12 500	15
CN	an tSín	750 000	1 500
DK	an Danmhairg	22 000	40
JP	an tSeapáin	150 000	150
NL	an Ísiltír	32 000	45
NZ	an Nua-Shéalainn	45 000	51
SE	an tSualainn	10 000	15
US	na Stáit Aontaithe	350 000	220

Má liostaítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh le chéile sa chuid uachtarach den tábla, is de réir an oird prótacail a liostaítear iad (féach [Pointe 7.1.1](#), an chéad tábla).

Sa dara colún, scríobhtar ainmneacha na dtíortha i gcónaí i dteanga an fhoilseacháin. Mura n-úsáidfear ach na cóid, caithfear iad a mhíniú i ngluais ag tús an fhoilseacháin.

NB: Tar éis di tarraingt siar as an Aontas Eorpach, meastar gur tríú tír cosúil le haon cheann eile í an Ríocht Aontaithe agus nár chóir aon stádas speisialta a thabhairt di. Mar shampla, i ngrafaicí nó i dtáblaí ina liostaítear na Ballstáit agus tíortha de chuid LEE ina ndiaidh agus roinnt tríú tíortha ina dhiaidh sin, áireofar an Ríocht Aontaithe i measc na dtríú tíortha in ord aibítre de réir an chóid ISO.

7.2. Teangacha

Bíonn rialacha éagsúla i bhfeidhm agus leaganacha teanga á liostú agus teangacha á liostú.

7.2.1. Ord leaganacha teanga agus ord na gcód ISO (Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán) (téacsanna ilteangacha)

Riail ghinearálta

Cuirtear na teangacha in ord aibítre bunaithe ar a dteideal foirmiúil ina leagan bunaidh scríofa. Is iad na cóid [ISO 6391 atá i bhfeidhm](#), cód alpha-2, na cóid a úsáidtear.

Tá an t-ord seo riachtanach, mar shampla, maidir le teideal foilseacháin ar leathanach cumhdaigh ilteangach, seicheamh teangacha i bhfoilseacháin ilteangacha, leathanach baile agus rogha teangacha ar shuíomh greasáin ilteangach, etc.

NB: Níor cheart ord na leaganacha teanga a mheascadh leis an ord chun teangacha a liostú (féach [Pointe 7.2.2](#)).

Teideal sa teanga fhoinseach ⁽¹⁾	Teideal i nGaeilge	Cód ISO ⁽²⁾
Български ⁽³⁾	Bulgáiris	bg
español ⁽⁴⁾	Spáinnis	es

(ar lean)

Teideal sa teanga fhoinseach ⁽¹⁾	Teideal i nGaeilge	Cód ISO ⁽²⁾
čeština	Seicis	cs
dansk	Danmhairgis	da
Deutsch	Gearmáinis	de
eesti keel	Eastóinis	et
ελληνικά ⁽⁵⁾	Gréigis	el
English	Béarla	en
français	Fraincis	fr
Gaeilge	Gaeilge	ga
hrvatski	Cróitis	hr
italiano	Iodáilis	it
latviešu valoda	Laitvis	lv
lietuvių kalba	Liotuáinis	lt
magyar	Ungáiris	hu
Malti	Máltais	mt
Nederlands	Ollainnis	nl
polski	Polainnis	pl
português	Portaingéilis	pt
română	Rómáinis	ro
slovenčina (slovenský jazyk)	Slóvaicis	sk
slovenščina (slovenski jezik)	Slóivéinis	sl
suomi	Fionlainnis	fi
svenska	Sualainnis	sv

(1) Túsliú i gcás uachtair nó i gcás íochtair: déan aithris ar fhoirm an teidil sa teanga fhoinseach.

(2) Is i gcás íochtair a scríobhtar litreacha na gcód ISO le haghaidh teangacha; mar sin féin, scríobhtar i gceannlitreacha freisin iad ar chúiseanna léirithe chlógbrafaigh.

(3) Traslitriú Laidine: български = bulgarski.

(4) I Spáinnis, mar gheall ar iarraidh ó na húdaráis Spáinneacha, cuirtear an téarma *lengua española* nó *español* in ionad an téarma *castellano*. Is é *castellano* ainm oifigiúil na teanga, ach is chun an áit ar an liosta a shainiú a úsáidtear an téarma agus chuige sin amháin.

(5) Traslitriú Laidine: ελληνικά = elliniká.

NB: Seachas ag tús abairte, ná cuirtear ceannlitir ar an bhfocal ‘an’, i.e. ‘an Ghaeilge’.

Cuirtear an riail seo i bhfeidhm go daingean i leaganacha críochnaitheacha na gConarthaí agus na gcomhaontuithe (ar leathanaigh na sínithe).

Cásanna speisialta

I gcás doiciméid ilteangacha a eisítear ar an leibhéal náisiúnta de bhun téacsanna a ghlac an Chomhairle (pas, cárta sláinte Eorpach), is gnách an t-ord a chinneadh don chás ar leith sin le gníomh ón gComhairle. Is do na teangacha is forleithne sna Ballstáit iad féin a thugtar tús áite, ar an gcaoi seo de ghnáth:

- teanga náisiúnta;
- Béarla;
- Fraincis;
- teangacha eile san ord a chuirtear in iúl sa tábla thuas.

Tíortha is iarrthóirí

Teideal sa teanga fhoinseach	Teideal i nGaeilge	Cód ISO
bosanski/босански	Bosnis	bs
crnogorski/црногорски	Montainéigris	cnr ⁽¹⁾
ქართული ⁽²⁾	Seoirsis	ka
македонски ⁽³⁾	Macadóinis	mk
română ⁽⁴⁾	Rómáinis	ro
shqip	Albáinis	sq
srpski/српски	Seirbis	sr
türkçe	Tuircis	tr
українська мова ⁽⁵⁾	Úcráinis	uk

(1) Cód ISO 639-2.

(2) Traslitriú Laidine: ქართული = kartuli.

(3) Traslitriú Laidine: македонски = makedonski.

(4) Sonrúchán le húsáid le haghaidh theanga oifigiúil na Moldóive.

(5) Traslitriú Laidine: українська мова = ukrainska mova.

7.2.2. Liostú teangacha i dtéacs (téacsanna aonteangacha)

Sa téacs, athraíonn an t-ord le haghaidh teangacha a liostú de réir leagan teanga. I bhfoilseacháin i nGaeilge, liostaítear teangacha in ord aibíte na Gaeilge, mar a leanas: Béarla, Bulgáiris, Cróitis, Danmhairgis, Eastóinis, Fionlainnis, Francis, Gaeilge, Gearmáinis, Gréigis, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Ollainnis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Seicis, Slóivéinis, Slóvaicis, Spáinnis, Sualainnis, Ungáiris.

Má bhíonn comhaontú scríofa i dteanga tríú tír nach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh í, tagann teangacha an Aontais roimh an teanga réamhluaite ar chúiseanna prótacail.

Tarraingíodh suas an comhaontú seo i mBéarla, i bhFrancis, i nGearmáinis, in Iodáilis agus in Araibis.

7.2.3. Eolas faoi na teangacha ina bhfuil foilseachán ar fáil

Nuair a liostaítear leaganacha teanga d'fhoilseachán (mar shampla, i gcatalóga na bhfoilseachán), is innholta na foirmlí seo a leanas a úsáid (de réir na rialach i [bPointe 7.2.1.](#)):

BG/ES/CS/DA/DE/ET/EL/EN/FR/GA/HR/IT/LV/LT/HU/MT/NL/PL/PT/RO/SK/SL/FI/SV nó aon pháirt-teaglaim	<i>Foilsítear an téacs san imleabhar céanna i ngach teanga a luaitear.</i>
BG, ES, CS, DA, DE, ET, EL, EN, FR, GA, HR, IT, LV, LT, HU, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SL, FI, SV nó aon pháirt-teaglaim	<i>Foilsítear an téacs in imleabhar aonair i ngach teanga a luaitear.</i>
BG-ES-CS-DA-DE-ET-EL-EN-FR-GA-HR-IT-LV-LT-HU-MT-NL-PL-PT-RO-SK-SL-FI-SV nó aon pháirt-teaglaim	<i>Foilsítear téacsanna éagsúla san imleabhar céanna i roinnt de na teangacha a luaitear.</i>

NB: Is i gcás íochtair a scríobhtar litreacha na gcód ISO le haghaidh teangacha; mar sin féin, scríobhtar iad i gceannlitreacha freisin ar chúiseanna léirithe chlóghrafaigh.

7.2.4. Rialacha maidir leis na teangacha sna hinstiúidí

De réir Airteagal 290 de Chonradh CE (atá anois mar Airteagal 342 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh) agus de réir Airteagal 190 de Chonradh Euratom, tá an Chomhairle, ag gníomhú di

d'aontoil, freagrach as na rialacha maidir leis na teangacha in institiúidí an Chomhphobail a chinneadh, 'gan dochar do na forálacha atá i Reachta Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh'.

Ag gníomhú di ar an mbonn sin, ghlac an Chomhairle, an 15 Aibreán 1958, Rialachán Uimh. 1 lena gcinntear na teangacha a úsáidfear i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa. Leasaíodh an Rialachán sin i gcomhréir leis na hionstraimí aontachais éagsúla.

Faoi láthair, tá 24 theanga a bhfuil stádas oifigiúil agus stádas oibre acu in institiúidí an Aontais Eorpaigh (féach [Pointe 7.2.1](#)).

An Ghaeilge

Go dtí an 31 Nollaig 2006, ní raibh an Ghaeilge ar cheann de theangacha oifigiúla oibre institiúidí an Aontais Eorpaigh. Tháinig Éire agus an Chomhphobal ar chomhaontú in 1971 nach ndeanfaí ach an reachtaíocht phríomha a aistriú go Gaeilge.

An 1 Eanáir 2007, aithníodh an Ghaeilge mar theanga lánoifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh ach deonaíodh maolú ar feadh tréimhse in-athnuaite 5 bliana (féach Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2005 (IO L 156, 18.6.2005, lch. 3 ([en](#)))). Sa Rialachán sin deirtear 'nach mbeidh d'oibleagáid ar institiúidí an Aontais Eorpaigh gach gníomh a dhréachtú i nGaeilge agus gach gníomh a fhoilsiú sa teanga sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*' ach amháin na rialacháin sin a ghlacann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go comhpháirteach. Cuireadh síneadh leis an maolú sin go dtí an 31 Nollaig 2016 le Rialachán (AE) Uimh. 1257/2010 ón gComhairle (IO L 343, 29.12.2010, lch. 5). Cuireadh síneadh leis arís le [Rialachán \(AE, Euratom\) 2015/2264 ón gComhairle \(IO L 322, 8.12.2015, lch. 1\)](#). Scoir an maolú maidir leis an nGaeilge d'fheidhm a bheith aige amhail ón 1 Eanáir 2022.

An Mháltais

An 1 Bealtaine 2004, ghlac an Chomhairle maolú sealadach maidir leis an oibleagáid gníomhartha a dhréachtú i Máltais agus iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Bhí an maolú sin le cur i bhfeidhm go ceann 3 bliana agus bhí sé in-athnuaite ar feadh bliana. Bhain an maolú sin le gach gníomh ach amháin na rialacháin sin a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go comhpháirteach (féach Rialachán (CE) Uimh. 930/2004 ón gComhairle an 1 Bealtaine 2004 (IO L 169, 1.5.2004, lch. 1 ([en](#)))). In 2007, chuir an Chomhairle deireadh leis an maolú sin tar éis na chéad tréimhse 3 bliana.

7.3. Airgeadraí

Tá gnáthrialacha ann maidir le húsáid an euro agus airgeadraí eile a bhaineann lena n-ord liostaithe, na bealaí éagsúla chun iad a scríobh, an phoncaíocht le húsáid, etc.

7.3.1. An euro agus an cent

An euro



I gcomhréir leis na conclúidí a d'eisigh an Chomhairle Eorpach i Maidrid i Nollaig 1995, is é an **euro** an t-airgeadra aonair (foaonad: an **cent**; siombail: **€**; cód ISO: **EUR**).

An limistéar euro

Is é an téarma 'an limistéar euro' an téarma oifigiúil don ghrúpa tíortha a ghlac an euro mar a n-airgeadra aonair. Seachnaítear gach téarma eile.

Euro agus ECU

An 1 Eanáir 1999, cuireadh an euro in ionad an ECU ag an ráta aon ar aon (Rialachán (CE) Uimh. 1103/97 ón gComhairle (IO L 162, 19.6.1997, lch. 1 ([en](#)))); féach freisin Rialachán (CE) Uimh. 974/98 ón gComhairle (IO L 139, 11.5.1998, lch. 1 ([en](#)))). Ní mór an giorrúchán ECU a úsáid do thagairtí stairiúla don ECU (i.e. na tagairtí roimh 1999).

An cent



Mar phrionsabal, úsáidtear an téarma ‘cent’ i ngach teanga oifigiúil san Aontais Eorpach. É sin ráite, ní chuireann an prionsabal sin cosc ar théarmaí eile a úsáid a úsáidtear go coitianta sna Ballstáit (i gcomhréir le haithris 2 de Rialachán (CE) Uimh. 974/98 ón gComhairle an 3 Bealtaine 1998 ([en](#))).

Úsáidtear an téarma ‘cent’ i dtéacsanna institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (ní mór an téarma ‘cent’ a úsáid i ngach téacs dlíthiúil).



Féach freisin [Pointe 7.3.3](#), ‘Rialacha maidir le haonaid airgeadaíochta a chur in iúl’:

- [Rialacha úsáide \(euro, EUR nó €\)](#)
- [Ionad an chóid ISO nó an chomhartha euro i suimeanna](#)
- [Leis na focail “milliún” agus “billiún”](#)

7.3.2. Ord na n-airgeadraí agus ord na gcód ISO

Úsáidtear cóid ISO 4217 le giorrúcháin airgeadaíochta (féach [Iarscríbhinn A7](#) agus [láithreán na gníomhaireachta cothabhála](#)).

Airgeadraí na mBallstát

Nuair a liostaítear airgeadraí na mBallstát, cuirtear an euro ag tús an liosta sin agus giorrúcháin na n-airgeadraí eile i ndiaidh an euro in ord aibítre a gcóid airgeadra (cóid ISO 4217).

Cód ISO	Ainm oifigiúil
EUR	euro
BGN	lev (iolra: leva)
CZK	koruna na Seicia (iolra: koruny na Seicia)
DKK	krone na Danmhairge (iolra: kroner na Danmhairge)
HUF	forint
PLN	zloty (iolra: zlotys)
RON	leu na Rómáine (iolra: lei na Rómáine)
SEK	krona na Sualainne (iolra: kronor na Sualainne)

Airgeadraí eile

Ar chúiseanna prótacail, cuirtear airgeadraí eile i ndiaidh airgeadraí na mBallstát agus liostaítear iad de réir na gcrítear céanna, i.e. de réir ord aibítre a gcóid airgeadra (cóid ISO 4217). Baineann an riail chéanna le liosta airgeadraí gcorp an téacs más rud é nach bhfuil aon chritéir rangaithe eile i gceist.

Cód ISO	Ainm oifigiúil
CAD	dollar Cheanada
CHF	franc na hEilvéise
JPY	yen
USD	dollar na Stát Aontaithe

Féach [Iarscríbhinn A7](#) le haghaidh liosta na gcód airgeadra.

Airgeadraí níos sine

Cuireadh an euro in ionad airgeadraí na mBallstát seo a leanas:

Cód ISO	Ainm oifigiúil
ATS	schilling na hOstaire
BEF	franc na Beilge
CYP	punt na Cipire
DEM	mark na Gearmáine
EEK	kroon na hEastóine (iolra: kroonid na hEastóine)
ESP	peseta na Spáinne
FIM	markka na Fionlainne (iolra: markkaa na Fionlainne)
FRF	franc na Fraince
GRD	drachma (iolra: drachmae)
HRK	kuna
IEP	an punt Éireannach
ITL	lira na hIodáile (iolra: lire na hIodáile)
LTL	litas (iolra: litai)
LUF	franc Lucsamburg
LVL	lats (iolra: lati)
MTL	lira Mhálta (iolra: liri Mhálta)
NLG	guilder na hÍsiltíre
PTE	escudo na Portaingéile
SIT	tolar (iolra: tolars)
SKK	koruna na Slóvaice (iolra: koruny na Slóvaice)

Airgeadraí na dtíortha is iarrthóirí

Cód ISO	Tír	Ainm oifigiúil
ALL	an Albáin	lek
BAM	an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	marg inchomhshóite
EUR	Montainéagró	euro
GEL	an tSeoirsia	lari
MDL	an Mholdóiv	leu na Moldóive (iolra: lei)
MKD	an Mhacadóin Thuaidh	denar (iolra: denars)
RSD	an tSeirbia	dinar na Seirbia
TRY	an Tuirc	lira na Tuirce
UAH	an Úcráin	hryvnia

7.3.3. Rialacha maidir le haonaid airgeadaíochta a chur in iúl

Cathain a úsáidtear an t-ainm

Más ag tagairt d’aonad airgeadaíochta ar shlí ghinearálta atáthar agus nach luaitear suim leis, scríobhtar amach i bhfocail é, ach amháin i dtáblaí (féach ‘Cathain a úsáidtear an cód ISO’):

suim in euro

suim i bpunt steirling

Cathain a úsáidtear an cód ISO

I dtéacs

Nuair a bhíonn suim ag dul leis an aonad airgeadaíochta, úsáidtear an cód ISO ‘EUR’ le spás crua (spás cosanta) agus an tsuim i bhfigiúirí ina dhiaidh:

Is é EUR 12 500 an tsuim atá ag teastáil.

Tugtar faoi deara go raibh difríocht EUR 1 500 ann.

I dtáblaí

Nuair a bhíonn aonad amháin i gceist do thábla iomlán, cuirtear an cód ISO agus aon iolraitheoir idir lúibíní os cionn an tábla ar an taobh deas. Úsáidtear cló iodálach:

(EUR)

(milliún EUR)

(billiún EUR)



Gníomhartha dlíthiúla — An Iris Oifigiúil

Euro

I dtéacsanna Gaeilge a fhoilsítear san Iris Oifigiúil, ní mór an cód ISO ‘EUR’ a úsáid agus suimeanna a chur i bhfigiúirí:

EUR 10 000

EUR 1 000 000 (ní cheadaítear EUR 1 mhilliún)

Airgeadraí eile

Maidir le hairgeadraí eile a luaitear i dtéacsanna Gaeilge, nuair a ghabhann suim leis an aonad airgeadaíochta, úsáidtear an cód ISO atá ábhartha don airgeadra agus cuirtear spás crua (spás cosanta) agus an tsuim i bhfigiúirí ina dhiaidh:

Fuarthas suim GBP 300 agus caitheadh suim GBP 250.



An Chúirt Iniúcháirí

I dtéacsanna don Chúirt Iniúcháirí, cuirtear na suimeanna i ndiaidh an airgeadra agus litrítear é:

caiteachas 15 000 euro

Cathain a úsáidtear an comhartha euro (€)

Úsáidtear an comhartha euro i ngrafaicí amháin. Is féidir é a úsáid, áfach, i dtéacsanna móréilimh agus i bhfoilseacháin fógraíochta (e.g. catalóga díolachán) agus i bpreaseisiúintí chomh maith. I gcórais próiseála focal, is féidir an comhartha euro a fháil nuair a bhrúitear eochair Alt na láimhe clé agus 0128 ag an am céanna. Is féidir na sonraíochtaí teicniúla maidir leis an gcomhartha euro a íoslódáil ó shuíomh gréasáin euro an Choimisiúin (<https://european-union.europa.eu/institutions-law-budget/euro>).

NB: I ndoiciméid a chruthaítear leis an gcód HTML, ní mór an leagan amach deireanach agus an chumraíocht dheireanach a chur san áireamh. Ní bhíonn aon fhadhb leis na téacsanna a chruthaítear leis an gcód Unicode. I dtéacsanna níos sine a cruthaíodh le cóid ISO 8859, fágfaidh cóid HTML ‘€’ go mbeidh an comhartha euro ar an scáileán ach d’fhéadfadh sé a bheith ar iarraidh nuair a phriontáiltear é. (Sáraítear an fhadhb sin trí íomhá nó a úsáid don chomhartha euro.) Moltar duit gan an comhartha euro a úsáid i dtéacsanna a théann trí phróiseas táirgeachta agus a chuirfear ar shuíomhanna inlín nó idirlín go huathoibríoch. Baintear úsáid as an gcód ISO ‘EUR’ sa chás sin.

Ionad an chóid ISO (EUR) i suimeanna

Cuirtear spás crua (spás cosanta) agus an tsuim i ndiaidh an chóid ISO ‘EUR’:

suim EUR 30

NB: Baineann an riail chéanna leis an mBéarla agus leis an Máltais. I ngach teanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh cuirtear spás crua (spás cosanta) agus an cóid ISO ‘EUR’ i ndiaidh na suime:

une somme de 30 EUR

Ionad an chomhartha euro (€) i suimeanna

Cuirtear an tsuim i ndiaidh an chomhartha euro gan aon spás crua (spás cosanta) eatarthu:

suim €30

NB: Baineann an riail chéanna leis an mBéarla, leis an Máltais agus leis an Ollainnis. I ngach teanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh cuirtear spás crua (spás cosanta) agus an comhartha euro i ndiaidh na suime:

une somme de 30 €

Leis na focail ‘milliún’ agus ‘billiún’

Is féidir na foirmeacha seo a leanas a úsáid nuair a dhéantar tagairt do mhilliúin nó billiúin:

- na huimhreacha go léir:

EUR 10 000 000

- na focail ‘milliún’ nó ‘billiún’:

EUR 10 milliún

EUR 25 bhilliún

- i dteidil táblaí (idir lúibíní, de ghnáth):

milliún EUR, billiún GBP

m EUR, bn GBP

10 milliún EUR, 10 mbilliún GBP

10 m EUR, 10 bn GBP

NB: Ná húsáidtear na foirmeacha m EUR agus bn EUR ach amháin nuair nach bhfuil dóthain spáis ann chun na focail a scríobh amach.

Na focail ‘milliún’ agus ‘billiún’ le deachúlacha

Nuair a bhítear ag plé le sonraí buiséadacha, moltar duit na foirmeacha seo a leanas a úsáid:

- suas go dtí trí ionad dheachúlacha, cloítear leis an aonad cuí:

1.326 billiún (*ná scríobhtar 1 326 mhilliún*)

- níos mó ná trí ionad dheachúlacha, baintear úsáid as an aonad is lú:

1 326.1 milliún (*ná scríobhtar 1.3261 billiún*)

Tá sé níos éasca, mar sin, na huimhreacha a léamh agus comparáid a dhéanamh eatarthu.

8.

Fonótaí agus a dtagairtí

Tá tagairtí fonóta agus a n-ord mar an gcéanna i ngach leagan teanga.

8.1. Tagairtí d'fhonótaí

Úsáidtear an fhormaid chéanna i ngach teanga sna tagairtí d'fhonótaí; is féidir na foirmeacha seo a leanas a úsáid agus tagairt á déanamh d'fhonótaí:

- figiúr i bhforscript idir lúibíní atá ar aon luach leis an téacs. Cuirtear spás caol roimh an bhfigiúr agus cuirtear aon phoncaíocht is gá ina dhiaidh:

1. Maidir leis na caibidlíochtaí leis na hinstiúidí eile, ar caibidlíochtaí iad a mbeidh sé mar aidhm acu teacht ar chomhaontú i rith an nós imeachta reachtaigh, déanfar iad ag féachaint don Chód Iompair maidir le caibidlíochtaí i gcomhthéacs an ghnáthnós imeachta reachtaigh ⁽⁸⁾.

- réiltín i bhforscript idir lúibíní atá ar aon luach leis an téacs. Cuirtear spás caol roimh an bhfigiúr agus cuirtear aon phoncaíocht is gá ina dhiaidh; úsáidtear an comhartha sin le haghaidh nóta i dtéacs a ndéantar tagairt dó níos mó ná uair amháin agus a mbíonn an bhrí chéanna leis i gcónaí:

Gach figiúr ó Eurostat (*).

- na húsáidtear litir forscripte sa chás íochtair ach amháin i dtáblaí. Déantar é seo chun earráidí agus mearbhall a sheachaint sna táblaí ina n-úsáidtear figiúirí i gcló an-bheag.

De ghnáth, uimhrítear na fonótaí in aghaidh an leathanaigh agus cuirtear ag bun an leathanaigh chuí iad. Úsáidtear carachtair níos lú sna fonótaí ná mar a úsáidtear i gcorp an téacs (difríocht dhá phointe eatarthu de ghnáth). Scartar na fonótaí ó chorp an téacs trí líne ghearr agus spás os a cionn a úsáid. Is féidir na fonótaí a uimhriú go leanúnach ó leathanach go leathanach nó iad a ghrúpáil ag deireadh na caibidle nó an imleabhair.

San Iris Oifigiúil, uimhrítear na fonótaí go leanúnach, agus uimhrítear ar leithligh sa ghníomh nó i gcorp an doiciméid agus i ngach iarscríbhinn ar leith iad.

Cuirtear tagairt d'fhonóta (na lúibíní san áireamh) i ngnáthchló rómhánach (fiú má tá an téacs nó an teideal scríofa i gcló iodálach nó i gcló trom).

Nuair a bhíonn tagairt d'fhonóta i dtábla, ní mór an nóta a chur laistigh den tábla sin.



Fonótaí agus a dtagairtí: an téacs a ullmhú/treoracha clóscríbhneoireachta: féach [Pointe 4.2.3.](#)

8.2. Ord na bhfonótaí

Is féidir réiltín, an giorrúchán 'NB' nó na focail 'foinse' agus 'foinsí' a bheith freisin ag bun an leathanaigh.

Tá an t-ord mar an gcéanna i ngach teanga:

(*) Cinneadh eatramhach ón gCoimisiún.

(1) Tagann na praghsanna sin ó laghdú uasta a chur i bhfeidhm.

(2) Méadaítear an praghas sin le préimh speisialta don bhliain mhargaíochta reatha.

NB: Figiúirí sealadacha.

Foinse: An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe.

- NB: — Scartar nótaí uimhrithe (lena n-áirítear nóta a bhfuil réiltín roimhe) ó chéile le spásáil línte chaol.
- Cuirtear lánstad ag deireadh fonótaí i gcónaí.

I gcás fonótaí comhionanna, d'fhoilseacháin seachas an Iris Oifigiúil, úsáidtear an fhoirmle 'féach nóta x, leathanach y' seachas na téarmaí *idem* nó *ibidem* a d'fhéadfadh mearbhall a chur ar dhaoine. Atáirgfídh an profléitheoir an fonóta ina iomláine nó cuirfidh sé nó sí an t-uimhriú ceart sa phrofa.

San Iris Oifigiúil, atáirgtear téacs fonótaí comhionanna ina iomláine gach uair a luaitear iad.

9.

Gnásanna eile

Baineann gnásanna eile le seoltaí, seoltaí leictreonacha, uimhreacha teileafóin, lua oibreacha, struchtúr riaracháin an Aontais Eorpaigh, etc.

9.1. Seoltaí

I bprionsabal, úsáidtear an fhormáid idirnáisiúnta i gcónaí i saothair institiúidí an Aontais Eorpaigh; braitheann an teanga a úsáidtear ar an saothar a bheith aonteangach nó ilteangach.

9.1.1. Seoltaí: prionsabail ghinearálta

Is cúram deacair agus casta é anailís a dhéanamh ar na bealaí a scríobhtar seoltaí de bharr go bhfuil córais éagsúla i bhfeidhm i ngach tír. Chomh maith leis sin, ní hionann leagan amach seoltaí le haghaidh an phoist náisiúnta agus an phoist idirnáisiúnta. De ghnáth, is í an fhormáid idirnáisiúnta a úsáidtear i gcónaí i bhfoilseacháin institiúidí an Aontais Eorpaigh.

Chun mionsonraí ar leagan amach na seoltaí a fháil, féach ar shuíomhanna gréasáin éagsúla na seirbhísí náisiúnta poist. Tá naisc chuig na suíomhanna seo le fáil ar shuíomh gréasáin an Aontais Poist Uilechoitinn (UPU) (<https://www.upu.int/en/Postal-Solutions/Programmes-Services/Addressing-Solutions>).

Déanann [an tAontas Poist Uilechoiteann](#) roinnt moltaí ginearálta freisin, ach i gcás fhoilseacháin na n-institiúidí Eorpacha tá srian breise le cur san áireamh, is é sin an mbaineann an foilseachán le doiciméid aonteangacha nó le doiciméid ilteangacha.



Naisc úsáideacha

UPU, córais um sheoltaí (en, fr):

<https://www.upu.int/en/Postal-Solutions/Programmes-Services/Addressing-Solutions>

UPU, córais um sheoltaí sna ballstáit (en, fr):

https://www.upu.int/en/Postal-Solutions/Programmes-Services/Addressing-Solutions#scroll-nav_5

UPU, Universal POST*CODE® DataBase (en, fr):

https://www.upu.int/en/Postal-Solutions/Programmes-Services/Addressing-Solutions#scroll-nav_1

Teangacha agus carachtair a úsáidtear

Ní mór an chuid sin den seoladh a luann an tír is ceann scríbe a scríobh de réir mholtaí na tíre is seoltóir (i dteanga na tíre is seoltóir nó i dteanga atá inaitheanta go hidirnáisiúnta más féidir).

Ní mór ainm na tíre is ceann scríbe a thabhairt i gceannlitreacha ar an líne dheireanach den seoladh.

De bhrí nach bhfuil na moltaí náisiúnta ag teacht le chéile maidir le húsáid ceannlitreacha ar an líne dheireanach/an dara líne dheireanach/an tríú líne dheireanach, socraítear an leagan amach a chomhoiriúnú: is é ainm na tíre amháin i a scríobhtar gceannlitreacha.

Má úsáideann an tír is ceann scríbe aibítir seachas an aibítir rómhánach, nó más baolach go mbeadh doiléire áirithe ag baint le hainm na tíre sin a bheith scríofa ina teanga náisiúnta amháin, ní mór ainm na tíre sin agus ainm an bhaile fiú a scríobh arís i dteanga atá inaitheanta go hidirnáisiúnta chun fadhbanna a sheachaint le linn idirthuras trí thíortha eile.

Ní mór don chuid eile den seoladh a bheith ag teacht le moltaí na tíre is ceann scríbe.

Cóid phoist

Tá na cóid phoist a d'úsáidtí roimhe seo chun an post idirnáisiúnta a aistriú (cóid shonracha i gcás na hEorpa ag teacht as moladh ó Chomhdháil Eorpach na Riarachán Poist agus Teileachumarsáide in 1965, agus cóid ISO 3166 alfa-2 le haghaidh tíortha eile) tarraingthe siar, nó modhnaithe in go leor tíortha.

An 1 Aibreán 2024, níl ann ach seacht mBallstát de chuid an AE a úsáideann cód tíre fós: an Chróit (HR), an Chipir (CY), an Laitvia (LV), an Liotuáin (LT), Lucsamburg (L), an Fhionlainn (FI) agus an tSualainn (SE).

NB: I gcás na Laitvia, tagann an cód i ndiaidh ainm an bhaile, móide camóg agus spás:

Rīga, LV-1073

Níor cheart an cód tíre a d'úsáidtí roimhe seo a úsáid i gcás na mBallstát eile. Sa Ghearmáin, mar shampla, d'fhéadfadh an t-inneall sórtála poist moill a chur ar phost má tá an cód tíre a d'úsáidtí roimhe seo luaite air.



Le haghaidh tuilleadh eolais ar chóid phoist sna Ballstáit a fháil, féach [Pointe 9.1.5](#).

9.1.2. Seoltaí i ndoiciméid aonteangacha



Má leagtar amach seoltaí agus an struchtúr céanna in úsáid i ngach leagan teanga den fhoilseachán (mar shampla i dtábla ina bhfuil liosta seoltaí atá ar an leathanach céanna i ngach leagan de, úsáidtear na rialacha atá i bhfeidhm maidir le foilseacháin ilteangacha (féach [Pointe 9.1.3](#)).

Post a bhfuil a cheann scríbe i dtír a úsáideann an aibítir rómhánach

I saothair aonteangacha de chuid institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, is iondúil go dtugtar na seoltaí i dteanga an fhoilseacháin nó i dteanga na tíre as a bhfuiltear ag seoladh. Is fíor é seo go háirithe i gcás ainmneacha bailte agus tíortha:

Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh sa Phortaingéil
Ionad Jean Monnet
1069-068 Liospóin
AN PHORTAINGÉIL

Féadtar freisin, áfach, an t-eolas a thagann roimh ainm an bhaile agus ainm na tíre a thabhairt i dteanga na tíre is ceann scríbe; is fearr an leagan amach sin a úsáid mar tá sé níos soiléire do sheirbhísí poist na tíre is ceann scríbe:

Comissão Europeia
Representação em Portugal
Largo Jean Monnet
1069-068 Liospóin
AN PHORTAINGÉIL

D'fhonn fadhbanna a sheachaint le linn idirthuras trí thír eile, moltar ainm na tíre is ceann scríbe (agus ainm an bhaile freisin fiú) a chur leis an seoladh i dteanga atá inaitheanta go hidirnáisiúnta. Mar shampla, i gcás post a sheoltar ón bPolainn go dtí an Ghearmáin:

Herrn E. Muller
Goethestr. 13
22767 Hamburg
NIEMCY/GERMANY

I saothair i mBulgáiris agus i nGréigis, scríobhtar seoltaí i gcarachtair rómhánacha, i dteanga na tíre is ceann scríbe más féidir nó i mBéarla ina éagmais sin.

Post a bhfuil a cheann scríbe i dtríú tír nach n-úsáideann an aibítir rómhánach

I gcás post a chuirtear chuig tríú tír a úsáideann aibítir eile (an tSeapáin, an tSín, tíortha a úsáideann aibítir na hAraibise, etc.), scríobhtar an seoladh, seoladh na tíre go háirithe, i dteanga atá inaitheanta go

hidirnáisiúnta (i mBéarla go minic); féadtar an chuid sin den seoladh a bhaineann leis an tsráid a scríobh san aibítir rómhánach:

European Commission
Representation in Beijing
15 Dong Zhi Men Wai Daije, Sanlitun
100600 Beijing
CHINA

Post a bhfuil a cheann scríbe i mBallstát den Aontas nach n-úsáideann an aibítir rómhánach (an Bhulgáir, an Ghréig agus an Chipir)

I saothair Ghaeilge, tugtar seoltaí ar phost a bhfuil a cheann scríbe sa Bhulgáir, sa Ghréig nó sa Chipir i gcarachtair rómhánacha (agus ainm na sráide traslitrithe ó Bhéarla más gá).

Ionadaíocht an Choimisiúin
Eorpaigh sa Bhulgáir
Moskovska 9
1000 Sóifia
AN BHULGÁIR

Ionadaíocht an Choimisiúin
Eorpaigh sa Ghréig
Vassilissis Sofias 2
106 74 an Aithin
AN GHRÉIG

Ionadaíocht an Choimisiúin
Eorpaigh sa Chipir
Iris Tower, 8th Floor
Agapinoros 2
CY-1076 an Niocóis
AN CHIPIR

I saothair i mBulgáiris agus i nGréigis, ní mór ainm an bhaile agus ainm na tíre a chur leis i gcarachtair rómhánacha (traslitriú Béarla).

Европейска комисия
Представителство
в България
ул. „Московска“ № 9
1000 София/**Sofia**
БЪЛГАРИЯ/**BULGARIA**

Ευρωπαϊκή Επιτροπή
Αντιπροσωπεία
στην Ελλάδα
Βασιλίσσης Σοφίας 2
106 74 Αθήνα/**Athens**
ΕΛΛΑΔΑ/**GREECE**

Ευρωπαϊκή Επιτροπή
Αντιπροσωπεία
στην Κύπρο
Iris Tower, 8ος όροφος
Αγαπήνωρος 2
CY-1076 Λευκωσία/**Nicosia**
ΚΥΠΡΟΣ/**CYPRUS**

Cás ar leith: réigiún na Bruiséile

I saothair de chuid institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, leagtar amach seoltaí le haghaidh post a bhfuil a cheann scríbe i réigiún dátheangach na Bruiséile de réir na rialacha seo a leanas:

Saothair aonteangacha i bhFraincis nó in Ollainnis

Fraincis
(seoltaí in FR amháin)
Conseil de l'Union européenne
Rue de la Loi 175
1048 Bruxelles
BELGIQUE

Ollainnis
(seoltaí in NL amháin)
Raad van de Europese Unie
Wetstraat 175
1048 Brussel
BELGIË

Saothair aonteangacha i dteanga eile de chuid an Aontais Eorpaigh

D'fhéadfaí an chéad chuid den seoladh a scríobh i bhfoirm dhátheangach nó i dteanga amháin — moltar teanga atá inaitheanta go hidirnáisiúnta. Caithfear ainm na sráide, an bhaile agus na tíre a scríobh sa dá theanga oifigiúla.

Conseil de l'Union européenne/
Raad van de Europese Unie
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

Council of the European Union
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

Seoltaí i dtíortha ina labhraítear Fraincis

Sa Bheilg, sa Fhrainc agus i Lucsamburg, leagtar amach ainm agus uimhir na sráide bunaithe ar phrionsabail éagsúla agus ba cheart aird a thabhairt ar na prionsabail sin.

AN BHEILG
Rue de la Source 200

Ainm na sráide roimh an uimhir (gan chamóg)

AN FHRAINIC
24 rue de l'Allée-au-Bois

An uimhir roimh ainm na sráide (gan chamóg)

LUCSAMBURG
2, rue Mercier

An uimhir roimh ainm na sráide (le camóg)

9.1.3. Seoltaí i ndoiciméid ilteangacha

I saothair ilteangacha de chuid institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, is gnách liosta seoltaí a chur le chéile aon uair amháin ionas go mbeidh siad comhleanúnach.

NB: I saothair aonteangacha, má leagtar amach seoltaí agus an struchtúr céanna in úsáid i ngach leagan teanga (mar shampla i dtábla ina bhfuil liosta seoltaí atá ar an leathanach céanna den fhoilseachán i ngach leagan de) úsáidtear na rialacha atá i bhfeidhm maidir le foilseacháin ilteangacha.

Ballstáit an Aontais Eorpaigh

I gcás Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, leagtar amach gach seoladh sa bhunteanga, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

- i gcás na Beilge, tugtar seoltaí i bhFraincis agus in Ollainnis (cuireadh comhaontú i gcrích le húdaráis na Beilge nach n-áireofaí an leagan Gearmáinise, tríú teanga náisiúnta na tíre, sa seoladh),
- i gcás na Bulgáire, na Gréige agus na Cipire, tugtar seoltaí uair amháin i gcarachtair na bunaibítire agus uair amháin i gcarachtair rómhánacha (traslitriú Béarla). I gcás leaganacha i gcarachtair na Bulgáirise agus na Gréigise, tugtar ainm an bhaile agus ainm na tíre i gcarachtair rómhánacha freisin (traslitriú Béarla),
- i gcás na hÉireann, tugtar seoltaí i nGaeilge agus i mBéarla,
- i gcás Mhálta, tugtar seoltaí, i Máltais agus i mBéarla,
- i gcás na Fionlainne, tugtar seoltaí i bhFionlainnais agus i Sualainnis.



Tugtar sampla de liosta ilteangach le haghaidh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i [bPointe 9.1.4.](#)

Tríú tíortha

I gcás tríú tíortha a úsáideann aibítir eile (an tSín, an tSeapáin agus tíortha a úsáideann aibítir na hAraibise, etc.), ní mór seoltaí a thraslitriú go teanga a úsáideann an aibítir rómhánach. Luaitear ainm na tíre, agus ainm an bhaile fiú, i dteanga de chuid an Aontais Eorpaigh atá inaitheanta go hidirnáisiúnta, i mBéarla de ghnáth.

9.1.4. Seoltaí sna Ballstáit: leagan amach agus samplaí

Tá liosta ilteangach tugtha sa sampla seo thíos. Úsáidtear na seoltaí seo ar mhaithe leis an leagan amach a léiriú agus chuige sin amháin agus níor cheart glacadh leo mar shonraí reatha. Chun sonraí reatha (sráid, uimhir, teileafón, etc.) a fháil, baintear úsáid as foinse atá cothrom le dáta.

an Bheilg Commission européenne Représentation en Belgique Rue Archimède 73 1000 Bruxelles BELGIQUE Tél. +32 22953844 Fax +32 22950166 Europese Commissie Vertegenwoordiging in België Archimedesstraat 73 1000 Brussel BELGIË Tel. +32 22953844 Fax +32 22950166	an Bhulgáir Европейска комисия Представителство в България ул. „Московска“ № 9 1000 София/Sofia БЪЛГАРИЯ/BULGARIA Тел. +359 29335252 Факс +359 29335233 European Commission Representation in Bulgaria Moskovska 9 1000 Sofia BULGARIA Tel. +359 29335252 Fax +359 29335233	an tSeicia Evropská komise Zastoupení v Česku Pod Hradbami 17 160 00 Praha 6 ČESKO Tel. +420 224312835 Fax +420 224312850 <i>Seoladh poist:</i> PO Box 192 160 41 Praha 6 ČESKO
an Danmhairg Europa-Kommissionen Repræsentation i Danmark Højbrohus Østergade 61 1004 København K DANMARK Tlf. +45 33144140 Fax +45 33111203	an Ghearmáin Europäische Kommission Vertretung in Berlin Unter den Linden 78 10117 Berlin DEUTSCHLAND Tel. +49 302280-2000 Fax +49 302280-2222	an Eastóin Euroopa Komisjon Esindus Eestis Kohtu 10 10130 Tallinn EESTI/ESTONIA Tel +372 6264400 Faks +372 6264439
Éire An Coimisiún Eorpach Ionadaíocht in Éirinn Áras na hEorpa 12-14 Sráid an Mhóta Íochtarach Baile Átha Cliath 2 D02 W710 ÉIRE Teil. +353 16341111 Facs +353 16341112 European Commission Representation in Ireland Europe House 12-14 Lower Mount Street Dublin 2 D02 W710 IRELAND Tel. +353 16341111 Fax +353 16341112	an Ghréig Ευρωπαϊκή Επιτροπή Αντιπροσωπεία στην Ελλάδα Βασιλίσσης Σοφίας 2 106 74 Αθήνα/Athens ΕΛΛΑΔΑ/GREECE Τηλ. +30 2107251000 Φαξ +30 2107244620 European Commission Representation in Greece Vassilissis Sofias 2 106 74 Athens GREECE Tel. +30 2107251000 Fax +30 2107244620	an Spáinn Comisión Europea Representación en España Paseo de la Castellana, 46 28046 Madrid Madrid ESPAÑA Tel. +34 914315711 Fax +34 915760387
an Fhrainc Commission européenne Représentation en France 288 boulevard Saint-Germain 75007 Paris FRANCE Tél. +33 140633800 Fax +33 145569417	an Chróit Europska komisija Predstavništvo u Hrvatskoj Ulica Augusta Cesarca 2 HR-10000 Zagreb HRVATSKA Tel. +385 14691300 Faks +385 14627499	an Iodáil Commissione europea Rappresentanza in Italia Via IV Novembre 149 00187 Roma RM ITALIA Tel. +39 06699991 Fax +39 066791658

an Chipir

Ευρωπαϊκή Επιτροπή
Αντιπροσωπεία στην Κύπρο
Iris Tower, 8ος όροφος
Αγαπήνωρος 2
CY-1076 Λευκωσία/Nicosia
ΚΥΠΡΟΣ/CYPRUS

Τηλ. +357 22817770
Φαξ +357 22768926

European Commission
Representation in Cyprus
Iris Tower, 8th Floor
Agapinor Street 2
CY-1076 Nicosia
CYPRUS

Tel. +357 22817770
Fax +357 22768926

an Laitvía

Eiropas Komisija
Pārstāvniecība Latvijā
Jēkaba kazarmas
Torņu iela 4–1C
Rīga, LV-1050
LATVIJA

Tālr. +371 7325270
Fakss +371 7325279

an Liotuáin

Europos Komisija
Atstovybė Lietuvoje
Naugarduko g. 10
LT-01141 Vilnius
LIETUVA/LITHUANIA

Tel. +370 52313191
Faks. +370 52313192

Lucsamburg

Commission européenne
Représentation au Luxembourg
Bâtiment Jean Monnet
Rue Alcide De Gasperi
L-2920 Luxembourg
LUXEMBOURG

Tél. +352 4301-1
Fax +352 4301-34433

Office des publications de l'Union
européenne
20, rue de Reims
L-2417 Luxembourg
LUXEMBOURG

Seoladh poist:

Office des publications de l'Union
européenne
L-2985 Luxembourg
LUXEMBOURG

an Ungáir

Európai Bizottság
Magyarországi Képviselete
Budapest
Bérc u. 23.
1016
MAGYARORSZÁG/HUNGARY

Tel. +36 12099700
Fax +36 14664221

Málta

Il-Kummissjoni Ewropea
Rappreżentanza ta' Malta
Dar l-Ewropa
254, Triq San Pawl
Valletta
VLT 1215
MALTA

European Commission
Representation in Malta
Dar l-Ewropa
254, Triq San Pawl
Valletta
VLT 1215
MALTA

Tel. +356 2342500
Faks +356 21344897

an Ísiltír

Europese Commissie
Vertegenwoordiging in Nederland
Korte Vijverberg 5
2513 AB Den Haag
NEDERLAND

Tel. +31 703135300
Fax +31 703646619

an Ostair

Europäische Kommission
Vertretung in Österreich
Kärntnerring 5-7
1010 Wien
ÖSTERREICH

Tel. +43 151618-0
Fax +43 15134225

an Pholainn

Przedstawicielstwo
Komisji Europejskiej w Polsce
Centrum Jasna
ul. Jasna 14/16a
00-041 Warszawa
POLSKA/POLAND

Tel. +48 225568989
Faks +48 225568998

an Phortaingéil

Comissão Europeia
Representação em Portugal
Largo Jean Monnet 1-10.º
1069-068 Lisboa
PORTUGAL

Tel. +351 213509800
Fax +351 213509801/02/03

an Rómáin

Comisia Europeană
Reprezentanța din România
Str. Jules Michelet nr. 18, sector 1
010463 București
ROMÂNIA

Tel. +40 212035400
Fax +40 212128808

an tSlóivéin

Evropska komisija
Predstavništvo v Sloveniji
Dunajska 20
1000 Ljubljana
SLOVENIJA

Tel. +386 12528800
Faks +386 14252085

an tSlóvaic

Európska komisia
Zastúpenie na Slovensku
Palisády 29
811 06 Bratislava
SLOVENSKO/SLOVAKIA

Tel. +421 254431718
Fax +421 254432972

an Fhionlainn

Euroopan komissio
Suomen-edustusto
Pohjoisesplanadi 31
FI-00100 Helsinki
SUOMI/FINLAND

P. +358 96226544
F. +358 9656728

Europeiska kommissionen
Representationen i Finland
Norra esplanaden 31
FI-00100 Helsingfors
FINLAND

Tfn +358 96226544
Fax +358 9656728

an tSualainn

Europeiska kommissionen
Representationen i Sverige
Regeringsgatan 65, 6 tr.
Box 7323
SE-103 90 Stockholm
SVERIGE

Tfn +46 856244411
Fax +46 856244412

Foirmeacha eile a d'fhéadfaí a úsáid don leagan amach (an Bheilg agus an Fhionlainn)**an Bheilg**

Commission européenne/
Europese Commissie
Rue Archimède/Archimedesstraat 73
1000 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

Tél./tel. +32 22953844
Fax +32 22950166

an Fhionlainn

Akateeminen Kirjakauppa /
Akademiska Bokhandeln
Pohjoisesplanadi 39 /
Norra esplanaden 39
PL/PB 128
FI-00101 Helsinki/Helsingfors
SUOMI/FINLAND

P./tfn +358 96226544
F./fax +358 9656728

NB: Liostaítear na huimhreacha teileafóin san fhoráil+d idirnáisiúnta. Chun glao náisiúnta a dhéanamh, ní mór na cleachtais is déanaí atá i bhfeidhm san eagraíocht teileachumarsáide a leanúint le haghaidh cibé tír atá i gceist. Ní hionann na cleachtais sna tíortha éagsúla agus bíonn siad á bhforbairt de shíor. Ní bheadh sé praiticiúil dá bhrí sin iad a liostú agus a choimeád cothrom le dáta anseo. Áirítear sna cleachtais seo:

- figiúr breise nó figiúirí breise a úsáid i dtíortha áirithe (e.g. '0' sa Bheilg agus sa Fhrainc, '06' san Ungáir),
- cód na cathrach a chur leis an uimhir nuair nach bhfuiltear i limistéar na cathrach (e.g. sa Liotuáin),
- '0' a chur leis an uimhir nuair nach bhfuiltear sa cheantar uirbeach céanna (e.g. sa Rómáin),
- cóid chomhlántacha a úsáid le haghaidh soláthróirí eile seirbhíse, agus
- iniomparthacht uimhreacha teileafóin (rud a chiallaíonn nach bhfuil feidhm ag an gcód ceantair agus gur cuma faoin suíomh).

9.1.5. Seoltaí sna Ballstáit: tréithe sonracha**Cóid phoist, Eircode agus cóid tíre**

Déantar cur síos beacht sa tábla seo thíos ar struchtúr na gcód atá le húsáid i ngach Ballstát.

Tír	Cód Poist/ Eircode ⁽¹⁾	Cód tíre	Tráchtai
an Bheilg	4 fhigiúr		
an Bhulgáir	4 fhigiúr		
an tSeicia	5 fhigiúr		Tá spás idir an tríú figiúr agus an ceathrú figiúr. Tá dhá spás idir an cód poist agus ainm an bhaile.

(ar lean)

Tír	Cód Poist/ Eircode ⁽¹⁾	Cód tíre	Tráchtaí
An Danmhairg	4 fhiigiúr		
an Ghearmáin	5 fhiigiúr		Ní chuirtear cód tíre (D- nó DE-) roimh an gcód poist riamh. Má dhéantar amhlaidh, d'fhéadfadh an t-inneall moill a chur ar shórtáil an phoist.
an Eastóin	5 fhiigiúr		
Éire	7 gcarachtar alfa-uimhriúla (Eircode)		Tugtar, más féidir, cód an cheantair i gcás Bhaile Átha Cliath. Ní mór an Eircode a chur ar líne ar leith os cionn ainm na tíre.
an Ghréig	5 fhiigiúr		Tá spás idir an tríú fhiigiúr agus an ceathrú fhiigiúr.
an Spáinn	5 fhiigiúr		Cuirtear isteach ainm an chúige i ndiaidh ainm an bhaile ar líne nua — féach an liosta ar shuíomh gréasáin an Aontais Poist Uilechoitinn (EN).
an Fhrainc	5 fhiigiúr		
an Chróit	5 fhiigiúr	HR	Ní mór 'HR-' a chur roimh an gcód poist.
an Iodáil	5 fhiigiúr		Cuirtear isteach giorrúchán an chúige i ndiaidh ainm an bhaile — féach an liosta ar shuíomh gréasáin an Aontais Poist Uilechoitinn (EN).
an Chipir	4 fhiigiúr	CY	Ní foláir 'CY-' a chur roimh an gcód poist.
an Laitvia	4 fhiigiúr (ar dheis)	LV	Ní foláir 'LV-' a chur roimh an gcód poist. Cuirtear ar dheis ó ainm an bhaile é, agus camóg eatarthu.
an Liotuáin	5 fhiigiúr	LT	Ní mór 'LT-' a chur roimh an gcód poist.
Lucsamburg	4 fhiigiúr	L	Ní mór 'L-' a chur roimh an gcód poist.
an Ungáir	4 fhiigiúr		Ní mór ainm na sráide a chur faoi ainm an bhaile. Ní foláir an cód poist a chur ar líne faoi leith, idir ainm an bhaile agus ainm na tíre.
Málta	3 litir + 4 fhiigiúr		Ní mór an cód poist a chur faoi ainm an bhaile agus spás a chur idir na litreacha agus na fhiigiúirí.
an Ísiltír	4 fhiigiúr + 2 litir		Tá spás idir na fhiigiúirí agus na litreacha. Tá dhá spás idir an cód poist agus ainm an bhaile.
an Ostair	4 fhiigiúr		
an Pholainn	5 fhiigiúr		Tá dais idir an tríú fhiigiúr agus an ceathrú fhiigiúr.
an Phortaingéil	7 bhfiigiúr		Tá dais idir an ceathrú fhiigiúr agus an cúigiú fhiigiúr.
an Rómáin	6 fhiigiúr		
an tSlóivéin	4 fhiigiúr		
an tSlóvaic	5 fhiigiúr		Tá spás idir an tríú fhiigiúr agus an ceathrú fhiigiúr.
an Fhionlainn	5 fhiigiúr	FI	Ní mór 'FI-' a chur roimh an gcód poist (nó 'AX-' d'Óileáin Åland).
an tSualainn	5 fhiigiúr	SE	Ní mór 'SE-' a chur roimh an gcód poist. Tá spás ann idir an tríú fhiigiúr agus an ceathrú fhiigiúr.

(1) Úsáidtear an cód poist sin chun a léiriú cén chuid de chathair a bhfuil an seoladh ann. Maidir le Eircode, a tugadh isteach in Éirinn i mí Iúil 2015, is córas é sin a shannann cód uathúil do gach uile sheoladh ar leith sa tír, idir ghnólaicthe agus áiteanna cónaithe.

NB: Ar chúiseanna praiticiúla (ar mhaithe le haonfhoirmeacht sna leaganacha teanga ar fad), is in ord prótacail a rinneadh an liosta.

Barúlacha eile

Tá dhá theanga oifigiúla nó níos mó ag roinnt Ballstát (an Bheilg, Éire, Málta agus an Fhionlainn) a úsáidtear mar theangacha oibre sna hinstiúidí Eorpacha. (Cé go bhfuil an Ghréigis agus an Tuircis ina dteangacha oifigiúla ag an gCipir, is í an Ghréigis amháin a úsáidtear mar theanga oibre sna hinstiúidí Eorpacha.) Tugtar faoi deara i gcás na Beilge, ag teacht as comhaontú le húdaráis na Beilge, nach náirítear an leagan Gearmáinise den seoladh i bhformáid ilteangach an tseolta. Le haghaidh gach

ceann de na Ballstáit seo a leanas, úsáidtear dhá theanga oifigiúla agus seoltaí á scríobh: Fraincis agus Ollainnis i gcás na Beilge; Gaeilge agus Béarla i gcás na hÉireann; Máltais agus Béarla i gcás Mhálta; agus Fionlainnis agus Sualainnis i gcás na Fionlainne.

Ní mór carachtair faoi leith a chur san áireamh i gcás roinnt tíortha (an Bhulgáir, an Ghréig/an Chipir).

Braitheann an chaoi a scríobhtar seoltaí ar phost a bhfuil a cheann scríbe in aon cheann de thíortha an dá ghrúpa seo ar theanga nó ar theangacha an fhoilseacháin agus cé acu an saothar aonteangach nó saothar ilteangach é.

Seoltaí ar phost a bhfuil a cheann scríbe sa Bheilg, in Éirinn, i Málta nó san Fhionlainn

Saothair aonteangacha

- Saothair i dteanga amháin de theangacha oifigiúla na tíre is ceann scríbe: de ghnáth, bíonn na seoltaí sa teanga sin amháin.
- Saothair i dteanga eile de chuid an Aontais Eorpaigh: bíonn na seoltaí in dhá theanga oifigiúla na tíre is ceann scríbe (mar atá i gcás na saothar ilteangach).

Saothair ilteangacha

Tugtar seoltaí in dhá theanga oifigiúla na tíre is ceann scríbe.

Seoltaí ar phost a bhfuil a cheann scríbe sa Bhulgáir, sa Ghréig nó sa Chipir

Saothair aonteangacha

- Saothair i mBulgáiris nó i nGréigis: bíonn na seoltaí i dteanga an fhoilseacháin ach cuirtear leo ainm an bhaile agus ainm na tíre i mBéarla.
- Saothair i dteangacha eile de chuid an Aontais Eorpaigh: bíonn na seoltaí i gcarachtair rómhánacha (le traslitriú d'ainm na sráide, mar shampla, más gá).

Saothair ilteangacha

Tugtar seoltaí sa Bhulgáiris nó sa Ghréigis agus cuirtear leo ainm an bhaile agus ainm na tíre i mBéarla. Tugtar an seoladh iomlán i gcarachtair rómhánacha freisin (traslitriú Béarla).

9.2. Seoltaí leictreonacha

Tugtar an t-eolas maidir le seoltaí leictreonacha anseo thíos.

- ‘ríomhphost:’ (úsáidtear idirstad):

`ríomhphost: ainm.sloinne@ec.europa.eu`

- ‘idirlíon:’ (úsáidtear idirstad):

`idirlíon: https://europa.eu`

Ar mhaithe le comhchuibhiú, ní dhéantar an giorrúchán URL a chur roimh sheoladh leictreonach a thuilleadh.

Féadtar seoltaí leictreonacha a thabhairt le fios freisin gan an réamhthagairt, go háirithe má tá an spás teoranta:

`ainm.sloinne@ec.europa.eu`

`https://www.europarl.europa.eu`

NB: I gcás seoltaí idirlín, is inmhianta an prótacal aistrithe a choimeád (`http://`, `https://`, `ftp://` etc.), go háirithe chun cumraíocht cheart na nasc a áirithiú agus leathanaigh idirlín á n-íoslódáil.

9.3. Uimhreacha teileafóin

Rialaítear na bealaí a scríobhtar uimhreacha teileafóin le caighdeáin éagsúla idirnáisiúnta a eisíonn an tAontas Teileachumarsáide Idirnáisiúnta (moltaí ITU-T E.122, E.123 agus E.126 go príomha).

Sa ghnáthúsáid, áfach, cruthaíonn na cleachtais seo deacrachtaí éagsúla, go háirithe na cleachtais sin a bhaineann leis na foirmeacha atá molta mar leagan amach. Ar mhaithe leis an tsimplíocht, chomhaontaigh údaráis an Aontais Eorpaigh leagan amach aonfhoirmeach maidir le gach teanga de chuid an Aontais Eorpaigh, faoi réir na bprionsabal seo a leanas:

- An uimhir a thabhairt ina foirm idirnáisiúnta.
- Comhartha suimithe ‘+’ (gan spás ina dhiaidh) a chur roimh an gcód diallithe ag tabhairt le fios go bhfuil gá leis an réimír le haghaidh glaonna idirnáisiúnta.
- I ndiaidh an chóid idirnáisiúnta diallithe móide spás amháin, leagtar amach an uimhir iomlán, an cód réigiúnach san áireamh más ann dó, in aon bhloc amháin:

+33 140633900

- Scartar uimhir fo-líne ón bpríomhuimhir le fleiscín. Ná cuirtear spásanna idir digití na huimhreach fo-líne. Bíonn siad in aon bhloc amháin:

+32 222020-43657

NB: Le haghaidh glaonna náisiúnta, ní mór an uimhir idirnáisiúnta a mhodhnú de réir na gcleachtas is deireanaí atá i bhfeidhm in eagraíocht Teileachumarsáide na tíre (e.g. réimír áitiúil a chur isteach idir an cód idirnáisiúnta agus an uimhir theileafóin féin). De bharr na socruithe éagsúla náisiúnta a bheith á bhforbairt de shíor, leagtar amach uimhreacha teileafóin ina bhformáid idirnáisiúnta i gcónaí i bhfoilseacháin institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh.

Uimhreacha teileafóin i ngrúpaí

Nuair a thugtar níos mó ná uimhir theileafóin amháin, scartar ó chéile iad le tulsais agus spás ar gach aon taobh de:

+33 140633900 / 140678900 / 140123456

Nuair a scríobhtar uimhreacha comhleanúnacha i modh giorraithe, úsáidtear tulsais gan spásanna. Úsáidtear fleiscín chun tús na coda den uimhir atá athraitheach a léiriú san fhoirm chéanna agus a dhéantar i gcás uimhreacha fo-líne (féach an ceathrú pointe thuas):

+33 1406339-00/01/02

Focail a chuirtear roimh uimhreacha teileafóin

Baintear feidhm as na comharthaí seo a leanas chun uimhreacha teagmhála a thabhairt le fios.

- ‘Teil.’ nó ‘teil.’ (le lánstad ach gan idirstad),
- ‘Facs’ nó ‘facs’ (gan lánstad agus gan idirstad),
- ‘Teiléacs’ nó ‘teiléacs’ (gan idirstad),
- ‘Fón póca’ nó ‘fón póca’ (gan idirstad).

Mar mhalairt air sin, féadtar feidhm a bhaint as siombail ghrafach:

☎ +33 1406339-00/01/02

NB: Ná húsáidtear an téarma ‘GSM’ le haghaidh ‘fón póca’. Is cleachtas amháin é GSM i measc go leor cleachtais eile (GPRS, UMTS, etc.).

**‘Europe Direct’**

Is eisceacht í uimhir ‘Europe Direct’ agus ní leanann sí na rialacha thuasluaite. Scríobhtar an uimhir mar a leanas:

00 800 6 7 8 9 10 11

9.4. Saothair a lua agus tagairtí don Iris Oifigiúil

Saothair a lua

Gach uair a luaitear saothair sa leabharliosta ní mór na heilimintí a liostú san ord céanna agus an leagan amach céanna a bheith ann, leagan amach atá ar aon dul le chéile sna leaganacha teanga ar fad.

Le haghaidh rialacha mionsonraithe, féach [Pointe 5.9.4](#).

Tagairtí don Iris Oifigiúil

Féach [Pointe 3.1](#).

Úsáidtear an fhoirm seo a leanas freisin i bhfoilseacháin na Cúirte Breithiúnais nach bhfoilsítear san Iris Oifigiúil:

IO L, 2023/2387

IO C, C/2023/90

NB: Maidir le tagairtí roimh an 1 Deireadh Fómhair 2023, nuair a tugadh isteach foilsíú ar bhonn gníomh ar ghníomh san Iris Oifigiúil, úsáidtear na foirmeacha seo a leanas:

— Go dtí an 31 Nollaig 1967:

IO 1963 190, lch. 3077

— Ón 1 Eanáir 1968 go dtí an 31 Meán Fómhair 2023:

IO 2009 L 195, lch. 1

IO 2010 C 48, lch. 14

9.5. Struchtúr riaracháin an Aontais Eorpaigh: na hainmneacha oifigiúla agus ord liostaithe

Is éard atá i struchtúr riaracháin an Aontais Eorpaigh institiúidí agus comhlachtaí, seirbhísí idirinstiúideacha, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile.

9.5.1. Na hinstiúidí agus na comhlachtaí

Ní mór na hinstiúidí agus na comhlachtaí a liostú de réir an **oird prótacail**.

Sa liosta thíos tugtar na teidil oifigiúla de réir an oird prótacail ón 1 Nollaig 2009 (dáta theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin). Sa tábla a leanann an liosta, tugtar an teideal ba cheart a úsáid de réir an fhoilseacháin chomh maith leis an ngiorrúchán ábhartha agus suíomh na hinstiúide nó an chomhlachta.



Féach freisin [Iarscríbhinn A9 — Na hinstiúidí, na comhlachtaí, na seirbhísí idirinstiúideacha agus na heagraíochtaí: liosta ilteangach](#)

(a) Na hinstitiúidí

- [Parlaimint na hEorpa](#)
- [an Chomhairle Eorpach](#)
 - Uachtarán na Comhairle Eorpaí
- [Comhairle an Aontais Eorpaigh](#)
- [an Coimisiún Eorpach](#)
- [Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh](#)
 - an Chúirt Bhreithiúnais
 - an Chúirt Ghinearálta

NB: An 1 Meán Fómhair 2016 tháinig deireadh le Binse na Seirbhíse Sibhialta, a bunaíodh in 2004 tar éis aistriú a dlínse chuig an gCúirt Ghinearálta.

- [an Banc Ceannais Eorpach](#)
- [Cúirt Iniúchóirí na hEorpa](#)



Tabhair faoi deara na difríochtaí idir na trí Chomhairle

San Aontas Eorpach

[An Chomhairle Eorpach](#)

Tagann na Ceannairí Stáit nó Rialtais (an tUachtarán nó an Príomh-Aire) agus Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh le chéile, i bprionsabal, ceithre huaire in aghaidh na bliana. Tugtar ‘cruinnithe mullaigh’ ar na cruinnithe seo freisin. Is í an Chomhairle Eorpach a leagann síos treoirlínte polaitiúla ginearálta an Aontais.

[Comhairle an Aontais Eorpaigh](#)

Tagann Airí na mBallstát le chéile go rialta laistigh de Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Is iad na hAirí a bhíonn i láthair ná na hAirí a bhfuil an fhreagracht orthu maidir leis an ábhar a bhíonn á phlé acu ag an gcruinniú. Is í príomhchomhlacht an Aontais í maidir le cinntí a dhéanamh agus leis an reachtaíocht Eorpach a chinneadh.

Lasmuigh den Aontas Eorpach

[Comhairle na hEorpa](#)

Is eagraíocht idir-rialtasach í agus ní institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh í.

(b) Comhlacht beartais eachtraigh

- [an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí](#)
 - Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála

(c) Comhlachtaí comhairleacha

- [Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa](#)
- [Coiste Eorpach na Réigiún](#)

(d) Comhlachtaí eile

- [an Banc Eorpach Infheistíochta](#)
 - [an Ciste Eorpach Infheistíochta](#)
- [an tOmbudsman Eorpach](#)
- [an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí](#)
- [an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí](#)

- [Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh](#)
- [an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála](#)

Na hinstitiúidí agus na comhlachtaí: na teidil dhifriúla

Ainm fada	Ainm gearr ⁽¹⁾	Giorrúchán	Suíomh na hoifige
Parlaimint na hEorpa	an Pharlaimint	PE	Strasbourg ⁽²⁾
an Chomhairle Eorpach	—	—	an Bhruiséil
Comhairle an Aontais Eorpaigh	an Chomhairle NB: Gnáthainm: — Comhairle na nAirí — Comhairle [na nAirí] ... e.g. talmhaíocht: Comhairle [na nAirí] Talmhaíochta	—	an Bhruiséil
an Coimisiún Eorpach	an Coimisiún	—	an Bhruiséil ⁽³⁾
Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (<i>institiúid</i>)	an Chúirt Bhreithiúnais	CBAE	Lucsamburg
• an Chúirt Bhreithiúnais (<i>céim</i>)	an Chúirt	—	Lucsamburg
• an Chúirt Ghinearálta	—	—	Lucsamburg
an Banc Ceannais Eorpach	an Banc Ceannais Eorpach	BCE	Frankfurt am Main
Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ⁽⁴⁾ <i>San Iris Oifigiúil</i> : an Chúirt Iniúchóirí	an Chúirt Iniúchóirí, an Chúirt	—	Lucsamburg
an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí	—	SEGS	an Bhruiséil
Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa	an Coiste	CESE ⁽⁵⁾	an Bhruiséil
Coiste Eorpach na Réigiún ⁽⁶⁾ <i>San Iris Oifigiúil, Sraith L</i> : Coiste na Réigiún	an Coiste	—	an Bhruiséil
an Banc Eorpach Infheistíochta	an Banc	BEI	Lucsamburg
an tOmbudsman Eorpach	an tOmbudsman	—	Strasbourg ⁽⁷⁾
an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí	an Maoirseoir Eorpach, an Maoirseoir	MECS	an Bhruiséil
an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí	an Bord Eorpach, an Bord	EDPB	an Bhruiséil
Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh	—	OIPE	Lucsamburg
an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála	—	—	Búcairist

(1) Ná húsáidtear an fhoirm ghiorraithe ach amháin nuair a bhíonn sé soiléir cén institiúid atá i gceist (go háirithe ‘Cúirt’ agus ‘Coiste’). Ní mór an fhoirm fhada a úsáid nuair a luaitear an t-ainm den chéad uair.

(2) Is é Strasbourg suíomh na Parlaiminte. Tionóltar seisiúin bhreise na Parlaiminte sa Bhruiséil. Is é Lucsamburg suíomh na hArdnálaíochta.

(3) Is í an Bhruiséil suíomh an Choimisiúin ach tá cuid dá sheirbhísí lonnaithe i Lucsamburg.

(4) Úsáidtear ‘Cúirt Iniúchóirí na hEorpa’ de ghnáth. I gcomhthéacs dlíthiúil úsáidtear an teideal oifigiúil ‘Cúirt Iniúchóirí an Aontais Eorpaigh’ (roimh 1.12.2009: ‘Cúirt Iniúchóirí na gComhphobal Eorpach’). Is annamh a fheictear an teideal seo, áfach, sna téacsanna. San Iris Oifigiúil úsáidtear an fhoirm ghearr ‘an Chúirt Iniúchóirí’.

(5) Ná húsáidtear Ecosoc ná an fhoirm ghearr ‘an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta’ ná an giorrúchán CES.

(6) Is é ‘Coiste Eorpach na Réigiún’ an gnáthainm a úsáidtear. Ní mór ‘Coiste na Réigiún’, an t-ainmníú oifigiúil a úsáid i dtéacsanna dlíthiúla agus i Sraith L d’Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

(7) Is ag suíomh Parlaimint na hEorpa atá suíomh an Ombudsman Eorpaigh.

9.5.2. Seirbhísí idirinstitiúideacha

Tá na seirbhísí idirinstitiúideacha maidir le cúrsaí riaracháin na n-oifigí seo á mbainistiú ag an gCoimisiún Eorpach (féach [Pointe 9.6](#)).

Ainm	Ainm gearr	Giorrúchán	Suíomh na hoifige	Gníomh tagartha (gníomh bunaidh) ⁽¹⁾	Leasuithe
Seirbhís Cibearshlándála d'Institiúidí, Comhlachtaí, oifigí agus Gníomhaireachtaí an Aontais ⁽²⁾	—	CERT-EU	an Bhruiséil	IO L, 2023/2841, 18.12.2023 (en)	Scríbhinn leasaithe
an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne ⁽³⁾ • an Scoil Riaracháin Eorpach ⁽⁴⁾	Roghnú Foirne an Oifig um Roghnú Foirne • an Scoil Riaracháin	EPSO (*) • EUSA ()	an Bhruiséil	IO L 197, 26.7.2002, lch. 53 (en) • IO L 37, 10.2.2005, lch. 14 (en)	
Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh ⁽⁵⁾	Oifig na bhFoilseachán	OP (*)	Lucsamburg	IO L 168, 30.6.2009, lch. 41 (en) (IO 152, 13.7.1967, lch. 18 (en))	

(*) Níl ach an t-aon ghiorrúchán amháin ann do na teangacha uile.

(1) I bprionsabal, is é an gníomh tagartha an gníomh bunaitheach. Má rinneadh 'athmhúnlú' nó 'códú' ar ghníomh bunaitheach nó má rinneadh é a aisghairm agus a ionadú le gníomh nua, is é an gníomh modhnaithe sin an bunghníomh nua (agus ansin tugtar an gníomh bunaitheach bunaidh idir lúibíní mar mheabhrúchán).

(2) Tá cúrsaí riaracháin na hoifige seo á mbainistiú ag Ard-Stiúrtóireacht na Seirbhísí Digiteacha.

(3) Gnáthainm.

(4) Tá cúrsaí riaracháin na hoifige seo á mbainistiú ag an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne.

(5) Go dtí 30.6.2009: 'Oifig Foilseachán Oifigiúil na gComhphobal Eorpach'.

9.5.3. Eagraíochtaí díláraithe (gníomhaireachtaí)

Bunaítear eagraíochtaí díláraithe (gníomhaireachtaí) le sainghníomh reachtach agus sanntar cúraimí áirithe dóibh.

De ghnáth, liostaítear na heagraíochtaí in **ord aibítre theanga an fhoilseacháin**.

Ainm	Giorrúchán	Suíomh na hoifige	Gníomh tagartha (gníomh bunaidh) ⁽¹⁾	Leasuithe ⁽²⁾
an Bord Réitigh Aonair	BRA	an Bhruiséil	IO L 225, 30.7.2014, lch. 1	
an Foras Eorpach Oiliúna	ETF (*)	Torino	IO L 354, 31.12.2008, lch. 82 (IO L 131, 23.5.1990, lch. 1 (en))	
an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú	Eurofound (*)	Baile Átha Cliath	IO L 30, 31.1.2019, lch. 74 (IO L 139, 30.5.1975, lch. 1 (en))	Scríbhinn leasaithe
Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais	eu-LISA (*)	Taillinn	IO L 295, 21.11.2018, lch. 99 (IO L 286, 1.11.2011, lch. 1)	
Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí	Europol	an Háig	IO L 135, 24.5.2016, lch. 53 (IO C 316, 27.11.1995, lch. 1 (en))	
Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis	EUSPA (*)	Prág	IO L 170, 12.5.2021, lch. 69	
Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha	FRA (*)	Vín	IO L 53, 22.2.2007, lch. 1 (en)	

(ar lean)

Ainm	Giorrúchán	Suíomh na hoifige	Gníomh tagartha (gníomh bunaidh) ⁽¹⁾	Leasuithe ⁽²⁾
Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándaíl	ENISA (*)	Heraklion	IO L 151, 7.6.2019, lch. 15 (IO L 77, 13.3.2004, lch. 1 (en))	
Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil	Eurojust	an Háig	IO L 295, 21.11.2018, lch. 138 (IO L 63, 6.3.2002, lch. 1 (en))	
Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh	ACER (*)	Liúibleána	IO L 158, 14.6.2019, lch. 22 (IO L 211, 14.8.2009, lch. 1)	
Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí	CEPOL	Búdaipeist	IO L 319, 4.12.2015, lch. 1 (IO L 256, 1.10.2005, lch. 63 (en))	
Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann	—	Málta	IO L 468, 30.12.2021, lch. 1	
Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh	EUDA (*)	Liospóin	IO L 166, 30.6.2023, lch. 6	Teacht i bhfeidhm: 1.7.2023 EMCDDA go EUDA: 2.7.2024
an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán	ECHA (*)	Heilsinci	(IO L 396, 30.12.2006, lch. 1 (en))	Ceartúchán: IO L 136, 29.5.2007, lch. 3 (en)
an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil	EEA	Cóbanhávan	IO L 126, 21.5.2009, lch. 13	
an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta	Frontex (*)	Vársá	IO L 295, 14.11.2019, lch. 1 (IO L 349, 25.11.2004, lch. 1 (en))	
an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach	EFCA	Vigo	IO L 83, 25.3.2019, lch. 18 (IO L 128, 21.5.2005, lch. 1 (en))	
an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair	EU-OSHA (*)	Bilbao	IO L 30, 31.1.2019, lch. 58 (IO L 216, 20.8.1994, lch. 1 (en))	
an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí	EMSA	Liospóin	IO L 208, 5.8.2002, lch. 1 (en)	
Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh	ERA	Lille-Valenciennes	IO L 138, 26.5.2016, lch. 1 (IO L 164, 30.4.2004, lch. 1 (en))	
an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach	EMA (*)	Amstardam	IO L 136, 30.4.2004, lch. 1 (en)	Gníomh leasaitheach (suíomh): IO L 291, 16.11.2018, lch. 3
Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh	EASA	Köln	IO L 212, 22.8.2018, lch. 1 (IO L 240, 7.9.2002, lch. 1 (en))	Ceartúchán: IO L 158, 14.6.2019, lch. 200
Gníomhaireacht Tacaíochta BEREC (ainm gearr: Oifig BEREC)	—	Ríge	IO L 321, 17.12.2018, lch. 1 (IO L 337, 18.12.2009, lch. 1)	
an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne	EIGE (*)	Vilnias	IO L 403, 30.12.2006, lch. 9 (en)	
Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh	CdT (*)	Lucsamburg	IO L 314, 7.12.1994, lch. 1 (en)	
an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna	Cedefop (*)	Thessaloniki	IO L 30, 31.1.2019, lch. 90 (IO L 39, 13.2.1975, lch. 1 (en))	
an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú	ECDC (*)	Stócólm	IO L 142, 30.4.2004, lch. 1 (en)	

(ar lean)

Ainm	Giorrúchán	Suíomh na hoifige	Gníomh tagartha (gníomh bunaidh) ⁽¹⁾	Leasuithe ⁽²⁾
an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí	EMCDDA	Liospóin	IO L 376, 27.12.2006, lch. 1 (en) (IO L 36, 12.2.1993, lch. 1 (en))	Gníomh leasaitheach: IO L 166, 30.6.2023, lch. 6 Teacht i bhfeidhm: 1.7.2023 EMCDDA go EUDA: 2.7.2024
an Oifig Comhphobail um Chineálacha Plandaí	CPVO	Angers	IO L 227, 1.9.1994, lch. 1 (en)	Gníomh leasaitheach á ullmhú
Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh	EUIPO	Alicante	IO L 154, 16.6.2017, lch. 1 (IO L 11, 14.1.1994, lch. 1 (en))	
an tÚdarás Baintéireachta Eorpach	ÚBE	Páras	IO L 331, 15.12.2010, lch. 12	Gníomh leasaitheach (suíomh): IO L 291, 16.11.2018, lch. 1
an tÚdarás Eorpach Saothair	—	an Bhratasláiv	IO L 186, 11.7.2019, lch. 21	Bunú: 31.7.2019
an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde	EIOPA	Frankfurt am Main	IO L 331, 15.12.2010, lch. 48	
an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia	EFSA ^(*)	Parma	IO L 31, 1.2.2002, lch. 1 (en)	
an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí	ESMA	Páras	IO L 331, 15.12.2010, lch. 84	
an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol	ÚCSA	Frankfurt am Main	IO L, 2024/1620, 19.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1620/oj	
an tÚdarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha	—	an Bhruiséil	IO L 317, 4.11.2014, lch. 1	Scribhinn leasaithe
Modhnú a glacadh				
—	—			—
Tá sé á ullmhú faoi láthair D'fhéadfadh sé go ndéanfaí ainm iliomad gníomhaireachtaí áirithe a mhodhnú mar gheall ar na nósanna imeachta atá á bpleanáil nó atá ar siúl faoi láthair.				
aan Oifig Comhphobail um Chineálacha Plandaí <i>Togra:</i> an Ghníomhaireacht Eorpach ar Chineálacha Plandaí	CPVO <i>Togra:</i> (?)		<i>Nós imeachta:</i> COM(2013) 262 – 2013/137 (COD) Tá súil le coinneáil air seo (tá PE tar éis a iarraidh ar an gCoimisiún a thogra a tharraingt siar agus togra nua a thíolacadh)	
Céim ullmhúcháin (gníomhaireachtaí nua)				
—	—		—	

(*) Níl ach an t-aon ghiorrúchán amháin ann do na teangacha uile.

(1) I bprionsabal, is é an gníomh tagartha an gníomh bunaitheach. Má rinneadh 'athmhúnlú' nó 'códú' ar ghníomh bunaitheach, nó má rinneadh é a aisghairm agus a ionadú le gníomh nua, is é an gníomh modhnaithe sin an bunghníomh nua (agus ansin tugtar an gníomh bunaitheach bunaidh idir lúibíní mar mheabhúchán).

(2) Is iad seo a leanas na cineálacha éagsúla modhnúcháin.

- 'Ceartúchán', 'gníomh leasaitheach' (nó eile): modhnúcháin ar an mbunghníomh maidir leis an ainm, an giorrúchán nó an suíomh.
- 'Scribhinn leasaithe': maidir leis an gcomhlacht i gceist, rinneadh leasú ar an scribhinn a úsáideadh sa rialachán chun cloí le coinbhinsiúin na scríbhneoireachta idirinstiúidí, go háirithe leis na rialacha a bhaineann le cás uachtair agus le cás íochtair (agus le comhaontú ó dhlí-theangeolaithe na Comhairle, níl ceartúchán de dhíth).

NB: Féach freisin Cinneadh 2004/97/CE, Euratom an 13 Nollaig 2003 maidir le suíomh oifige agus gníomhaireachtaí áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh (IO L 29, 3.2.2004, lch. 15; [en](#))).

Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an chombheartais eachtraigh agus slándála

Ainm	Giorrúchán	Suíomh na hoifige	Gníomh tagartha (gníomh bunaidh) ⁽¹⁾
Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint	ESDC	an Bhruiséil	IO L, 2024/3116, 10.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3116/oj (IO L 194, 26.7.2005, lch. 15 (en))
an Gníomhaireacht Eorpach um Chosaint	GEC	an Bhruiséil	IO L 266, 13.10.2015, lch. 55 (en) (IO L 245, 17.7.2004, lch. 17 (en))
Institiúid an Aontais Eorpaigh um Staidéar Slándála	EUISS	Páras	IO L 41, 12.2.2014, lch. 13 (en) (IO L 200, 25.7.2001, lch. 1 (en))
Lárionad Satailít an Aontais Eorpaigh	Satcen	Torrejón de Ardoz	IO L 188, 27.6.2014, lch. 73 (en) (IO L 200, 25.7.2001, lch. 5 (en))

(1) I bprionsabal, is é an gníomh tagartha an gníomh bunaitheach. Má rinneadh ‘athmhúnlú’ ar ghníomh bunaitheach nó ‘códu’ de ghníomh bunaitheach, nó má rinneadh é a aisghairm agus a ionadú le gníomh nua, is é an gníomh modhnaithe sin an bunghníomh nua (agus ansin tugtar an gníomh bunaitheach bunaidh idir lúibíní mar mheabhrúchán).

9.5.4. Gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

Is eintitis dhlíthiúla iad na gníomhaireachtaí seo a bunaíodh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 52/2003 ón gComhairle (IO L 11, 16.1.2003; [en](#)). Bíonn dualgais ar leith orthu a bhaineann le bainistiú chláir an Aontais Eorpaigh. Tá na gníomhaireachtaí seo bunaithe go ceann tréimhse shocraithe.

Ainm	Giorrúchán	Suíomh na hoifige	Gníomh tagartha (+ ceartúchán nó gníomh leasaitheach)
an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, onneagar agus Comhshaol	CINEA (*)	an Bhruiséil	IO L 50, 15.2.2021, lch. 9
an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú	HADEA (*)	an Bhruiséil	IO L 50, 15.2.2021, lch. 9
an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr	EACEA (*)	an Bhruiséil	IO L 50, 15.2.2021, lch. 9
an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde	REA (*)	an Bhruiséil	IO L 50, 15.2.2021, lch. 9
Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde	ERCEA (*)	an Bhruiséil	IO L 50, 15.2.2021, lch. 9
Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide	Eisnea (*)	an Bhruiséil	IO L 50, 15.2.2021, lch. 9

(*) Níl ach an t-aon ghiorrúchán amháin ann do na teangacha uile.

9.5.5. Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí de chuid Euratom

Bunaíodh na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí seo chun tacaíocht a thabhairt don Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) a chuid spriocanna abhaint amach.

Ainm	Ainm gearr	Giorrúchán	Suíomh na hoifige	Gníomh tagartha
an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt	Fuinneamh Comhleá	F4E (*)	Barcelona	IO L 90, 30.3.2007, lch. 58 (en) Gníomh leasaitheach: IO L 90, 23.2.2021, lch. 41
Gníomhaireacht Soláthair Euratom	—	GSE	Lucsamburg	IO L 41, 15.2.2008, lch. 15 (en)

(*) Níl ach an t-aon ghiorrúchán amháin ann do na teangacha uile.

9.5.6. Eagraíochtaí eile

Bunaítear roghnú na n-eagraíochtaí eile atá liostaithe anseo – comhghnóthais agus comhpháirtíochtaí eile – le haghaidh comhair i gcláir an Aontais maidir le taighde, forbairt theicneolaíoch agus taisealbhadh.

Gnáthainm	Ainm gearr	Giorrúchán	Suíomh na hoifige	Gníomh tagartha
Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach ⁽¹⁾	—	—	an Bhruiséil	IO L 427, 30.11.2021, lch. 17
Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfeidhmíochta Eorpach	Comhghnóthas EuroHPC	—	Lucsamburg	IO L 256, 19.7.2021, lch. 3
Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3	—	—	an Bhruiséil	IO L 427, 30.11.2021, lch. 17
Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair ⁽²⁾	—	—	an Bhruiséil	IO L 427, 30.11.2021, lch. 17
an Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan ⁽³⁾	—	—	an Bhruiséil	IO L 427, 30.11.2021, lch. 17
an Comhghnóthas um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach ⁽⁴⁾	—	—	an Bhruiséil	IO L 427, 30.11.2021, lch. 17
an Comhghnóthas um Hidrigín Ghlan ⁽⁵⁾	—	—	an Bhruiséil	IO L 427, 30.11.2021, lch. 17
Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa ⁽⁶⁾	—	—	an Bhruiséil	IO L 427, 30.11.2021, lch. 17
an Comhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste	—	—	an Bhruiséil	IO L 427, 30.11.2021, lch. 17
an Comhghnóthas um Shliseanna ⁽⁷⁾	—	—	an Bhruiséil	IO L 229, 18.9.2023, lch. 55
an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht	—	EIT (*)	Búdapeist	IO L 189, 28.5.2021, lch. 61

(*) Níl ach an t-aon ghiorrúchán amháin ann do na teangacha uile.

(1) Arna chur in ionad ‘Comhghnóthas IMI 2’.

(2) Arna chur in ionad ‘Comhghnóthas SESAR’.

(3) Arna chur in ionad ‘Comhghnóthas Spéire Glaine 2’.

(4) Arna chur in ionad ‘an Comhghnóthas Tionscail Bhithbhunaithe’.

(5) Arna chur in ionad ‘an Comhghnóthas um Chealla Breosla agus um Hidrigín 2’.

(6) Arna chur in ionad ‘Comhghnóthas Shift2Rail’.

(7) Arna chur in ionad ‘an Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha’.

9.6. Ard-Stiúrtóireachtaí agus seirbhísí an Choimisiúin: na teidil oifigiúla

Cóid litreach (úsáid inmheánach amháin) agus cóid uimhreacha (úsáid ríomhaireachta amháin).

Féach freisin:

[Nasc chuig suíomhanna gréasáin na ASanna](#)

[Nasc chuig liosta na gCoimisinéirí.](#)

Ainm fada agus ord liostaithe	Ainm gearr	Giorrúchán	Cód litreach (úsáid inmheánach) ⁽¹⁾	Cód uimhreacha ⁽²⁾ (dofheicthe)	Réimse/Réimsí
Ardrúnaíocht		SG	SG	31	Ardrúnaíocht

(ar lean)

Ainm fada agus ord liostaithe	Ainm gearr	Giorrúchán	Cód litreach (úsáid inmheánach) ⁽¹⁾	Cód uimhreacha ⁽²⁾ (dofheicthe)	Réimse/Réimsí
an Tascfhórsa um Athchóiriú agus Infheistíocht		SG Reform	REFOR	28	Athchóiriú agus Infheistíocht
an tSeirbhís Dlí		SJ	SJ	32	an tSeirbhís Dlí
Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide	AS na Cumarsáide		COMM	61	Cumarsáid
IDEA – Inspioráid, Díospóireacht, Rannpháirtíocht agus Beart Luathaithe			IDEA	46	Inspioráid, Díospóireacht, Rannpháirtíocht agus Beart Luathaithe
Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid	AS an Bhuiséid		BUDG	19	Buiséad
an Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus um Shláidáil	an AS um Acmhainní Daonna agus um Shláidáil		HR	09	Acmhainní Daonna agus Sláidáil
Ard-Stiúrthóireacht na Seirbhísí Digiteacha	AS na Seirbhísí Digiteacha		DIGIT	50	Seirbhísí Digiteacha
an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach			IAS	25	an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach
an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise		OLAF	OLAF	57	an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise
Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais	AS na nGnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais		ECFIN	02	Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais
an Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide	an AS um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna		GROW	62	Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide
Ard-Stiúrthóireacht Thionscal na Cosanta agus an Spáis	AS Thionscal na Cosanta agus an Spáis		DEFIS	26	Tionscal na Cosanta agus an Spás
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta	AS na hIomaíochta		COMP	04	Iomaíocht
an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú	an AS um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú		EMPL	05	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú
Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe	AS na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe		AGRI	06	Talmhaíocht agus Forbairt Tuaithe
Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair	AS na Soghluaisteachta agus an Iompair		MOVE	7	Soghluaisteacht agus Iompar
Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh	AS an Fhuinnimh		ENER	27	Fuinneamh
Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil	AS an Chomhshaoil		ENV	11	Comhshaoil
an Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide	an AS um Ghníomhú ar son na hAeráide		CLIMA	87	Gníomhú ar son na hAeráide
Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta	AS an Taighde agus na Nuálaíochta		RTD	12	Taighde agus Nuálaíocht

(ar lean)

Ainm fada agus ord liostaithe	Ainm gearr	Giorrúchán	Cód litreach (úsáid inmheánach) ⁽¹⁾	Cód uimhreacha ⁽²⁾ (dofheicthe)	Réimse/Réimsí
Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta	AS na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta	Connect	CNECT	13	Líonraí Cumarsáide, Ábhar Digiteach agus Teicneolaíocht
an tAirmheán Comhpháirteach Taighde		JRC	JRC	53	an tAirmheán Comhpháirteach Taighde
Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta	AS na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta		MARE	14	Gnóthaí Muirí agus Iascaireacht
an Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil	an um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil		FISMA	15	Cobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil
Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh	AS an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh		REGIO	16	Beartas Réigiúnach agus Uirbeach
Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim	AS an Chánachais agus an Aontais Chustaim		TAXUD	21	Cánachas agus Aontas Custaim
an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr	an AS um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr		EAC	63	Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr
an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia	an AS um Shláinte agus Sábháilteacht Bia		SANTE	64	Sláinte agus Sábháilteacht Bia
an tÚdarás um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandálaí Sláinte			HERA	30	
an Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile	an AS um Imirce agus Gnóthaí Baile		HOME	65	Imirce agus Gnóthaí Baile
an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí	an AS um Cheartas agus Tomhaltóirí		JUST	76	Ceartas agus Tomhaltóirí
an Ard-Stiúrthóireacht um an Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch	an AS um an Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch		TRADE	67	Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch
an Ard-Stiúrthóireacht um Méadú agus Comharsanacht an Oirthir	an AS um Méadú agus Comharsanacht an Oirthir		ENEST	69	Méadú agus Comharsanacht an Oirthir
an Ard-Stiúrthóireacht um an Meánoirthear, an Afraic Thuaidh agus Murascaill na Peirse	an AS um an Meánoirthear, an Afraic Thuaidh agus Murascaill na Peirse		MENA	29	an Meánoirthear, an Afraic Thuaidh agus Murascaill na Peirse
Ard-Stiúrthóireacht na gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta	AS na gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta		INTPA	55	gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta
an Ard-Stiúrthóireacht um Chosaint Shibhialta Eorpach agus Oibríochtaí Cabhrach Daonnúla Eorpacha (ECHO)	an AS um Chosaint Shibhialta Eorpach agus Oibríochtaí Cabhrach Daonnúla Eorpacha (ECHO)	ECHO	ECHO	51	Cosaint Shibhialta Eorpach agus Oibríochtaí Cabhrach Daonnúla Eorpacha (ECHO)
Eurostat		Eurostat	ESTAT	34	Eurostat
Ard-Stiúrthóireacht na hAteangaireachta	AS na hAteangaireachta		SCIC	38	Ateangaireacht

(ar lean)

Ainm fada agus ord liostaithe	Ainm gearr	Giorrúchán	Cód litreach (úsáid inmheánach) ⁽¹⁾	Cód uimhreacha ⁽²⁾ (dofheicthe)	Réimse/Réimsí
Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin	AS an Aistriúcháin	DGT	DGT	47	Aistriúchán
Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh	Oifig na bhFoilseachán		OP	43	Oifig na bhFoilseachán
an tSeirbhís um Ionstraimí Beartais Eachtraigh			FPI	59 ⁽³⁾	an tSeirbhís um Ionstraimí Beartais Eachtraigh
an Oifig um Riar agus um Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla			PMO	40	
an Oifig um Bonneagar agus um Lóistíocht sa Bhruiséil			OIB	39	
an Oifig um Bonneagar agus um Lóistíocht i Lucsamburg			OIL	41	
Oifig Roghnaithe Foirne na gComhphobal Eorpach	an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne ⁽⁴⁾	EPSO	EPSO	42	
Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide		EisMEA	EISMEA	81	
an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr		EACEA	EACEA	82	
an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, onneagar agus Comhshaol		CINEA	CINEA	84	
Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde		ERCEA	ERCEA	85	
an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde		REA	REA	86	
an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digiú		HADEA	HaDEA	90	
				89 ⁽⁵⁾	

- (1) Is ar mhaithe le húsáid inmheánach amháin an cód seo. Úsáidtear an giorrúchán nó an t-acrainm caighdeánach do gach doiciméad a fhoilsítear ar pháipéar nó i bhformáid leictreonach.
- (2) I gcórais ríomhaire áirithe, **60** is cód do na *Cabinets*.
- (3) I gcórais áirithe ríomhaire, is é **Cód 66**, cód an FPI.
- (4) An gnáthainm. Ní úsáidtear an t-ainm fada ach amháin i dtéacsanna dlíthiúla a bhaineann le reachtanna EPSO.
- (5) **89** is cód don Bhord Réitigh Aonair (féach [Pointe 9.5.3, eagraíochtaí dílártaíthe \(gníomhaireachtaí\)](#)).

Féach freisin Ard-Stiúrthóireachtaí agus seirbhísí an Choimisiúin: na leasuithe.

Cuid a Ceathair

Foilseacháin as Gaeilge

Comhlánaíonn rialacha agus gnásanna sonracha na Gaeilge, mar aon le liosta de shaothair thagartha, na gnásanna coiteanna.



10.

Rialacha an tí le haghaidh téacs a ullmhú

Faightear faisnéis maidir le poncaíocht, litriú, uimhreacha, dátaí, agus an t-am, ceannlitreacha agus cás íochtair, giorrúcháin, acrainmneacha agus cló iodálach etc. i rialacha an tí (atá formheasta ag an ngrúpa teanga idirinstitiúideach).

10.1. An phoncaíocht

Cuidíonn comharthaí poncaíochta le heilimintí téacs a scaradh agus téacs sothuigte a sholáthar.

10.1.1. An lánstad

De ghnáth ní úsáidtear lánstad i gceannteidil. Is lánstad amháin a leanann ‘etc.’ nuair a thagann sé ag deireadh abairte. Cuirtear lánstad i ndiaidh focal giorraithe, e.g. Co., An tUas., ach i gcás coimriúchán, ná scríobhtar lánstad.

Is é an cleachtas faoi láthair, áfach, lánstad a chur i ndiaidh lch. (leathanach) agus lgh. (leathanaigh).

Féach freisin [Pointe 10.9](#) thíos, [Iarscríbhinn A3](#) agus [Iarscríbhinn A4](#).

Cuirtear lánstad i gcónaí ag deireadh fonóta.

Ná cuirtear lánstad ag deireadh ceannteidil.

10.1.2. An leathstad

Má bhíonn míreanna fada agus casta agus iad i sraith nó má bhíonn poncaíocht inmheánach á húsáid freisin, ar mhaithe le soiléireacht, úsáidtear leathstadanna chun na míreanna a dheighilt óna chéile:

Is mar a leanas a bhí comhaltas an choimisiúin idirnáisiúnta: an Fhrainc, 4; an Ghearmáin, 5; an Iodáil, 3; an Ríocht Aontaithe, 1; na Stáit Aontaithe, 7.

Clóítear an leathstad go díreach i ndiaidh na litreach nó an fhigiúir roimhe, i.e. gan spás eatarthu.

10.1.3. An t-idirstad

Ná húsáidtear idirstadanna ag deireadh ceannteidil nó chun tábla nó graf atá curtha i dtéacs a chur i láthair. Is féidir idirstad a úsáid chun abairt a roinnt in dhá chuid a dhéanann codarsnacht le chéile nó a chothromaíonn a chéile. Is gá abairt iomlán a bheith ann sa chuid a thagann roimh an idirstad: ní gá gurb amhlaidh don dara cuid.

Clóítear an t-idirstad go díreach i ndiaidh na litreach nó an fhigiúir roimhe, i.e. gan aon spás eatarthu.

10.1.4. Lúibíní cruinne

Úsáidtear lúibíní cruinne chun ábhar nach bhfuil riachtanach ó thaobh na brí de a chur isteach sa téacs:

Beidh an comhlacht a aithneofar faoi Airteagal 14 den Rialachán (‘an comhlacht’) bunaithe laistigh den Chomhphobal.

Ní thagann camóg riamh roimh an lúibín tosaigh. Má bhíonn abairt iomlán laistigh de na lúibíní, caithfear an lánstad a chur roimh an lúibín deiridh.

Seachnaítear lúibíní cruinne a úsáid nuair a bhíonn rogha idir inscní nó idir iolra agus uatha á léiriú. Mar shampla, is slachtmhaire ‘sé/sí’ nó ‘bád/báid’ a úsáid san áit a mbeadh ‘(s)he’ nó ‘boat(s)’ i mBéarla. Is tábhachtaí é seo fós i gcás aidiachtaí, e.g. ‘bád mór/báid mhóra’.

10.1.5. Lúibíní cearnacha

Úsáidtear lúibíní cearnacha chun ráiteas nach ráiteas ón mbunúdar é a idirshuí i bpíosa téacs:

‘Vótáil siad [baill an choiste] i bhfabhar an togra.’

Is féidir lúibíní cearnacha a úsáid freisin chun dréachtaí de shleachta roghnacha, nó de na sleachta sin atá fós á bplé, a idirshuí i bpíosa téacs:

16.45 Is minic nach dtugtar ach an fhaisnéis mar fhreagra ar cheisteanna dar tús cé:
Cé hé an bhean sin? [Is í] Cáit Ní Chathasaigh [í].
Cé hé thusa? [Is mé] Cáit Ní Chathasaigh.
Cé hé mise? [Is tú] Seán Ó Sé.
(*Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí (An Gúm)*)

Ní gnáthnós é lúibíní cearnacha a úsáid chun téacs atá idir lúibíní cheana a iniamh. Is leor lúibíní cruinne dúbailte sa chás sin.

10.1.6. Comharthaí athfhríotail

Comharthaí singile athfhríotail is gnách a úsáid, ach úsáidtear comharthaí dúbailte athfhríotail le haghaidh athfhríotail laistigh d’athfhríotail. I gcás ina mbíonn athfhríotail eile laistigh den dara hathfhríotail is gá casadh ar ais ar na comharthaí singile a úsáid. (Féach freisin [Pointe 4.2.3](#)).

Ní mór an phoncaíocht a chur isteach de réir bhrí na habairte; más cuid den athfhríotail an phoncaíocht, cuirtear isteach í; murab ea, ná cuirtear isteach í.

Ná cuirtear teidil leabhar, nuachtán ná nathanna cainte iasachta laistigh de chomharthaí athfhríotail mar gur faoi chló iodálach a bhíonn siad de ghnáth. Ní gá comharthaí athfhríotail a úsáid sa bhreis ar chló trom nó cló iodálach a úsáid. (Féach [Pointe 5.5.4](#) maidir le húsáid cló iodálaigh agus le húsáid comharthaí athfhríotail i leabharliostaí).

10.1.7. An dais

Is gá idirdhealú a dhéanamh idir an dais agus an fleiscín, atá níos lú ná í, agus comhartha an dealaithe, atá níos faide ná an fleiscín ach níos giorra ná an dais. Is trí spás a fhágáil ar gach taobh den dais a dhéantar an t-idirdhealú. Ní mór dhá fhleiscín a chlóbhualadh le chéile chun an dais a dhéanamh (féach [Pointe 6.4](#)) nó is féidir ‘ctrl’ + ‘alt’ + ‘-’ (comhartha an dealaithe ar mhéarchlár na n-uimhreacha) a úsáid.

Is féidir an dais a chur in ionad camóga nó lúibíní i gcorp téacs. Chomh maith leis sin, is áis bhreise í chun abairtí casta a shoiléiriú.

Is féidir an dais a úsáid i liostaí freisin (féach [Pointe 5.7](#)).

10.1.8. An comhartha focalbhá

Ní bhíonn riamh níos mó ná trí phonc sa chomhartha focalbhá. Ciallaíonn sé go bhfuil easnamh sa téacs. Má chuirtear comhartha focalbhá ag deireadh abairte ní chuirtear lánstad ina dhiaidh.

- Is féidir é a chur in ionad líne, abairt nó mír den téacs ([Pointe 5.10](#)).
- Nuair a chuirtear é ag tús téacs, cuirtear gnáthspás ina dhiaidh.
- Nuair a chuirtear é in ionad focal amháin nó níos mó ná focal amháin i lár abairte, bíonn gnáthspás roimhe agus ina dhiaidh.
- Nuair a chuirtear é ag deireadh abairte, ní bhíonn ach gnáthspás roimhe.

Is é cleachtas na mór-roinne an comhartha focalbhá a úsáid ar an dóigh chéanna is a úsáidtear an focal ‘etc.’ i nGaeilge. Seachnaítear an cleachtas sin.

10.1.9. An tulsais

- Úsáidtear an tulsais chun malairt (agus/nó), ‘per’ (km/lá) agus codáin (19/100) a chur in iúl.
- Blianta margaíochta, blianta airgeadais, etc. nach mbíonn comhthráthach le blianta féilire, cuirtear in iúl iad le tulsais, e.g. 1991/92, ar tréimhse 12 mhí í, seachas le fleiscín, e.g. 1991-92, a chuireann tréimhse 2 bhliain in iúl.

10.1.10. An fleiscín

Úsáidtear an fleiscín:

- idir *t* agus guta nuair a bhíonn focal á scríobh i gcás íochtair:

e.g. an t-ainm, an t-úll

- idir *n* agus guta nuair a bhíonn focal á scríobh i gcás íochtair:

e.g. ceol na n-éan, lena n-áirítear

Úsáidtear fleiscín crua i ndiaidh *t* agus *n* ‘sna cásanna sin a luaitear thuas’. Is féidir é seo a dhéanamh trí na heochracha ‘ctrl’ + ‘shift’ + fleiscín a bhualadh ar mhéarchlár an ríomhaire nó trí cibé dóigh a gceadaíonn do ríomhaire féin duit sin a dhéanamh.

- i gcomhfhocail:
idir dhá ghuta:

e.g. do-ite, so-aitheanta

idir comhchonsain:

e.g. lag-ghlórach

idir dhá réimír de ghnáth:

e.g. iar-bhunscoil, sin-seanmháthair

- i gcásanna ina mbeadh baol an comhfhocal a bheith do-aitheanta gan an fleiscín, e.g. idir na réimíreanna do-, fo-, so- agus focail dar tús bha (bhla, bhra), dha, gha (ghla, ghra), mha:

e.g. do-bhailithe, so-ghlactha

- i ndiaidh *an* (réimír threise) agus i ndiaidh *dea*:

e.g. an-deas, dea-mhéin

- i dteidil dhílse:

e.g. an Príomh-Bhreitheamh

Tugtar faoi deara, afach, gurb é ‘Ardrúnaí’ agus ‘Ardionadaí’ (gan an fleiscín) atá sna Conarthaí. I gcásanna ina mbíonn dhá réimír i dteideal dílis, is dhá fhleiscín a bheidh ann, e.g. Leas-Phríomh-Oide, Leas-Ard-Stiúrthóir, Leas-Phríomh-Aire.

Fághtar an dá fhleiscín i bhfocail mar an focal seo a leanas:

iar-nua-aimseartha

- ach is iondúil gur fleiscín amháin a bhíonn i gcomhfhocail ilchodacha (in FGB) ‘in-bhithdhíghrádaithe’, agus an fleiscín i ndiaidh na chéad réimíre.

Ná húsáidtear an fleiscín:

- más ceannlitir a thagann i ndiaidh *t* nó *n*:

e.g. an tAthair, cultúr na nÉireannach

- idir *h* agus guta, is cuma an cás íochtair nó cás uachtair atá i gceist:

e.g. a hiníon, na haibhneacha, cultúr na hÉireann, cultúr na hAlban

- roimh an iarmhír threise, seachas i gcás comhchonsan:

e.g. mo leabharsa, dósan, a gcomhaidsean, mo chos-sa

- i ndiaidh na réamhfhocail *ar* (= tar éis), *faoi*, *i*, *le*, *ó*, *trí* nuair a chuirtear *n* agus *a*, *ár* (aidiachtaí sealbhacha) nó *a*, *ar*, *arbh* (forainmneacha coibhneasta) leo:

e.g. arna shíniú, faoina láimh, ónarbh fhéidir, lenar leasaíodh

NB: Ná táthaítear an t-alt iolra leis an réamhfhocail:

e.g. ar na cailíní, trí na fuinneoga, faoi na táblaí

- i ndiaidh *i* + *n* roimh ghuta:

in éineacht, in airde, in iúl

10.1.11. Comhartha ceiste

Cuirtear comhartha ceiste i ndiaidh gach ceiste a mbítear ag súil le freagra uirthi. Tosaítear an focal a thagann ina diaidh le ceannlitir:

Ba cheart dúinn an cheist a chur orainn féin: an mbeidh tionchar aige seo ar thrádáil (an) Chomhphobail? An féidir an tionchar a thomhas?

Ná baintear úsáid as an gcomhartha ceiste i gcaint indíreach, áfach:

Ba cheart dúinn a fhiafraí an mbeidh tionchar aige ar thrádáil (an) Chomhphobail.

10.1.12. Comhartha uailbhreasa

Baintear úsáid as comhartha uailbhreasa i ndiaidh focal nó frása uailbhreasach nó abairt uailbhreasach. Is féidir é a úsáid freisin laistigh de lúbíní cearnacha, i ndiaidh athfhríotail, chun cúis gháire, easaontais nó iontais an eagarthóra a chur in iúl.

I dtéacsanna matamaitice agus staidrimh, is le comhartha uailbhreasa a chuirtear an t-iolrán in iúl:

$6! = 6 \times 5 \times 4 \times 3 \times 2 \times 1$

10.1.13. An uaschamóg

Úsáidtear an uaschamóg:

- i ndiaidh *de* (réamhfhocal):

e.g. rinneadh d'adhmaid é, ag obair d'oíche agus de lá

- i ndiaidh *do* (réamhfhocal, aidiacht shealbhach, mír bhriathartha):

e.g. thug mé d'Eoin/d'fhear maith é, le d'aintín, i d'fhochair, do d'aimsiú, d'ól sé

- i ndiaidh *mo* (aidiacht shealbhach):

e.g. m'árasánsa, m'fhillteán, do m'aistriú

- i ndiaidh *ba* nuair nach clásal coibhneasta atá ann:

e.g. B'ionadh liom ..., Dá mb'fhéidir leis ..., Má b'eol di ...

Tugtar faoi deara nach ligtear an guta ar lár nuair is forainm, forainm réamhfhoclach, réamhfhocal nó dobhriathar nach dobhriathar aidiachtach é atá ar lorg na copaile, cuir i gcás: 'ba ea', 'ba í', 'ba ann', 'ba ar', 'ba as', 'ba ó', etc.

Ná húsáidtear an uaschamóg nuair a thagann an réamhfocal agus an aidiacht shealbhach i ndiaidh a chéile, cibé acu táite nó scartha iad:

dá muintir, dár ngaolta, le do thoil

Is iad na rialacha maidir leis an uaschamóg, mar atá siad leagtha amach in *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge, an Caighdeán Oifigiúil* (Oifig an tSoláthair, 1958) na rialacha a leantar.

10.2. An litriú

De ghnáth, is é an litriú de réir mar atá sé leagtha amach in *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge, an Caighdeán Oifigiúil* (Oifig an tSoláthair, 1958) an litriú a gcloítear leis.

10.2.1. Focail Laidine

Is é an focal 'ceartúchán' seachas an téarma Laidine 'corrigendum' a úsáidtear i nGaeilge agus ná cuirtear i gcló iodálach é.

An focal Laidine	An cleachtas i nGaeilge
corrigendum	ceartúchán

Is i gcló iodálach a scríobhtar focail/frásaí Laidine eile nuair a tharlaíonn siad i dtéacs Gaeilge.

An focal Laidine	An cleachtas i nGaeilge
<i>inter alia</i>	<i>inter alia</i>
<i>ad hoc</i>	<i>ad hoc.</i>
<i>per capita</i>	<i>per capita</i>

10.3. Uimhreacha, dátaí agus an t-am

Leantar an treoir atá i gCaibidil 9 de An Caighdeán Oifigiúil, 2017 do na bunuimhreacha go ginearálta.

10.3.1. Uimhreacha

- Úsáidtear ‘**Uimh.**’ mar leagan giorraithe de ‘Uimhir’ agus ‘Uimhreacha’. Bíonn spás crua idir é agus an figiúr a thagann ina dhiaidh:

Uimh. 3

Uimh. 3 agus 4.

- Leantar an treoir atá i gCaibidil 9 de An Caighdeán Oifigiúil, 2017 do na bunuimhreacha go ginearálta. Féach [Iarscríbhinn B](#) maidir leis na bunuimhreacha a scríobh ina bhfigiúirí.
- Scríobhtar daichead seachas ceathracha:

Comórfaidh an tArdionadaí cruinniú urghnách den Chomhairle laistigh d'ocht n-uaire an chloig is daichead.

- **Uimhreacha nó figiúirí?**

- Roimh na focail soicind, nóiméad, uair an chloig, lá, seachtain, coicís, mí, ráithe agus bliain, scríobhtar na huimhreacha i bhfigiúirí. Le gach rud eile, mar riail ghinearálta, scríobhtar na huimhreacha óna haon go dtí a naoi i bhfocail agus scríobhtar uimhreacha óna deich ar aghaidh i bhfigiúirí.

Beidh bliain coibhéiseach le 4 ráithe, 12 mhí nó 52 sheachtain

Beidh ráithe coibhéiseach le 3 mhí.

- Leantar an pátrún seo i gcás na n-orduimhreacha freisin:

an naoú duine, an 19ú haois

- Má bhíonn uimhir óna haon go dtí a naoi agus uimhir óna deich ar aghaidh ann, scríobhtar iad araon i bhfigiúirí:

Seolfar na figiúirí 7-10 lá oibre tar éis dheireadh gach míosa.

Obair íoctha 3 go 12 mhí a bheidh i gceist.

- Úsáidtear figiúirí i réimse an staidrimh, i dtorthaí vótála agus nuair a bíonn sraith uimhreacha á lua mura ndéantar a mhalairt san fhoinsé atá á lua (e.g. Cuid a Seacht den Chonradh ar an Aonas Eorpach):

Vótáil 12 thoscaireacht i bhfabhar an togra; vótáil 7 dtoscaireacht ina choinne, agus staon 6 thoscaireacht.

- Úsáidtear figiúirí agus cainníochtaí á gcur in iúl:

6 kg, 7 mbliana, 11 mhéadar, 28 000 tona

- Úsáidtear figiúirí agus aonaid tomhais á gcur in iúl le siombailí nó le giorrúcháin:

EUR 50, 250 kW, 205 µg, 5 °C

- Ceadáítear focail nó figiúirí a úsáid le milliúin agus billiúin (féach [Pointe 7.3.3](#)) ach cloítear le córas amháin laistigh den aon téacs amháin

EUR 2 000 000 nó EUR 2 mhilliún

— **codáin**

- Ná baintear úsáid as an bhfleiscín nuair a bhíonn codáin á gcur in iúl:

tromlach dhá thríán; sé sheacht

— **deachúlacha:**

- I réimse an staidrimh, cuireann gach ionad de dheachúlacha le cruinneas, fiú más nialas é. Ní hionann 3.5 % agus 3.50 % ná 3½ %.
- Úsáidtear córas na maoluimhreacha agus uimhreacha deachúla á lua.
- Ná déantar infhillleadh ná athrú tosaigh ar ainmfhocal atá ar lorg uimhir dheachúlach, bíodh sí i bhfoirm focal nó figiúirí:

ocht ponc a sé gram

6.3 milliún

5.2 méadar ciúbach

— **céatadáin:**

- Úsáidtear córas na maoluimhreacha agus céatadáin á lua. Féach [Iarscríbhinn B – Na bunuimhreacha agus céatadáin a scríobh ina bhfigiúirí](#)).

i 21 %

i bhfiche a haon faoin gcéad

in 18 %

in ocht déag faoin gcéad

- Bíonn spás crua roimh an gcomhartha céatadáin (féach [Pointe 6.4](#)):

15 %

— **uimhriú leathanach:**

- Cuirtear raon leathanach in iúl mar a leanas:

lgh. 7-13, 312-17

lch. 67 ar aghaidh

- Scríobhtar ‘ó 50 go 100’ nó ‘50-100’ ach ná scríobhtar ‘ó 50-100’
- Ná cuirtear figiúirí i dtús abairte más féidir sin a sheachaint. Scríobhtar an uimhir amach ina hiomláine nó úsáid seift eile:

Trí bhreitheamh déag a bheidh ar an mór-dhlísheomra.

Ba é 1847 an bhliain ba mheasa.

— **na huimhreacha pearsanta:**

- Úsáidtear na huimhreacha pearsanta (ó ‘beirt’ go ‘dháréag’) chun daoine a chomhaireamh

Ceapfar beirt chomhaltaí arna n-ainmniú ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine

Ceapfar 14 chomhalta dhéag roimh an 1 Eanáir 2021.

10.3.2. Dátaí

— **blianta:**

- Scríobhtar ‘in BBBB’ seachas ‘sa bhliain BBBB’

in 1876

in 1945

in 2013

— **tréimhsí deich mbliana:**

- Úsáidtear an foirceann ‘-í’

sna 1990í (seachas ‘na nóchaidí’)

— **dátaí:**

- I gcorp téacs, mura tagairt don Iris Oifigiúil atá i gceist, is iondúil go scríobhtar na dátaí amach ina bhfoirm iomlán.
- Úsáidtear an t-alt agus tagairt á déanamh do dhátaí in abairt:

Vótáil an suí iomlánach an 31 Eanáir 2019.

arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Aibreán 2021

Seoltar na freagraí faoin 31 Nollaig 2021.

Beidh an córas seo éigeantach ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh.

- Seachnaítear an t-athrá. Más léir an bhliain atá i gceist, is féidir an bhliain a fhágáil ar lár:

An 8 Aibreán 2021, ghlac an coiste rialacha nós imeachta. An 17 Bealtaine, chinn an coiste gur ghá na rialacha sín a leasú.

- Giorraítear na dátaí i bhfonótaí, agus i ndoiciméid neamhfhoirmeálta atá á n-aistriú chun críoch faisnéise amháin. Ná cuirtear nialas chun tosaigh.

8.4.2021

- Má luaitear an lá den tseachain, cuirtear camóg ina dhiaidh

Glacadh na miontuairiscí Dé Céadaoin, an 29 Aibreán 2021

- Úsáidtear an dobhriathar ama 'Dé' agus tagairt á dhéanamh do laethanta ar leith:

Tionólfar an cruinniú Dé Céadaoin seo chugainn.

- Má bhíonn réamhfocal á úsáid roimh lá áirithe, déantar an t-alt a chumasc leis an réamhfocal:

Ní mór na hiarratais a bheith faighte faoin gCéadaoin, an 29 Aibreán 2021

- Ná scríobhtar an réamhfocal 'ar' roimh an dáta

Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 31 Nollaig 2021.

- I ndoiciméid fhoirmeálta áirithe scríobhtar amach i bhfocail na dátaí agus na tagairtí do dhátaí.

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in Ottawa, i ndúblach, an 28ú lá seo de Dheireadh Fómhair, naoi gcéad déag caoga a ceathair.

— réimsí ama

- I dtéacsanna reachtacha úsáidtear 'go' seachas fleiscín

2015 go 2021

- Léirítear le tulsais gur aon bhliain amháin margáí ochta, airgeadais, acadúil atá i gceist (féach [Pointe 10.1.9](#)):

1991/1992

- Tugtar an méid a leanas faoi deara:

ó 2020 go 2030 (seachas ó 2020-2030)

idir 2020 agus 2030 (seachas idir 2020-2030)

Ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle Eorpach ón 18 go dtí an 19 Meitheamh 2021 (seachas ...ón 18/19 Meitheamh 2021)

Ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle Eorpach an 18 agus an 19 Meitheamh 2021 (seachas ... an 18/19 Meitheamh 2021)

- I dtéacsanna neamhreachta, cuirtear tréimhsí blianta in iúl le fleiscín dúnta, gan spás roimhe ná ina dhiaidh (féach [Pointe 10.1.10](#)):

2010-2020 (seachas 2010-20)

- Má bhíonn tagairt do dhoiciméad nó d'imeacht sonrach, tugtar na dátaí agus na réimsí ama díreach mar a bhí siad i dteideal an doiciméid nó an imeachta:

An Caighdeán Oifigiúil, 2017

Scéim na Gaeilge 2019-2022

Tionscadal Éireann 2040

10.3.3. An t-am

- Úsáidtear na réamhfhocail ‘ar’ (seachas ‘ag’), ‘faoi’, agus ‘roimh’ nó ‘tar éis’, ‘ó’ etc., gan an t-alt:

ar 12.00, faoi 12.00, roimh 12.00, tar éis 12.00, ó 12.00

- Úsáidtear an córas 24 uair an chloig nó an córas 12 uair an chloig agus a.m. nó p.m.:

17.30 nó 5.30 p.m. (stad seachas idirstad)

- Ná húsáidtear an nialas tosaigh:

9.00 (seachas 09.00)

- Más é buille na huaire a bhíonn i gceist, cuirtear isteach an dá nialas do na nóiméid:

12.00 (nó mean lae)

24.00 (nó mean oíche)

- Más é an córas 12 uair an chloig atá á úsáid ná cuirtear isteach an dá nialas do na nóiméid:

2 p.m.

2 a chlog

2.30 p.m.

10.4. Ceannlitreacha agus cás íochtair

(a) An bhunriail

Is é an bhunriail go mbíonn ceannlitir ar ainmfhocal dílis agus nach mbíonn ar ainmfhocal coiteann. Is minic a úsáidtear go hiomarcach na ceannlitreacha i dtéacsanna riaracháin agus tráchtála. Bítear tíosach maidir le húsáid ceannlitreacha. Má bhíonn amhras ann baintear úsáid as cás íochtair.

(b) Ainmfhocail agus teidil dhilse

Bíonn ceannlitir ar ainmfhocail agus ar theidil dhilse:

Seán Ó Táilliúir; is é Seán an táilliúir

an Sior Ró-Onórach Alex Douglas

an Feisire Eorpach Seán Kelly

an Taoiseach Micheál Martin

an Teachta Dála Éamon Ó Cuív

(c) **Cláir, beartais, cláir oibre, straitéisí, pleananna gníomhaíochta, etc.**

Cás íochtair a úsáidtear dóibh seo:

Féadfaidh aon Bhallstát, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, nó an tArdionadaí le tacaíocht ón gCoimisiún, aon cheist a thíg faoin gcomhbheartas eachtrach agus slándála a chur os comhair na Comhairle.

Athdhaingíonn an Chomhdháil a tiomantas do spriocanna straitéis Liospóin.

Glacadh an séú clár réime um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh.

Tarraingeoidh na Ballstáit suas clár bainistíochta comhshaoil agus plean gníomhaíochta.

Déanfaidh an Coimisiún tograí a thíolacadh chun an comhbheartas talmhaíochta a leagan amach agus a chur i ngníomh.

(d) **Acraimneacha/inisialachais**

Ní hionann acraim nó inisealachas a bheith ann agus a rá go gcaitear ceannlitreacha a úsáid nuair a scríobhtar amach an nath ina iomláine:

cáin bhreisluacha (CBL)

an comhbheartas talmhaíochta (CBT)

ach scríobhtar an Banc Ceannais Eorpach (BCE) (mar gurb é seo ainm oifigiúil na hinstiúide)

(e) **Teidil eagraíochtaí, institiúidí, stiúrthóireachtaí, aonad, rannóg, sealbhóirí oifige, coistí, toscaireachtaí, etc.**

Úsáidtear ceannlitreacha tosaigh ar na hainmfhocail agus na haidiachtaí ar fad nuair a bhíonn an t-ainm á scríobh amach ina iomláine:

Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin

an tAonad Preasa

Uachtarán na Comhairle

an Chomhairle Eorpach

Uachtarán Phoblacht na Fraince

an Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus Airgeadas

an Mheitheal um Víosáí

Toscaireacht na Gearmáine

Leas-Chathaoirleach an Choiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

an Ghluaiseacht Frith-Apartheid

Úsáidtear cás íochtair agus tagairt ghinearálta á déanamh d'ardstiúrthóireachtaí, rannóga nó aonaid neamhainmnithe, agus d'institiúidí an Aontais i dteannta a chéile.

Úsáidtear ceannlitreacha tosaigh agus tagairt á déanamh do chomhlachtaí buana (e.g. Toscaireacht an Aontais Eorpaigh chun na Stát Aontaithe), ach ná húsáidtear do ghrúpaí ad hoc (e.g. toscaireacht na Polainne chuig cruinniú).

Úsáidtear 'u' i gcás íochtair d'uachtaránacht na Comhairle (mar go bhfuil sí seo ginearálta) ach ceannlitir thosaigh d'uachtaránachtaí aonair:

Tuairisc ó Uachtaránacht na Portaingéile.

Mar sin féin, i gcás ainmneacha fada ar cosúla le cur síos ná le fíorthéidil iad, úsáidtear ceannlitir tosaigh don cheannfhocal agus cás íochtair don chuid eile den ainm:

An Coiste um oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil agus um chur chun feidhme na dtreoracha maidir le dramhail.

Meitheal chomhpháirteach FAO/CE maidir le staidreamh i ndáil le táirgí foraoise agus le táirgí foraoise.

Coinnítear caipitliú na bunteanga má atáirgtear ainm institiúide iasachta:

Banque centrale du Luxembourg

Má aistrítear an t-ainm go Gaeilge leantar nós na Gaeilge maidir le ceannlitreacha:

Banc Ceannais Lucsamburg

(f) **Tagairtí do reachtaíocht an Aontais.**

Úsáidtear ceannlitir agus na focail rialachán, cinneadh, treoir, iarscríbhinn agus airteagal á scríobh i dteidil, nuair a bhíonn uimhir ag teacht ina ndiaidh, más léir gur tagairt iad d'ionstraimí ar leith de chuid an Aontais, nó má bhíonn siad sainmhínithe.

An Rialachán maidir le CEM Aonair an gearrtheideal atá ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margáí i dtáirgí talmhaíochta.

Is in Airteagal 1 a shainítear ábhar agus raon feidhme an rialacháin atá beartaithe.

Cumhdaítear leis an gCinneadh seo slógadh Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle ('an Rialachán'). Glacadh an Rialachán an 11 Samhain 2002.

Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil laistigh de dhá bhliain ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2063 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Sa chás seo, ní mór foirmlithe réamhráiteacha lena sainaithear raon feidhme na leasuithe go soiléir a chur san iarscríbhinn a ghabhann leis an ngníomh leasaitheach.

Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Aeráide.

Úsáidtear cás íochtair le haghaidh tagairtí do rialacháin, treoracha, etc. más á lua ar bhealach ginearálta atáthar agus nuair atáthar ag tagairt do reachtaíocht nach bhfuil rite do beartaithe. (i.e. dréachtrialacháin, treoir ionchasach nua):

Níor cheart struchtúr na n-airteagal a bheith róchasta.

Má tá na téarmaí achtacháin rómhionsonraithe agus mura bhfághtar go leor rogha iontu, rialachán is ea an ionstraim oiriúnach, seachas treoir.

Ag féachaint don dréachtchinneadh arna thíolacadh ag an gCoimisiún Eorpach.

Ag féachaint don dréacht-treoir arna tíolacadh ag an gCoimisiún Eorpach

Glacadh na rialacháin maidir le hastaíochtaí deataigh.

Sa chás seo, ní mór foirmlithe réamhráiteacha lena sainaithear raon feidhme na leasuithe go soiléir a chur san iarscríbhinn a ghabhann leis an ngníomh leasaitheach.

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, a d'ullmhaigh an Coiste Fostaíochta i gcomhpháirt leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta.

(g) **Teidil iomlána comhaontuithe idirnáisiúnta, comhdhálacha, coinbhinsiún, etc.**

Úsáidtear ceannlitreacha tosaigh ar na hainmfhocail agus na haidiachtaí ar fad nuair a bhíonn an t-ainm á scríobh amach ina iomláine:

Rinne an tAontas an Comhaontú Idirnáisiúnta Caife ('ICA') a thabhairt i gcrích le Cinneadh 2008/579/CE ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 2 Feabhra 2011.

an Chomhdháil um Shlándaíl agus Comhar san Eoraip

an Comhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil

Ach úsáidtear cás íochtair agus tagairt á déanamh don chomhaontú nó don chomhdháil ina dhiaidh sin.

(h) **Foilseacháin.**

I gcás leabhar, irisí, nuachtán agus tréimhseachán, is iondúil go n-úsáidtear ceannlitir thosaigh i ngach focal den teideal nach alt, réamhfhocail ná cónasc, agus is i gcló iodálach a luaitear iad:

Daily Mail, Cambridge Journal of Economics, PM2 Project Management Methodology Guide, an Treoir Stíle Idirinstitiúideach, An Claíomh Solais, Feasta.

I gcás fhormhór fhoilseacháin an Aontais, áfach, is ar chéadfhocal an teidil agus ar aon ainmfhocail dhílse (agus go minic ar aidiachtaí a eascraíonn ó ainmfhocail dhílse) a chuirtear ceannlitir:

Dearcadh eacnamaíoch agus buiséadach don Aontas Eorpach 2017, Lámhleabhar maidir leis an dlí Eorpach a bhaineann le tearmann, teorainneacha agus inimirce.

I gcás teidil alt a fhoilsítear in irisí nó mar chaibidlí de leabhair, agus i gcás ailt nuachtáin, is ar chéadfhocal an teidil agus ar aon ainmfhocail dhílse (agus go minic ar aidiachtaí a eascraíonn ó ainmfhocail dhílse) a chuirtear ceannlitir. Is i gcló rómhánach agus idir chomharthaí athfhriotal a scríobhtar iad:

'Ionmholta Malairt Bhisigh: An Caighdeán Oifigiúil 1958-2008.'

10.4.1. Ceannlitreacha agus claochlú tosaigh

Nuair a bhíonn frása iomlán i gceannlitreacha ní scríobhtar an claochlú tosaigh, e.g. an t-urú, le ceannlitir ná le ceannlitir bheag (*small cap*):

AN tACHT UM X (*seachas* AN TACHT UM X agus AN tACHT UM X)

DÍOSPÓIREACHTAÍ I bPARLAIMINT NA hEORPA

DÍOSPÓIREACHTAÍ I bPARLAIMINT NA hEORPA (*ceannlitreacha beaga*)

PRIONSABAL NA HUÍLÍOCHTA

Féach gur urú atá san fhocal 'bhFUIL':

FORÁLACHA A bhFUIL FEIDHM GHINEARÁLTA ACU

10.5. Giorrúcháin, coimriúcháin, acrainmneacha agus siombailí

Is éard is giorrúchán ann ainm a chumtar as túslitreacha ainm ilfhoclaigh (e.g. BCE, AE).

Is éard is acrainm ann ainm a chumtar as túslitreacha ainm ilfhoclaigh (e.g. NATO, Unesco), a bhfuil níos mó ná dhá litir ann agus ar féidir é a fhoghrú mar fhocal ann féin. Mar ghnáthphrionsabal, ná cuirtear poncanna idir ceannlitreacha in acrainmneacha ná i ngiorrúcháin.

Tugtar faoi deara an difríocht idir focal giorraithe agus coimriúchán. Cailltear deireadh an fhocail (Uimh., Uas.) san fhocal giorraithe agus cailltear litreacha laistigh den fhocal (Dr) sa choimriúchán. Ná cuirtear an ponc i ndiaidh an choimriúcháin, ach amháin i gcás 'lch.' agus 'lgh.'. Cuirtear an ponc i gcónaí i ndiaidh an fhocail ghiorraithe.

Seachnaítear giorrúcháin agus acrainmneacha mura féidir ciall a bhaint astu. D'fhonn soiléireacht a chinntiú, scríobhtar an t-ainm ilfhoclach óna n-eascraíonn an giorrúchán nó an t-acrainm amach ina iomláine ar an gcéad lua, cuirtear an giorrúchán nó an t-acrainm ina dhiaidh idir lúibíní agus is é an giorrúchán nó an t-acrainm a úsáidtear ina dhiaidh sin. Sa chás nach ndéantar mar sin é, ba cheart liosta de na giorrúcháin agus de na hacrainmneacha (agus iad mínithe) a chur le réamhábhar an tsaothair.

I gcás acrainm ina bhfuil sé litir nó níos mó, ainmneacha clár san áireamh, is gnách go mbíonn an túslitir sa chás uachtair agus na litreacha eile sa chás íochtair (e.g. Unesco, Esprit), ach amháin má mheastar go bhféadfadh sin go bhféadfaí an t-acrainm a thógáil in amhlachas rud eile ar nós ainm duine, e.g. MATTHAEUS; sa chás sin is féidir an t-acrainm uile a scríobh sa chás uachtair.

De réir mhír 3.2.3(c) de An Caighdeán Oifigiúil, 2017 chun giorrúchán nó acrainm a dhéanamh iolra de ghiorrúchán nó d'acrainm a chruthú cuirtear 'anna' leis má chríochnaíonn sé ar chonsan agus 'nna' leis má chríochnaíonn sé ar ghuta, e.g. DVDanna; PONna.

Déantar tagairt do ghiorrúchán nó d'acrainm mar ainmfhocal firinsneach uatha.

Ná déantar infhillleadh ná athrú tosaigh ar ghiorrúcháin ná ar acrainm riamh, e.g. an AE; i gcomparáid le AE-27; faoi SAM (Stáit Aontaithe Mheiriceá). Ná ciorraítear na réamhfhocail 'de' nó 'do' go 'd' ' roimh ghiorrúcháin nó acrainm a thosaíonn ar ghuta, e.g. dliteanais theagmhasacha a ghiniúint do AE.

Cé go gceadaítear in an Caighdeán Oifigiúil, 2017 dhá chóras éagsúla maidir le scríobh giorrúcháin, córas an ailt agus córas gan an t-alt, moltar an córas gan an t-alt a úsáid sa reachtaíocht. Mar shampla, úsáidtear 'in AE' (san Aontas Eorpach); 'Ballstáit AE' (Ballstáit an Aontais Eorpaigh); 'ag NA' (ag na Náisiúin Aontaithe).

An giorrúchán 'AE': déantar iarracht an giorrúchán 'AE' a sheachaint i dtéacsanna cumarsáide (téacsanna don ghréasán, etc.), e.g.:

<i>The future of schools policy in the EU</i>
Todhchaí na mbeartas scolaíochta san Aontas
<i>The number of registered victims of trafficking in the EU in 2015-16</i>
Líon na n-íobartach gáinneála ar dhaoine a bhí cláraithe san Aontas Eorpach in 2015-16

Nuair is féidir é is fearr an giorrúchán 'AE' a sheachaint i dtéacsanna reachtaíochta freisin (go háirithe i meabhráin mhíniúcháin):

<i>Not applicable as international trade is an exclusive EU competence</i>
Ní infheidhme dó seo ós rud é gurb inniúlacht eisiach de chuid an Aontais Eorpaigh atá sa trádáil idirnáisiúnta
... is also consistent with the objectives of this Regulation with respect to international and EU security
i gcomhréir ... le cuspóirí an Rialacháin seo freisin i dtaca le slándáil idirnáisiúnta agus le slándáil an Aontais Eorpaigh

Faoi mar a leagtar síos sa chóras gan an t-alt in An Caighdeán Oifigiúil 2017, is mar ainmfhocail chinnte a phléitear le giorrúcháin agus le hacrainmneacha agus ní chuirtear an t-alt rompu. Más gá, áfach, ceadaítear i dtéacsanna de chuid an Aontais Eorpaigh an giorrúchán a úsáid mar aidiacht. Is ar bhonn eisceachtúil a dhéantar seo agus seachnaítear é más féidir.

Faoi mar atá molta thuas b'fhearr an giorrúchán 'AE' a sheachaint más féidir. Seo thíos, áfach, roinnt samplaí dá úsáid (lena n-áirítear an úsáid aidiachtach):

an EU regulation (ainmfhocal éiginnte) — rialachán de chuid AE

the EU regulation (úsáid aidiachtach) — an rialachán AE (is léir gur úsáid aidiachtach atá anseo mar go bhfuil an t-alt roimh an ainmfhocal)

(an) EU Member State (ainmfhocal éiginnte) — Ballstát de chuid AE

the EU Member States — Ballstáit AE (Ballstáit go léir an Aontais Eorpaigh)

EU Member States — Ballstáit de chuid AE

EU type approval (úsáid aidiachtach) — cineálcheadú AE

those EU type approval requirements (úsáid aidiachtach) — na ceanglais cineálcheadaithe AE sin

Giorrúcháin agus acrainmneacha a aistriú – 10 riail láimhe:

1. Ní gnách acrainm (is é sin giorrúchán a deirtear mar a bheadh focal ann) a aistriú, e.g. EPSO, OLAF, Unesco, TTIP.
2. Ní gnách giorrúcháin i réimsí teicniúla a aistriú, go háirithe an cheimic agus an ríomhaireacht, e.g. PBB, HTML.
3. Ní gnách giorrúcháin a aistriú atá ceaptha chun an focal ‘Eoraip’ a chur in iúl, e.g. EUIPO.
4. Tá go leor cistí, clár, scéimeanna, srl. de chuid an Aontais ann, agus tá giorrúchán Gaeilge leagtha síos sa ghníomh dlí lenar bunaíodh iad, e.g. [the Connecting Europe Facility \(CES\)](#), [Saoráid um Chónascadh na hEorpa \(SCE\)](#); [European fund for strategic investments \(EFSI\)](#), [European fund for strategic investments \(EFSI\)](#), [Ciste Eorpach le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha \(CEIS\)](#); [the European Maritime and Fisheries Fund \(EMFF\)](#), [an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh \(CEMI\)](#). Sna cásanna sin is éigean an leagan Gaeilge den ghiorrúchán a úsáid. Ní mór i gcónaí na fasaigh a scrúdú chun a fháil amach ar leagadh síos giorrúchán Gaeilge nó nár leagadh.
5. Má bhíonn amhras ar an aistritheoir cé acu is ceart nó nach ceart giorrúchán nua (is é sin ceann nár aistríodh roimhe go Gaeilge) a aistriú is ceart dó breathnú in IATE féachaint an bhfuil sé ann i dteangacha eile agus má tá, féachaint cad a rinneadh sna leaganacha teanga sin, agus cloí le rogha na coitiantachta mura bhfuil aon chúis mhaith le gan sin a dhéanamh, e.g. [Supervisory Review and Evaluation Process \(SREP\)](#), [Próiseas Athbhreithnithe agus Meastóireachta Maoirseachta \(SREP\)](#).
6. Is minic a úsáidtear giorrúchán sna buntéacsanna de ghrá na hachomaireachta, e.g. *UCITS* (*undertaking for collective investment in transferable securities*), *UHP* (*unit of homogenous production*), go háirithe i gcás téarmaí tuairisciúla (is é sin téarmaí atá ina gcur síos ar choincheap, murab ionann agus ainm eagraíochtaí, scéimeanna, srl.). Sa chás sin moltar an gá atá le hachomaireacht sa téacs Gaeilge a mheas agus cinneadh a dhéanamh dá réir. Uaireanta is fusa an téarma a scríobh ina fhocail (e.g. chun fadhbanna comhréire a sheachaint nó toisc amhras a bheith ann faoi úsáid an ailt), uaireanta eile, e.g. i gcás téarma fada, b’fhearr giorrúchán a úsáid chun léamh an téacs a éascú. E.g. *CAs* (*competent authorities*), údaráis inniúla; *OTC* (*over the counter*), thar an gcuntar (ní fiú giorrúcháin GA a cheapadh sna cásanna sin agus b’fhearr an téarma a scríobh ina fhocail).
7. Ó am go chéile tugtar treoir shonrach gan giorrúchán a aistriú. Uaireanta bíonn treoir den saghas sin le fáil in IATE san iontráil a bhaineann le hábhar, nó iarrann an t-údar go sonrach gan an giorrúchán a aistriú. Sa chás sin moltar an t-eolas sin a chlárú in IATE.
8. Tá iontrálacha áirithe in IATE agus tá níos mó ná giorrúchán amháin tugtha san iontráil Gaeilge agus preferred ag gabháil le ceann acu, e.g. [DCI](#); is ceart cloí leis an gceann a bhfuil preferred ag gabháil leis mura bhfuil cúis mhaith le gan sin a dhéanamh.
9. I gcás nithe móra idirnáisiúnta, e.g. eagraíochtaí agus caighdeáin idirnáisiúnta, nach mbaineann leis an Aontas Eorpach agus a bhfuil aithne mhaith ag daoine ar ghiorrúchán a n-ainm, e.g. ILO, ISO, OECD, bunús mór an ama is fearr gan giorrúchán Gaeilge a úsáid. Is ceart seo a choinneáil i gcuimhne: má thograíonn an t-aistritheoir giorrúchán Gaeilge a úsáid gach seans nach dtuigfidh an léitheoir an bhrí ar an gcéad léamh (go háirithe mura bhfuil an giorrúchán sin ar taifead, e.g. i mbunachar téarmaí).

Cuir i gcás *IAS (International Accounting Standards)*; is túisce a thuigfí ‘Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta (IAS)’ ná ‘Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta (CIC)’.

10. I gcás nithe a bhaineann go dlúth leis an Aontas Eorpach, níl sé as an áireamh leagan Gaeilge den ghiorrúchán a cheapadh ó tharla gur ceann de theangacha oifigiúla an Aontais í an Ghaeilge. Is ar bhonn na dtreoracha thuas is ceart an cinneadh le déanamh.

Giorrúcháin/coimriúcháin ar na míonna:

Leagan iomlán	Leagan giorraithe ⁽¹⁾
Eanáir	Ean
Feabhra	Feabh
Márta	Márta
Aibreán	Aib
Bealtaine	Bealt
Meitheamh	Meith
Iúil	Iúil
Lúnassa	Lún
Meán Fómhair	M.F.
Deireadh Fómhair	D.F.
Samhain	Samh
Nollaig	Noll

(1) Faoi mar atá in úsáid ar EUR-LEX: <https://eur-lex.europa.eu/statistics/2019/usage.html?locale=ga>.

Aonaid tomhais agus siombailí eolaíochta: ní gá ponc a chur i ndiaidh ‘ha’ (heicteár), ‘km’, ‘mg’, etc. Cuirtear spás idir iad agus an figiúr; níl uimhir iolra acu: 4 ha, 9 m, 20 psi, 55 dB(A), 2000 kc/s.

Samplaí coitianta:

An leagan i mBéarla	An leagan i nGaeilge
p	lch.
pp	lgh.
No	Uihm.
Nos	Uihm. ⁽¹⁾
Ltd (<i>Limited</i>)	Teo.
MEP	FPE
MP	FP
EST (<i>Eastern Standard Time</i>)	ACO (Am Caighdeánach Oirthearach)

(1) Tugtar faoi deara nach ann d’uimhir iolra an fhocail ghiorraithe ‘Uimh.’.

10.6. Cló iodálach

Úsáidtear cló iodálach nuair a bhíonn ainmneacha na nithe seo a leanas á scríobh:

- (i) teidil leabhar, scannán nó drámaí
- (ii) ainmneacha irisí (scríobhtar an t-alt le ceannlitir más cuid den teideal é, e.g. *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, *An tUltach*);

- (iii) focail agus frásaí gearra ó theangacha iasachta: *Länder, carte blanche, de jure, de facto, inter alia*; seachas ainmneacha dílse, ainmneacha daoine, institiúidí, áiteanna, etc.

Tugtar faoi deara nach gcuirtear cló iodálach ar gach focal iasachta, áfach, agus go bhfághtar cuid díobh i gcló rómhánach cuid díobh:

cul de sac, rannpháirtí in coup d'état

- (iv) ainmneacha long;
- (v) foirmlí matamaitice;

NB: Ba cheart d'údair a bheith airdeallach agus idirdhealú a dhéanamh idir I (an litir 'I' i gcás íochtair) agus 1 (an uimhir 1), idir O (an ceannlitir O) agus 0 (nialas) agus idir an uimhir rómhánach I agus an ceannlitir I.

- (vi) ainmneacha eolaíocha Laidine flóra agus fána;
- (vii) brollach nó iarfhocal saothair, nóta an fhoilsitheora agus, aon chuid de shaothar nár scríobh an t-údar.

Úsáidtear comharthaí athfhríotail, seachas cló iodálach, chun athfhríotal as leabhair agus irisí a lua. Ná húsáidtear cló iodálach agus comharthaí athfhríotail le chéile.

Giorrúcháin agus frásaí Laidine

Is ceart a bheith tíosach san úsáid a bhaintear as focail Laidine, mar is minic a chothaíonn siad míthuiscint nó is minic a bhaintear mí-úsáid as na frásaí is coitianta, fiú.

- (i) Scríobhtar na giorrúcháin Laidine uile i gcló rómhánach:

e.g.; et al.; et seq.; ibid.; i.e.; NB; op. cit.

- (ii) De ghnáth scríobhtar focail Laidine i gcló iodálach (e.g. *ex ante*).

10.7. Treoir maidir le tagairt a dhéanamh do dhoiciméid nach ann dóibh i nGaeilge

Is minic sna buntéacsanna a bhíonn le haistriú againn a luaitear teideal doiciméid nach bhfuil aistrithe go Gaeilge. Is mar seo a leanas is ceart déileáil le tagairtí den sórt sin.

10.7.1. Teideal gnímh reachtaigh

Más teideal gnímh reachtaigh atá ann (e.g. teideal rialacháin nó treorach), ní mór leagan Gaeilge den teideal sin a úsáid san aistriúchán.

Má tá an gníomh féin ar fáil as Gaeilge, ní mór cloí leis an teideal atá air sa leagan foilsithe (EUR-Lex).

Más gníomh leasaitheach atá á aistriú, agus tagairt do theideal gnímh reachtaigh nach ann dó i nGaeilge sa ghníomh leasaitheach sin, ní mór féachaint ar luadh an teideal sin áit éigin sa bhunghníomh. Má luadh, is ceart cloí leis an leagan den teideal atá sa bhunghníomh.

Sa chás nach bhfuil leagan Gaeilge den teideal ar fáil (i.e. níor foilsíodh an gníomh sin i nGaeilge ná níor foilsíodh aon tagairt dó agus níl aon leagan de ar www.gaois.ie), caithfear é a aistriú.

Má tá leagan Gaeilge amháin den teideal sa bhailiúchán den reachtaíocht Eorpach atá ar www.gaois.ie agus é sásúil, ba cheart an leagan sin a úsáid.

Má tá leaganacha éagsúla Gaeilge sna cuimhní leictreonacha nó má tá leaganacha éagsúla Gaeilge den teideal foilsithe i ngníomhartha éagsúla reachtacha, ba cheart smaoineamh ar na nithe seo a leanas agus cinneadh á dhéanamh:

- An bhfuil leagan ar leith ann atá i bhfad níos coitianta ná na cinn eile? An bhfuil an leagan sin sásúil?
- Maidir leis na gníomhartha éagsúla reachtacha, an gníomhartha iad ar fad a bhaineann go dlúth le hábhar?
- An bhfuil botúin in aon cheann de na leaganacha éagsúla? Má tá, is féidir é a chur as an áireamh.
- Más difear ó thaobh téarmaíochta atá ann ní mór oiriúnacht na dtéarmaí éagsúla a mheas. An bhfuil téarma amháin níos iontaofa (toisc é a bheith in IATE nó níos coitianta sa reachtaíocht a bhaineann le hábhar, mar shampla)?

10.7.2. Doiciméid eile de chuid na n-institiúidí nach gníomhartha reachtacha iad

I gcás doiciméid eile a fhoilsíonn na h-institiúidí (e.g. Doiciméid Inmheánacha Oibre de chuid an Choimisiúin, Páipéir Bhána, Teachtaireachtaí), cuirtear an bunteideal faoi chló iodálach agus leagan Gaeilge de idir luibíní cearnacha gan aon chomharthaí athfhriotail. Is féidir an frása ‘dar teideal’ a chur isteach roimh an teideal sa teanga iasachta freisin, más dóigh leis an aistritheoir gur fearr sin a dhéanamh. Mar shampla:

I gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa an 19 Meán Fómhair 2002 dar teideal *A Strategy for the sustainable development of European aquaculture* [Straitéis um fhorbairt inbhuanaithe dhobharshaothrú na hEorpa], ba cheart do CEMI tacú le forbairt thionscal an dobharshaothraithe ar bhonn inbhuanaithe.

I mí Iúil 2005 sheol an Coimisiún comhairliúchán poiblí a bhí bunaithe ar an Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin *Rights of Passengers in International Bus and Coach Transport* [Cearta Paisinéirí i Réimse an Iompair Idirnáisiúnta de Bhus agus de Chóiste].

Is leor an teideal sa teanga iasachta a thabhairt an chéad uair a luaitear sa doiciméad é agus is féidir an leagan nuachumtha Gaeilge a thabhairt gach uair ina dhiaidh sin, i.e. ní gá an bunteideal sa teanga iasachta a thabhairt chuile uair.

Rogha eile atá ag an aistritheoir ná athleagan den teideal i nGaeilge a thabhairt, gan cheannlitreacha ná cló iodálach ná comharthaí athfhriotail. Níor cheart sin a dhéanamh, áfach, mura bhfuil nasc chuig an mbundoiciméad ann ná tagairt shoiléir i bhfonóta nó eile don áit inar féidir teacht ar an mbundoiciméad. Ní mór an léitheoir a bheith in ann teacht ar an mbundoiciméad go héasca más mian leis. Mar shampla:

Tá ag éirí níos fearr le formhór na dtíortha san Aontas Eorpach an nuálaíocht a spreagadh. Níl gach tír ag déanamh a dóthain dul chun cinn, mar sin féin, agus de réir an scórchláir um thaighde agus nuálaíocht tá roinnt tíortha ag titim ar gcúl.

Féach gurb é ‘an scórchlár um thaighde agus nuálaíocht’ an t-athleagan anseo (is é Innovation Union Scoreboard 2013 an bunteideal atá ar an doiciméad).

10.7.3. Doiciméid agus foilseacháin ghinearálta nach de chuid na n-institiúidí iad

I gcás doiciméid agus foilseacháin ghinearálta agus sheachtracha nach doiciméid de chuid na n-institiúidí iad agus nach gnách iad a bheith ar fáil ach sa teanga fhoinseach inar scríobhadh iad (e.g. teidil tréimhseachán, leabhar, nuachtán agus treoirleabhar), úsáidtear an bunteideal faoi chló iodálach (is é sin mura bhfuil leagan Gaeilge den saothar foilsithe) gan aon aistriúchán Gaeilge ag gabháil leis:

Is as *Actus Reus and Participation in European Criminal Law* a tógadh na sonraí sin.

In alt a scríobhadh in *Le Monde* le déanaí, ...

10.8. Réamhfhocail agus frásaí réamhfhoclacha

Baintear úsáid go forleathan as réamhfhocail agus frásaí réamhfhoclacha i gcás na dteideal ar dhoiciméid agus tá nósanna áirithe in úsáid chun comhleanúnachas ó theideal go chéile a chinntiú agus chun an ghaolmhaireacht idir príomhghnéithe an teidil (an cineál doiciméid, an t-údar, an seolaí, an tábhar, etc.) a leagan amach ar bhealach soiléir, soléite. Tugtar samplaí anseo thíos de na réamhfhocail agus na frásaí réamhfhoclacha is mó a bhíonn i dteidil ar dhoiciméid de chuid na n-institiúidí.

- (a) Togra **le haghaidh** gníomh reachtach:

Togra **le haghaidh** Rialachán/Treoir/Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle **maidir le ...** [ní nó beartas ar leith]

- (b) An gníomh reachtach féin:

Rialachán/Treoir/Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle **maidir le ...** [ní nó beartas ar leith]

nó

Rialachán/Treoir/Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle **lena mbunaítear ...** [eagraíocht nó rialacha]

nó

Rialachán/Treoir/Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle **lena leasaítear ...** [gníomh reachtach]

nó

Rialachán/Treoir/Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle **lena leagtar síos ...** [sraith rialacha nó nós imeachta]

- (c) Tuarascáil ó Pharlaimint na hEorpa (ina luaitear teideal doiciméid reachtaigh):

Tuarascáil **ar** an togra **le haghaidh** Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle **maidir le ...** [ní nó beartas ar leith]

- (d) Moladh ó Pharlaimint na hEorpa:

Moladh ó Pharlaimint na hEorpa **chuig** an gComhairle **maidir le ...** [ní nó beartas ar leith]

nó

Moladh **ar** an togra **le haghaidh** Rialachán ón gComhairle **maidir le ...** [ní nó beartas ar leith]

nó

Moladh **don** dara léamh **ar** an seasamh ón gComhairle **maidir le ...** [ní nó beartas ar leith]

nó

Moladh go gcuirfear ar atráth an [gníomh reachtach] i ndáil leis an togra **le haghaidh** Rialachán ón gComhairle **maidir le ...** [ní nó beartas ar leith]

- (e) Rún Reachtach ó Pharlaimint na hEorpa

Rún Reachtach **ar** an togra **le haghaidh** Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus **ón** gComhairle **maidir le** ... [ní nó beartas ar leith]

nó

Rún maidir le ... [ní nó beartas ar leith] (i.e. níl teideal doiciméid eile luaite sa teideal)

- (f) Seasamh ón gComhairle:

Seasamh **ón** gComhairle **ar** an gcéad léamh **chun** go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus **ón** gComhairle **maidir le** ... [ní nó beartas ar leith]

- (g) Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa:

Tairiscint i **gcomhair** rún ó Pharlaimint na hEorpa **maidir le** ...

nó

Tairiscint i **gcomhair** rún ó Pharlaimint na hEorpa **ar** an togra **le haghaidh** Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus **ón** gComhairle **maidir le** ... [ní nó beartas ar leith]

10.9. Nithe ilchineálacha

- (a) Seachnaítear an focal ‘viz.’; úsáidtear ‘eadhon’ ina ionad sin. Tá ‘cf.’ inghlactha agus mar sin ná haistrítear é go ‘féach’.
- (b) Ná húsáidtear an téarma ‘Cómhargadh’ mar thagairt don Aontas. Is féidir, áfach, ‘cómhargadh’ a úsáid i gcás íochtair ina leithéid seo de chás:

an cómhargadh do tháirgí talmhaíochta a oibriú

- (c) Úsáidtear i gcónaí ‘Cinn Stáit nó Rialtais’, ná húsáidtear ‘Ceannairí Stáit nó Rialtais’, ná aon fhoirm eile.
- (d) Is mar a leanas a aistrítear:

<i>Ministry of ...</i>	An Aireacht Oideachais/Fostaíochta
<i>Minister for ...</i>	An tAire Oideachais agus Eolaíochta (in Éirinn)

- (e) Cuirtear míreanna agus pointí uimhrithe idir lúibíní, agus gan spás eatarthu, i ndiaidh uimhir airteagail; úsáidtear míreanna neamhuimhrithe roimh an airteagal:

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fleasc den dara fomhír in Airteagal 2(1) de Rialachán Uimh. ...

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú habairt den tríú fomhír d’Airteagal 13(2) ...

- (f) Ná giorraítear an focal Airteagal go ‘Airt’ i gcorp téacs. Ná húsáidtear an comhartha §. Ciallaíonn sé ‘roinn’ i mBéarla ach ‘mír’ i dteangacha eile.
- (g) Úsáidtear ponc iomlán ina shuí ar an líne le haghaidh pointe deachúil. Is féidir eisceachtaí ón riail seo a dhéanamh i bhfoilseacháin ilteangacha, i saothair staidrimh agus i saothair ina bhfuil táblaí a chumtar d’aon iarraidh le haghaidh gach leagan teanga — tá an chamóg dheachúil inghlactha le haghaidh na n-eisceachtaí sin. Tá údaráis na Ríochta Aontaithe agus údaráis na hÉireann tar éis a chomhaontú go mbainfear úsáid as an gcamóg dheachúil in eagrán uile na hIrise Oifigiúla (amhail ón 1 Márta 1983).
- (h) Teideal a bhfuil dhá líne ann:
Ó am go ham, bíonn teideal a bhfuil dhá líne ann sa teanga fhoinseach le haistriú.
Mar shampla:

A Clean Planet for all A European strategic long-term vision for a prosperous, modern, competitive and climate neutral economy

Ba cheart an briseadh idir an dá líne a léiriú sa leagan Gaeilge trí dhais a úsáid, ach amháin i gcás ina bhfuil an briseadh idir an dá líne tugtha le fios go soiléir ar bhealach eile sa teanga fhoinseach.

Dá réir sin, maidir leis an sampla thuas, ba cheart an teideal a leagan amach mar seo i nGaeilge:

Pláinéad Glan do Chách – Fís straitéiseach fhadtéarmach Eorpach chun geilleagar rachmasach, nua-aimseartha, iomaíoch agus neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach

Úsáidtear ponc iomlán ina shuí ar an líne le haghaidh pointe deachúil. Is féidir eisceachtaí ón riail seo a dhéanamh i bhfoilseacháin ilteangacha, i saothair staidrimh agus i saothair ina bhfuil táblaí a chumtar d’aon iarraidh le haghaidh gach leagan teanga — tá an chamóg dheachúil inghlactha le haghaidh na n-eisceachtaí sin. Tá údarais na Ríochta Aontaithe agus údarais na hÉireann tar éis a chomhaontú go mbainfear úsáid as an gcamóg dheachúil in eagrán uile na hIrise Oifigiúla (amhail ón 1 Márta 1983).

- (i) Is iondúil nach gcuirtear teidil ar nós ‘Uasal’ nó ‘Bean’ le hainm duine ach go n-úsáidtear ainm agus sloinne an duine astu féin. I ngnáth-théacsanna reachtaíochta agus riaracháin, ná haistrítear ‘Mr’ ná ‘Ms’ ach déantar céadainm an duine a lorg, más gá sin a dhéanamh, agus a úsáid:

Is í Ursula von der Leyen an chéad bhean a toghadh ina huachtarán ar fheidhmeannas an Aontais. Thug Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Jean-Claude Juncker, a aitheasc bliantúil ar Staid an Aontais inné.

I dtéacsanna foirmeálta, más gá Mr nó Ms a aistriú, scríobhtar ‘an tUasal’ roimh ainm an duine, gan beann ar inscne an duine:

An tUasal Angela Merkel An tUasal Charles Michel

I bhfoirmeacha ina n-iarrtar ar dhuine teideal a roghnú, úsáidtear an córas seo a leanas:

An tUasal (fear)

An tUasal (bean)

Rud eile

Dada

I b*Parlaimint* na hEorpa, i gcás inar gá teideal agus inscne an duine a shonrú roimh chéadainm nó roimh chéadainm agus sloinne, mar shampla i bhfoirmeacha atá le comhlánú, i litreacha agus teachtaireachtaí oifigiúla, úsáidtear an cur chuige seo a leanas:

B. Uas. Ní Mhurchú
B. Uas. Máire Uí Mhurchú

F. Uas. Ó Murchú
F. Uas. Seán Ó Murchú

11. Saothair thagartha

Maidir le téacsanna a fhoilsítear i nGaeilge san Iris Oifigiúil, is iad seo a leanas na príomhshaothair thagartha:

(a) ceisteanna litrithe agus teanga:

- *Foclóir Gaeilge-Béarla*, Ó Dónaill (Oifig an tSoláthair),
- *English-Irish Dictionary*, De Bhaldraithe (An Gúm),
- *An Foclóir Beag* (An Gúm),
- *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (An Gúm),
- *Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil* (Seirbhís Thithe an Oireachtais, 2017),
- *Cruinneas Gramadaí agus Corrfhocal Eile* (Lagan Press),
- Achtanna an Oireachtais 1922-2009: (www.achtanna.ie), Irish Statue Book (<http://www.irishstatutebook.ie/eli/acts.html#>),
- An Bunachar Náisiúnta Téarmaíochta don Ghaeilge: (www.tearma.ie),
- Acmhainn, láithreán áiseanna Gaeilge: (www.acmhainn.ie),
- Gaois, ardán acmhainní teanga agus téarmaíochta: (www.gaois.ie),
- IATE, bunachar téarmaíochta an Aontais Eorpaigh: (<http://iate.europa.eu>),
- *New Hart's Rules: The Handbook of Style for Writers and Editors* (Oxford University Press) ⁽¹⁾;

(b) ábhair a bhaineann le dréachtú na reachtaíochta:

- [Lámhleabhar Comhpháirteach maidir le Gníomhartha atá faoi réir an Ghnáthnós Imeachta Reachtaigh a Leagan Amach agus a Dhréachtú](#) (An Pharlaimint, An Chomhairle, An Coimisiún), eagrán mhí Eanáir 2018,
- [Legislative drafting — a Commission manual](#) ⁽²⁾,
- [An Treoirleabhar Comhcheallachais ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún dóibh siúd atá rannpháirteach i ndréachtú reachtaíocht an Aontais Eorpaigh](#), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2015;

(c) acrainmneacha agus giorrúcháin:

- [IATE](#) (bunachar sonraí le haghaidh téarmaíocht a bhailiú, a scaipeadh agus a chomhbhainistiú idir institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile an Aontais Eorpaigh);

(d) teidil, ábhar, na leasuithe is deireanaí ar ghníomhartha etc. a sheiceáil:

- [EUR-Lex](#) (a sholáthraíonn rochtain dhíreach saor in aisce ar dhlí an Aontais Eorpaigh. Is féidir cuardach a dhéanamh freisin san Iris Oifigiúil, sna conarthaí, sa chásdlí agus sna fógraí reachtacha);

(e) chun profáil a dhéanamh ar phrofaí clóite den Iris Oifigiúil (rialacha leagan amach, cló, etc.):

- [Visual guide — Official Journal typographical rules](#).

Ina theannta sin, is buantagairtí iad eagráin áirithe den Iris Oifigiúil i réimsí amhail an talmhaíocht, an iascach, comhaontuithe trádála, an Ainmníocht Chomhcheangailte, comhaontuithe le tríú tíortha, etc.

⁽¹⁾ Ní úsáidtear an saothar seo ach mar threoir don fhoilseacht agus don leagan amach.

⁽²⁾ Is doiciméad inmheánach le haghaidh fhoireann na n-institiúidí Eorpacha é seo.

Na hIarscríbhinní

Foráiltear sna hianscríbhinní, sonraí tagartha fíoraithe agus bailíochtaithe a bhailítear le chéile agus a chuirtear i láthair i bhfoirm liostaí agus táblaí, inter alia.



Iarscríbhinn A1 Treoir ghrafaice maidir leis an bhfeathal Eorpach

Comhairle na hEorpa • An Coimisiún Eorpach

Bratach na hEorpa

Ní siombail den Aontas Eorpach amháin í bratach na hEorpa ach siombail d'aontacht agus d'fhéiniúlacht na hEorpa sa chiall is leithne freisin. Seasann an ciorcal de réaltaí órga don dlúthpháirtíocht agus don chomhtheacht idir pobail na hEorpa.

Ní bhaineann líon na réaltaí leis an líon na mBallstát. Dhá réalta dhéag atá ann mar is í uimhir 12 siombail na foirfeachta, na hiomláine agus na haontachta go traidisiúnta. Dá bhrí sin ní thugann méadú ar líon na mBallstát aon athrú ar an mbratach.



Stair na brataí

Ón uair a bunaíodh Comhairle na hEorpa in 1949, b'eol di gur ghá siombail a bheith ag an Eoraip a bhféadfadh a muintir í féin a shamhlú léi. Chinn an Tionól Parlaiminteach d'aon ghuth an 25 Deireadh Fómhair 1955 ciorcal de 12 réalta órga ar chúlra gorm a ghlacadh mar fheathal, agus ghlac Coiste na nAirí mar bhratach na hEorpa é an 8 Nollaig 1955.

Chuir Tionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa in iúl arís is arís eile gur mhian leis go nglacfadh institiúidí Eorpacha eile an tsiombail chéanna chun treise a chur le hidé na dlúthpháirtíochta idir na heagraíochtaí éagsúla laistigh d'Eoraip aontaithe dhaonlathach.

Ba í Parlaimint na hEorpa a chuir tús leis an bpróiseas maidir le bratach a ghlacadh le haghaidh an Chomhphobail Eorpaigh. Tiolacadh dréachtrún in 1979, go gairid i ndiaidh an chéad toghcháin Eorpaigh a reáchtáladh trí vótáil chomhchoiteann. I rún a glacadh i mí Aibreáin 1983, d'fhoraithe an Pharlaimint gurbh í an bhratach a ghlac Comhairle na hEorpa in 1955 bratach an Chomhphobail. Nuair a tháinig an Chomhairle Eorpach le chéile in Fontainebleau i mí an Mheithimh 1984, leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le híomhá agus féiniúlacht Eorpach a chothú in aigne na saoránach agus in aigne an domhain chomh maith. Ansin, in Milano i mí an Mheithimh 1985, d'fhaomh an Chomhairle moladh an Choiste um Eoraip an Phobail (Coiste Adonnino) gur cheart don Chomhphobal bratach a ghlacadh. D'aontaigh Comhairle na hEorpa go n-úsáidfadh an Chomhphobal an bhratach a ghlac sí in 1955 agus tá an bhratach sin in úsáid ag institiúidí an Chomhphobail ó thús 1986.

Dá bhrí sin, seasann bratach na hEorpa agus an feathal Eorpach do Chomhairle na hEorpa agus don Aontas Eorpach araon. Siombail thar aon siombail eile a sheasann d'Eoraip aontaithe agus d'fhéiniúlacht Eorpach atá sa bhratach anois.

Tá a sásamh léirithe ag Comhairle na hEorpa agus ag institiúidí an Aontais Eorpaigh go bhfuil feasacht ag méadú i measc shaoránaigh na hEorpa ar bhratach na hEorpa agus ar an bhfeathal Eorpach. Tá sé de dhualgas ar an gCoimisiún Eorpach agus ar Chomhairle na hEorpa a áirithiú go n-urramaítear dínit bhratach na hEorpa agus an bhfeathail Eorpaigh aon uair a úsáidtear an tsiombail sin. Tá sé de dhualgas orthu freisin cibé beart is gá a dhéanamh chun cosc a chur ar a mí-úsáid.

Réamhrá

Is chun cabhrú le húsáideoirí feathal na hEorpa a atáirgeadh i gceart atá an treoir ghrafaice seo beartaithe. Tá treoracha inti faoin gcaoi a ndéantar an feathal a chruthú chomh maith le sainiú ar na dathanna caighdeánacha.

Cur síos siombalach

Ar chúla na spéire goirme, tá ciorcal de 12 réalta órga, a léiríonn aontacht na bpobal Eorpach. Tá an líon réaltaí socair, óir is is í an uimhir 12 siombail na foirfeachta is na haontachta.


Cur síos araltach

Ar ghort gormghlas cioral de 12 mhilléad órga, gan a bpointí ag tadhall.

Cur síos céimseatúil

Is i bhfoirm bratach ghorm dhronuilleogach, a bhfuil a leithead an oiread go leith chomh fada leis an ardaitheoir. As 12 réalta órga atá ag eatraimh chothroma déantar ciorcal dofheicthe, arb é a lár pointe trasnaithe thrasnáin na dronuilleoige. Is ionann ga an chiorcail agus aon trian d'airde an ardaitheora. Tá cúig phointe ag gach réalta atá ar imlíne ciorcail dhofheicthe arb ionann a gha agus an 18ú cuid d'airde an ardaitheora. Tá gach réalta ina seasamh — i.e. le pointe amháin go hingearach agus dhá phointe i líne dhíreach go dronuilleach leis an gcrann.

Socraítear an ciorcal sa chaoi nach mór do na réaltaí a bheith in ionad uaireanta an chloig ar aghaidh cloig. Tá a líon do-athraitheach.



Dathanna oifigiúla

An feathal

Sna dathanna seo a leanas atá an feathal: Pantone Reflex Blue do dhromchla na dronuilleoige agus Pantone Yellow do na réaltaí. Tá raon idirnáisiúnta Pantone ar fáil go han-fhorleathan agus tá teacht éasca air fiú ag daoine nach gairmithe iad.



Próiseas ceithre-dhath

Má úsáidtear an próiseas ceithre-dhath, ní féidir an dá dhath chaighdeánacha a úsáid. Mar sin is gá iad a athchruthú trí úsáid a bhaint as ceithre dhath an phróisis cheithre-dhatha. Faightear Pantone Yellow trí 'Process Yellow' 100 % a úsáid. Trí 'Process Cyan' 100 % agus 'Process Magenta' 80 % a mheascadh faightear dath an-chosúil le Pantone Reflex Blue.

Idirlíon

Tá Pantone Reflex Blue ag freagairt do dhath phailéad gréasáin RGB: 0/51/153 (heicsidheachúil: 003399). Tá Patone Yellow ag freagairt do dhath phailéad gréasáin RGB: 255/204/0 (heicsidheachúil: FFCC00).

Próiseas don atáirgeadh monacrómach

Mura bhfuil ach dubh ar fáil, imlínítear an dronuilleog i ndath dubh agus priontáiltear na réaltaí i ndath dubh ar chúla bán.

Mura bhfuil ach gorm ar fáil, úsáidtear Reflex Blue 100 % don dronuilleog agus fágтар na réaltaí i ndath ban (claonchló).



Atáirgeadh ar chúlra daite

Is fearr gur ar chúlra bán a d'atáirgfí an feathal. Seachnaítear cúlra ildaite, agus, i gcás ar bith, ceann nach réitíonn le gorm. Mura bhfuil aon slí chun cúlra ildaite a sheachaint, cuirtear imeall bán timpeall na dronuilleoige, le leithead cothrom le 1/25 d'airde na dronuilleoige.



Samplaí den atáirgeadh mícheart

1. Tá an feathal bun os cionn.



2. Níl na réaltaí ina seasamh.



3. Tá na réaltaí san ionad mícheart sa chiorcal: ní mór dóibh a bheith in ionad na uaireanta an chloig ar aghaidh cloig.



Úsáid tríú páirtí

Tá na prionsabail maidir le húsáid an feathail Eorpaigh ag tríú páirtithe leagtha amach i gcomhaontú riaracháin le Comhairle na hEorpa. Foilsíodh an comhaontú sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (IO C 271, 8.9.2012, lch. 5).

De réir an chomhaontaithe sin, féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach ('úsáideoir tríú páirtí') an feathail Eorpach nó aon ghné de a úsáid, ach i gcás na húsáide sin:

- (a) níor cheart a thabhairt le fios ná le tuiscint go bhfuil ceangal idir an t-úsáideoir tríú páirtí agus aon cheann d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí agus orgáin an Aontais Eorpaigh nó Chomhairle na hEorpa i gcás nach ann don cheangal sin;
- (b) níor cheart go gcuirfí ina luí ar an bpobal go dtairbhíonn an t-úsáideoir de thacaíocht urraíocht, formheas nó toiliú aon cheann d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí agus orgáin an Aontais Eorpaigh nó Chomhairle na hEorpa i gcás nach fíor sin;
- (c) níor cheart go mbeadh baint aici le haon chuspóir nó gníomhaíocht nach bhfuil ag luí le haidhmeanna agus prionsabail an Aontais Eorpaigh ná Chomhairle na hEorpa, nó atá neamhdhleathach.

Má chomhlíonann úsáid an Eorpaigh na coinníollacha thuas, ní gá cead i scríbhinn a iarraidh.

Níl sé inghlactha cead an feathail Eorpach a chlárú, ná aithris araltach a dhéanamh air, mar thrádmharc nó mar aon mhaoin intleachtúil eile.

Maidir le ceistanna a bhaineann le húsáid an fheathail Eorpaigh, téigh chuig:

https://europa.eu/european-union/abouteuropa/legal_notices_ga#paragraph_1446

Iarrataí ó thíortha nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad

Council of Europe
 Directorate of Legal Advice and Public International Law (Dlapil)
 67075 Strasbourg Cedex
 FRANCE

Teil. +33 388412000

Facs +33 388412052

ríomhphost: legal.advice@coe.int

Is féidir foilseacháin bhunaidh i gcomhair atáirgthe a íoslódáil ag:

https://european-union.europa.eu/principles-countries-history/symbols/european-flag_ga

Iarscríbhinn A2 Na hionchomharthaí



Is ar mhaithe le heolas amháin a atáirgtear na hionchomharthaí anseo, gan dochar do na coinníollacha arna leagan síos ag gach institiúid, comhlacht, rannóg idirinstiúideach nó gníomhaireacht maidir lena n-úsáid chun críocha atáirgthe.

Ní mór ainm na hinstiúide, an chomhlachta nó na gníomhaireachta a bheith ar ionchomharthaí áirithe, a bheidh difriúil de réir na teanga i roinnt cásanna. Ar mhaithe leis an leagan amach a shimpliú, fágadh na teidil athraitheacha ar lár sna hionchomharthaí.

Féach freisin [Pointe 9.5](#) (ainmneacha oifigiúla agus ord liostaithe).

Na hinstiúidí agus na comhlachtaí

an tAontas Eorpach		
Parlaimint na hEorpa		
an Chomhairle Eorpach		
an Chomhairle		
an Coimisiún ⁽¹⁾		
an Chúirt Bhreithiúnais		
an Banc Ceannais Eorpach		

an Chúirt Iniúchóirí		
an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí		
Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa		
Coiste Eorpach na Réigiún		
an Banc Eorpach Infheistíochta		
an Ciste Eorpach Infheistíochta		
Ombudsman		
an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí		

(1) Ó mhí Feabhra 2012 ar aghaidh, ní mór do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin (féach [Pointe 9.5.4](#)) ionchomhartha an Choimisiúin Eorpaigh a úsáid chomh maith. Coimeádann Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, áfach, a hionchomhartha féin.

Seirbhísí idirinstitiúideacha agus na heagraíochtaí dílártaíthe

an Bord Réitigh Aonair		
Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint		
Comhghnóthas “Fusion for Energy”		
Eurostat		
an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna		
an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú		
Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibriochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais		
Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí		
Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis		

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha		
Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándaíl		
Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil		
Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh		
Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForheidhmiú an Dlí		
Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann		
an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán		
an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil		
an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta		

an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint		
an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach		
an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair		
an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuiri		
Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde ⁽¹⁾		
Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh		
an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach		
Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh		
Gníomhaireacht Soláthair Euratom		

Gníomhaireacht Tacaíochta BEREC	 BEREC OFFICE Agency for Support for BEREC	
Institiúid an Aontais Eorpaigh do Staidéar Slándála	 euiass European Union Institute for Security Studies	 euiass European Union Institute for Security Studies
an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne	 EIGE	 EIGE
Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh	 www.ccj.europa.eu	 www.ccj.europa.eu
an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna	 CEDEFOP	 CEDEFOP
an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú	 ecdc	 ecdc
an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí		
Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh	 SATCEN EUROPEAN UNION SATELLITE CENTRE	 SATCEN EUROPEAN UNION SATELLITE CENTRE
Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh	 EPPO EUROPEAN PUBLIC PROSECUTOR'S OFFICE	 EPPO EUROPEAN PUBLIC PROSECUTOR'S OFFICE

an Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí		
an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne		
Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh		
Oifig Maoine Intleachtúla de chuid an Aontais Eorpaigh		
Scoil Riaracháin Eorpach		
an tÚdarás Baincéireachta Eorpach		
an tÚdarás Eorpach Saothair		
an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde		
an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia		

an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margái



- (¹) Ó mhí Feabhra 2012 ar aghaidh, ní mór do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin (féach [Pointe 9.5.4](#)) ionchomhartha an Choimisiúin Eorpaigh a úsáid chomh maith. Coimeádann Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, áfach, a hionchomhartha féin.

Iarscríbhinn A3 Giorrúcháin, siombailí, agus coimriúcháin atá in úsáid go coitianta

 Tá sainmhíniú ar ghiorrúcháin agus ar choimriúcháin chomh maith le cur síos ar a n-úsáid le fáil i [bPointe 10.5](#).

1. Teidil shibhialta

	An tuiseal ainmneach	An tuiseal gairmeach
An tUas.	An tUas. Séamus Mac Suibhne	A Uasail Séamus Mac Suibhne
	An tUas. Ó Baoill agus an tUas. Ó Cinnéide	A Uasail Ó Baoill agus a Uasail Ó Cinnéide
	NB: Ná scríobhtar ‘An tUas’ mar theideal os comhair ainm mná no ná scríobhtar ‘A Uasail Uí Mhurchú’ agus duine ag scríobh litreach chuig bean. Scríobhtar ‘A Bhean Uasal’ nó úsáidtear ‘A Chara’ (a oireann mar bheannú d’fhear nó do bhean).	
Uasal	Séamus Mac Suibhne, Uasal	A Shéamuis Mhic Suibhne, Uasal
	Máire Ní Dhuibh, Uasal	A Mháire Ní Dhuibh, Uasal
	Úna Uí Mhealláin, Uasal	A Úna Uí Mhealláin, Uasal
Muintir	Muintir Mhic Shuibhne	A Mhuintir Mhic Shuibhne
	Muintir Mhic Shuibhne agus Muintir Uí Chléirigh	A Mhuintir Mhic Shuibhne agus a Mhuintir Uí Chléirigh
An Dr	An Dr Seán Ó Baoill	A Dhochtúir Seán Ó Baoill
	An Dr Máire agus an Dr Maedhbh	A Dhochtúir Máire agus a Dhochtúir Maedhbh
An tOllamh	An tOllamh Seán Ó Baoill	A Ollaimh Seán Ó Baoill
	An tOllamh Seán Ó Baoill agus An tOllamh Máire Uí Néill	A Ollaimh Seán Ó Baoill agus a Ollaimh Máire Uí Néill
Mórgacht	A MÓRGACHT RÍOGA ARD-BHANDIÚC LUCSAMBURG	A MHÓRGACHT RÍOGA ARD-BHANDIÚC LUCSAMBURG
	A MHÓRGACHT RÍOGA ARD-DIÚC LUCSAMBURG	A MHÓRGACHT RÍOGA ARD-DIÚC LUCSAMBURG
SOILSE	A SHOILSE RÍ NA mBEILGEACH	A SHOILSE RÍ NA mBEILGEACH
	A SOILSE BANRÍON NA hÍSILTÍRE	A SHOILSE BANRÍON NA hÍSILTÍRE
	A Shoilse an tAmbasadóir/A Soilse an tAmbasadóir	A Shoilse an tAmbasadóir/A Shoilse an tAmbasadóir

2. Aonaid tomhais

(Scríobhtar iad gan phonc. Cuirtear spás idir iad agus na figiúirí a ghabhann leo agus níl foirm iolra acu.)

mm	milliméadar
cm	ceintiméadar
cc	ceintiméadar ciúbach (i gcás inneall, etc., ach scríobhtar cm ³ i saothair eolaíocha agus theicniúla)
m	méadar
m ²	méadar cearnach ACH ná scríobhtar i bhfocail é
km	ciliméadar
km ²	ciliméadar cearnach ACH ná scríobhtar i bhfocail é
mg	milleagram
g	gram
kg	cileagram
t	tona (tona méadrach)
otc	olltonnáiste cláraithe (loingeas)

ml	millilítear
l	lítear
hl	heictilítear
ha	heicteár
s	soicind
nóim	nóiméad
u	uair
A	aimpéar
cd	caindéile
Hz	hertz
V	volta
W	vata
kW	cileavata
MW	meigeavata = 10^3 kW
kWh	cileavatuair
GWh	gígeavatuair = 10^6 kWu
°C	céim Celsius
J	giúl
n	nana-/nanai-
N	niútan
TJ	teirigiúl = 10^9 kJ
tkm	tona-chiliméadar
cto	coibhéis tona ola

3. Siombailí staidrimh agus giorrúcháin

—	nialas
0	diomaibhseach (de ghnáth, is lú é ná leath an aonaid nó na deachúla is lú den mhírcheann)
:	figiúr nach bhfuil ar fáil nó atá faoi rún
≠	neamhchothrom le
*	meastachán
p	figiúr sealadach
r	figiúr athbhreithnithe
nó —	briseadh ar an leanúnachas sa tsraith/neamhleanúnachas sa tsraith
⊥	briseadh sa chomparáideacht
%	céatadán
% AT	comhathrú céatadánach
D	difríocht
Ø	meán
MP/ØP	meán ualaithe
AM	meánfhás bliantúil
<	is lú ná/níos lú ná
>	is mó ná/níos mó ná
S	iomlán
∃	‘arb é atá ann’ liosta cuinsitheac na gcomhchodanna

⇒	‘lena n-áirítear’: liostú páirteach de na comhchodanna
θ	domhanda
m	milliún (litrítear é gach uair is féidir)
nes	neamhshonraithe/nach bhfuil sonraithe in aon áit eile
p.m.	iontráil chomharthach
1990-92	tréimhse den iomad blianta féilire (e.g. ó 1.1.1990 go 31.12.1992)
1991/92	tréimhse de 12 mhí leanúnacha (e.g. an bhliain chánach ó Aibreán go Márta)

4. Giorrúcháin eile

EU-6	na chéad sé thír in CE
EU-9	na chéad naoi dtír in CE
EU-10	na chéad deich dtír in CE
EU-12	na chéad dá thír déag in CE
EU-15	na chéad chúig thír déag in AE
EU-25	na chéad 25 thír in AE
EU-27	Eoraip na seacht mBallstát fíchead: tagraíonn sé seo do 27 mBallstát an Aontais Eorpaigh idir an 1 Eanáir 2007 agus an 30 Meitheamh 2013, sin nó do 27 mBallstát an Aontais Eorpaigh tar éis imeacht na Ríochta Aontaithe an 31 Eanáir 2020. Má tá baol ann nach mbeadh a fhios ag an léitheoir cé acu den dá fhoirmíocht atá i gceist leis an leagan gearr, ba cheart go sonrófaí sin, i bhfoirm fonóta, b'fhéidir.
EU-28	an chéad ocht thír is fiche in AE
SAB	saor ar bord
cal	costas, árachas agus last-táille
cpt	cuideachta phoiblí theoranta

Baintear úsáid as na focail ghiorraithe agus na coimriúcháin seo a leanas go formhór i bhfonótaí agus i leabharliostaí; is den rogha é leagan iomlán an fhocail a chur i dtéacsanna reatha:

Iml.	Imleabhar
lch.	leathanach
lgh.	leathanaigh
ar lean.	ar leanúint

Ní ghiorraítear na focail seo:

Tábla

Graf

Pláta

Léaráid

Figiúr

Fíor

Tabhair faoi deara nach ngiorraítear na focail seo i dtéacs reatha reachtach:

Airteagal	Airteagail
Caibidil	Caibidlí
Pointe	Pointí

Iarscríbhinn A4 Na príomhacrainmneacha agus na príomhghiorrúcháin

[A](#) [B](#) [C](#) [D](#) [E](#) [F](#) [G](#) [H](#) [I](#) [J](#) [L](#) [M](#) [N](#) [O](#) [P](#) [Q](#) [R](#) [S](#) [T](#) [U](#) [V](#) [W](#)



I **bPointe 10.5** gheofar sainmhínte ar ghiorrúcháin agus acrainmneacha chomh maith lena n-úsáid. Ní féidir téarmaí a bhfuil réiltíní in aice leo a athrú agus féadfaidh sé nach leanann siad riail an tí. Ní liosta uileghabhálach é seo.

A

AA	an tAontas Afracach (cuireadh in ionad an OAU é; féach https://au.int/)
AASM	Stáit Chomhlachaithe na hAfraice agus Madagascar (EN: <i>Associated African States and Madagascar</i>)
AC	Ainmníocht Chomhcheangailte
ACC	Stáit san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin atá ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún Lomé
ACE	Gníomhaíocht Chomhphobail ar mhaithe le comhar san eacnamaíocht (EN: <i>Action for Cooperation in the field of Economics</i>)
ACER	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (EN: <i>Agency for the Cooperation of Energy Regulators</i>)
AE	an tAontas Eorpach Úsáidtear na foirmeacha seo a leanas i dtáblaí nó i ngraif chun cur síos a dhéanamh ar ghrúpaí Ballstát: EU-9, EU-12, EU-15, srl. (ach seachnaítear an fhoirm sin i dtéacs reatha).
AEA	an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (Céim I, Céim II, srl.)
AEC	an Coimisiún Fuinnimh Adamhaigh (SAM) (EN: <i>Atomic Energy Commission (USA)</i>)
AETR	an Comhaontú Eorpach maidir le hObair Foirne Feithiclí ag gabháil d'Iompar Idirnáisiúnta de Bhóthar (FR: <i>Accord européen relatif au travail des équipages des véhicules effectuant des transports internationaux par route</i>)
AG	DE: <i>Aktiengesellschaft</i> (Is éard is brí leis ná 'cuideachta phoiblí theoranta', féach cpt)
AID	an Ghníomhaireacht um Fhorbairt Idirnáisiúnta (SAM) (EN: <i>Agency for International Development (USA)</i>)
AIE	Aontas Iarthar na hEorpa
ANC	an Chomhdháil Náisiúnta Afracach (EN: <i>African National Congress</i>)
APEC	Comhar Eacnamaíochta an Aigéin Chiúin agus na hÁise (EN: <i>Asia-Pacific Economic Cooperation</i>)
AS	Ard-Stiúrthóireacht (féach freisin Pointe 9.6. , Ard-Stiúrthóireachtaí agus seirbhísí an Choimisiúin: na teidil oifigiúla)
ASBL	FR: <i>association sans but lucratif</i> (Is éard is brí leis ná eagraíocht neamhbhrabúis)
ASCII/USASCII	Cód ASCII (Cód Caighdeánach Meiriceánach um Idirmhalartú Faisnéise) (EN: <i>American Standard Code for Information Interchange</i>)
ASEAN	Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (Brúiné, an Chambóid, an Indinéis, Laos, an Mhalaeisia, Maenmar/Burma, na hOileáin Philipíneacha, Singeapór, an Téalainn, Vítneam) (EN: <i>Association of South-East Asian Nations</i>)
ASEM	cruinniú na hÁise-na hEorpa (EN: <i>Asia-Europe Meeting</i>)
ASOR	an Comhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Paisinéirí de Bhóthar trí Sheirbhísí Ócaídeacha Bus agus Cóiste (FR: <i>Accord relatif aux services occasionnels internationaux de voyageurs par route effectués par autocars ou par autobus</i>)
ATFC	ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

B

BCE	an Banc Ceannais Eorpach
BEAF	an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha
BEI	an Banc Eorpach Infheistíochta
Benelux	Aontas Eacnamaíoch na Beilge, Lucsamburg agus na hÍsiltíre (NL: <i>België, Nederland, Luxembourg</i>)
BEREC	Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (EN: <i>Body of European Regulators for Electronic Communications</i>)
BEUC	Biúró Eorpach na gCumann Tomhaltóirí (FR: <i>Bureau européen des unions de consommateurs</i>)

BIAF	an Banc Idirnáisiúnta Athfhoirgníochta agus Forbartha
BLEU	Aontas Eacnamaíochta na Beilge-Lucsamburg (NL: <i>Belgisch-Luxemburgse Economische Unie</i>)
BusinessEurop	Cónaidhm na nGnóthas Eorpach

C

CAA	an tÚdarás um Eitlíocht Shibhialta (EN: <i>Civil Aviation Authority</i>)
CAI	an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta
CAL	costas, árachas agus last-táille (EN: <i>cost, insurance, freight</i>) (Incoterms 2010)
CARE	bunachar sonraí maidir le tionóiscí bóthair
CBES	an comhbheartas eachtrach agus slándála
CBI	1. an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta 2. an comhbheartas iascaighágh
CBL	cáin bhreisluacha
CBSS	Comhairle Stáit Mhuir Bhailt (EN: <i>Council of the Baltic Sea States</i>)
CBT	comhbheartas talmhaíochta
CC	Córas Comhchuibhithe
CCAMLR	an Coinbhinsiún maidir le Beo-acmhainní Muirí san Antartach a chaomhnú (EN: <i>Convention on the Conservation of Antarctic Marine Living Resources</i>)
CCC	1. an Chomhairle um Chomhar Custaim 2. caighdeán cumhachta ceannaigh
CCCN	Ainmníocht na Comhairle um Chomhar Custaim (EN: <i>Customs Co-operation Council Nomenclature</i>)
CCITT	Coiste Comhairleach um Nuálaíocht agus Aistriú Teicneolaíochta (EN: <i>Consultative Committee on Innovation and Technology Transfer</i>)
CCM	1. cláir chomhtháite na Meánmhara 2. Comhairle Chomhair Stáit Arabacha na Murascaille
CCT	1. Comhairle Chomhairleach Tomhaltóirí 2. comhtharaif chustaim (EN: <i>Common Customs Tariff</i>)
CD-ROM	dlúthdhiosca cuimhne inléite amháin (EN: <i>compact disc read-only memory</i>)
CE	1. an Comhphobal Eorpach/na Comhphobail Eorpacha (a chuaigh in éag an 1 Nollaig 2009 — dáta theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin) 2. marcáil chomhréireachta an Chomhphobail Eorpaigh
CEA	an Córas Eorpach Airgeadaíochta
CEB	córas bunaithe ar eolas
CEBC	an Córas Eorpach Banc Ceannais
CECAF	an Coiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir (EN: <i>Fishery Committee for the Eastern Central Atlantic</i>)
CECES	Córas Eorpach na gCuntas Eacnamaíoch Suimeáilte
CED	an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú
Cedefop	an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (FR: <i>Centre européen pour le développement de la formation professionnelle</i>)
Cedex (*)	FR: <i>courrier d'entreprise à distribution exceptionnelle</i> (i seoltaí Fraincise)
CEE	Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (féach CE)
CEFA	an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom)
CEGC	an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach (a chuaigh in éag an 24 Iúil 2002 — dáta éaga Chonradh CEGC)
CEIES	an Coiste Comhairleach um Fhaisnéis Staidrimh sna Réimsí Eacnamaíochta agus Sóisialta (FR: <i>Comité consultatif européen de l'information statistique dans les domaines économique et social</i>)
CELEX	Córas Idirinstitiúideach Ríomhairithe Doiciméadúcháin le haghaidh Dhlí an Chomhphobail (Communitatis Europaeae Lex) (cuireadh EUR-Lex ina ionad)

CELT	an Coiste um an Limistéar Eorpach Taighde agus um Nuálaíocht
CEMI	Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh
CEN	an Coiste Eorpach um Chaighdeánú (FR: <i>Comité européen de normalisation</i>)
Cenelec	Coiste Eorpach na gCaighdeán Leictreicniúil (FR: <i>Comité européen de normalisation électrotechnique</i>)
CEPOL	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí
CEPT	Comhdháil Eorpach na Riarachán Poist agus Teileachumarsáide (FR: <i>Conférence européenne des administrations des postes et des télécommunications</i>)
CERD	an Coiste Eorpach um Thaighde agus Forbairt (FR: <i>Comité européen de la recherche et du développement</i>)
CERN	an Eagraíocht Eorpach um Thaighde Núicléach (FR: <i>Centre européen pour la recherche nucléaire</i>)
CERT	an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta
CES	an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta (CESE anois)
CESE	Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
CET	1. an Coiste Eolaíoch agus Teicniúil (Euratom) (FR: <i>Comité scientifique et technique</i>) 2. Am Lár na hEorpa
CETFT	an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe
CFC	clórafluoracarbón
CFNA	UNDP Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe
CFRE	Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa
CFS	Córas Faisnéise Schengen
CGB	ceartas agus gnóthaí baile
CGTT	an Comhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil
CICD	Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge
CIE	Cúirt Iniúchóirí na hEorpa
CIF	costas, árachas agus last-táille (EN: <i>cost, insurance, freight</i>) (Incoterms 2010)
CIR	Comhdháil Idir-rialtasach
CIREA	an tIonad um Fhaisnéis, Plé agus Malartú i dtaca leis an Tearmann (laistigh d'Ardrúnaíocht na Comhairle) (FR: <i>Centre d'information, de réflexion et d'échange en matière d'asile</i>)
CITES	an Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (EN: <i>Convention on International Trade in Endangered Species of Wild Fauna and Flora</i>)
CBAE	Cúirt Bhreithiúnaí an Aontais Eorpaigh (EN: <i>Court of Justice of the European Union</i>)
CLRAE	an Chomhdáil um Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha na hEorpa (EN: <i>Standing Conference of Local and Regional Authorities of Europe</i>)
cobol (*)	comhtheanga ghnó-bhunaithe
Codest	an Coiste um Fhorbairt na hEolaíochta agus na Teicneolaíochta san Eoraip (FR: <i>Comité de développement européen de la science et de la technologie</i>)
Cogeca	an Chónaidhm Ghinearálta Comharchumann Talmhaíochta san Aontas Eorpach
Comecon	an Chomhairle um Chúnamh Eacnamaíoch Frithpháirteach (EN: <i>Council for Mutual Economic Assistance</i>)
Comedi	idir-mhalartú leictreonach sonraí tráchtála (EN: <i>Commerce Electronic Data Interchange</i>)
Comext	bunachar sonraí den staidreamh trádála eachtraí (FR: <i>base de données du commerce extérieur des CÉ</i>)
COPA	Coiste na nEagraíochtaí Talmhaíochta Gairmiúla san Aontas Eorpach (FR: <i>Comité des organisations professionnelles agricoles de l'Union européenne</i>)
COPEC	an Comhchoiste um Chomhdheiseanna do Mhná agus d'Fhir (FR: <i>comité paritaire de l'égalité des chances</i>)
CORDIS (*)	Seirbhís Eolais um Thaighde agus um Fhorbraíocht Chomhphobail (EN: <i>Community Research and Development Information Service</i>)
Coreper	Coiste na mBuanionadaithe (FR: <i>Comité des représentants permanents</i>)
COST	an Comhar Eorpach san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht (FR: <i>Coopération européenne en science et technologie</i>)

cpt (*)	cuideachta phoiblí theoranta
CPVO	an Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí (EN: <i>Community Plant Variety Office</i>)
CnaR	Coiste Eorpach na Réigiún
Cronos	an bunachar sonraí sraitheanna ama maicreacnamaíocha (<i>Eurostat</i>) (FR: <i>base de données de l'Office statistique des Communautés européennes pour la gestion de séries chronologiques</i>)
CSCE	an Chomhdháil um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE anois)
CSE	Ciste Sóisialta na hEorpa
CSF	creat tacaíochta an Chomhphobail (EN: <i>Community support framework</i>)
CSO	comhdhúil shoghlaithithe orgánach
CSN	Comhlathas na Stát Neamhspleách (EN: <i>Commonwealth of Independent States</i>)
CST	Comhlachas Saorthrádála na hEorpa (Coinbhinsiún Stócólm)
CTN	clár táscach náisiúnta
CTS	Ceart Tarraingthe Speisialta
CTSanna	seirbhísí um thástáil chomhréireachta (EN: <i>conformance-testing services</i>)

D

DECT	teileachumarsáid dhigiteach Eorpach gan sreang (EN: <i>digital European cordless telecommunications</i>)
DIANE	an Líonra um Rochtain Dhíreach Faisnéise don Eoraip (EN: <i>Direct Information Access Network for Europe</i>)
DIN	DE: <i>Deutsche Industrie-Norm</i> (Is éard is brí leis ná caighdeán tionsclaíoch Gearmánach)
D. Phil./Ph.D.	Dochtúir Fealsúnachta (EN: <i>Doctor of Philosophy</i>)
DRA	doiciméad riaracháin aonair
DRAM	cuimhne randamrochtana dhinimiciúil (EN: <i>dynamic random access memory</i>)
DRC	dearadh ríomhchuidithe
DTP	foilsitheoireacht deisce (EN: <i>desktop publishing</i>)

E

EAA	an Eagraíocht um Aontas na hAfraice (cuireadh an AA ina hionad)
EAC	Comhlachas Eorpach um Chomhar (EN: <i>European Association for Cooperation</i>)
EAS	(féach EUSA)
EASA	Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh (EN: <i>European Aviation Safety Agency</i>)
EASO	Oifig Eorpach um Thacaíocht don Chóras Tearmainn (EUAA anois) (EN: <i>European Asylum Support Office</i>)
EBT	Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe
ECAT	Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh
ECDC	an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (úsáidtear an giorrúchán céanna i ngach teanga) (EN: <i>European Centre for Disease Prevention and Control</i>)
ECDIN	an líonra um shonraí agus um fhaisnéis faoi cheimiceáin sa timpeallacht (EN: <i>Environmental Chemicals Data and Information Network</i>)
ECFE	an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta
ECHA	an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (EN: <i>European Chemicals Agency</i>)
ECHO	- an Ard-Stiúirtheoireacht um Chosaint Shibhialta Eorpach agus um Oibríochtaí Cabhrach Daonnúla Eorpacha (ECHO) (féach freisin Pointe 9.6., Ard-Stiúirtheoireachtaí agus seirbhísí an Choimisiúin: na teidil oifigiúla) (EN: <i>European Community Humanitarian Office</i> a bhíodh air) - Ósteagraíocht an Choimisiúin Eorpaigh (freastalaí bunachair sonraí an Choimisiúin) (EN: <i>European Commission Host Organization</i>)
ECOS	Córas Comhair idir Cathracha Eorpacha (EN: <i>European City Cooperation System</i>)
Ecosoc	an Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta (EN: <i>Economic and Social Council</i>)

ECU	Aonad Airgeadra Eorpach (úsáidtear mar shiombail airgeadaíochta é, úsáidtear an cáis íochtair nuair a scríobhtar amach an téarma); cuireadh an euro ina ionad an 1 Eanáir 1999 (féach freisin Pointe 7.3.1.). (EN: <i>European Currency Unit</i>)
EDF	an Ciste Eorpach Forbraíochta (EN: <i>European Development Fund</i>)
EDI	idirmhalartú leictreonach sonraí (EN: <i>Electronic Data Interchange</i>)
EDMI	an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (na Náisiúin Aontaithe)
EDS	an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (na Náisiúin Aontaithe)
EDT	Eagraíocht Dhomhanda Trádála (comharba ar CGTT)
EEA	an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EN: <i>European Environment Agency</i>)
EFCA	an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EN: <i>European Fisheries Control Agency</i>)
EFICS	Córas Eorpach Faisnéise agus Cumarsáide na Foraoiseachta (EN: <i>European Forestry Information and Communication System</i>)
EFSA	an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EN: <i>European Food Safety Authority</i>)
Ehlass	Córas Eorpach Faireachais maidir le tionóiscí sa bhaile agus tráth fóillíochta (EN: <i>European Home and Leisure Accident Surveillance System</i>)
EIF	an Ciste Eorpach Infheistíochta (EN: <i>European Investment Fund</i>)
Einecs	Fardal Eorpach de Shubstaintí Ceimiceacha Tráchtálacha Reatha (EN: <i>European Inventory of Existing Commercial Chemical Substances</i>)
EIOPA	an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (EN: <i>European Insurance and Occupational Pensions Authority</i>)
EIS	an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair
EMA	an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (dá ngairtí ‘an Ghníomhaireacht Eorpach um Measúnú ar Tháirgí Íocshláinte’, ‘EMEA’, roimhe seo) (EN: <i>European Medicines Agency</i>)
EMCDDA	an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EN: <i>European Monitoring Centre for Drugs and Drug Addiction</i>)
EMEA	féach EMA
EMSA	an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EN: <i>European Maritime Safety Agency</i>)
ENEL	IT: <i>Ente nazionale per l'energia elettrica</i> (Is éard is brí leis ná an Comhlacht Náisiúnta Leictreachais)
ENIAC	An Chomhairle Chomhairleach Eorpach um an Tionscnamh Nanaileictreonaice (EN: <i>European Nanoelectronics Initiative Advisory Council</i>)
ENISA	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Shláindáil Gréasáin agus Faisnéise (EN: <i>European Union Agency for Cybersecurity</i>)
ENR	eagraíocht neamhrialtasach
Envireg	Clár gníomhaíochta réigiúnach maidir le tionscnamh an Choimisiúin i dtaca leis an gcomhshaoil
EOTC	Eagraíocht Eorpach um Thástáil agus um Dheimhniúchán (EN: <i>European Organisation for Testing and Certification</i>)
EPA	an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EN: <i>Environment Protection Agency</i>)
EPSO	an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EN: <i>European Personnel Selection Office</i>)
ERA	Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (EN: <i>European Railway Agency</i>)
Erasmus	Clár Gníomhaíochta an Chomhphobail Eorpaigh um shoghluaiseacht mac léinn ollscoile (EN: <i>European Community Action Scheme for the Mobility of University Students</i>)
ERICA	Institiúid Taighde Eorpach um Ghnóthaí Tomhaltóirí (EN: <i>European Research Institute for Consumer Affairs</i>)
ERMES	an Córas Eorpach um Chur Teachtaireachtaí Raidió (EN: <i>European Radio-Messaging System</i>)
ESA	an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis (EN: <i>European Space Agency</i>)
ESB	einceifileapaite spúinseach bhólachta
ESCE	an Eagraíocht um Shláindáil agus Comhar san Eoraip (cuireadh an CSCE ina hionad an 1 Eanáir 1995)
ESMA	an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (EN: <i>European Securities and Markets Authority</i>)
ETF	an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (EN: <i>European Training Foundation</i>)
ETSI	Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide (EN: <i>European Telecommunications Standards Institute</i>)

EUAA	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (cuireadh in ionad EASO é) (EN: <i>European Union Agency for Asylum</i>)
EUIPO	Oifig Maoine Intleachtúla de chuid an Aontais Eorpaigh (cuireadh in ionad OHIM é) (EN: <i>European Union Intellectual Property Office</i>)
EUISS	Institiúid an Aontais Eorpaigh um Staidéar Slándála (EN: <i>European Union Institute for Security Studies</i>)
eu-LISA (*)	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais
EUMC	Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh (EN: <i>EU Military Command</i>)
EU-OSHA	an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EN: <i>European Agency for Safety and Health at Work</i>)
EUR	euro (féach freisin Pointe 7.3.1.)
Euratom	an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (CEFA)
Eureka	an Ghníomhaireacht Eorpach um Chomhordú Taighde (EN: <i>European Research Coordination Agency</i>)
EURES	an líonra Eorpach Seirbhísí Fostáiochta (EN: <i>European employment services</i>)
Eurocontrol	an Eagraíocht Eorpach um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta
Eurofound	an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú
Eurolib	tionscadal leabharlainne Eorpach
Europol	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (EN: <i>European Union Agency for Law Enforcement Cooperation</i>)
Eurostat	Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh
Eurydice	Líonra um Fhaisnéis Oideachais sa Chomhphobal Eorpach (http://www.eurydice.org/)
EUSA	an Scoil Riaracháin Eorpach (EN: <i>European School of Administration</i>)
EUSC	(féach Satcen)
EWOS	Ceardlann Eorpach um Chórais Oscailte (EN: <i>European Workshop for Open Systems</i>)

F

FBM	fiontair bheaga agus mheánmhéide
FBR	mear-imoibreoir pórcháin (EN: <i>fast breeder reactor</i>)
FOB	saor ar bord (EN: <i>free on board</i>) (Incoterms 2010)
FIDE	an Chónaidhm Idirnáisiúnta um Dhlí Eorpach (FR: <i>Fédération internationale pour le droit européen</i>)
FPE	Feisire de Pharlaimint na hEorpa
